



OÉ Gaillimh  
NUI Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge



2020

# Clár

<b>Eagarfhocal</b>	<i>Róisín Masson, Aoife Ní Chonghaile, Clodagh Ní Éilí, Fiona Ní Fhátharta, Sionainn Ní Ghréacháin, Máire-Áine Uí Ailín</i>	<i>iv</i>
<b>Réamhrá</b>	<i>An Dr Malachy Ó Néill, Propast Champas Mhig Aoidh, Ollscoil Uladh</i>	<i>1</i>
<b>An Phleanáil Teanga i nGaeltacht na nDéise - Eispéireas Taighdeora</b>	<i>Caitríona Breathnach</i>	<i>5</i>
<b>Aistriúchán ar úrscéal do pháistí: an cur chuige, céimeanna an aistriúcháin agus an toradh</b>	<i>Padaí de Bléine</i>	<i>29</i>
<b>Téarmaí gan Iomrá: Téarmaí a d'úsáid nó a chum Seosamh Mac Grianna agus é ag tiontú Béarla go Gaeilge idir na 1920idí agus na 1950idí agus nach raibh i gcúrsaíocht ina dhiaidh sin</b>	<i>Seán Mac Corraidh</i>	<i>45</i>
<b>Dúshláin agus deiseanna i gcur i bhfeidhm an Phlean Teanga i Limistéar Pleanála Teanga (LPT) Ghaeltacht na Mí</b>	<i>Margarita Neothallaigh</i>	<i>61</i>
<b>Ag cothú na foghlama teanga éifeachtaí i gcás shealbhú an TX sa chóras oideachais: Cás na Gaeilge</b>	<i>Karen Ní Chlochasaigh</i>	<i>75</i>
<b>Ag dul chun spairne leo - Sracshúil ar Bhriathra Frásacha na Gaeilge</b>	<i>Áine Nic Niallais</i>	<i>97</i>
<b>Céad-Táblóideach na Gaeilge: Anois</b>	<i>Dorothy Ní Uigín</i>	<i>109</i>
<b>Im(sh)ní(omh) Aistritheora Scéal fá Dhá Leabhar</b>	<i>Séamus Ó Coileáin</i>	<i>123</i>
<b>An Tumoideachas agus an Dátheangachas – Bréagnú ar Thuiscintí Coitianta</b>	<i>Brian Ó Donnchadha</i>	<i>141</i>
<b>Claonadh Inscne, Líonraí Néaracha, agus an Ghaeilge</b>	<i>Kevin P. Scannell</i>	<i>159</i>
<b>Rannóg na bhFochéimithe: <i>Un Appartement à Paris</i> de Guillaume Musso</b>	<i>Aistriúchán ón bhFraincis le Rosa Kalla</i>	<i>171</i>
<b>Léirmheas: <i>Titley</i></b>	<i>Léirmheastóirí: Róisín Masson &amp; Clodagh Ní Éilí</i>	<i>183</i>
<b>Léirmheas ar An tSochttheangeolaíocht: <i>Taighde agus Gníomh</i></b>	<i>Léirmheastóirí: Aoife Ní Chonghaile agus Máire-Áine Uí Ailín</i>	<i>187</i>
<b>Léirmheas: <i>An Ghaeilge sa Nua-Aoiseacht Dhéanach: an meon i leith éagsúlacht teanga sa Ghaeilge</i></b>	<i>Léirmheas le Fiona Ní Fhátharta &amp; Sionainn Ní Ghréacháin</i>	<i>191</i>
<b>Léirmheas: <i>Le Ton beau de Marot: In Praise of the Music of Language</i></b>	<i>Léirmheas le Eoin P Ó Murchú</i>	<i>195</i>
<b>Leagan úr d'éipic dhúchasach a thuilleann áit bhuan i gcanóin liteartha na Gaeilge: Léirmheas ar <i>Táin Bó Cuailnge</i></b>	<i>Léirmheas le Marie Whelton</i>	<i>199</i>
<b>Nótaí Beathaisnéise na nEagarthóirí</b>		<i>203</i>
<b>Nótaí Beathaisnéise na nÚdar</b>		<i>205</i>



## Eagarfhocal

Is mór an chúis áthais agus bhróid dúinne, seisear ban Choiste Eagarthóireachta na bliana seo, fáilte a chur romhat chuig an ochtú heagrán den *Reiviú*. Iris acadúil is ea *An Reiviú* a bhíonn á foilsiú ar bhonn bliantúil ag mic léinn chéad bhliana an chúrsa MA sa Léann Teanga de chuid Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Agus cuid againn inár n-ábhair aistritheoirí agus cuid eile inár n-ábhair pleanálaithe teanga, táimid an-sásta roinnt alt a bhaineann leis na réimsí sin a bheith san áireamh in iris na bliana seo. I measc na n-ábhar eile a chlúdaítear inti, tá an teicneolaíocht, teagasc teangacha agus cúrsaí cumarsáide agus na meáin Ghaeilge, mar aon le cúig léirmheas ar leabhair idir shean agus nuafhoilsithe. Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as ábhar inniúil, ilghnéitheach an eagrán is déanaí seo a chur faoi d'fhiacail agus is mór againn a bheith in ann cur leis an mbunachar acmhainní atá ann do lucht léinn na Gaeilge, go háirithe in aimsir seo na dianghlásála.

Táimid go mór faoi chomaoin acu siúd ar fad a chuir comhairle orainn agus a thug cabhair dúinn agus an t-eagrán seo den *Reiviú* á chur in eagar. Táimid thar a bheith buíoch den Dr Malachy Ó Néill, atá ina Phropast ar Champas Mhig Aoidh, Ollscoil Uladh, as glacadh lenár gcuireadh an réamhrá a scríobh agus den Ollamh Máirín Nic Eoin, Ollamh *Emerita* de chuid Roinn na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, a ghlac leis an gcuireadh eagrán 2020 den *Reiviú* a sheoladh.

Ar ndóigh, is iad na scríbhneoirí cumasacha, a d'fhreagair an glaoch agus a chuir ailt agus léirmheasanna chugainn, croí an tsaothair seo. Gabhaimid buíochas leo agus molaimid go mór iad as an dua a chaith siad lena gcuid saineolais agus taighde a chur ar fáil don *Reiviú*. Ní mór aitheantas ar leith a thabhairt do na piarmheasúnóirí freisin as an dúthracht agus dea-thoil a léirigh siad d'fhonn ardchaighdeán *An Reiviú* a chinntiú arís eile i mbliana. Ba ríluachmhar í an taithí réalaíoch, phraicticiúil a bhain le hullmhú agus le foilsiú na hirise seo dúinne mar choiste agus bhaineamar idir thaitneamh agus tairbhe as an teagmháil a bhí againn leo siúd ar fad a bhí páirteach inti ó thús go deireadh an phróisis.

Chomh maith leis sin, ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl do dhearthóir shuíomh *An Reiviú*, Shannon Reeves, a chuireann cuma shlachtmhar, shnasta ar an suíomh gach bliain. Táimid thar a bheith buíoch, go háirithe i mbliana agus cúinsí reatha mar atá, a bheith in ann ábhar *An Reiviú* a chur ar fáil ar líne. Gabhaimid buíochas freisin le Foras na Gaeilge a rinne urraíocht ar an togra agus a thacaigh leis ó céadbhunaíodh in 2013 é.

Ar deireadh, ba mhaith linn ár mórbhuíochas a ghabháil le foireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus Áras na Gaeilge – go háirithe an Dr Dorothy Ní Uigín – a roinn a cuid ama go fial, flaithiúil linn chun treoir agus cuidiú a thabhairt dúinn agus múineadh agus comhairle a chur orainn agus muid ag stiúradh an tionscadail seo.

Is iomaí uair an chloig a chaith an coiste ag eagrú, ag profú agus ag tacú lena chéile agus tá súil againn gur iomaí uair an chloig scagaidh agus léitheoireachta agus gur iomaí ábhar machnaimh a chuirfidh an toradh deiridh ar fáil do léitheoirí *An Reiviú*.

## *An Coiste Eagarthóireachta*

*Róisín Masson, Aoife Ní Chonghaile, Clodagh Ní Éilí,  
Fiona Ní Fhátharta, Sionainn Ní Ghréacháin, Máire-Áine Uí Ailín*



## Réamhrá

*An Dr Malachy Ó Néill, Propast Champas Mhig Aoidh, Ollscoil Uladh*

<https://doi.org/10.13025/2xcg-rh42>

Bíonn éacht nach beag ag baint le foilseachán ar bith a thabhairt chun cló ar bhonn rialta, bua sa bhreis más ábhar acadúil a bhíonn i gceist. Is é seo an t-ochtú heagrán den iris phiarmheasúniathe seo, *Léann Teanga: An Reiviú* agus tá an t-imleabhar reatha á fhoilsiú i gcomhthéacs eisceachtúil ar fad mar gheall ar an ghéarchéim san am i láthair mar gheall ar COVID-19. Is beag caint a bhí ar an choróinvíreas nuair a fógraíodh an ghairm ar pháipéir tamall de mhíonna ó shin ach mar is dual don fhoireann eagarthóireachta – eagarthóirí úra bliain i ndiaidh bliana – tá doimhneacht, éagsúlacht agus saíocht go leor le feiceáil ar leathanaigh na hirise seo arís i mbliana.

Éiríonn leis na mic léinn seo ábhar sainiúil a mhealladh ó gach aon chearn den tír agus ó scoláirí idirnáisiúnta fosta le cnuasach aistí agus alt a chur i dtoll a chéile. Tá focal molta saothraithe ag na rannpháirtithe ildánacha seo ar fad, scríbhneoirí a chuireann ailt, léirmheasanna agus aistriúcháin ar fáil don fhoilseachán seo gach bliain agus go leor acu ag filleadh le hábhar nua arís eile san eagrán seo. Teangeolaíocht agus téarmaíocht, teagasc agus foghlaim na Gaeilge, an phleanáil teanga agus saol na Gaeltachta, nuachtáin agus iriseoireacht na Gaeilge, insealbhú teanga agus an mheaisínfhoghlaim, úrscéalaíocht agus aistriúcháin. Tá ábhar iomadúil agus ilghnéitheach anseo ó thús deireadh agus ábhair a bheas inspéise againn uilig: taighdeoirí agus teagascóirí, foghlaimoirí agus aistritheoirí, scoláirí agus gníomhairí teanga.

Tá foghlaim na Gaeilge i gcomhthéacsanna éagsúla mar lárthéama ann tríd seo. Tugtar léargas fosta ar ról na teicneolaíochta i leathnú na ndeiseanna foghlama sin. Téann alt Kevin Scannell i ngleic leis an mheaisínfhoghlaim i gcomhthéacs na Gaeilge agus pléann sé go mionsonraíoch le cuid de na himpleachtaí don chlaonadh inscne. Is léir óna chuid taighde anseo go bhféadfadh iarmhairtí neamhbheartaithe a bheith leo ó thaobh na gclaontaí inscne

de. Tá an-léargas san alt seo mar gheall ar a chuid saineolais ar an réimse ríomheolaíochta seo, feinimeán atá ag éirí níos coitianta ar bhonn laethúil agus a bheas lárnach i ngach aon chuid den saol san am atá le teacht.

Míníonn sé gurb ionann an mheaisínfhoghlaim agus ‘raon leathan teicnící a ligeann don ríomhaire scileanna nua a fhoghlaim as a stuaim féin’ agus léiríonn sé go sonrach na féidearthachtaí maidir le ríomhaistriúchán a shocrú ó Bhéarla go Gaeilge sa chéad dul síos agus idir teangacha eile amach anseo. Ach le bheith ábalta córas mar seo a chur i bhfeidhm, ní foláir an meaisín a oiliúint i dtosach báire agus leagtar amach san alt seo an tábhacht a baineann le ‘sonraí traenála’ a sholáthar don mheaisín agus ligint dó beart a dhéanamh de réir a bhriathair ina dhiaidh sin. Pléann sé fosta le ‘líonraí néaracha’, teicníc ar leith de chuid na meaisínfhoghlama a thugann deis don ríomhaire creatlach mhatamaiticiúil a úsáid le fadhbanna a réiteach le cur chuige algartamach. Tá doras á oscailt ag Scannell sa taighde reatha seo a chuireann ar ár gcumas na mórfhéidearthachtaí a bhaineann leis an anailisiú sonraí a thuiscint ach, níos tábhachtaí b’fhéidir, cuid de na baoil a aithint chomh maith.

Tá dhá alt ann a phléann leis an phleanáil teanga i nGaeltachtaí éagsúla: Margarita Neothallaigh a thugann faoin Phlean Teanga i nGaeltacht na Mí; agus Caitriona Breathnach a dhéanann plé cuimsitheach ar an ‘eispéireas taighdeora’ amuigh sa ghort i nGaeltacht na nDéise. Cé go bhfuil siad beirt ag plé le Limistéar Pleanála Teanga (LPT) éagsúil, tá cosúlachtaí go leor idir an dá chás, na dúshláin agus na deiseanna inchurtha lena chéile.

Pléann Brian Ó Donnchadha leis an Tumoideachas bunaithe ar an taithí atá aige mar oide san earnáil seo le fiche bliain anuas agus taighde atá déanta agus bailithe aige i gcomhthéacsanna éagsúla. Tugtar cúlra stairiúil an tumoideachais in Éirinn agus déantar scagadh agus anailís ar earráidí coitianta ag tumdhaltá. Cíorann Karen Ní Chlochasaigh cás na Gaeilge maidir le sealbhú an TX (coincheap Deweale) i gcodarnsnacht le léiriú T<sub>1</sub>, T<sub>2</sub>, T<sub>3</sub> agus araile. Amharctar go mion ar na cúinsí indibhidiúla a imríonn tionchar ar shealbhú éifeachtach den dara teanga agus pléitear coinbhinsiúin, nósmaireacht agus dea-chleachtais idirnáisiúnta agus impleachtaí ar leith d’insealbhú na Gaeilge sa chóras oideachais in Éirinn.

Tá Áine Nic Niallais ‘chun spairne’ le Briathra Frásacha na Gaeilge (briathar agus réamhfhocal i gcuideachta a chéile go minic) agus léiríonn an ghné seo de theangeolaíocht na Gaeilge le ‘Comhrac na nDineasár’ i gcomhthéacs foghlama. Pléann sí le príomhchineálacha struchtúr agus le hinsealbhú teanga, friotal agus deismireachtaí a chothú ar dhóigheanna éagsúla agus dul an Bhéarla a sheachaint sa Ghaeilge labhartha agus scríofa. Déantar rangú spéisiúil de ‘raon na n-úsáidí’ agus leagtar amach samplaí iomadúla go slachtmhar i dtáblaí úsáideacha soléite.

Déanann Padaí de Bléine plé ar a chuid taithí féin mar aistritheoir ar úrscéalta do pháistí. Pléann sé go córasach le scéim na n-aistriúchán do Ghaeilgeoirí óga ó thuaidh, córas agus comhthéacs a bhfuil taithí na mblianta aige orthu. Is féidir go leor a fhoghlaim ón chur chuige chéimiúil a léirítear anseo agus ón tuairimíocht atá bailithe aige ó agallaimh le haistritheoirí

eile in Comhairle Curcalaim Scrúdúcháin agus Measúnaithe Thuaisceart Éireann (CCEA) agus leis an chomhairle oideachais san Áisaonad i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste. Is ionaid iad seo chuireann soláthar sainiúil ar fáil do phobal léitheoireachta na nGaelscoileanna ó thuaidh, pobal scoile atá ag fás de shíor le tríocha bliain anuas agus a fágadh in áit na leathphingine minic go leor go dtí gur tugadh deis mhacasamhail an údair seo dul i mbun aistriúcháin. Léiríonn de Bléine cás-staidéar a rinne sé ar an chéad daichead leathanach den úrscéal *Toro! Toro!* (le Michael Morpurgo) a d'aistrigh sé féin go Gaeilge. Mar chuid den taighde, seoladh an téacs aistrithe chuig deichniúr múinteoirí a bhí ag obair in Eochairchéim a Dó (le páistí 9–11 bliain d'aois) i nGaelscoileanna sa tuaisceart agus iarradh orthu an téacs féin agus dul na teanga san aistriúchán a mheas. Tá rangú spéisiúil déanta anseo ar chur i bhfeidhm na simplíochta ar mhaithe le léitheoirí óga, mar shampla: 'thug mo thuismitheoirí Antonio orm' in ionad 'tugadh Antonio orm' (an saorbhriathar a sheachaint) nó 'ghlan sé na deora dá aghaidh' mar mhalairt ar 'chuimil sé lorg na ndeora dá leicne'. Cuireann sé comhairle a leasa ar dhuine ar bith eile a mbeadh cúram mar seo roimhe/roimpi: 'Ní leor don aistritheoir an buntéacs a thuiscint, ní mór dó an scéal a athinsint i dteanga atá nádúrtha, a bhfuil rithim léi agus atá soléite'.

Tugann Séamus Ó Coileáin faoi mheon an aistritheora féin (agus faoin bhuaire a théann leis) in alt a bhfuil 'Scéal fá Dhá Leabhar' mar fhotheideal air. Pléann sé teoiric Venuti maidir le 'dofheictheacht' an aistritheora agus úsáideann sé samplaí spéisiúla ó shaothair cháiliúla Bhéarla ar iompaíodh go Gaeilge iad: *Eachtra Robinson Crúsó*, *Asarlaí Oscartha Oz* agus *Don Cíochóte*. Déantar scagadh anseo fosta ar chur chuige na n-aistritheoirí Gaeilge agus cuirtear san áireamh comhairle chneasta ó scríbhneoirí agus ó aistritheoirí Gaeilge eile, Brian Ó Nualláin agus Antain Mac Lochlainn ina measc siúd. Deir sé gurb 'í dofheictheacht nó neamhfheictheacht an aistritheora an tslat tomhais is mó lena meastar aistriúchán litríochta' ach léirítear le solaoidí seiftiúla go dtéann sé crua ar an aistritheoir Gaeilge (nó teanga ar bith eile) a bheith dílis do dhul agus do chomhthéacs na chéad teanga i dtólamh.

Tá an gort seo treafa cheana féin ag Seán Mac Corraidh ina mhórshaothar *Seosamh Mac Grianna: Aistritheoir* (2004) ach filleann sé ar oidhreacht Ultach agus ar Rann na Feirste féin san alt 'Téarmaí gan Iomrá', imearatas focail a thugann nod dá dhúchas Ultach agus dá dhílseacht do cheantar áirithe de chuid na Rosann i dTír Chonaill. Déantar mionscrúdú anseo ar théarmaí a d'úsáid nó a chum Seosamh Mac Grianna agus é ag iompú Béarla go Gaeilge sa dara ceathrú den chéad seo a chuaigh thart ach téarmaí, dar leis, 'nach raibh i gcúrsaíocht ina dhiaidh sin'. Cuireann sé ar fáil liosta focal, frásaí, nathanna cainte agus téarmaí a d'úsáid Mac Grianna ina chuid aistriúcháin. Tugadh neamhaird don stór focal seo ó shin (níor úsáideadh na haistriúcháin ar chor ar bith agus Foclóir de Bhaldráithe á thiomsú, a deir Mac Corraidh) agus cuirtear na téarmaí seo taobh le leaganacha na bhfoinsí digiteacha a bhíonn in úsáid

againn anois ar mhaithe le comparáid cheart a éascú. Is iontach an saibhreas atá le ceapadh sna solaoídí seo agus tá blaiseadh luachmhar anseo ar a bhfuil ar fáil go fóill i litríocht na haoise sin a rachadh go mór chun sochair do Ghaeilge theicniúil an lae inniu.

Tá sé feiliúnach go bhfuil cúrsaí aistriúcháin mar bhunchloch do ‘Rannóg na bhFochéimithe’ mar a bhfuil aistriúchán ón Fhraincis le Rosa Kalla le fáil mar eiseamláir den obair a dhéanann mic léinn an Acadaimh. Tá *Un Appartement à Paris* le Guillaume Musso aistrithe ag Rosa mar *Árasán i bPáras* agus an obair leagtha amach go slachtmhar tríd síos. Is fiú an caidreamh seo idir mic léinn na gcúrsaí san Acadamh agus obair na rannóige a thabhairt faoi deara. Tá alt iontach anseo fosta le Dorothy Ní Uigín, ceannaire na gcúrsaí ansin, a chruthaíonn deiseanna do mhic léinn dul i dtaithe ar an eagarthóireacht nó ábhar a fhoilsiú iad féin gach bliain. Ar a bharr sin, soláthraíonn Dorothy ábhar luachmhar í féin i ngach eagrán agus tá an léamh aici anseo ar an nuachtán *Anois* fionspéisiúil mar thrácht ar an ríseoireacht Ghaeilge i gcoitinne, ‘Céad-Táblóideach na Gaeilge’ á scrúdú aici go húdarásach.

Is cuid lárnach agus luachmhar den iris seo iad na léirmheasanna a sholáthraítear ar an ardán seo gach bliain. Tá cúig cinn de léirmheasanna spéisiúla ar shaothair éagsúla agus ceann acu a phléann le mórthéama an eagrán seo ar fad – cúrsaí aistriúcháin. Tugann Eoin P. Ó Murchú léargas luachmhar dúinn ar an teoiric idirnáisiúnta atá ar fáil in *Le Ton beau de Marot: In Praise of the Music of Language* (1997) le Douglas Hofstadter agus Clément Marot. ‘Leabhar trom toirtíúil tiubh’ mar a deir sé féin ach lón machnaimh do lucht an aistriúcháin in Éirinn (agus i bhfad i gcéin) agus iad ag iompú téacsanna go Gaeilge (nó a mhalairt).

Tá saothar a bhaineann le mórloachra na miotaseolaíochta agus le mórloachra na litríochta comhaimseartha idir chamáin chomh maith. Tá *Titley* le Máirtín Coilféir faoi scrúdú ag Róisín Masson agus Clodagh Ní Éilí; agus *Táin Bó Cuailnge* le Darach Ó Scolaí á mheas ag Marie Whelton mar ‘leagan úr d’eipic dhúchasach a thuilleann áit bhuan i gcanóin liteartha na Gaeilge’.

Tá stair na Gaeilge agus cúrsaí pleanála teanga mar théamaí coitianta fosta ar an iris seo agus ní ionadh mar sin go bhfuil léirmheas ag Aoife Ní Chonghaile agus Máire-Áine Uí Ailín ar *An tSochtheangeolaíocht: Taighde agus Gníomh* le Tadhg Ó hÍfearnáin mar atá déanta ag Fiona Ní Fhátharta agus Sionainn Ní Ghréacháin leis *An Ghaeilge sa Nua-Aoiseacht Dhéanach: an meon i leith éagsúlacht teanga sa Ghaeilge* le Noel Ó Murchadha.

Tá saíocht agus saineolas go leor i ngach aon chuid den eagrán seo de *Léann Teanga: An Reiviú*. Tá ardmholadh tuillte gan amhras ag lucht eagair na hirise agus ag na rannpháirtithe uilig. Is leor scolárthacht agus dúthracht de ghnáth le hiris mar seo a thabhairt chun críche agus tá seiftiúlacht agus draíocht de chinéal éigin eile ag teastáil le foilseachán den chaighdeán seo a chur i dtoll a chéile in aimsir seo na géarchéime COVID-19. Múineann gá seift, ar ndóigh, agus tréasláim le gach duine a bhfuil baint acu leis an eagrán iontach seo den iris. Gura fada buan sibh!



## An Phleanáil Teanga i nGaeltacht na nDéise - Eispéireas Taighdeora

*Caitriona Breathnach*

<https://doi.org/10.13025/mv8q-gm80>

Is gá an Ghaeilinn agus an cultúr Gaelach a chosaint agus a fhorbairt agus go comhthreomhar leis sin, cur le seirbhísí agus áiseanna an phobail tuaithe seo.

(Plean Teanga na nDéise 2018–2024: 2)

Chun go spreagfaí pobal chun a n-acmhainní a úsáid chun a leasa féin, go háirithe maidir le cúrsaí teanga, tá pleanáil teanga éifeachtach riachtanach. Is dhá choincheap iad an beartas teanga agus an phleanáil teanga atá difriúil lena chéile ach lena mbaineann roinnt tréithe atá cosúil lena chéile, *'they are both top down, involving deliberate and organized efforts to solve language problems, which very often have a social, political and/or economic orientation'* (Poon, 2004: 117). Is é atá i gceist le beartas teanga dar le Kaplan & Baldauf (1997: xi) ná *'a body of ideas, laws, regulations, rules and practices intended to achieve the planned language change in the societies, group or system'*, agus is é atá i gceist le pleanáil teanga de réir Uí Ifearnáin ná *'gníomhaíochtaí meáite a chuirtear i bhfeidhm chun todhchaí teanga agus iompar teanga lucht a labhartha a athrú nó a chur ar mhalairt slí'* (Ó hIfearnáin, 2012: 129). Tá Spolsky (2004: 186) den tuairim gur féidir an beartas teanga a thuiscint mar choincheap tríthoiseach: an cleachtas teanga, na creidimh theanga agus an bhainistíocht teanga: *'the three components of language policy in a speech community: language practices, language beliefs or ideology, and language planning or management'*, nó mar a deir Bruen (2013: 1): *'Its language practices, its language beliefs or ideology and any attempts to modify or influence that practice by any kind of language intervention, planning or management'*.

Bhí an múnla um beartas teanga a chruthaigh Spolsky bunaithe ar *'practice, beliefs and management'* – baineann cleachtais teanga leis na *'observable behaviours and practices'*, i bhfocail eile an rud a dhéanann an gnáthdhuine agus é/ í ag úsáid teanga. An dara gné sa mhúnla ná idé-eolaíocht na teanga nó *'the values or statuses assigned to named languages'* agus is í an bhainistíocht teanga an tríú gné den múnla úd. Is cosúil go raibh Spolsky ní ba thógtha leis an téarma 'bainistíocht teanga' ná 'pleanáil teanga' chun cur síos a thabhairt ar phróiseas na pleanála teanga – *'the explicit and observable effort by someone or some group that has or claims authority over the participants in the domain to modify their practices or beliefs'* (Spolsky, 2009: 4). Tá Poon den tuairim go bhfuil difríocht mhór idir an phleanáil teanga agus beartas teanga sa mhéid is gur *'macro sociological activity at a governmental and national level'* amháin ata sa phleanáil teanga, dar leis, ach gur féidir le beartas teanga feidhmiú ag *'either a macro- or micro sociological activity at a governmental and national level or at an institutional level'* (Poon, 2000: 116). Maidir leis an dá choincheap úd, tá Ó hIfeárnáin (2012: 132) den tuairim nach féidir tabhairt faoi phleanáil teanga éifeachtach gan tabhairt faoi thaighde i measc an phobail chun tuiscint a dh'fháil ar an bpobal atá faoi chaibidil chun a chinntiú go mbeidh na bearta teanga a chuirtear i gcrích oiriúnach don bpobal úd. Is ar mhaithe le próiseas pleanála teanga a chruthú do phobal Ghaeltacht na nDéise ina mbeadh beartais teanga a bheadh oiriúnach dó agus a bhfreastalódh ar a riachtanais a cuireadh tús leis an taighde a phléifear san alt seo.

Baintear úsáid as an téarma 'Gaeltacht' chun cur síos a dhéanamh ar na ceantair úd ina bhfuil, nó ina raibh go dtí le fiordhéanaí, an Ghaelainn ina príomhtheanga labhartha ag céatadán suntasach den daonra áitiúil. Deineadh na ceantair seo a shainiú faoi Ordú Rialtais 'S.I. No. 245/1956 – Gaeltacht Areas Order, 1956' agus 'S.I. No. 192/1974 – Gaeltacht Areas Order, 1974'. Is é Gaeltacht na nDéise an t-aon cheantar Gaeltachta in Éirinn nach bhfuil lonnaithe in Iarthar na hÉireann (seachas Ráth Chairn i gCo. na Mí, a bunaíodh sa bhliain 1935 mar thoradh ar Scéim Athlonnaithe Thuaithe Choimisiún Talún na hÉireann) – *"na Déise" refers to a historic barony in east Munster in an area covering much of present day County Waterford and part of South Tipperary'* (Walsh, 2011: 205). Tá an Ghaeltacht seo ar cheann de na ceantair Ghaeltachta is lú sa tír (Walsh, 2011: 205). Ba cheantar iascaireachta agus feirmeoireachta tráth í Gaeltacht na nDéise ach tháinig go leor athruithe ar leagan amach an pharóiste le tamall de bhlianta, mar aon le go leor ceantair thuaithe eile in Éirinn. Bunaithe ar fhigiúirí Údarás na Gaeltachta, is ionann an ceantar seo agus 1.7% de dhaonra iomlán na Gaeltachta (Údarás na Gaeltachta). Ach, tháinig fás ar dhaonra na Gaeltachta seo le tamall de bhlianta anuas – sa bhliain 1996 bhí daonra de 1,347 cláraithe i nGaeltacht na nDéise ach de réir Dhaonáireamh 2016, is daonra de 1,816 atá sa dá pharóiste (ardú 32.3%) (Comhlacht Forbartha na nDéise, 2018: 19). Anuas air sin, idir 2002 agus 2011, is i measc daoine san aoisghrúpa 30–60 a bhí an fás is mó le feiscint. Nuair a chuirtear meán na gcainteoirí Gaelainne

le chéile sa dá pharóiste de réir thorthaí an dá dhaonáireamh (2011 agus 2016), tháinig fás ar líon na gcainteoirí Gaelainne laethúla ó 24.5% in 2011 go 468 sa bhliain 2016 – ardú thar aon cheantar Gaeltachta eile sa tír.

Go stairiúil, cuireadh an Béarla isteach in áit na Gaelainne ar oileán na hÉireann mar thoradh ar phróiseas casta aistrithe teanga (Ní Chíosáin, 2006; Hindley, 1990). Tríd is tríd, tharla an claochlú seo go tapaidh ach is ábhar suntais é nach claochlú iomlán a bhí ann agus gur lean an Ghaelainn ar aghaidh ina príomhtheanga labhartha i gceantair éagsúla, a bhuíochas sin d'iarrachtaí an Stáit a raibh sé mar aidhm acu, dar le Ó Riagáin, an Ghaelainn a chothú mar theanga labhartha sa Gaeltacht, an Ghaelainn a athbhunú mar ghnáth-theanga laethúil sa chuid eile den tír agus *'to provide the infrastructure necessary for the realisation of the maintenance of the language in the Gaeltacht and the revival of the language in the rest of Ireland'* (Ó Riagáin, 1988: 30–1). Tá Mac Giolla Chríost den tuairim go bhfuil cur chuige macraleibhéil á chur i bhfeidhm ón uair a bunaíodh Saorstát na hÉireann maidir le pleanáil agus le beartas teanga (2006: 231). Mar a deir Ó Coileáin (2009: 12), 'bhí fis ag bunaitheoiri an Stáit go mbeadh an Ghaeilge ina gnáth-theanga ag muintir na hÉireann' agus ceapann Ó Giollagáin (2014a: 36) gur cheart ról an Stáit a admháil sna hiarrachtaí seo:

*It is necessary, however, to acknowledge that the Irish State's language policies to date have most likely prolonged the lifecycle of the Irish-speaking communities in the Gaeltacht and that they have contributed to the emergence of a sizeable cohort of second-language speakers of Irish.*

Cuireadh go leor ar phár faoi seo ach ba é an príomhrud comónta a bhí idir na ceantair Gaeltachta ná iargúltacht thíreolaíoch mar aon le himeallú ó cheantair uirbeacha (Coimisiún na Gaeltachta, 1925; Lee, 1991; Ó Tuathaigh, 1990; Ó Riagáin, 1997). I staidéar a deineadh in 1971, léiríonn Ó Riagáin (1997: 31):

*...not merely were the Irish-speaking areas much smaller than suggested by census statistics, but that within their local social setting they tended to be marginally located visàvis the social networks centred on villages and small towns.*

## An Próiseas Pleanála Teanga trí chéile

*Language planning is a government authorised, long term, sustained and conscious effort to alter a language's function in a society for the purpose of solving communication problems (Weinstein, 1980: 56)*

Sa bhliain 2010, foilsíodh *An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030*, a bhfuil sé mar aidhm aici ‘úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga phobail ar bhonn céimiúil’ (Rialtas na hÉireann, 2010: 3) mar aon le líon na ndaoine a úsáideann Gaelainn sa Ghaeltacht ar bhonn laethúil a ardú faoi 25% toisc tuiscint a bheith ann go raibh sé fíorthábhachtach don Straitéis ina hiomláine go gcuirfí borradh faoin nGhaeltacht. Beartaíodh ar an aidhm seo a bhaint amach trí chóras pleanála teanga a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ag leibhéal an phobail. Sainmhíononn Fishman (1987: 409) an phleanáil teanga mar seo a leanas:

*the authoritative allocation of resources to the attainment of language status and corpus goals, whether in connection with new functions that are aspired to or in connection with old functions that need to be discharged more adequately.*

Go bunúsach is é atá i gceist ag Fishman ina shainmhíniú ná go gcuirfear acmhainní ar fáil chun feabhas a chur ar stádas na teanga agus ar struchtúr na teanga sa phobal urlabhra ar mhaithe le feidhmeanna nua a bhaint amach don teanga nó ar mhaithe le feabhas a chur ar na feidhmeanna atá ag an teanga i láthair na huaire. Is chuige sin a cuireadh tús leis an bpróiseas pleanála teanga ag leibhéal an Stáit nuair a cuireadh *Acht na Gaeltachta 2012*<sup>1</sup> i bhfeidhm sa dlí agus é mar chuspóir an Achta go mbeadh an Ghaeltacht bunaithe feasta ar chritéir theangeolaíocha seachas ar na limistéir thíreolaíocha a socraíodh siar in 1956. Faoin reachtaíocht nua seo, roinneadh na ceantair Ghaeltachta, a bhí bunaithe ar theorainneacha 1956, ina 26 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta agus bhí Plean Teanga le dréachtú do gach ceantar ina ndéanfaí cur síos ar na polasaithe éagsúla a bhí le cur i bhfeidhm thar shaolré seacht mbliana an phlean. Is é Údarás na Gaeltachta, an ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta, a bhí freagrach as ceanneagraíochtaí a roghnú chun na pleananna teanga a ullmhú agus is é Comhlacht Forbartha na nDéise an cheanneagraíocht a roghnaíodh in LPT na nDéise.

<sup>1</sup> Uimhir 34 de 2012 – Acht d’ainmniú Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, bailte seirbhíse Gaeltachta agus líonraí Gaeilge.

## An Próiseas Pleanála Teanga i nGaeltacht na nDéise

Go mbeidh pobal Ghaeltacht na nDéise in ann gach gné dá saol a chaitheamh trí mheán na Gaelainne agus go mbeidh an Ghaelainn in uachtar mar ghnáththeanga cumarsáide agus í á seachadadh mar mháthairtheanga ó glúin go glúin. (Comhlacht Forbartha na nDéise, 2018: 2)

Faoin Acht, tugadh dhá bhliain do gach ceantar Gaeltachta plean teanga a chur le chéile agus i nGaeltacht na nDéise, ba é Comhlacht Forbartha na nDéise a roghnaíodh chun an cúram seo a chur i gcrích. Go tráthúil, tharla go raibh mé féin ag déanamh taighde ar úsáid na Gaelainne i measc an phobail seo mar chuid de Dhochtúireacht sa Teangeolaíocht Fheidhmeach i gColáiste Mhuire gan Smál nuair a bhí tús á chur leis an bpróiseas pleanála teanga sa cheantar céanna. Dá bhrí sin, agus le nach mbeadh an obair chéanna á déanamh faoi dhó, chinneamar comhoibriú lena chéile agus an fhaisnéis a bhailiú don dá thogra. Ba í bunaidhm mo thionscnaimh taighde ná a dh'fháilt amach cad iad na roghanna teanga a thógann muintir na Rinne agus an tSeanphobail ina ngnáthshaol laethúil i nGaeltacht na nDéise, ceantar atá scoite amach ó na ceantair Ghaeltachta eile agus an t-iompú teanga ollmhór (ó Ghaelainn go Béarla) a tharla in Éirinn le dhá chéad bliain anuas á thógaint san áireamh (Lee, 1989: 134). Bhí an aidhm chéanna, a bheag nó a mhór, ag an gComhlacht Forbartha. I mo chás féin, rugadh agus tógadh sa Seanphobal i nGaeltacht na nDéise mé, mar sin is ball den bpobal a bhí faoi chaibidil sa taighde mé cé go bhfuil cónaí orm lasmuigh den gceantar le tamall maith de bhlianta. Táim den tuairim gur chabhraigh sé sin liom an taighde a dhearadh agus a chur i gcrích. Mar atá ráite cheana anseo, tá dhá pharóiste i nGaeltacht na nDéise – Rinn Ó gCuanach agus An Seanphobal. Ba as an Seanphobal do m'athair agus is as An Rinn do mo mháthair agus dá bhrí sin, tá tuiscint ar leith agam ar an gceantar trí chéile agus ní ar pharóiste amháin thar an gceann eile. Ba léir dom chomh maith go raibh daoine sásta comhoibriú liom sa taighde, mo thaighde dochtúireachta féin agus an obair a bhí ar siúl againn chun an Plean Teanga é féin a chur le chéile, toisc aithne a bheith agam ar roinnt acu agus toisc gur dhuine áitiúil mé agus ní strainséar dóibh. Molann Ní Dhúda (2014: 25) do thaighdeoirí 'muintearas a chothú le muintir na háite ach spás a aimsiú chun machnamh criticiúil a dhéanamh go leanúnach' agus ó tharla gur as an gceantar ó dhúchas mé, in ainneoin cónaí a bheith orm in áit eile in Éirinn, is é mo thuairim ná go raibh an muintearas úd cothaithe ionam mar aon leis an spás atá riachtanach chun scagadh agus iniúchadh a dhéanamh ar an eolas a roinneadh liom.

Deirtear go ndéantar cultúr an phobail a chruthú trí na patrúin úsáide teanga a úsáidtear le himeacht ama (Garner, 2007: 41). I gcás an cheantair atá faoi chaibidil san alt seo, tá an iliomad tógálacha sóisialta á gcruthú go laethúil bunaithe ar úsáid teangacha na ndaoine. Is é atá i gceist le tógáil shóisialta ná rud teibí a chruthaítear mar thoradh ar idirghníomhaíocht an duine. Tá an rud ann toisc go n-aontaíonn daoine go bhfuil sé ann:

*social construction assumes that people construct (i.e., create, make, invent) their understandings of the world and the meanings they give to encounters with others, or various products they or others create. (Leeds-Hurwitz, 2016)*

Mar a mhíníonn Bakhtin (Bakhtin, M. M., & Holquist, M., 1981: 293):

*All words have the 'taste' of a profession, a genre, a tendency, a party, a particular work, a particular person, a generation, an age group, the day and hour*

I gcás an phobail urlabhra a bhí faoi chaibidil sa staidéar seo, theastaigh ó Chomhlacht Forbartha na nDéise plean a chruthú don bpobal faoina chúram a thabharfadh aitheantas do na tógálacha sóisialta úd agus a thabharfadh seans don bpobal iad a fhorbairt agus a chur chun cinn.

## **Modheolaíocht an Taighde**

Déantar taighde a shainmhíniú mar chuardach loighciúil, córasach d'eolas nó d'fhaisnéis nua ar ábhar nó ar thopaic ar leith agus cuirtear in iúl gurb í an chúis a dtugtar faoi aon saghas taighde ná chun níos mó eolais a thabhairt dúinn faoin domhan mórthimpeall orainn. Tugtar sainmhíniú ar thaighde sna heolaíochtaí sóisialta mar *'the scientific study of human society and social relationships'* (Oxford Dictionaries, 2018: gan leathanach). Déanann Bryman (2016: 3) taighde sóisialta a shainmhíniú mar thaighde acadúil ar thopaicí a bhaineann le saincheistanna cosúil le *'sociology, human geography, social policy'*. Ar mhaithe leis an bhfaisnéis atá mar bhonn ag an taighde seo a bhailiú, baineadh úsáid as taighde modhanna measctha. Déanann Johnson, Onwuegbuzie & Turner (2007:113) cur síos ar fhorbairt taighde modhanna measctha mar mhodh taighde ann féin:

*Mixed research, in its recent history in the social and behavioral or human sciences, started with researchers and methodologists who believed qualitative and quantitative viewpoints and methods were useful as they addressed their research questions.*

Beartaíodh go mbaileofaí sonraí cáilíochtúla don bPlean Teanga agus úsáid á baint as modhanna eitneagrafaíochta. Sa chás áirithe seo, is iad suirbhé baile, grúpaí fócais agus ceistneoirí do dhaltá scoile a roghnaíodh mar na huirlisí um bhailiú sonraí. Baineadh úsáid as na huirlisí úd chun a chinntiú go n-éireodh linn ár mbunaidhm a bhaint amach, .i., Plean

Teanga a chruthú do Ghaeltacht na nDéise atá pobal-lárnach, ina bhfuil tuairimí, moltaí agus dearthaí an phobail mar chrann taca aige agus a bheidh chun leas agus chun tairbhe phobal Ghaeltacht na Rinne agus an tSeanphobail don tréimhse seacht mbliana amach romhainn agus níos faide.

Tugann Weafer (2015) an sainmhíniú seo ar an eitneagrafaíocht: *‘the study of different cultural groups in a natural setting over a prolonged period of time by collecting observational data’*. Déantar cur síos ar thaighde cáilíochtúil mar bhailiú sonraí a bhaineann le tuairimí agus le dearthaí daoine ar ábhar ar leith gur féidir léirmhíniú a bhaint astu, ach nach féidir iad a bhailíochtú ó thaobh staitisticí de (Weafer, 2015). Deir Stake (2010:19) gurb iad breathnóireacht, agallóireacht agus cíoradh déantúsáin (cáipéisíocht san áireamh) na modhanna is coitianta a úsáidtear i dtaighde den tsaghas seo. Chomh maith leis sin, tugann sé sainmhíniú ar na difríochtaí is mó atá idir taighde cáilíochtúil agus taighde cainníochtúil:

*Perhaps the most important methodological differences between qualitative and quantitative are twofold: the difference between (1) aiming for explanation and (2) aiming for understanding, and the difference between (1) a personal role and (2) an impersonal role for the researcher.*

Ar mhaithe leis an aiste seo, táim chun díriú go háirithe ar an obair a deineadh ar an Suirbhé Baile agus ar na torthaí a d’eascair as an uirlis taighde seo.

## **Suirbhé na Gaeltachta**

Tar éis roinnt mhaith plé agus díospóireachta laistigh den gComhlacht Forbartha, deineadh an cinneadh tús a chur leis an bpróiseas bailithe sonraí trí shuirbhé baile dátheangach, *Suirbhé na Gaeltachta – Plean Teanga – Gaeltacht na nDéise 2017–2023*, a dhearadh. Chun an obair seo a chur i gcrích, is é Críostóir Ó Faoláin, Áisitheoir Pobail de chuid Chomhlacht Forbartha na nDéise, an Dr Mícheál Ó Drisleáin agus an taighdeoir seo a dhear an suirbhé thar thréimhse sé mhí sa mbliain 2015. Fostaíodh daoine ón gceantar chun na suirbhéanna a scaipeadh ag deireadh na bliana sin agus tugadh coicís do dhaoine iad a chomhlánú. Lorgaíodh eolas faoi na seirbhísí/áiseanna atá/nach bhfuil ar fáil sa cheantar, faoin nGaelainn/stádas Gaeltachta agus faoin todhchaí, i measc ábhair eile. Bailíodh 497 as 600 suirbhé; is ionann sin agus ráta freagartha de 83%, atá níos airde ná an meán d’obair allamuigh den tsaghas seo (Baruch & Holtom, 2008) agus comhartha ba ea é, i dtuairim an scríbhneora, den spéis a bhí ag an bpobal in obair na pleanála teanga.

Maidir le dearadh an tsuirbhé<sup>2</sup>, bhí 31 ceist ann agus spás i lár an cheistneora do dhaoine chun tuairimíocht bhreise a chur in iúl – is modh í an anailís théamach chun patrúin (téamaí) a aithint laistigh de na sonraí, chun anailís a dhéanamh orthu agus chun tuairisiciú fúthu. Dar le Thorpe (2013: 37), is í an anailís théamach an tríú céim in aon tionscadal taighde: tar éis an t-ábhar a roghnú

2 Féach Aguisín 1 do chóip den tSuirbhé.

agus na sonraí a bhailiú, déantar anailís théamach ar na sonraí úd dar leis. Má bhaintear úsáid as códú téamach nuair atáthar ag dul i mbun anailíse ar shonraí i réimse na heitneagrafaíochta, is ar mhaithe le patrúin agus le nascanna a fheiscint atá an taighdeoir – ‘*searching for the main building blocks of local culture and its themes*’ (Holloway & Todres, 2003: 438).

Ó thaobh na gceisteanna ar an tsuirbhé, deineadh anailís staitisticíúil ar fhreagraí na gceisteanna úd, agus úsáid á baint as an bpacáiste bogearraí SPSS (*Statistical Package for the Social Sciences*) agus ba iad an Dr Micheál Ó Drisleáin, Comhlacht Forbartha na nDéise, agus an Dr Breandán Ó Caoimh, iarléachtóir le Roinn na Tíreolaíochta i gColáiste Mhuire gan Smál, a dhein an obair seo ach is anailís théamach a deineadh ar na ceisteanna oscailte.

Tá an tuairim ann go mbíonn ar chainteoirí mionteangacha cinneadh a thógaint gach lá, nach mór, faoi pé acu teanga (Béarla, Gaelainn nó teanga eile) a úsáideann siad sna fearainn éagsúla ina mbíonn siad gach lá. Braitheann na roghanna san ar a leibhéal inniúlachta teanga féin, ar leibhéal inniúlachta teanga an té a mbíonn siad ag labhairt leo agus ar an leibhéal cumarsáide ba mhian leo a chruthú le daoine, mar a luaigh rannpháirtí amháin:

*I would always ring the school as Gaelainn – when I know where it's going to go to. If it was like 'how are they getting on', where there is a problem I'd like to revert to my first language. (Béarla sa chás áirithe seo).*

Dá bhrí sin, ba dhóigh leat go mbíonn luach níos airde ag gabháil le gach focal a úsáidtear sa mhionteanga nuair a dhéantar cinneadh ar leith í a úsáid. Bhí sé mar aidhm ag an meitheal oibre a bhí ag obair ar an tionscnamh seo féachaint ar na cúiseanna a bhaineann leis na roghanna a dhéanann daoine sa Ghaeltacht idir úsáid na Gaelainne agus úsáid an Bhéarla sa ghnáthshaol laethúil. Dar le Berger & Luckmann (1966: 51), ‘*language, which may be defined here as a system of vocal signs, is the most important sign system of human society*’ agus léirigh torthaí an taighde go raibh go leor i gceist leis na roghanna teanga a dhéanann baill den bpobal teanga a bhí faoi chaibidil sa taighde. Bhain úsáid teanga na ndaoine le stair, traidisiún, praiticúlacht, mórtas agus bród i meas an iliomad gnéithe eile: ‘*Everyday life, is above all, life with and by means of the language I share with my fellowmen*’ (Berger & Luckmann, 1966: 51).

### **Torthaí ón tsuirbhé**

Tá sé soiléir ó thorthaí an tsuirbhé gur pobal dátheangach atá i nGaeltacht na nDéise (úsáideann 57.7% den bpobal an Ghaelainn in éineacht le teanga eile nó an Ghaelainn amháin ar bhonn laethúil). Tagann 51.2% den bpobal ón Rinn agus ón Seanphobal ach is léir go bhfuil daonra an-mhór sa Ghaeltacht nach de bhunadh na háite iad ó dhúchas. Ciallaíonn sé sin go dtagann beagáinín níos lú ná leath de phobal na háite ó cheantar eile agus nár rugadh san áit iad. Cothaíonn sé seo dúshlán ó thaobh na teanga agus freastal ar an bpobal ar fad de, ach tá féidearthachtaí ann chomh maith chun an pobal ar fad a tharraingt le chéile.

Iarradh ar dhaoine a gcumas Gaelainne labhartha féin a chur in iúl agus dúirt 56% den bpobal go raibh Gaelainn líofa, go maith nó réasúnta acu. Ba léir go raibh cumas labhartha na Gaelainne i bhfad níos láidre acu siúd gurb as an Rinn agus an Seanphobal ó dhúchas dóibh. Chuir 77% de mhuintir dhúchasach Ghaeltacht na nDéise go raibh Gaelainn ‘líofa, go maith nó réasúnta acu’ ach thit sé seo go dtí 56% nuair a chuirtear gach éinne le chéile. Ag féachaint ar an aoisghrúpa a thuairisc go raibh an leibhéal cumais is airde acu ó thaobh labhairt na Gaelainne de, bhí sé suimiúil agus dearfach gur cheap pobal óg an cheantair go rabhadar níos cumasaí i labhairt na teanga ná an pobal níos sine. B’ábhar misnigh é seo don gComhlacht Forbartha agus dóibh siúd a bhí ag cruthú an phlean teanga. I measc na gcomhthéacsanna agus na n-áiteanna ina mbeadh sé dúshlánach an Ghaelainn a úsáid sa cheantar, luadh láithreacha oibre, a bheith ag plé le daoine nach raibh Gaelainn acu nó nuair nach raibh a fhios acu an leibhéal Gaelainne a bhí ag an duine a rabhadar ag plé leo mar aon le daoine gan aon Ghaelainn, ag ócáidí sóisialta, nuair a bheadh seirbhísí an Stáit á lorg mar aon le seirbhísí eile, ag cruinnithe poiblí agus sna siopaí áitiúla.

Léiríodh réimse leathan tuairimí mar fhreagra ar an gceist faoi thodhchaí na Gaeltachta agus faoi na rudaí is gá a chur i gcrích chun stádas an cheantair mar Ghaeltacht a chinntiú. Cheap daoine go raibh sé tábhachtach an teanga a chothú agus a láidriú i measc an aosa óig agus feacht teanga a ardú i measc an phobail trí chéile. Anuas air sin, léiríodh an tuairim go raibh sé riachtanach fostaíocht agus tithíocht inacmhainne a chur ar fáil chun gur féidir le daoine fanacht sa cheantar agus teaghlaigh a thógaint ina gceantar féin. Chun é seo a bhaint amach, bheadh sé riachtanach chomh maith, dar le muintir na háite, maoiniú stáit a chur ar fáil do thionscadail phobail agus chun seirbhísí a chur ar fáil nach raibh ann ag an am. Luadh seirbhísí do theaghlaigh le páistí óga, mar shampla, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do na scoileanna, mar a dúradh:

Is gá don phobal duine ar dhuine seasamh leis an teanga agus í a labhairt agus cearta teanga a éileamh. Ní oibreoidh aon scéim ná plean muna gcinneann daoine ar a bheith freagrach as an gcinneadh. Is gá do dhaoine a bheith ionraic, macánta agus bheith sásta tabhairt don teanga seachas tógaint uathí

Tá ról fiorthábhachtach ag an teaghlach in aon cheantar Gaeltachta chun an teanga a choimeád beo agus d’aontaigh an pobal urlabhra seo gur rud maith é páistí a thógaint le Gaelainn (89.6% ar an meán trasna gach réimse aoise sa suirbé). Anuas air san, d’aontaigh daoine nárbh as an gceantar ó dhúchas iad go raibh tábhacht ag baint le páistí a thógaint le Gaelainn agus b’ábhar dóchais don lucht pleanála teanga go raibh an pobal idir 20 agus 49 bliain d’aois ag tacú go láidir le páistí a thógaint le Gaelainn (90.2%). Arís is arís eile, tháinig cultúr agus féiniúlacht an cheantair aníos mar ábhar plé ó thús go deireadh na hoibre. Luadh focail cosúil le ‘dúchas’, ‘oidhreacht’, ‘stair’, ‘traidisiún’ agus ‘cultúr’ mar fhreagra ar ‘Dé chúis go bhfuil sé tábhachtach go gcoimeádfadh an ceantar a stádas mar Ghaeltacht?’ Chuir rannpháirtí amháin in iúl nach mbeimis ‘ach leath-Ghaelach gan é’ agus gurb ‘í ár gcultúr í – ní mar ualach dúinn í agus sinn bródúil aisti.’

Ach in ainneoin na ndearcthaí dearfacha seo a léiríodh i leith na teanga sa suirbhé, léiríodh dúshláin agus deacrachtaí ar an talamh, a d'fhéadfadh a bheith díobhálach do thodhchaí na teanga sa pharóiste – meonta i leith na teanga ina measc siúd a bhog go dtí an ceantar agus a chuir in iúl go mothaíonn siad scanraithe ag *'superior attitude'* cainteoirí dúchais na háite toisc *'they feel alienated and almost pressurised to learn Irish to fit in'*. Deir O'Rourke (2011: 328) go mbaineann an téarma *'dúchasach'* le daoine a thógtar i bpobal ar leith nó in áit ar leith agus go síolraíonn buncháilíochtaí an dúchais go minic ó nascanna leis an teanga sa bhaile nó i bpobal urlabhra atá luaite go stairiúil leis an teanga sin. D'fhéadfadh ceisteanna agus dúshláin úinéireachta teacht chun solais i gcás daoine nua a bhogann isteach sna ceantair úd agus nach cainteoirí dúchasacha iad de réir an tsainmhíneithe úd. Cuireadh in iúl go mb'fhéidir gur cheart go mbeadh lucht tacaíochta na teanga ní b'oscailte ar mhaithe lena chinntiú go mothaíonn gach duine go bhfuil siad mar chuid den bpobal agus den gcultúr Gaelachta. Is gá do na *'(the) ambassadors for the language need to be more approachable'* chun é seo a bhaint amach agus chun dearcthaí a mhaolú ina mbeadh *'complete loss of interest and inspiration to engage in using Gaelic'* i measc daoine atá nua sa cheantar mar thoradh orthu. Tá an baol ann go spreagfadh an meon iad chun scaoileadh leis an teanga agus an cultúr agus na traidisiúin a ghabhann léi, a dhéanfadh pobal urlabhra atá faoi bhrú cheana féin níos laige fós:

*Friends of mine who moved to the Gaeltacht area and who wouldn't have too much Irish feel there is an air of arrogance by some people towards them because they can't communicate as Gaeilge. As a result, it's taken them a while to settle into the area because they feel alienated and almost pressurised to learn Irish to fit in. It's not nice to stand at the side of a football pitch with your child playing and all the other mams chatting in Irish and you can't join in because you feel you'd be frowned upon. Now I haven't experienced this as my kids are involved with English speaking clubs but this is what I have heard some say. (Aiseolas ó 'Suirbhé na Gaeltachta – Plean Teanga – Gaeltacht na nDéise 2017–2023')*

Ar an taobh eile den speictream, léiríodh roinnt mhaith éadóchais faoi staid reatha na teanga mar theanga labhartha, agus daoine den tuairim go raibh an Ghaeltacht imithe, 'Is ar éigin gur Gaeltacht An Rinn agus níl deichniúr sa Seanphobal gur féidir Gaelainn leo a labhairt', go bhfuil glúin labhartha na Gaelainne cailte ag an bparóiste toisc go bhfuil daoine sa Rinn 'nach labhrann focal Gaelainne agus bhí togha na Gaelainne ag a muintir'. Tá glúin labhartha na Gaelainne cailte againn cheana féin, dar leo, agus moladh an maoiniú atá 'á dhiomailt fé láthair a thabhairt' do dhaoine cosúil le muintir Chonamara a labhrann an teanga le chéile.

Mar atá ráite cheana anseo, bunaíodh an Plean Teanga ar na torthaí a d'eascair as an obair allamuigh (an suirbhé baile, na grúpaí fócais agus na ceistneoirí scoile) agus ba 58 beart ar fad a aithníodh mar thoradh ar an scagadh agus ar an iniúchadh a deineadh ar an bhfaisnéis

úd – Teaghlaigh agus An Óige, Oideachas, Cultúr agus na hEalaíona, Pobal agus Spórt, Gnó agus Fostaíocht, Turasóireacht agus Oidhreacht agus An Stát.

Pléitear go minic i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga an tábhacht a bhaineann le taighde agus le tuiscint a fháil ar an bpobal atá faoi chaibidil sula dtugtar faoi aon phleanáil éifeachtach (Ó hIfearnáin, 2012: 132), mar a deir Chesire (1995: 45): *‘If language planning is out of step with sociolinguistic practice it is unlikely to achieve its stated aim’*. B’in an chúis gur tugadh faoin gcur chuige triantánach seo chun a chinntiú go mbeadh an fháil a bheadh ar bhunús don bPlean oiriúnach don bpobal.

Cuireadh An Plean faoi bhráid na Roinne ag deireadh 2017, agus i bhFeabhra 2018, cuireadh in iúl don gComhlacht Forbartha go raibh Príomh-Aoire an Rialtais agus Aire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin, Joe McHugh, T.D., tar éis plean teanga na nDéise a cheadú faoin bpróiseas pleanála teanga:

Le ceadú an phlean seo, tá tús curtha leis an gcéim is tábhachtaí den phróiseas mar a bhaineann sé le Gaeltacht na nDéise, is é sin cur i bhfeidhm an phlean teanga ina bhfuil na riachtanais mar a aithnítear iad go háitiúil leagtha amach ann. (An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, 2018)

Go gairid ina dhiaidh sin, fostaíodh Irial Ó Ceallaigh mar Oifigeach Pleanála Teanga ar bhonn lánaimseartha chun oibriú leis an gComhlacht Forbartha agus le páirtithe leasmhara eile chun an Plean Teanga a chur i bhfeidhm sa phobal. Leanann an obair ar aghaidh chun bearta an Phlean Teanga a chur i bhfeidhm.

### **Gaeltacht na nDéise sna blianta atá romhainn**

Chun go mairfidh an Ghaeltacht, is gá an Plean Teanga a chur i bhfeidhm agus is gá do phobal na háite roinnt den bhfreagracht a thógaint orthu féin agus an Ghaelainn a bheith á húsáid ag níos mó acu. Ach an méid sin ráite, tá an dearcadh ann go bhfuil an stát ag súil leis an iomarca ó choistí deonacha sna ceantair Ghaeltachta in ainneoin nach saineolaithe ar an bpleanáil teanga iad, mar a deir John Walsh agus é ag caint faoin ábhar seo in 2019:

Is é an *caveat* mór ná nach gcuireann Údarás na Gaeltachta féin an phleanáil teanga i bhfeidhm. Ina áit sin, cuirtear an obair amach go dtí coistí agus grúpaí deonacha pobail, a bhformhór nach bhfuil aon saineolas teicniúil acu sa phleanáil teanga in ainneoin a dtiomantais don Ghaeilge’ (Láithreán gréasáin [tuairisc.ie](http://tuairisc.ie))

Ní féidir a bheith ag brath ar bheartais rialtais chun gach dúshlán agus gach fadhb a réiteach. Muna gcloiseann daoine óga an cheantair a sinsear ag úsáid na teanga, ní fada go stopfaidh siad féin á labhairt mar ní léir dóibh an luach nó an fheidhm atá aici mar ghnáth-theanga labhartha.

Is cosúil go bhfuil gaol casta ag muintir na hÉireann leis an nGaelainn: gaol atá préamhaithe i gcúiseanna staire, oideachais agus sóisialta. Is minic í luaite le ganntanas, le bochtanas agus le neamhábharthacht (go háirithe sa tsochaí chomhaimseartha) agus, mar a deir Kiberd (1981:6), cé go gcreideann muintir na hÉireann go bhfuil an Ghaelainn thar a bheith tábhachtach don bhféiniúlacht náisiúnta, tá siad fós den tuairim ‘with equal conviction that the language will die in their own lifetime’. Má ligtear do na ceantair Ghaeltachta bás a dh’fháilt, gheobhaidh cuid dár n-oidhreacht agus dár bhféiniúlacht bás leo. Mar a deir McCloskey (2001:160), nuair a chailltear teanga, cailltear guth iomlán na ndaoine a labhair í, agus ní féidir aon teanga a fhaigheann bás a thabhairt thar n-ais ón uaigh:

*Language is . . . a cultural phenomenon. Every language that succumbs to the economic, political and cultural pressures being applied all over the globe today, takes to the grave with it an encyclopaedia of histories, mythologies, jokes, songs, philosophies, riddles, superstitions, games, sciences, hagiographies – the whole cumulative effort of a people over centuries to understand the circumstances of its own existence.*

Ba léir go raibh lántacaíocht i measc rannpháirtithe an phobail urlabhra seo sa phróiseas pleanála teanga agus iad ag súil go mbainfeadh an pobal go léir tairbhe agus leas as. Gheobhaidh an Ghaelainn bás má scaoiltear léi bás a dh’fháilt ach is léir don scríbhneoir ón taithí a bhí aici agus í ag bailiú eolais i measc mhuintir na Rinne agus an tSeanphobail nach dteastaíonn ó dhaoine an Ghaelainn a chailliúint.

Léirigh an staidéar a rinne mé im’ cheantar dúchais féin go ndéanann daoine cinneadh gach lá faoi pé acu teanga a úsáidfídh siad – tá an cinneadh úd bunaithe ar na rudaí seo a leanas tríd is tríd:

- A leibhéal inniúlachta teanga féin
- Leibhéal inniúlachta teanga an té a mbíonn siad ag labhairt leo
- An leibhéal cumarsáide ba mhian leo a chruthú le daoine
- Ar mhaithe le cumarsáid éifeachtach a chruthú
- Tionchar clainne ar úsáid teanga

Leanadh córas eitice Choláiste Mhuire gan Smál<sup>3</sup> san obair bhailithe sonraí trí chéile agus cuireadh rannpháirtithe ar an eolas faoin réasúnaíocht a bhí taobh thiar de na grúpaí fócais. De bharr nár deineadh taifeadadh ar na seisiúin, níor lorgaíodh cead i scríbhinn ó na rannpháirtithe a dtuairimí a úsáid, áfach.

3 <https://www.mic.ul.ie/research/research-graduate-school/supports/research-ethics?index=0>

## Leabharliosta

### Leabhair

- Bakhtin, M. M., & Holquist, M., (1981) *The dialogic imagination: Four essays*. Austin: University of Texas Press.
- Berger, P., & Luckmann, T. (1966) *The Social Construction of Reality: A Treatise in the Sociology of Knowledge*. Garden City, NY: Doubleday.
- Blaxter, L., Hughes, C., & Tight, M., (2001) *How to Research*. Buckingham: Open University Press.
- Cohen, L., & Manion, L., (2000) *Research methods in Education* (5th edition). Routledge.
- Hindley, R., (1990) *The Death of the Irish Language*. London: Routledge.
- Kaplan, R.B., & Baldauf, R.B., (1997) *Language planning from practice to theory*. Clevedon: Multilingual Matters.
- McCloskey, J., (2001) *Voices Silenced – Has Irish a Future?* Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.
- Ní Dhúda, L., (2014) *Roghanna, Glór na nGael Teoranta*.
- Kloss, H., (1969) *Research possibilities on group bilingualism: A report*. Quebec: International Center for research on Bilingualism.
- Lee, J., (1989) *Ireland 1912–1985: Politics and Society*. Cambridge University Press.
- Ó Riagáin, P., (1997) *Language Policy and Social Reproduction Ireland 1893–1993*. Oxford: Clarendon Press Dublin: Occasional Paper No. 8, Irish Institute of Linguistics.
- Poon, A., (2000) *Medium of Instruction in Hong Kong: Policy and Practice*. Lanham, Maryland, University of America.
- Stake, R.E., (2010) *Qualitative Research: Studying How Things Work*. New York, NY: Guilford Press.
- Spolsky, B., (2004) *Language Policy*. Cambridge University Press.

Walsh, J., (2011) *Contests and Contexts: the Irish Language and Ireland's SocioEconomic Development*. Oxford; New York: Peter Lang.

## **Ailt**

Baruch, Y & Holtom, B.C., (2008) 'Survey response rate levels and trends in organizational research', *Human Relations*, 61 (8).

Bruen, J., (2013) 'Towards a national policy for languages in education: the case of Ireland.' *European Journal of Language Policy* 5. 99–114.

Cheshire, J. (1995) 'Language policy and language practice in education.' Blue, G.

& Mitchell, R. (eag.) *Language and Education*. Clevedon: BAAL Multilingual Matters.

Fishman, J., (1987) 'Reflections on the current state of language planning.' Laforge, L., (eag.) *Proceedings of the International Colloquim on Language Planning*. Les Presses de l'Universit Laval, Quebec. 407–28

Garner, M., (2007) 'Techniques Of Analysis III Discourse.' Llamas, C., Mullany L., & Stockwell, P., (eag.) *The Routledge Companion To Sociolinguistics*. Oxon: Routledge. 41–8.

Holloway, I., & Todres, L., (2003) 'The Status of Method: Flexibility, Consistency and Coherence.' *Qualitative Research* 3(3). 345–57.

Johnson, R. B., Onwuegbuzie, A. J., & Turner, L.A., (2007) 'Toward a definition of mixed methods research.' *Journal of Mixed Methods Research* 1(2). 112–33.

Kiberd, D., (1981) 'The Irish Language.' *The Crane Bag* No.9, 5 (2). 835.

Ní Chiosáin, M., (2006) 'Language Shift in early Twentieth-Century Ireland.' *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium*. Vol. 26/27 (2006/2007), 370–84.

Ó Coileáin, A., (2009) 'Pleanáil Teanga in Éirinn', *Comhar* 69 (9). 12–4.

Ó Giollagáin, C., (2014) 'Unfirm ground, A re-assessment of language policy in Ireland since Independence', *Language Problems and Language Planning* 38(1). 19–41.

Ó hIfearnáin, T., (2006) 'Beartas Teanga.' *An Aimsir Óg*. Páipéar Ócáideach 7. Baile

Átha Cliath: An Chéad Chló.

Ó hIfearnáin, T., (2012) 'An Phleanáil Teanga agus an Beartas Teanga: Coincheapa agus Feidhm.' Ó hIfearnáin, T. & Ní Neachtain, M. (eag.) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*. Baile Átha Cliath: Cois Life. 129–49.

Thorpe, M.R., (2013) 'The process of conducting qualitative research as an adjunct to the development of therapeutic abilities in counselling Psychology', *New Zealand Journal of Psychology* 42. 35–43.

Weinstein, B., (1980) 'Language planning in francophone Africa', *LPLP*, 4, 1. 55–77.

### **Foilseacháin eile**

Comhlacht Forbartha na nDéise, (2018) Plean Teanga na nDéise 2018–2024.

Le fáil ag: [http://www.deise.ie/images/pdfs/plean\\_teanga\\_2018\\_2024.pdf](http://www.deise.ie/images/pdfs/plean_teanga_2018_2024.pdf)

An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta, (2018) 'Plean teanga Ghaeltacht na nDéise' – Preasráiteas eisithe 27/02/2018. Le fáil ar: <https://www.chg.gov.ie/ga/gaeltacht-na-ndeise-language-plan-approved-by-minister-of-state-mchugh/>

Rialtas na hÉireann, (2010) *Straitéis 20 Bliain Don Ghaeilge 2010–2030*, Baile Átha Cliath.

Coimisiún na Gaeltachta report (1925). Dublin: The Stationery Office.

### **Cainteanna:**

Weafer, J.A., (2015) 'Working With Questionnaires', Cur i láthair ag Coláiste Mhuire gan Smál, Feabhra.

Ó Curnáin, B., (2014) Ag labhairt ag seoladh Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach, Baile Átha Cliath, Mí na Samhna.

## Aguisín 1

‘Suirbhé na Gaeltachta – Plean Teanga – Gaeltacht na nDéise 2017 – 2023’

**Cá bhfuil an tigh? An Rinn  An Sean Phobal**

**1. Déantús an tí:** Cuir tic sa bhosca is oiriúnaí dod’ chás féin.

(Roinnte: cónaí le cairde/daoine nach bhfuil gaolta leat.) Más rud é go bhfuil baill an teaghlaigh as baile i rith na seachtaine ach gur bunús baile an tigh seo dóibh, cuir tic, le’ thoil, in aice le *Teaghlach*.

*Teaghlach*

*Singil*

*Roinnte*

**An Tigh:** (cuir tic, le do thoil, le rogha amháin)

*Linn féin*

*Ar cíós*

**2. Líon daoine sa tigh / sa chlann (Cuir isteach na huimhreacha thíos)**

*Líon na mBan (duine/daoine fásta) sa tigh* \_\_\_\_\_

*Líon na bhFear (duine/daoine fásta) sa tigh* \_\_\_\_\_

*Líon na gCailíní sa tigh* \_\_\_\_\_

*Líon na mBuachaillí* \_\_\_\_\_

**3. Líon do pháistí atá ag freastal ar naíonra?**

*Sa Gaeltacht* \_\_\_\_\_

*Lasmuigh den Gaeltacht* \_\_\_\_\_

*Ní bhaineann*

**4. Líon do pháistí atá ag freastal ar bhunscoil?**

*Sa Gaeltacht* \_\_\_\_\_

*Lasmuigh den Gaeltacht* \_\_\_\_\_

*Ní bhaineann*

**5. Líon do pháistí atá ag freastal ar mheánscoil?**

*Sa Gaeltacht* \_\_\_\_\_

*Lasmuigh den Gaeltacht* \_\_\_\_\_

*Ní bhaineann*

**6. Cén líon den teaghlach nach gcónaíonn sa tigh seo go lán-aimseartha atá:**

Ag staidéar in áit eile \_\_\_\_\_

Ag obair in áit eile \_\_\_\_\_

Eile (sonraigh) \_\_\_\_\_

Ní bhaineann 

IOMLÁN: \_\_\_\_\_

**7. Cad í príomhtheanga labhartha an tí?**(1= Béarla amháin, 2= Béarla is mó, 3 = an dá theanga mar a chéile, 4= Gaeilge is mó  
5 = Gaeilge amháin)

BÉARLA Amháin 1 2 3 4 5 GAEILGE Amháin

Sa chás nach í Gaeilge nó Béarla príomhtheanga an tí, sonraigh an príomhtheanga

\_\_\_\_\_

**8. Céard iad na teangacha eile a bhíonn á labhairt sa tigh?****DUINE FÁSTA A HAON****1. Gnéas:**Baineann Fireann **2. Aois**

<b>Faoi 20</b>	
<b>20 - 29</b>	
<b>30 - 39</b>	
<b>40 - 49</b>	
<b>50 - 64</b>	
<b>65+</b>	

**3. Cad as duit?**Gaeltacht na nDéise Áit Eile i bPort Láirge Gaeltacht eile Áit eile in Éirinn An Bhreatain An Eoraip Eile:  \_\_\_\_\_ (Sonraigh, led' thoil)

## An Ghaeilge

### 4. Cumas Gaeilge. Cén cumas Gaeilge atá agat, dár leat, ó scála 1 go 5

(1 = Lag, 2 = Cuíosach; 3 = Réasúnta, 4 = go maith 5 = líofa)

Labhairt 1  2  3  4  5

Tuiscint 1  2  3  4  5

Léamh 1  2  3  4  5

Scríobh 1  2  3  4  5

### 5. Úsáid Teanga – tú féin (cuir tic, led' thoil, faoin gceann is oiriúnaí do gach ceann, ná líon sa chás nach mbaineann sé leat)

	Béarla amháin	Béarla is mó	An dá theanga mar a chéile	Gaeilge is mó	Gaeilge amháin
Ar an iomlán					
Sa mbaile					
Le mo chomharsana					
Ag obair					
Sa siopa					
Le mo ghaolta					
Le mo chairde					
Ag an Séipéal					
Ag cruinnithe					
Ócáidí Sóisialta					
Ag obair go deonach					
Cúrsaí Spóirt					
Eile					

5a. Céard iad na comhthéacsanna / áiteanna sa cheantar seo ina bhfuil sé dúshlánach an Ghaeilge a úsáid, dár leat?

### 6. Ar mhaith leat do chuid Gaeilge a fheabhsú nó Gaeilge a fhoghlaim?

Ba mhaith

Níor mhaith

Ní bhaineann

**7. Dá mba mhaith leat feabhas a chur ar do scileanna teanga, cén leibhéal a bheadh i gceist?**

- Leibhéal an Tosaitheora
- Leibhéal Bunúsach
- Leibhéal Feabhsaithe
- Leibhéal an Chomhráite
- Ard Leibhéal

**8. ‘Is rud maith é páistí a thógaint le Gaeilge’. An aontaíonn tú leis an bprionsabal seo?**

(1 = Easaontaím go láidir, 2 = Easaontaím; 3 = Níl a fhios agam, 4 = Aontaím, 5 = Aontaím go láidir)

- 1 2 3 4 5

**9. Cad a cheapann tú féin mar gheall ar an nGaeilge anois?**

(1 = I gcoinne, 2 = Beagán ina coinne; 3 = Níl a fhios agam, 4 = Cuíosach báighiúil, 5 = An-bháighiúil)

- 1 2 3 4 5

**10. Nuair a bhí tú ag fás aníos ar dhein tú aon cheann des na rudaí seo? (Cuir tic sna boscaí, de réir mar a bhaineann siad leat)**

	Béarla amháin	Béarla is mó	An dá theanga mar a chéile	Gaeilge is mó	Gaeilge Amháin	Ní Bhaineann
Ábhair chlóite a léamh (leabhair, nuachtáin &rl)						
Ábhar a léamh ar an idirlíon						
Éisteacht le cláracha ar an raidió						
Féachaint ar chláracha ar an teilifís						

(Má tá teanga eile seachas Gaeilge/Béarla i gceist, sonraigh anseo, led' thoil \_\_\_\_\_)

**11. Cén teanga a úsáideadh idir na gaolta seo agus tú ag fás aníos?**

	Béarla amháin	Béarla is mó	An dá theanga mar a chéile	Gaeilge is mó	Gaeilge Amháin
d'athair agus do mháthair					
do mháthair agus na leanaí					
d'athair agus na leanaí					
na leanaí eatarthu féin					
na leanaí agus an tseanmhuintir					

**12. Léibhéal Oideachais** (*Sonraigh an leibhéal is airde atá bainte amach agat*)

	Bunscoil	Teastas Sóisearach	Ardteist	Printiseacht	Teastas	Diplóma	Céim	larchéim
Tú féin								

**13. Stádas Oibre:**

	Fóstaí lánaim-seartha	Fóstaí páirtaim-seartha	Féin fhostaithe	I mbun cúraimí baile	Dífhostaithe	Ag lorg oibre	Scéim Fostaíochta	larchéim	Ar scoir	Tinn / Ar mhíchumas
Tú féin										

**14. Cén slí beatha atá agat?** \_\_\_\_\_**15. Cén ceantar/baile ina bhfuil tú ag obair?**

	An Rinn	An Sean Phobal	Cathair/ Baile/ Paróiste tuaithe eile	Dún Garbhán	Port Láirge	Éire	Thar lear
Tú féin							

**16. An mbíonn do chuid oibre trí:**

(1= Bhéarla amháin, 2= Bhéarla is mó, 3 = an dá theanga mar a chéile, 4= Ghaeilge is mó 5 = Ghaeilge amháin)

BÉARLA Amháin 1 2 3 4 5 GAEILGE Amháin

17. Muna bhfuil tú ag obair i nGaeltacht na nDéise, an nglacfa le post anseo, dá mbeadh ceann oiriúnach ar fáil duit (ar na téarmaí céanna atá agat faoi láthair)?

Ghlacfaínn

Ní ghlacfaínn

Ní bhaineann sé liom

18. Dá mba rud é go raibh sé i gceist agat tigh a cheannach / a thógaint i nGaeltacht na nDéise amach anseo, an dóigh leat go mbeifeá in ann:

**Tigh a cheannach?**

Bheinn

Ní bheinn

Ní bhaineann sé liom

**Tigh a thógaint?**

Bheinn

Ní bheinn

Ní bhaineann sé liom

19. Má d'fhreagair tú 'Ní bheinn', dé chúis? (is féidir níos mó ná rogha amháin a phiocadh)

Praghas ró-ard ar thithe

Praghas ró-ard ar thalamh

Deacrachtaí cead pleanála a fháil

Eile

**Seirbhísí Stáit / Seirbhísí Pobail/Gnó**

20. 'Tá dualgas ar an Stát seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge don/sa Ghaeltacht'. An aontaíonn tú leis an bprionsabal seo?

(1 = Easaontaím go láidir, 2 = Easaontaím; 3 = Níl a fhios agam, 4 = Aontaím, 5 = Aontaím go láidir)

1 2 3 4 5

21. **‘Táim lánsásta le caighdeán na seirbhísí Stáit atá ar fáil i nGaeilge don cheantar seo’. An aontaíonn tú leis an ráiteas seo?**  
 (1 = Easaontaím go láidir, 2 = Easaontaím; 3 = Níl a fhios agam, 4 = Aontaím, 5 = Aontaím go láidir)  
 1       2       3       4       5
22. **Céard iad na seirbhísí Stáit i nGaeilge a úsáideann tú?** (mar shampla an Garda Síochána, oifig cánach, oifig an Phoist)
23. **Céard iad na seirbhísí pobail i nGaeilge a úsáideann tú?** (mar shampla – an naíonra, an dochtúir, na seanóirí)
24. **Céard iad na seirbhísí stáit nach bhfuil ar fáil i nGaeilge don cheantar/sa cheantar seo, dar leat?**
25. **Céard iad na seirbhísí pobail nach bhfuil ar fáil i nGaeilge sa cheantar seo, dar leat?**
26. **Céard iad na háiseanna pobail atá ag teastáil sa cheantar seo, nach bhfuil ann anois?**
27. **Céard iad na háiseanna atá ag teastáil don óige sa cheantar seo, nach bhfuil ann anois?**
28. **‘Is rud fíor thábhachtach é stádas Gaeltachta an cheantair seo a choimeád?’ An aontaíonn tú leis an abairt seo?**  
 (1 = Easaontaím go láidir, 2 = Easaontaím; 3 = Níl a fhios agam, 4 = Aontaím, 5 = Aontaím go láidir)  
 1       2       3       4       5
29. **Dé chúis go bhfuil sé tábhachtach go gcoimeádfadh an ceantar a stádas mar Ghaeltacht?**
30. **Cad a cheapann tú faoi stádas reatha na Gaeilge sa cheantar seo?**
31. **Céard is gá a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh An Rinn agus An Sean Phobal ina ceantar Gaeltachta i gceann 20 bliain?**

## **Páiste / Déagóir 1 – (le líonadh isteach ag ceann an tí don pháiste / don déagóir)**

### 1. Gnéas:

Baineann

Fireann

### 2. Aois \_\_\_\_\_

### 3. Cad as don pháiste/déagóir?

Gaeltacht na nDéise

Áit eile i bPort Láirge

Gaeltacht eile

Áit eile in Éirinn

An Bhreatain

An Eoraip

Eile:  \_\_\_\_\_ (Sonraigh, led' thoil)

## **An Ghaeilge**

### 4. Cumas Gaeilge. Cén cumas Gaeilge atá ag an bpáiste/déagóir ó scála 1 go 5

(1 = Lag, 2 = Cuíosach, 3 = Réasúnta, 4 = go maith, 5 = líofa)

Labhairt 1 2 3 4 5 ( ní bhaineann)

Tuiscint 1 2 3 4 5 ( ní bhaineann)

Léamh 1 2 3 4 5 ( ní bhaineann)

Scríobh 1 2 3 4 5 ( ní bhaineann)

### 5. Úsáid Teanga (cuir tic, led' thoil, faoin gceann is oiriúnaí do gach ceann, ná líon sa chás nach mbaineann sé leis an bpáiste / déagóir)

	Béarla amháin	Béarla is mó	An dá theanga mar a chéile	Gaeilge is mó	Gaeilge amháin
Ar an iomlán					
Sa mbaile					
Sa siopa					
Le gaolta					
Le cairde					
Ócáidí Sóisialta					
Ag an Séipéal					
Cúrsaí Spóirt					





## Aistriúchán ar úrscéal do pháistí: an cur chuige, céimeanna an aistriúcháin agus an toradh

*Padaí de Bléine*

<https://doi.org/10.13025/dq54-ks07>

### **Réamhrá**

Tá an t-alt seo bunaithe ar eolas a tháinig chun cinn le linn aistriúcháin go Gaeilge a rinneadh ar an úrscéal Béarla *Toro! Toro!* le Michael Morpurgo. Rinneadh an t-aistriúchán mar chuid de thogra a bhí ag *Comhairle Curcalaim Scrúdúcháin agus Measúnaithe Thuaisceart Éireann* nó *Council for the Curriculum, Examinations and Assessment (CCEA)*, leabhair Ghaeilge a chur ar fáil do pháistí i nGaelscoileanna i dThuaisceart Éireann. Is é ceann de na dualgais atá ar CCEA áiseanna teagaisc atá dírithe ar fhorbairt an eolais, na scileanna agus na gcroí-ábhar in *Curaclam Thuaisceart Éireann* a sholáthar do na Gaelscoileanna ó thuaidh. Tá an leagan Gaeilge den úrscéal *Toro! Toro!* ar fáil ar shuíomh idirlín CCEA mar pdf agus d'fhoilsigh CCEA i bhfoirm leabhair fosta é. Tugtar léargas san alt seo ar roinnt de na ceisteanna a tháinig chun cinn le linn an aistriúcháin go Gaeilge ar an úrscéal. Pléitear an tábhacht atá le haistriúcháin ar leabhair do pháistí Gaelscoile, an dóigh a roghnaítear leabhair, na rudaí a spreagann páistí chun léitheoireachta agus cuid de na cinntí a bhíonn le déanamh ag aistritheoirí agus iad i mbun oibre. Is é an cur chuige a bhí ann ná:

- athbhreithniú litríochta le himscrúdú a dhéanamh ar a bhfuil scríofa sa litríocht reatha maidir le teoiricí aistriúcháin agus le haistriúcháin don duine óg,
- agallaimh le comhairleoir na nGaelscoileanna in *Comhairle Curcalaim Scrúdúcháin agus Measúnaithe Thuaisceart Éireann (CCEA)* agus leis an chomhairle oideachais san Áisaonad i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, lena dtuairimí a fháil ar leibhéal teanga na bpáistí i rang a sé / seacht agus ar na riachtanais atá acu,

- an chéad daichead leathanach den úrscéal *Toro! Toro!* aistrithe go Gaeilge a sheoladh chuig deichniúr múinteoirí atá ag obair in Eochairchéim a Dó – is é sin i rang a sé / seacht i nGaelscoileanna ó thuaidh, agus comhairle a iarraidh orthu maidir leis an teanga agus an téacs féin.

## Páistí agus Leabhair

*'Give us books,' say the children; 'give us wings. You, who are powerful and strong, help us to escape into the faraway. Build us azure palaces in the midst of enchanted gardens'.* (Hazard 1994: 4)

Imríonn leabhair tionchar ollmhór ar shaol an duine ó aois an-óg agus fanann na dea-chuimhní agus na dea-thionchair leis ar feadh na mblianta ina dhiaidh sin. Tá dea-chuimhní ag daoine ar leabhair ar nós *Of Mice and Men* le John Steinbeck, *Adventures of Huckleberry Finn* le Mark Twain agus *To Kill a Mockingbird* le Harper Lee a léigh siad ar scoil agus a d'oscail saol úr amach dóibh agus a mhúnlaigh a gcuid smaointe agus a samhlaíocht ina dhiaidh. Ar ndóigh, leis na leabhair seo a léamh le sult agus tairbhe mar is ceart a bhaint astu, ní mór dóibh a bheith ag aois cheart léitheoireachta an duine atá ag tabhairt fúthu agus i dteanga agus ag leibhéal tuisceana an duine sin. Mar a deir Puurtinen (1994: 83):

*Special characteristics of the child readers, their comprehension and reading abilities, and experience of life and knowledge of the world must be borne in mind so as not to present them overly difficult, uninteresting books that may alienate them from reading.*

Is ionann an cás d'aistritheoirí dá leithéid de leabhar do dhuine óg agus is gá dóibh cuimhneamh ar ábhar an leabhair atá le haistriú agus ar leibhéal na teanga atá ag an spriocléitheoir. Is é an cuspóir a bhí ag an aistritheoir ar *Toro! Toro!* sa chás seo ná aistriúchán intuigthe neamhchasta a sholáthar do na páistí in Eochairchéim a Dó. Chuige sin ba é an teoiric *Skopos* a bhí chun tosaigh le linn an aistriúcháin. Maíonn an teoiric seo go gcaithfidh an t-aistriúchán cuspóir nó aidhm éigin a bhaint amach agus a bheith dírithe ar an úsáideoir deiridh. Is é an fáth ar iarradh an t-aistriúchán sa chéad dul síos is tábhachtaí, de réir na teoirice seo. Ba é an scoláire Hans Josef Vermeer (1989) a thug *Skopos* ar an teoiric seo. Tagann an focal *Skopos* ón Ghréigis a chiallaíonn go bhfuil aidhm, cúis nó cuspóir leis an obair. Cuir i gcás, sa chás seo ba iad na páistí in Eochairchéim a Dó sna Gaelscoileanna ó thuaidh an spriocghrúpa agus b'éigean don teanga a bheith dírithe ar leibhéal na bpáistí sna scoileanna sin leis an *Skopos* a chomhlíonadh. Mar a deir Vermeer féin:

*Each text is produced for a given purpose and should serve this purpose. The Skopos rule thus reads as follows: translate/interpret/speak/write in a way that enables your text/translation to function*

*in the situation in which it is used and with the people who want to use it and precisely in the way they want it to function.* (Vermeer 1989a: 20 translation from Nord 1997: 29)

Osclaíonn Michael Morpurgo cultúr na Spáinne do lucht léite an úrscéil *Toro! Toro!* as Béarla agus cuireann sé lena dtaisce agus lena dtaithí ar shaol na dtarbh agus cíorann sé ceisteanna moráltachta chomh maith a chuireann le forbairt phearsanta agus comhthuiscint an pháiste – gnéithe eile atá in *Curaclam Thuaisceart Éireann*. Bhí sé de chuspóir ag an aistritheoir an saol sin a oscailt agus na ceisteanna sin a tharraingt aníos go príomha do pháistí sna Gaelscoileanna i dTuaisceart Éireann. Ba é an *Skopos* a bhí ann ná go mbeadh an teanga san aistriúchán dírithe ar leibhéal teanga na bpáistí in Eochairchéim a Dó i dTuaisceart Éireann agus chuige sin iarradh comhairle ar mhúinteoirí atá ag saothrú in earnáil na Gaelscolaíochta i rang a sé / seacht mar chuid den chur chuige.

Tá dúshlán mór roimh na haistritheoirí téacs a sholáthar atá soiléir, intuigthe agus nádúrtha i nGaeilge ag leibhéal an léitheora. Ba chóir go gcuirfeadh an t-aistriúchán fonn léitheoireachta ar an léitheoir. Ba chóir go meallfadh sé na daltaí Gaelscoile leis an leagan Gaeilge a léamh a mbeadh an deis acu an leagan Béarla a léamh cionn is go bhfuil siad dátheangach. Níl a leithéid de J.K. Rowling ná Michael Morpurgo ag saothrú sa Ghaeilge agus, mar sin de, is gá na leabhair a aistriú leis an bhearna a líonadh, dar leis an chomhairleoir do na Gaelscoileanna in CCEA.

Is fiú an t-úrseál *Toro! Toro!* a aistriú de bhrí gur údar aitheanta é Michael Morpurgo agus de bhrí go bhfuil an t-úrscéal ag tabhairt léargas do na páistí ar chultúr eile ina sprioctheanga féin.

Chomh maith leis an teoiric *Skopos* a bheith chun tosaigh in intinn an aistritheora ar *Toro! Toro!*, coinníodh na trí ‘í’ a luann Ó Ruairc (1997) mar chomhairleoir do na haistritheoirí go Gaeilge chun tosaigh agus an t-úrscéal á aistriú aige. Is iad iomas, intleacht agus íogaireacht na trí ‘í’ seo agus is cuma cén t-aistriúchán atá i gceist caithfidh comharthaí sóirt na Gaeilge a bheith ann. Ní mór do na haistritheoirí rian an Bhéarla a sheachaint agus teagmháil dhíreach idir an téacs agus taithí an léitheora a bheith chun tosaigh i gcónaí agus snáth an scéil a choinneáil beo in intinn an léitheora, dar le Ó Ruairc. Maíonn Lawrence Venuti (2008: 1) gurb í líofacht an aistriúcháin an ghné is tábhachtaí, dar le foilsitheoirí agus léitheoirí:

*A translated text, whether prose or poetry, fiction or nonfiction, is judged acceptable by publishers, reviewers and readers when it reads fluently, when the absence of any linguistic or stylistic peculiarities makes it seem transparent, giving the appearance that it reflects the foreign writer’s personality or intention or the essential meaning of the foreign text – the appearance, in other words that the translation is not in fact a translation, but the ‘original’.*

Tacaíonn an scoláire as an Ostair Richard Bamberger (1978: 19) leis an dearcadh seo:

*... children are not interested in a book because it is a translation, as may be the case for adults, but in the power of narratives as adventure story, fantasies and so on, just as if the books were originally written in their own language.*

Ba é an dualgas a bhí ar an aistritheoir sa chás seo an téacs a chur in oiriúint don spriocléitheoir. Shíl an scríbhneoir Meiriceánach Willard Trask (1900-80) go raibh na scileanna céanna ag na haistritheoirí agus atá ag na haisteoirí. Is é sin go nglacann siad saothar a rinne duine éigin eile agus go gcuireann siad a gcló féin nó a lorg féin air. Ní mór comhthéacs, comhréir agus ceol na Gaeilge a chur san aistriúchán a mheallfaidh na léitheoirí óga gan a fhios acu gur aistriúchán é ar chor ar bith.

### **Ag roghnú na leabhar ‘ceart’ le haistriú do pháistí óga**

Scríobhann an t-úrscéalaí Morpurgo ar théamaí éagsúla agus is cosúil go gcuireann páistí suim iontu agus corradh le céad caoga leabhar foilsithe aige. Is é seo a leanas mar a chuireann McDowell (in Hollindale, 1997) síos ar litríocht do pháistí:

*... children’s books are generally shorter; they tend to favour an active rather than a passive treatment, with dialogue and incident rather than description and introspection; child protagonists are the rule; conventions are much used; the story develops with a clear-cut moral schematism which much adult fiction ignores; children’s books tend to be optimistic rather than depressive; language is child orientated...* (Hollindale 1997: 36)

Tá an chuid is mó de na tréithe a luann McDowell thuas le fáil sna húrscéalta a scríobh Michael Morpurgo. Is é an phríomhchúis, áfach, a roghnaíodh an t-úrscéal *Toro! Toro!* ná go dtugann sé deis do na múinteoirí na téamaí agus na scileanna atá chun cinn in *Curaclam Thuaisceart Éireann* a fhorbairt sna páistí. Ar a bharr sin, músclaíonn Michael Morpurgo ina chuid leabhar suim sa léitheoireacht i measc an aosa óig agus go dearfa, sna daoine fásta, in ábhair éagsúla agus i gcultúir éagsúla. Ba mhaith leis an aistritheoir ar *Toro! Toro!* go mbeadh an leagan Gaeilge teagascach sa mhéid is go mbeadh na páistí ag cur lena gcuid eolais ar chultúr na Spáinne agus ar cheisteanna moráltachta go príomha agus teagasc teanga agus téarmaíochta mar fheidhm fholaigh ann. Mar a mhaíonn Newmark (1991): ‘... *the translation, like the original, is written to delight as well as instruct.*’

Tuigeann Morpurgo, a bhí ina mhúinteoir bunscoile ar feadh deich mbliana, tuigeann seisean na hábhair, na carachtair agus na suímh a gcuireann páistí suim iontu. Clúdaíonn *Toro! Toro!* cuid mhaith de na seacht gné is coitianta atá riachtanach i litríocht do pháistí dar le Ivana Bobulova *et al.* (2003:10). Dar leosan:

- Caithfidh an t-údar síceolaíocht an pháiste óig a thuigbheáil,
- Ní mór don úrscéal a bheith gairid spreagúil,
- Is gá go dtig leis na páistí bá a bheith acu leis na carachtair san úrscéal agus gurb iad na carachtair ar aois na léitheoirí agus ainmhithe na carachtair is fearr chun suim na bpáistí a mhúscailt,
- Caithfidh pictiúir a bheith san úrscéal le cuidiú leis an léitheoir óg,
- Ní mór don teanga a bheith ar thaithí an léitheora.
- Is gá an tsamhlaíocht, an fhantaisíocht agus an amaidí le haird na bpáistí a fháil.

Is léir go n-aontaíonn McDowell (1997) agus Bobulova (2003) leis na tréithe éagsúla atá de dhíth le húrscéal a dhéanamh tarraingteach do pháistí, cuir i gcás na páistí ina bpríomhcharachtair, ní bhíonn na scéalta rófhada, bíonn ceist mhorálta ann agus bíonn comhrá ann idir na carachtair agus an teanga ag leibhéal an léitheora. Is féidir a mhaíomh go bhfuil na gnéithe uile thuas le fáil san úrscéal *Toro! Toro!*

Aontaíonn Peter Hunt (1994) le Bobulova maidir leis an teanga. Deir Hunt gur chóir don teanga i litríocht do pháistí díriú ar na tréithe seo a leanas:

*...child-orientedness, simplicity, easy structures, narrow range of grammatical and lexical patterns, simple lexis and register, standard set of phrases, words from everyday life, repetition, short text and sentences.*

Is fiú go mór do na haistritheoirí a bheith ag meabhrú ar chomhairle Bobulova (2003) agus Hunt (1994) agus iad i mbun an aistriúcháin. Beidh orthu cinntí a dhéanamh síos fríd an aistriúcháin ach an sprioc a choinneáil rompu gurb é soiléireacht agus líofacht na teanga na gnéithe is tábhachtaí. Mar a deir Riitta Ottinen (2006):

*The translator translating for children needs to pay attention to the use of children's literature: pre-literate children listen to texts mediated and read aloud by adults. Through various means – repetition, sentence structure, line breaks, rhythm, and punctuation – the translator makes her or his text live on the aloud-readers tongue.*

I dtaca le *Toro! Toro!* bhí cinntí le déanamh maidir le hainmneacha dílse, logainmneacha, leibhéal na teanga agus fiú an cinneadh le cuid den téacs a fhágáil as nó a dhéanamh níos tanaí nó le tuilleadh a chur isteach le míniú níos soiléire a thabhairt sa sprioctheanga nó leis an téacs a ramhrú. Nuair a ghlacadh aistritheoirí rogha amháin thar rogha eile bhí an t-aistritheoir sa chás ag teoriciú go comhfhiosach nó go neamh-chomhfhiosach. Ar ndóigh, thiocfadh le haistritheoirí éagsúla teacht aníos le réitigh éagsúla ar an fhadhb chéanna. Cuir

i gcás, san aistriúchán *TORO! TORO!* socraíodh teideal an úrscéil a choinneáil sa Spáinnis mar a shocraigh Michael Morpurgo agus é ag scríobh an úrscéil ionas go n-aithneofaí teideal an leabhair láithreach. Thiocfadh leis tarlú go mbeadh aistritheoir eile ag iarraidh *A Thairbh! A Thairbh!* a roghnú nó fiú *A Toro! A Toro!* leis an tuiseal gairmeach a chur san áireamh sa leagan Ghaeilge. Bheadh aistritheoirí eile ag iarraidh fonóta a chur leis agus thiocfadh le haistritheoirí eile an teideal a athrú go teideal eile ar fad. Nuair a roghnaíonn aistritheoirí réiteach amháin thar réiteach eile is cinnte go bhfuil fáth leis an réiteach sin; leibhéal na teanga, brí an fhocail, simplíocht, ag iarraidh cloí go daingean leis an bhunchultúir nó ag iarraidh an téacs a thabhairt chuig an sprioc-chultúr. Nuair a tharlaíonn sé seo cuirtear na réitigh trí phróiseas roghnúcháin agus ag brath ar na freagraí ar na ceisteanna sa phróiseas glactar le leagan amháin thar leagan eile.

### **Anailís ar an aistriúchán agus ar roghnú na teanga: ag roghnú focal, frásaí agus friotail atá fóirsteanach don spriocghrúpa**

San aistriúchán seo ar *Toro! Toro!* baineadh úsáid as an Chaighdeán Oifigiúil (2017) agus aistríodh go Gaeilge Uladh é agus an t-úrscéal dírithe ar pháistí i nGaelscoileanna ó thuaidh. Ba é ceann de na téamaí is mó a tháinig chun cinn sa taighde a rinneadh roimh an aistriúchán agus le linn an aistriúcháin féin ná an scéal a choinneáil soléite don spriocléitheoir. Cuireadh béim mar sin, agus an t-aistritheoir i mbun aistriúcháin, cuireadh béim ar shnáth an scéil a choinneáil beo in intinn an léitheora agus ar leanúnachas in úsáid na mbriathra simplí, theanga na bpáistí agus na bhfocal céanna a oiread ab fhéidir. Ba é an ghné ba mhó a tháinig chun cinn i gcomhairle leis na múinteoirí agus leis na comhairleoirí oideachais ná an tsimplíocht, an líofacht agus comhréir na Gaeilge a choinneáil ag leibhéal na bpáistí. Bhí na comhairleoirí oideachais ar aon ghuth nuair a dúirt siad: ‘comhleanúnachas ins an téarmaíocht agus ins an teanga’, ‘ag léamh na dtéarmaí céanna arís agus arís eile leis an teanga a inshealbhú’ agus ‘siúil i gcosa an spriocléitheora’. Tá na tuairimí seo ar comhcheol leis an teoiric *Skopos*. Mhol na múinteoirí an léitheoireacht a chur chun tosaigh mar rud a mbainfí pléisiúr as agus teanga chasta a sheachaint. Seo mar a chuir múinteoir amháin a bharúil in iúl:

An fhadhb is mó a bhí ag aistritheoirí go mion minic roimhe seo ná gur chuir siad an bhéim ar shaibhreas na Gaeilge, agus mar is eol dúinn bíonn na páistí ag aois dheireadh EC2 cailte ag an saibhreas. Anois ní saineolaí mé ar chor ar bith ach mothaím mar mhúinteoir atá ag teagasc le breis is 20 bliain gurb í an sprioc is mó ar chóir bheith ann do léitheoirí na bunscoile is EC2 ná suim sa léitheoireacht Ghaeilge a fhorbairt agus léitheoireacht neamhspleách sa Ghaeilge a fhorbairt.

Ón naonúr as an deichniúr múinteoirí a d'fhreagair ceistneoir a cuireadh chucu, bhí breis agus deich mbliana teagaisc acu i nGaelscoileanna ó thuaidh agus neart taithí acu dá bharr. Shíl seisear acu go raibh an t-ábhar san úrscéal an-fhóirsteanach agus triúr go raibh sé fóirsteanach. Bhí triúr de na múinteoirí den bharúil go mbeadh na páistí ábalta 95-100% den aistriúchán a thuigbheáil. Bhí cúigear eile den bharúil go mbeadh siad ábalta 90-94% den teanga a thuigbheáil agus bhí múinteoir amháin a shíl go mbeadh siad ábalta 50-89% a thuigbheáil.

Déanann Mary Shea (2000) cur síos ar na leibhéil éagsúla teanga agus páistí ag léamh. De réir Shea má thuigeann an páiste 95% nó níos mó den téacs beidh sé furasta. Má thuigeann sé 90-94% den téacs beidh cuidiú de dhíth ón mhúinteoir agus má thuigeann an léitheoir 50-89% beidh an téacs deacair. Is é an cuspóir a bhí ag an aistritheoir sa chás seo go mbeadh 90-94% den téacs inléite ag na páistí agus go mbeadh siad ábalta é a léamh le giota beag treorach ón mhúinteoir agus iad ag dul i dtreo na léitheoireachta neamhspleáiche. Glacadh leis an chomhairle ó mhúinteoirí ar cuireadh ceistneoir chucu i gcuid mhaith de na samplaí thíos.

### Úsáid na mbriathra

Is é an cur chuige a bhí ag an aistritheoir agus é ag aistriú *Toro! Toro!* úsáid a bhaint as na briathra is fusa i gcónaí ar chomhairle na múinteoirí seachas briathra doiléire a thabhairt isteach. Seachnaíodh an briathar saor fosta ar chomhairle na múinteoirí agus cuireadh an t-ainmfhocal nó an forainm isteach len é seo a dhéanamh.

Mar a deir Gillian Lathey (2016: 30):

*Writing for children requires the ability to express complex ideas with clarity and simplicity. Younger readers may be confused by multiple embedded clauses, non-finite constructions or the use of the passive voice.*

Níor baineadh úsáid as an aimsir ghnáthchaite ach amháin i gcás an bhriathair 'bí' agus corruair baineadh úsáid as 'ba ghnách liom' fosta. Is aimsir í an ghnáthchaite nach bhfuil mórán taithí ag an spriocléitheoir uirthi agus is ar mhaithe le soiléireacht agus le scéal soléite a sholáthar a seachnaíodh í.

### Roinnt samplaí de shimpliú na mbriathra

- Lch 10 *when his mother came storming out – nuair a rith a mháthair amach in áit nuair a tháinig a mháthair amach de rúid*
- Lch 11 *pursed his lips – choinnigh a bhéal druidte in áit d'fháisc a liopaí ar a chéile*
- Lch 13 *wanting to empathise – ag iarraidh cuidiú leis in áit ag iarraidh comhbhá a dhéanamh leis*

- Lch 13 *brushed the tearstains from his cheeks – ghlan sé na deora dá aghaidh in áit chuimil sé lorg na ndeor dá leicne*
- Lch 14 *what was the very worst(est) thing you ever did? – cad é an rud is measa a rinne tú riamh? in áit dá ndearna tú riamh*
- Lch 21 *to prove to Maria – lena thaispeáint do Maria in áit lena chruthú do Maria*
- Lch 23 *then he poured it – chuir sé an bainne isteach (i mbuidéal) in áit dhoirt sé*
- Lch 9 *thug mo thuismitheoirí Antonio orm in áit tugadh Antonio orm (ag seachaint briathar saor)*
- Lch 11 *asked for an alternative explanation – nuair a d'iarr a mháthair air míniú eile a thabhairt in áit nuair a iarraidh air míniú eile a thabhairt*
- Lch 13 *we often said nothing – ba mhinic a shuigh muid go ciúin (ag seachaint an ghnáthchaite)*
- Lch 18 *never short of eggs – bhíodh i gcónaí neart uibheacha againn*

### *Dúchasú an bhriathair*

Cloíodh fosta le dúchasú an bhriathair agus le comhréir na Gaeilge maidir leis na briathra agus baineadh úsáid as athrá an bhriathair má bhí sé de dhíth le leanúnachas an scéil agus le dúchasú an bhriathair a choinneáil.

- Lch 13 *'Did you ever tell a lie?' 'Plenty' – 'Ar inis tú bréag riamh?' 'D'inis, neart acu' – athrá an bhriathair 'inis' sa fhreagra*
- Lch 21 *I thought the world of her and she of me – shíl mise a mhór di agus shíl sise a mhór díom.*
- Lch 32 *you mustn't handle him – níl cead agat aire a thabhairt dó in áit níl cead agat é a láimhsheáil*
- Lch 33 *it might take a day or two for the cow to accept him – is féidir go nglacfaidh sé lá nó dhó ar an bhó éirí cleachta leis in áit is féidir go nglacfaidh sé lá nó dhó ar an bhó glacadh leis – níos fearr ó thaobh stíle de*
- Lch 34 *I couldn't deny it – ní thioctadh liom a rá nach raibh in áit a shéanadh*
- Lch 36 *badgering me – ag gabháil dom*
- Lch 38 *she often warned me - is minic a chuir sí comhairle orm*

### *An Chopail*

Baintear úsáid fhorleathan as an chopail sa scéalaíocht ag tús abairte le béim a chur ar rudaí. Mhol comhairleoir oideachais amháin go gcuirfí béim ar an chopail san aistriúchán le tréith na scéalaíochta agus le dúchasú an bhriathair a chur chun cinn. Tugann an t-aistritheoir túsáite do dhúchas agus chultúr an léitheora sa choibhéis dhinimiciúil a mholann Nida:

*A translation of dynamic equivalence aims at complete naturalness of expression and tries to relate the receptor to modes of behaviour relevant within the context of his own culture. (Nida 1964: 159)*

Rinneadh iarracht í a úsáid a mhínic ab fhéidir gan an scéal a dhéanamh casta ach leis an teanga a choinneáil dúchasach ag an am céanna.

*Roinnt samplaí d'úsáid na Copaile le béim a chur ar abairtí*

- Lch 1 *Ní hé a ainm amháin an t-aon chosúlacht atá ann* – le béim a chur ar theachtaireacht an téacs
- Lch 2 *is cinnte gurbh é Antonio an duine a bhí ciontach* – cuireann sé béim ar an abairt agus coinníodh an aimsir láithreach den chopail sa chéad chuid den abairt, rud a rinneadh den chuid is mó nuair a bhí an aimsir chaite i gceist.
- Lch 3 *ní ormsa atá an locht, ní mise a rinne é in áit níl an locht orm* – cuirtear béim ar mhothúcháin an ghasúir óig anseo
- Lch 3 *b'fhada liom dul suas chuige* – fágadh san aimsir chaite sa chás seo é
- Lch 4 *b'éigean dom* – cloíodh leis an leagan seo síos fríd
- Lch 5 *b'fhíor dom* – cloíodh leis an nath seo síos fríd agus tá lorg na scéalaíochta ar an nath beag seo
- Lch 17 *is i dteach beag feirme... a tháinig mé ar an saol in áit tháinig mé ar an saol i dteach beag feirme*
- Lch 24 *is ceann cróga atá againn anseo in áit tá ceann cróga againn anseo*
- Lch 29 *níorbh fhada* – cloíodh leis an leagan seo síos fríd
- Lch 30 *ba mheasa an scéal in áit bhí an scéal níos measa*
- Lch 31 *is maith is cuimhin liom* – úsaid na copaile le béim a chur air
- Lch 32 *is fearr as a bheas sé in áit beidh sé níos fearr as*
- Lch 33 *is aige a bhí an focal deiridh in áit bhí an focal deiridh aige*
- Lch 36 *is ag Paco amháin a raibh an cead aige mo lámh a lí – in áit bhí cead ag Paco amháin mó lámh a lí*
- Lch 37 *is mór a d'fhás Paco in áit d'fhás se go mór*

**An tAinmfhocal**

Caithfidh na haistritheoirí snáth an scéil a choinneáil beo don léitheoir agus is tábhachtaí fós é seo maidir le léitheoirí óga. Ní mór do na haistritheoirí díriú isteach ar aois chognaíochta an léitheora agus cinnte a dhéanamh de go mbeidh an foclóir ag teacht le taithí an léitheora sin. Molann Shea in *Taking Running Records* (2016) go mbeadh 90-94% den téacs inléite ag na páistí. Caithfidh na haistritheoirí focail a roghnú go cúramach. Ba í soiléireacht an scéil an sprioc síos fríd. Rinneadh éascú fosta ar roinnt de na focail agus frásaí a bhí sa bhuntéacs.

*Roinnt samplaí d'úsáid an ainmfhocail shimplí*

- Lch 10 *without circumvention* – díreach
- Lch 10 *crime* – eachtra – (Bheadh an focal 'coir' róláidir sa chomhthéacs)

- Lch 11 *paroxysms of rage* – fearg an domhain  
 Lch 11 *little lying toad* – duine suarach bréagach  
 Lch 12 *old fellow* – a stócaigh (ní hionann an chiall ‘sean’ sa chomhthéacs agus fágadh ar lár é gan an chiall a athrú)  
 Lch 14 *make your peace with your mother* – do leithscéal a ghabháil le do mháthair – (bheadh an focal ‘leithscéal’ ag na páistí agus bheadh an focal ‘síocháin’ róláidir agus ródheacair, dar leis na múinteoirí bunscoile)  
 Lch 14 *on the spot (in a predicament)* – i dtrioblóid  
 Lch 19 *bullring* – fáinne na dtarbh (‘réileán na dtarbh’ ródheacair)  
 Lch 19 *calf* – lao leis an ghinideach agus an tabharthach a sheachaint le gamhain  
 Lch 19 *coat* – fionnadh (ní raibh an t-aistritheoir sásta le ‘cóta’ sa chomhthéacs cé gur fusa é ar ndóigh)  
 Lch 20 *landscape* – radharc – ‘tírdhreach’ focal dúshlánach  
 Lch 20 *in their corrals* – sa pháirc  
 Lch 20 *griffon vultures* – éin mhóra (fágadh simplí é in áit ‘badhbh ghríofa’ a úsáid)  
 Lch 23 *crouching down* – ar a ghlúine in áit ar a ghogaide  
 Lch 36 *all the hours* – an oiread ama  
 Lch 38 *with her eyes closed* – gan fadhb ar bith – (Ciallaíonn an chuid seo go raibh sé furasta)

### **An Aidiacht agus an Dobhriathar**

Ba é snáth an scéil an *Skopos* a bhí ag an aistritheoir sa chás seo agus é ag iarraidh an scéal a thabhairt chuig na léitheoirí óga seachas é a dhéanamh coimhthíoch leo. Rinneadh iarracht (ar chomhairle na múinteoirí) cloí le sainréim na teanga a bhí ar eolas ag na páistí agus na haidiachtaí agus na dobhriathra a raibh taithe acu orthu a úsáid den chuid is mó.

### **Roinnt samplaí d’úsáid na n-aidiachtaí agus an dobhriathair**

- Lch 9 *very close* – iontach mór le chéile  
 Lch 9 *we know each other instinctively* – aithne mhaith againn ar a chéile  
 Lch 13 *with his wide eyes* – lena dhá shúil mhóra  
 Lch 16 *exciting* – iontach  
 Lch 18 *beautiful* – dea-chumtha  
 Lch 19 *magnificent* – go hiontach ar fad  
 Lch 19 *wicked-looking* – fíochmhar  
 Lch 19 *the most exciting creatures* – na beithígh is uaisle agus is iontaí  
 Lch 20 *terrible thunderstorm* – stoirm mhór  
 Lch 22 *she didn’t have the strength* – ní raibh sí láidir go leor  
 Lch 25 *the finest bull* – an tarbh is breátha  
 Lch 29 *staggering* – místuama

- Lch 30 *it was all I could do – bhí sé deacair orm*  
 Lch 30 *wild – míshocair*  
 Lch 31 *the happiest days – na laethanta is fearr*  
 Lch 31 *naturally – gan fadhb ar bith*  
 Lch 31 *inseparable – iontach mór le chéile*  
 Lch 32 *a fine job – obair mhaith*  
 Lch 32 *a fine start – obair níos fearr (athrá le ‘obair’)*  
 Lch 33 *hopeless – cur amú ama*  
 Lch 35 *raw – mar a bheadh prúna ann*

### Coimhthiú na teanga

In amanna is fiú don aistritheoir focail choimhthíocha agus áiteanna coimhthíocha a fhágáil san aistriúchán. Ba é an fealsúnaí Gearmánach Freidrich Schleiermacher an chéad duine a tháinig aníos leis an chiall a bhí leis na téarmaí **dúchasú** agus **coimhthiú**. Bhí Schleiermacher den tuairim gurbh fhearr coimhthiú a chur i bhfeidhm san aistriúchán ag maíomh gur chóir don aistritheoir díriú ar chiall agus meon na teanga iasachta maraon le hábhar an téacs (luaite in Ruokonen, 2004).

Osclaíonn na focail nua seo agus na háiteanna nua seo an doras ar dhomhan eile do na léitheoirí agus is féidir a dtaithí ar an léitheoireacht a leathnú. I dtaca le *Toro! Toro!* tá deis ag an léitheoir blas a fháil ar chultúr na Spáinne agus ar an Spáinnis féin. Maíonn Minna Ruokonen (2004) go bhfuil athrú ag teacht ar chúrsaí aistriúcháin san Fhionnlainn agus go bhfuil coimhthiú chun tosaigh anois ar an dúchasú. Maíonn sí gur fiú an ghné choimhthíoch a choinneáil sa spriocthéacs ar mhaithe le dúshlán a thabhairt don léitheoir. Maíonn sí fosta gur féidir an ghné choimhthíoch a úsáid le comparáid a dhéanamh idir an bunchultúr agus an sprioc-chultúr. Cuidíonn an coimhthíos seo sa téacs le léitheoir gníomhach a chruthú, dar léi, agus tugann sé deis don léitheoir teacht ar rudaí agus ar ábhair nua nach raibh ar eolas aige. Cuireann Ruokonen rabhadh leis seo, áfach. Má bhíonn barraíocht den choimhthiú sa téacs agus má théann na gnéithe coimhthíocha thar chumas léitheoireachta an duine, tá seans maith ann go rachaidh an léitheoir in abar agus go gcaillfidh sé suim sa téacs. Ina shaothar *Introducing Translation Studies* (2012) maíonn Jeremy Munday, áfach, go mbíonn an t-aistritheoir sofheicthe sna haistriúcháin a mbíonn coimhthiú chun tosaigh iontu. Cailltear líofacht na sprioctheanga ar mhaithe leis an choimhthiú a choinneáil chun tosaigh agus lorg an aistritheora a fheiceáil ann. Deir sé, áfach, go mbíonn dúchasú ann fosta de bhri go n-aistrítear ó theanga iasachta é sa chéad dul síos agus go gcaithfidh an dá chineál aistriúchán, dúchasú agus coimhthiú, a bheith ann in aineoinn an aistritheora.

### *Roinnt samplaí de choimhthiú na teanga*

**Abuelo** – Is fiú an focal seo a choinneáil agus an míniú a thabhairt idir lúibíní go díreach mar atá déanta ag Michael Morpurgo. Bhéarfaidh sé ábhar fiosracha don léitheoir óg.

**Andalucia, Barcelona, Malaga, Saucedo** – Níor athraíodh suíomh an scéil agus cloíodh leis na logainmneacha a úsáideadh.

**Antonio, Chica, Maria, Paco** – Cloíodh leis na hainmneacha a bhí ar na carachtair le blas an choimhthís a choinneáil ar an leabhar in áit an scéal a lonnú in Éirinn agus na hainmneacha agus na logainmneacha a athrú. Leanadh an chomhairle a chuireann Mac Lochlainn (2000) ar aistriitheoirí maidir leis na hainmneacha dílse. Deir van Collie (2014) go mbíonn feidhm folaigh ag ainmneacha in amanna agus chomh maith le carachtair a chur in iúl go dtugann siad eolas don léitheoir agus go músclaíonn siad mothúcháin ann. Tugtar Paco ar an tarbh sa scéal agus is cinnte go bhfuil tagairtí do San Proinsias Assisi, atá ina phatrún ar ainmhithe, agus go mbaineann sé sin leis an scéal. Rinneadh cinneadh, áfach, cloí leis na hainmneacha a bhí ag Michael Morpurgo síos fríd.

**Cabresto, Corrida, Rosito** – Coinníodh na tagairtí sa Spáinnis do na tairbh agus don tarbhchomhrac.

**Siesta** – coinníodh é seo sa Spáinnis de bhrí gur focal é atá sa Bhéarla fosta agus go mb'fhéidir go mbeadh taithí ag roinnt de na léitheoirí ar an fhocal.

### **Teanga ardmhinicíochta**

Is ar mhaithe le leanúnachas agus leis an teanga a éascú don spriocléitheoir a cuireadh ceangal ar an aistriitheoir leagan amháin den fhrása nó den fhocal a choinneáil síos fríd. Ar ndóigh is ag treisiú na bhfrásaí seo a bheadh na léitheoirí agus iad ag teacht aníos arís agus arís eile sa téacs.

### *Roinnt samplaí d'úsáid na teanga ardmhinicíochta*

Ainmhithe 16 (x3), 19, 33, 38

Breá sásta 30, 34 (x4)

Brodúil 9, 32, 38

Dalba 13 (x3), 14

Dáiríre 11 (x2), 12, 32

Eagla 20, 21 (x2), 22, 23, 35 (x2), 36

Fearg 11, 22, 23

Iontach mór le chéile 9, 38

Is beag 17, 18, 38 (x2)

Láithreach 11, 25, 35

Mar is ceart 29, 32 (x2) 33

Nearr 13, 16, 18 (x2)

Níorbh fhada, 26, 28, 30, 36

Ó am go ham 21, 34, 37

Pléisiúr 9, 35 (x2), 36

Seachas 10, 34, 38

Suim 16, 32 (x2), 36, 38

## Conclúid

Roghnaíodh an t-úrscéal *Toro! Toro!* le Michael Morpurgo ar roinnt cúiseanna. Is é an phríomhchúis, áfach, a roghnaíodh an t-úrscéal *Toro! Toro!* ná go dtugann sé deiseanna do mhúinteoirí na nGaelscoileanna ó thuaidh na téamaí agus na scileanna atá chun cinn in *Curaclam Thuaisceart Éireann* a fhorbairt sna páistí. Tá an leabhar féin tarraingteach do pháistí ón chlúdach go dtí an blurba ar chúl. Cuireann na léaráidí, an cló agus an leagan amach go mór leis an leabhar. Cuireann an leabhar na léitheoirí ag smaoineamh ar cheisteanna an tsaoil agus is carachtair inchreidte a chruthaíonn Michael Morpurgo ann. Mar a deir Anne Fine a bhí ina *Children's Laureate* (2001-2003) in *The Ultimate Book Guide*:

*The right book brings enchantment. Books fill your mind, and there's nothing more tiresome to be around than unfurnished minds. Books make you think and make you feel. They teach you about the world, about others and even, sideways, about yourself. They show you you're never truly alone. There's always someone else who thinks, feels, worries or laughs the same way as you do.*

Ní leor don aistritheoir an buntéacs a thuiscint, ní mór dó an scéal a athinsint i dteanga atá nádúrtha, a bhfuil rithim léi agus atá soléite. Rinneadh iarracht é sin a dhéanamh leis an aistriúchán seo. Ar ndóigh, is iad na múinteoirí agus na daltaí sna Gaelscoileanna ó thuaidh a dhéanfaidh breithiúnas cé acu ar éirigh leis an aistritheoir sa chás seo nó nár éirigh. Tá úrscéalta eile de chuid Michael Morpurgo aistrithe ag údar an ailt seo. Rinneadh aistriúcháin ar *The Kites are Flying*, *Warhorse*, *The Mozart Question*, *Why the Whales Came* agus *Cool*. Is iad *Tá na hEitleoga in Airde sa Spéir*, *Capall Cogaidh*, *An Cheist faoi Mozart*, *An Fáth ar Tháinig na Míolta Móra* agus *Cúláilte* na leaganacha Gaeilge. Tá na haistriúcháin ar fáil ar shuíomh idirlín CCEA.

## Leabharliosta

### Leabhair

- Bobulová, I., (2003) *Children's and Juvenile Literature: (Written in English)*. Nitra: Pedagogická fakulta UKF v Nitra.
- Hazard, P., (1994) *Books, Children and Men*. Boston: The Horn Book.
- Hollindale, P., (1997) *Signs of Childness in Children's Books*. Stroud: Thimble Press.
- Hunt, P., (1994) *An Introduction to Children's Literature*. Oxford: Oxford University Press.
- Lathey, G., (2016) *Translating Children's Literature*. New York: Routledge.
- Mac Loclainn, A., (2000) *Cuir Gaeilge Air*. BÁC: Cois Life Teoranta.
- Morporgo, M., (2001) *TORO! TORO!* Great Britain: Harper Collins.
- Munday, J., (2012) *Introducing Translation Studies: Theories and Applications, third edition*. London & New York: Routledge.
- Nida, E., (1964) *Toward a Science of Translating, with Special Reference to Principles and Procedures involved in Bible Translation*. Leiden: E. J. Brill.
- Nida, E. & de Waard, J., (1986) *From one Language to Another: Functional Equivalence in Bible Translations*. Nashville, TN: Thomas Nelson.
- Ó Ruairc, M., (1997) *Aistrigh go Gaeilge*. BÁC: Cois Life Teoranta.
- Ó Ruairc, M., (2007) *Aistrigh leat*. BÁC: Cois Life Teoranta.
- Shea, M., (2000) *Taking Running Records*. New York: Scholastic Inc.
- Ruokonen, M., (2004) *Language, text and translation*. Turku: Turun.
- Synge, J.M., (1907) *The Aran Islands*. Penguin Classics.

van Coillie, J. & Verschueren, W.P., (ed) *Children's Literature in Translation, Challenges and Strategies*. Routledge.

Venuti, L., (1995) *The Translator's Invisibility: A History of Translation*. London & New York: Routledge.

Venuti, L., (2008) *The Translator's Invisibility: A History of Translation*. (2<sup>nd</sup> edn). New York & London: Routledge.

Vermeer, H.J., (1989) *Skopos and Commission in Translational Action*. The Translation Studies Reader (3<sup>rd</sup> edn). London & New York: Routledge.

## **Ailt**

Bamberger, R., (1978) 'The influence of translation on the development of national children's literature.' G. Klingberg & M. Ørving (eag.) *Children's Books in Translation*. Stockholm: Almqvist & Wiksell.

Ottinen, R., (2000) 'Translating for children – theory.' P. Hunt (eag.), *International Companion Encyclopedia of Children's Literature*. London: Routledge. 901–11.

Ottinen, R., (2006) 'No innocent act: On the ethics of translating for children.' J. Van Collie & W.P. Verschueren (eag.) *Children's Literature in Translation Challenges and strategies*. Manchester: St Jerome. 35–45.

Puurtinen, T., (1994) 'Dynamic style as a parameter of acceptability in translated children's books.' Snell-Hornby M. (eag.) *Translation studies. An interdisciplinary*. Amsterdam: John Benjamins.

## **Foinsí Leictreonacha**

Suíomh idirlín CCEA (Léite: 14 Eanáir 2020)





## **Téarmaí gan Iomrá: Téarmaí a d'úsáid nó a chum Seosamh Mac Grianna agus é ag tiontú Béarla go Gaeilge idir na 1920idí agus na 1950idí agus nach raibh i gcúrsaíocht ina dhiaidh sin**

*Seán Mac Corraidh*

<https://doi.org/10.13025/p552-0a56>

Thiontaigh Seosamh Mac Grianna dhá leabhar déag Béarla go Gaeilge agus d'fhoilsigh an Gúm idir 1932 agus 1955 iad (Uí Laighléis, 2003; 2017; Mac Corraidh, 2004). Thug sé *Teacht Fríd an tSeagal* (TS), aistriúchán ar *Comin' thro' the Rye* le Helen Mathers, don Ghúm in 1928 agus foilsíodh sa bhliain 1932 é. Sa bhliain 1929, thug sé *Ben Hur* (BH) agus *An Mairnéalach Dubh* (MD) dóibh, aistriúcháin ar *Ben Hur* le Lew Wallace agus ar *The Nigger of the Narcissus* le Joseph Conrad faoi seach, agus foilsíodh sa bhliain 1933 iad. Idir na blianta 1934 agus 1937, foilsíodh *An Páistín Fionn* (PF) (1934), aistriúchán ar *The Whiteheaded Boy* le Lennox Robinson, ar ghlac an Gúm leis in 1931; *Séideán Bruithne agus Amy Foster* (SB) (1935), ar ghlac an Gúm leis in 1930 agus ar aistriúchán ar *Typhoon and Amy Foster* le Joseph Conrad é; *Teach an Chrochadóra* (TC) (1935), aistriúchán ar *Hangman's House* le Donn Byrne ar ghlac an Gúm leis in 1931; *Muinntir an Oileáin* (MO) (1935) ar ghlac an Gúm leis i 1933 agus ar aistriúchán é ar *Islanders* le Peadar O'Donnell a tugadh isteach in 1930; *Imeachtaí Fhear Dheireadh Teaghlaigh* (IFDT) (1936), aistriúchán ar *Adventures of a Younger Son* le E.J. Trelawney, ar ghlac an Gúm leis in 1931; *Díth Céille Almayer* (DCA) (1936), aistriúchán ar *Almayer's Folly* le Joseph Conrad, ar ghlac an Gúm leis in 1930 agus *Ivanhoe* (I) (1937), aistriúchán ar *Ivanhoe* le Sir Walter Scott ar ghlacadh leis in 1930. Is sa bhliain 1937 a glacadh le *Eadarbhaile* (E), aistriúchán ar *Adriagoole* le Peadar O'Donnell agus foilsíodh sa bhliain 1953 é. Glacadh le *Báthadh an Ghrosvenor* (BG), aistriúchán ar *The Wreck of the Grosvenor* le W. Clark Russell, sa bhliain 1944 agus foilsíodh in 1955 é. Is fiú a lua nár aistrigh Seosamh

Mac Grianna gach ceann de na leabhair Bhéarla sin ina n-iomláine. Mar shampla, tá a fhios againn gurb é Séamus Ó Grianna a d'aistrigh roinnt mhaith de *Comin' Thro' the Rye* sular fhág sé ina dhiaidh é nuair a fuair sé amach go raibh an leagan Gaeilge le foilsiú sa chló úr agus chuir Seosamh Gaeilge air ina dhiaidh sin (Uí Laighléis, 2017).

D'fhoilsigh an Clóchomhar *Seosamh Mac Grianna: Aistritheoir* (Mac Corraidh, 2004) inar soláthraíodh liosta focal, frásaí, nathanna cainte agus téarmaí a d'úsáid an t-aistritheoir. Tá na téarmaí uilig a thugtar anseo thíos le fáil sa leabhar sin. Is fiú a thabhairt faoi deara nach é amháin go gcaitheann ábhar an leabhair sin solas úr ar stór focal traidisiúnta Ghaeltacht Thír Chonaill ach go léiríonn sé fosta seiftiúlacht agus acmhainní Mhic Grianna mar aistritheoir sa mhéid is gur cheap sé féin téarmaí agus go ndearna sé an Ghaeilge a lúbadh, a chasadh agus a fhuirseadh i dtreo na hathnuachana. An cuspóir agus an úire atá leis an taighde deisce a rinneadh don alt seo ná gur féidir leis an léitheoir na téarmaí 'teicniúla' a chum nó a d'úsáid Mac Grianna a léamh agus a chur taobh le leaganacha na bhfoinsí digiteacha amhail *tearma.ie*, *teanglann.ie* agus *foclóir.ie* chun leaganacha duine de mháistrí an aistriúcháin a mheas taobh leo sin atá in úsáid inniu. Is chuige sin a rinneadh an taighde, agus fios ag an taighdeoir, mar shampla, nár úsáideadh na haistriúcháin ar chor ar bith agus *Foclóir de Bhaldráithe* á thiomnú (Mac Corraidh, 2004).

Má bhreathnaítear ar roinnt samplaí, feicfead cad is ciall leis an mhéid sin:

**colbha an domhain** the horizon (t.ie/FNBNB/FGB fíor na spéire, léaslíne; FNBNB/FGB/EID bun na spéire; FGB/EID bun an aeir; FGB thar cholbha na mara, the rim of the sea)(I 160)

**fuinneog mhullaigh** skylight (t.ie/FNBNB fuinneog dín; FNBNB/EID spéirléas *masc*1; FGB fuinneog dhín; EID fuinneog dín)(BG 25)

**reithe réabtha** battering ram (t.ie, FNBNB, FGB, EID, reithe cogaidh)(BH 114)

**sóultas** *fír*. (sólacht) dessert (t.ie, FNBNB, FGB, EID milseog *f*.)(IFDT 60).  
DESSERT, ÉISDINNÉAR, agus IARBHÉILE fosta

Is fiú leagan amach na solaoídí thuas a shoiléiriú. Tugtar téarma ón aistriúchán mar cheannfhocal i gcló trom. Is ina dhiaidh sin a luaitear an focal nó an frása a bhí i gceist sa bhuntéacs Béarla. Luaitear ina dhiaidh sin na leaganacha (nuair is ann dóibh) atá sna foinsí digiteacha Gaeilge amhail *tearma.ie*, agus *An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge*. Is ansin a luaitear na foclóirí traidisiúnta, *English-Irish Dictionary* de Bhalraithe (1959) agus *Foclóir Gaeilge-Bearla Uí Dhónaill* (1977). Tugtar an tagairt don aistriúchán idir lúibíní ansin m.sh. (MO 82): ciallaíonn sin go bhfaighfead an téarma ar leathanach ochtó is a dó in *Muinntir an Oileáin*.

Má bhí focal eile ag Mac Grianna ar an téarma céanna Béarla, luaitear sin ar deireadh ar fad. Mar shampla, má amharcaimid ar an tsampla dheireanach thuas, **sóultas** a bhí aige ar ‘*dessert*’; ‘milseog’ a gheofar sna foinsí digiteacha inniu. Tá sé le léamh ar leathanach seasca in *Imeachtaí Fhear Dheireadh Teaghlaigh* agus bhí ‘*dessert*’, ‘éisdinnéar’ agus ‘iarbhéile’ aige fosta ar an téarma céanna ina chuid aistriúchán.

Níl ceann ar bith de na téarmaí sin thuas sna samplaí a d’úsáid Mac Grianna, ‘colbha an domhain’, ‘fuinneog mhullaigh’, ‘reithe réabtha’ ná ‘sóultas’ i gcúrsaíocht sa chaint ná sna foinsí tagartha digiteacha Gaeilge sa lá atá inniu ann. Mar thoradh ar an taighde seo, tá a fhios ag an léitheoir gur úsáid Mac Grianna iad ach nach sin na téarmaí a bhíonn in úsáid sa ghnáthchaint i nGaeilge ar ‘*horizon*’, ‘*skylight*’ ‘*battering ram*’ ná ‘*dessert*’ an Bhéarla ach gurb iad ‘bun na spéire’, ‘fuinneog dín’, ‘reithe cogaidh’ agus ‘milseog’ roghanna phobal na Gaeilge sa chaint agus sa scríobh. Níl fáth ar bith nach ndéanfaí an Ghaeilge a fhairsingiú, a chothú agus a shaibhriú trí athmhúscailt na bhfocal agus na bhfrásaí seo uilig go léir agus go ndéanfaí amhlaidh le saothar na n-aistritheoirí eile, mar a d’éiligh Ó Ruairc (1988: 34).

Is cosúil gurb é foclóir *Lane O’Neill* a bhí mar fhoinsé focal a Mac Grianna agus é i mbun aistriúcháin (Ó hEaráin, 1986; Mac Corraidh, 1990). Anseo thíos, tá na téarmaí a d’úsáid sé a d’aimsigh sé i bhfoinsí nó a chum sé ar uairibh amhail *fear a bheadh ar maos i saibhreas* ar ‘*millionaire*’ sa Bhéarla. Is é an trua nár baineadh úsáid as na téarmaí seo agus foclóirí á dtiomsú (Mac Corraidh, 2004: 10, 162). Mar sin féin, sin an fáth ar síleadh gurbh fhiú na téarmaí ‘teicniúla’ nach raibh iomrá orthu ina dhiaidh sin a chur os ard mar atá siad sa liosta thíos i gcló trom.

Rinneadh grinnstaidéar ar an dá leabhar déag Gaeilge sin thuas mar ábhar miontráchtas ag leibhéal máistreachta agus bhí an leabhar *Seosamh Mac Grianna: Aistritheoir* (Mac Corraidh, 2004) mar thoradh air sin fosta. Tá mé i ndiaidh athchuart a thabhairt ar an ghluais sin le dhá bhliain anois agus an t-am seo, tá liosta de na téarmaí ‘teicniúla’ a d’úsáid sé nó a chum sé á scagadh ón chuid eile ar nathanna cainte iad. Chíor mé na foinsí nua ar líne nárbh ann dóibh nuair a foilsíodh an ghluais an chéad uair m.sh. *tearma.ie*, agus *Foclóir Nua Béarla Gaeilge (focloir.ie)*. Cuireadh cuid mhaith de na leaganacha seo isteach sa liosta anseo.

Seo a leanas na giorrúcháin ar ainmneacha na bhfoinsí eile tagartha atá in úsáid agam: LEID = *Lane’s English Irish Dictionary* (1904); EID = *Foclóir de Bhaldráithe* (1959); FGB = *Foclóir Uí Dhónaill* (1977); CIESG (Ó Corráin, 1989); FGBD = *Foclóir Gaedhilge-Béarla Uí Dhuinnín*; FNBG = *Foclóir Nua Béarla-Gaeilge*; t.ie = *tearma.ie*.

## A

**aerlong** *b.* aeroplane (t.ie/FNBN/EID/FGB eitleán *m.*; FGB air-ship)(TC 250) **aicíd an chreatha** palsy (I 521)(t.ie crithghalar *fir*<sub>1</sub>; FNBN pairilis *fem*<sub>2</sub>; LEID galar creathach) **aicíd na scamhán** pneumonia (t.ie/FNBN/EID/FGB níúmóine *fir*<sub>4</sub>; FGB aicíd na scamhóg)(TC 239) **aicíd na bpéisteog** trichinosis (t.ie tricíonóis *bain* 2; )(TS 242) **aicíd na stéigordóige** appendicitis (t.ie/FNBN/EID aipindicíteas *m.*)(MO 82) **ainbheathach** *fir.* monster (t.ie

ollphéist/FNBG arracht, ollphéist/FGB ainbheithíoch *m.*/EID arrachtach, torachar, ollphéist) (MO 34). UATHPHÉIST fosta **airíoch loinge** shipkeeper (FNBG/FGB coimeádaí *m.*, keeper)(MD 209) **alltóir** *fir.* barbarian (FNBG/FGB barbarach *m.*; FNBG brúid *fem2*) (TS 306) **amhaircín** *fir.* peep-show (t.ie pípsheó *fir4*) (TS 40)/(TS 45) **amhlaíocht** *b.* commonplace (platitude, truism)(BH 342/3) **análán** *fir.* ventilator (t.ie gaothrán *fir.*; FGB gaothaire *m.*; EID aeráloir *m.*)(SB 34) **anchréatúr** *fir.* horror (TC 476) **anphótaire** *fir.* teetotaller (t.ie réadóir *fir3*; FNBG réadóir *masc.*, staonaire *masc4*; FGB lánstaonaire *m.*, FGB/EID staonaire *m.*)(MD 81) **ardmhian** *fir.* ambition (t.ie/EID uaillmhian *bain2* glóirmhian *bain2*; FGB uaillmhian *f.*)(I 551)(BH 128)(I 552)(I 580) **arm gonta** weapon (I 37) (t.ie arm *fir1*; FNBG arm, uirlis troda, gléas troda) **armadóir** *fir.* armour (FGB armourer; cathéide *f.*)(I 144) **atonn** *b.* backwash of waves (t.ie/FGB cúlchaise *f.*; EID súrac *m.*, tarraingt na toinne)(MD 83)

## B

**bacán teannaidh** belaying pin (t.ie pionna ceangail; EID bacán *m.* ceangail) (BG 106)(BG 295) **bád báire** flag boat (MO 151) **bád tarranta** (tarraingthe) tug (t.ie /FGB tuga *fir.*; EID tug *m.*)(MD 35)(MD 205), (BG 6) **bádánach** *fir.* boatswain (FNBG/t.ie maor loinge, t.ie/FNBG/FGB bósan *m.*)(SB 17)(SB 68) **báirg guail** coal barge (BG 97) **balscóid** *b.* tattoo (t.ie/FNBG/FGB/EID tatú *m.*)(MD 9); skunk (a despicable person)(BG 125) **barometer** *a.* barometer (SB 47) FNBG/t.ie/FGB/EID baraiméadar *fir.* GLOINE NA HAIMSIRE fosta **bealach dromáin** companion (of ship)(t.ie staighre *fir4* boird; FGB staighre cábáin; EID staighre cábán) (BG 102)/ (BG 179) **bealachas** *fir.* alley-way (t.ie/EID pasáiste *m.*) (SB 26)(SB 74) **béar sneachta** polar bear (t.ie/FNBG/FGB/EID béar bán)(E 288) **bean chuilteála** quilter (EID/FGB cuilteálaí *m.*)(MO 160) **bean freastala** (freastail) waitress (t.ie/FNBG/FGB banfhreastalaí *m.*/EID freastalaí mná/cailín freastail)(MO 160) **bríce mná** great woman(MO 125) **bean chuideachta** chaperon (FGB bean choimhdeachta)(TC 47) **beathach carr** hack (t.ie/EID capall marcaíochta (hackney); FNBG/EID capall diallaite)(TC 46) CAPALL FOSTAITHE fosta **biorlus** *fir.* acacia (t.ie, EID acaicia *f.*)(BH 7) **blaisire** *fir.* door-man (I 613) **blár an ghainimh** desert (t.ie/FGB/EID fásach *m.*, gaineamhlach *m.*; t.ie/EID díthreabh *bain2*)(TC 419) **bláth-theach** *fir.* greenhouse (t.ie/FNBG/FGB teach gloine) (TC 282) **bleachtán** *fir.* daffodil (t.ie/FGB/EID lus an chromchinn; t.ie/FGB lus an aisig) (TC 320) (TC 326)/(TC 538) **bloc marcaíochta** mounting block (t.ie/EID ceap marcaigh) (TC 345) **bochtshráid** *b.* (bochtshráid) slum (t.ie plódcheantar; t.ie/FGB sluma *m.*; EID cúlshráid *f.* shuarach (TC 393) **boltaire** *fir.* herald (t.ie spreagaire *fir4*; FGB/FNBG bolscaire *m.*, FNBG aralt *masc1*)(TC 36)(LEID boltaire *m.*) **bolscán** *fir.* **bolscán súlais** jam-tart (t.ie toirtín suibhe)(TS 46) **brat láimhe** handkerchief (BG 110) **bratán** *fir.* kerchief. (t.ie ciarsúr *fir.*)(TS 460) **breithchathaoir** *b.* tribunal (t.ie/FNBG binse *fir.*)(BH 413)(LEID cathaoir bhreitheamhnais) **brístiallacha** (*iol.*) braces (FGB gealas, -ais *m.*; EID gealasacha *mpl*) (MD

29) **bróga oíche, bróga seomra** *id.* (LEID bróga seomra) **bróigin** *b.* slipper (t.ie/ FNBG/ FGB slipéar, -éir *mpl.*)(MD 37)(BRÓGÁN, BRÓIGÍN agus LIUBHÁN fosta)(TC 447) **bromach** *fir.* pony (t.ie capaillín, pónaí, gearrchapail); FGB colt)(TC 163) **brónchluiche** *fir.* tragedy (t.ie/FNFBG/FGB/EID traigéide *f.*)(SB 142) **bruisín maith daoine** a good few people (E 152) **buíbhán** *aid.* amber (t.ie/FGB ómrach)(BG 122) **bunríodh** *a.* (bunrí) biceps. (t.ie/FNFBG/FGB/EID bícéips *f.*)(MD 9)

## C

**caileantáir** *a.* calendar (t.ie/FNFBG/FGB féilire *m.*)(PF 133) **cáiríneacht** *b.* recrimination (FNFBG frithmhilleánú; FNFBG/EID comhchoiriú, cómhású)(I 265) **caitheamh aimsire** amateur (*aid.*)(TC 236) **camrógacht** *b.* forgery (t.ie/FGB/FNFBG brionnú; EID brionnadh)(TS 520) **capall fostaithe** hack (TC 194) BEATHACH CARR fosta **carrán** *fir.* carriage (t.ie carráiste/EID carráiste; FGB small cart; FNFBG carráiste/cóiste)(E 166)(MO 81) **carróg** *b.* carriage (E 47) **cársán** *fir.* bronchitis (t.ie/FNFBG/FGB/EID broincíteas *m.*)(MO 6) **caschomhla** *b.* turnstile (t.ie geata; FNFBG/EID geata casta)(TS 83) **casinneall** *fir.* windlass (t.ie/FGB/EID unlas *m.*; t.ie/EID castainn *bain2*) (BG 29)/(BG 33) **cathaoir shlinneán** armchair (EID/FGB/FNFBG cathaoir uilleach) (TS 151) **cathaoir longadán** rocking chair (EID, FGB, FNFBG, cathaoir luascáin)(DCA 63) **céad mhacán** first mate (SB 8) chief (SB 23/4) **agra cinn** brains (t.ie éirim *bain2*; FNFBG meabhar chinn, eagna chin; FGB eagna chinn)(TC 405) (TC 407)/(TC 465)(CCTC 10) **ceann coróna** (corónach) dynasty (t.ie/ FNFBG ríora *fir4*, ríshliocht *fir3*, (TC 90) **ceann cabhlaigh** admiral. (t.ie, FNFBG; FGB aimiréal *m.*; EID aimiréal, ceann cabhlaigh)(IFDT 17) **gan cheannach** irreconcilable (t.ie/FNFBG/ FGB/EID doréitithe *a3*; FGB/EID bithnaimhdeach (TC 95) **ceannaí siúil** commercial traveller (t.ie/FNFBG/FGB/EID taistealaí tráchtála) (MO 81) **ceannairceoir** *fir.* rebel (t.ie/ FNFBG/EID reibiliúnach *fir1*; FNFBG/FGB/EID ceannairceach *m.*)(TC 65) **céimsgán** *fir.* verandah (FGB/FNFBG/t.ie vearanda *m.*)(TS 31) **céireán** *fir.* mummy (of corpse) (t.ie/ FNFBG seargán, mumáí; FGB/EID seargán *m.*)(TS 414) **ceo toite** fog (t.ie, FNFBG, FGB, EID ceo *fir.*)(BH 190) **ceosholasta** *aid.* dim (FNFBG lag, fann, dorcha)(TS 136) **ciarghlas** *aid.* leaden-coloured (BG 231) **ciumhasaí** (ciumhaiseanna) **na cathrach** suburbanity (TC 6) **clabsal** *fir.* column (in newspaper) (t.ie/FNFBG/FGB/EID colún *m.*)(TS 460)(LEID clabsal *m.*) **claiómh mara** cutlass (t.ie *gan iontráil*; FGB *gan iontráil*; FNFBG/EID muirchlaíómh *m.*)(IFDT 93)(LEID claidheamh cam) **clais** *b.* wake (of a boat)(FGB marbhshruth *m.*)(TC 100/1) **clais anála** weasand (I 608) **claon intinne** bigotry (FGB biogóideacht *f.*)(I 505/6) **clár cladaigh** gang-plank (TC 563) **clár iompair** stretcher (t.ie/FNFBG/FGB/EID sínteán *m.*; FGB/EID leaba shínteáin)(BG 399) **cláradóir** *fir.* registrar (t.ie, FGB cláraitheoir *m.*)(BH 98) **cleas gan formais** prank (FNFBG cleas/ FGB áilt, cluicheog, dea-obair, tréith, EID cleas, bob, baileabhair)(IFDT 44) **cléibhín** *a.* cage (FGB cás *m.*)(BG 17)(LEID cléibhín *m.*) **CLLABHÓG** fosta **cliabhagán** *fir.* perambulator (t.ie pram *fir4*; FNFBG naí-chóiste *masc4*/FGB

pram *m.*)(TS 117) **cliabhán rothaí** perambulator (t.ie/FGB pram *fir*; FNBG naí-chóiste; EID cairrín láimhe) (SB 157) **cliabhóg** *b.* bird cage (t.ie/FNBG éanadán *fir* 1/FGB cás *m.*)(MD 210)(CLIABHÁN agus CLÉIBHÍN fosta) **clibín eochracha** bunch of keys (FNBG cloigín eochracha, fáinne eochracha; FGB/EID cloigín eochrach)(TC 509) **clíomáil** *b.* scramble (t.ie sciob sceab; FNBG streachailt, FNBG/EID sciolairt, sciob sceab; FGB sciolairt *f.*)(SB 105) **ceannach clú** blackmail (t.ie/FNBG/FGB dúmhál *m.*)(TC 73) **cloideog** *b.* clown (circus) (FNBG bobaide, áilteoir, fear grinn)(TS 47) **cloch ghréine** sundial (FGB clog gréine)(TC 327) **cloch leáite** lava (t.ie, FNBG, FGB, EID laibhe *f.*)(IFDT 93) **clog** *b.* clock (FGB clog *m.*)(TC 514) **clogán** *fir.* gong (FGB small bell, FNBG clog, gang; t.ie gang, cloigín)(DCA 104) **cnap scadán** shoal of herring (MO 89) **cnéacheangal** *fir.* bandage (t.ie bindealán *m.*, FNBG, FGB, EID bindealán *m.*, buadán *m.*)(IFDT 83) **cnoc tine** volcano (t.ie, EID, FGB, FNBG bolcán *m.*)(DCA 56/7)(IFDT 179) **cnoc oidhreoige** (oighir) iceberg (t.ie/FNBG/FGB/EID cnoc oighir) (SB 10) **cofrán** *fir.* bedside stand (TC 328) **coiméideadh** *fir.* (coiméide) corsets (EID/FGB cóirséad *m.*)(E 211) **coísire** *fir.* guest (t.ie/FNBG/FGB aoi *m.*; FNBG cuairteoir *masc*3)(TC 340) **colbha an domhain** the horizon (t.ie/FNBG/FGB fíor na spéire, léaslíne; FNBG/FGB/EID bun na spéire; FGB/EID bun an aeir; FGB thar cholbha na mara, the rim of the sea)(I 160) **comhairín cumhraise** pouncet–box (I 451) **comhartha géibhinn** distress signal (t.ie/FNBG/FGB comhartha guaise)(BG 385) **comharthaíocht** *b.* gestures (t.ie comharthaí, gothaí/EID cor *m.*, gotha *m.*, comhartha *m.*) (MD 111) **comharthráchtáil** *b.* co-operation (t.ie/FGB comhar *m.*; EID comhar *m.* comhoibriú *m.*; FNBG comhoibriú *masc*.) (PF 26) **comhla** *b.* lock (water)(TC 394) **connach** *a.* sponge (t.ie, FNBG, spúinse *fir.*)(BH 12) **conróideach** *aid.* insecure (t.ie/FNBG/EID neamhdhaingean, corrach; FNBG scaoilte; EID neamhdhiongbháilte)(MD 65) **coróin sholais** halo (t.ie/FGB fáinne *m.* solais, naomhluan *m.*)(TC 67) **corrmhíoltóg** *b.* mosquito (t.ie corrmhíol *f.* muiscít *f.* FGB midge; EID corrmhíol *f.*)(IFDT)(LEID coirrmhíoltóg *f.*) **corrsmaointiú** *fir.* (corrsmaoineamh) quirk (TC 432) **cosán** *fir.* **cosán tógála** gangway (FGB clord *m.*) (BG 39)/(BG 119) **cosbhrat** *fir.* mat (FNBG mata *masc*4) (TS 211) **cosfháinne** *fir.* anklet (FNBG bráisléad murnáin/rúitín, EID bráisléad murnáin, FGB glaicín)(DCA 131) **cosrópa** *fir.* foot-rope. (BG 12) **crann araicise** trysting tree (I 411)(I 439) **creachadóir mara** pirate (t.ie, FNBG, FGB, EID foghlaí mara)(IFDT 23)(LEID muir-chreachadóir) **crís** *fir.* creese (dagger)(IFDT 166) **crithfhuaim** *a.* throbbing sound (BG 436) **crochadh** *fir.* pitch (of a ship)(FGB of an arch, roof)(IFDT 68) **crochchuradh** *fir.* crusader (FGB crosáidí *m.*)(I 228) **croían loinge** shipmate (FNBG comhloingseoir, leathbhádóir; FNGB/EID comrádaí farraige)(MD 216) **croitheadh inchinne** concussion (t.ie/FNBG/EID comhtholghadh *fir.*; (SB 41) **crónaire** *fir.* coroner (FGB cróinéir *m.*)(TC 541) **crossóg** *b.* gaff (FGB cleith uachtair) (BG 352) (TC 22/3)/(TC 38); Crocairt, cricket (ITI 262) **cruinneolas** *fir.* geography (t.ie, FGB geografáíocht *f.*, tíreolaíocht *f.*)(BH 22) **cruth folaithe** disguise (EID/FGB/FNBG bréagriocht *f.*)(TC 63) **cruthaíocht** *b.* figure (shape)(SB 90) Crothaidheacht, appearance,

look (ITI 263) **crutheolas** *fir.* cosmogony (t.ie, FGB cosmagnaíocht *f.*)(BH 22) **cú mhac tíre** wolf-dog (TC 35) **cuallaí biatachais** mess-mate (on a ship) (FGB, EID cuibhreannach *m.*) (IFDT 29) **cúirtgharraí** *fir.* courtyard (t.ie/FNBG clós *fir1*; FGB clós caisleáin)(TC 191/2) **cuisle** *b.* **cuisleannacha** (cuislí) **gaoithe** flaws of wind.(IFDT 80) **cúl cinn** *a.* back-up (t.ie, FNBG, cúltaca *m.*, FGB taca *m.*)(IFDT 161) **cur eangach** a train of fishing nets (MO 49)/ (MO 89) **curúlacht** *b.* chivalry (t.ie/FNBG niachas *fir1*; FGB/FNBG ridireacht *f.*)(I 129) (I 135)(I 378)

## D

**dabhach fothragtha** bath (t.ie/FNBG/FGB folcadán *m.*, FGB dabhach folctha)(TC 225) **dallsholas** *fir.* uncertain light (TS 79) **dealbhcheann** *fir.* figurehead (of ship)(t.ie ceann fíorach; EID dealbh tosaigh)(BG 10) **dearg** *a.* red hot ash (of a pipe)(MD 19) **díminneas** *fir.* discordance (EID/FGB míbhinneas *m.*)(MO) **díobhóg** *b.* trench (FGB mountain rill) (I 33) **díomuntáisteach** *aid.* disadvantageous (t.ie, FNBG, FGB, EID míbhuntáisteach) (IFDT 214) **dochtúir an cháir** dentist (t.ie/FNBG/FGB/EID fiaclóir *m.*; FGB dochtúir fiacla)(MD 52) **dochtúir an eallaigh** veterinary surgeon. (t.ie/FNBG/FGB tréidlia *m.*/EID tréidlia *m.* dochtúir *m.* beithíoch)(PF 7) **do-éagthach** *aid.* deathless (FGB neamhbhásmarh/EID do-mharaithe, síoraí, suthain)(TS 140) **doirseagán** *fir.* porch (FNBG póirse *masc4*) (TS 15) **dorsagán** *fir.* portico (t.ie póirseáid *b.*; EID colúnáid *f.*)(BH 205) **dreacheolas** *a.* physiognomy (FGB gné-eolaíocht *f.*)(LEID gnaoifhios) **dreachshnoite** *aid.* stern. (FNBG dairíre, crosta; FGB fiata; EID dian, crua, géar)(MO 230)(I 32) **dréimlus** *fir.* creeper (t.ie athair *f.*, FGB athair *f.*, féitheach *m.*)(IFDT 159) **droichead tarranta** (tarringthe) drawbridge (FGB droichead tógála)(I 423) **dúbhán** *aid.* half-caste (EID, FGB meascach)(DCA 173) **dubhurchóid** *b.* malice (I 331) **dúilbhriste** *aid.* disappointed. (FNBG/FGB/EID díomách, meallta)(MO 173) **duine siúlach** nomad (EID fánaí *m.*)(TC 544) **dúnamhaid** *fir.* worst enemy (TS 21) **dúshlánta** *aid.* challenging (FGB dúshlánach)(TC 169)

## E

**eachlann** *b.* stable-yard (FNBG clós stábla)(TC 83) **eagrúil** *aid.* disciplined (FGB riailbhéasach)(I 411) **easair na madadh** kennels (t.ie conchró *fir4*)(TC 191/2) **ealaín farraige** seamanship (t.ie/FNBG cumas mairnéalachta; FGB loingseoireacht, mairnéalachta; EID loingseoireacht)(MO 137) **eascomhrac** *fir.* non-resistance (FNBG cur in aghaidh, in éadan, i gcoinne ar ‘resistance’)(BH 606) **éidíonmhar** *aid.* leaky (BG 381)

## F

**fáigheadóireacht** *b.* act of hovering (E 53), (E 103), (BG 27), (BG 241) **faill seanchais** interview (t.ie, FNBG, EID, FGB agallamh *m.*)(DCA 60) **falsóir cladaigh** beachcomber (FNBG tráiteoir *fir3*; FNBG/EID fear raice)(TC 63) **fear bannaí** trustee (t.ie iontaobhaí *fir*;

FGB caomhnóir *m.*; EID iontaobhaí *m.* riarthóir *m.*)(SB 168) **fear cathaoire** (cathaoirleach) chairman (t.ie/FNBNB/FGB/EID cathaoirleach *m.*)(PF 69) **fear claonbharúlach** bigot (t.ie/FNBNB/FGB/EID biogóid *m.*; EID duine dáigh)(I 507) **fear dhéanta an bhealaigh** guide (t.ie/FNBNB/FGB/EID treoraí *m.*; EID fear eolais, cinnire)(I 31) **fear dhéanta an eolais** *id.* (I 32) **fear na slí** *id.* (I 32) **fear loighce** logician (t.ie, FNBNB, FGB, EID loighceoir *m.*)(BH 106) **fear a bheadh ar maos i saibhreas** millionaire (FNBNB/FGB/EID milliúnaí *m.*)(PF 7); bheith ar maos in airgead, to be filthy rich. (CIESG 242) **fear oiliúna** trainer (t.ie/FNBNB traenálaí *fir*4; FNBNB oiliúnóir *masc*; FGB oiliúnaí *m.*)(TC 252) **fear próistí** process-server (TC 505) **fear soláthair** manciple (I 566-7) **fear tíre** civilian (t.ie/FNBNB/FGB/EID sibhialtach *m.*)(TC 89) **fear ualach** porter (FGB póirtéir *m.*)(TC 334) (PF 80) **féasóg giall** side whiskers (FGB féasóg leicinn)(TC 549/50) **fianúil** *aid.* chivalrous (FGB ridiriúil)(TC 13) **fionnaolta** *aid.* whitewashed (FGB aoldaité)(TC 549)(TC 550) **fonn feasa** curiosity (FGB fiosracht *f.*)(TC 105) **fíodhchat** *fir.* trap (t.ie/FGB gaiste *m.*; FNBNB gaiste *fir.*, dol *fir.*, trap *fir.*)(SB 144) **foirgneamh tithe** street of houses (MO)/(BG 6) **foirgnitheoir** *fir.* builder (t.ie tógálaí; FNBNB, FGB foirgneoir *m.*) (BH 106)(LEID foirgnitheoir *m.*) **foirmeacha molta** testimonials. (BG 23) **foirmreadh** *fir.* ceremony (t.ie/FNBNB/FGB/searmanas *fir*1; EID seanmóir) (I 622)(I 643) **forbadh** *fir.* volley of shots (FNBNB rois piléar; FGB rois urchar; EID rois piléar, cith piléar)(IFDT 90) **forchaiseal** *fir.* forecastle (FGB caiseal tosaigh)(BG 8) **fuinneog chaoch** scuttle (on ship) (FGB poll comhla)(BG 129) **fuinneog mhullaigh** skylight (t.ie/FNBNB fuinneog dín; FNBNB/EID spéirléas *masc*1; FGB fuinneog dhín; EID fuinneog dín)(BG 25)

## G

**gadaí mara** pirate (t.ie, FNBNB, EID, FGB foghlaí mara)(DCA 11)(LEID foghluidhe fairrge). CREACHADÓIR fosta **gág fhéir** cut from grass. (t.ie/FNBNB/FGB/EID gearradh *fir.*) (MO 38) **gáinneoir** *a.* archer (FGB boghdóir *m.*)(I 132)(I 268); (LEID boghadóir, *m.*, gainneoir, *m.*) **gaisc-chluichí** *a.iol.* heroics. (FNBNB gaisce *masc*, éachtaí *fem*, gníomhartha gaisce)(BH 344-5) **gaosán** *fir.* nostril (t.ie polláire, FNBNB, EID, FGB poll sróine, polláire *m.*)(DCA 74) **garda tuatúil** yeoman (FGB gíománach *m.*)(I 206) **geabadánacht** *a.br.* jabbering (FGB geabaireacht *f.*)(BG 80) **geallnóta** *fir.* promissory note. (t.ie/FNBNB/nóta gealltanais; EID bille gealltanais)(PF 158) **an té atá faoi ghearán** the accused (t.ie/FNBNB cúisí; t.ie duine cúisithe, duine a bhfuil cúis curtha ina leith; FNBNB an duine atá cúisithe; FGB/EID an cúisí) (I 512) **géarbharúlacha** *iol.* sarcasm (t.ie/FNBNB searbhas *fir*1; FNBNB tarcaisne)(TS 330) **géarmhagúil** *aid.* sarcastic (FNBNB searbhasach, searbh, gear, tarcaisneach/FGB cnáideach, gear, goibéalta, niogóideach)(TS 270)(LEID géarmhagamhail) **gearradh** *fir.* sarcasm (I 200) **gearradóir** *fir.* cutter (t.ie/FNBNB/FGB/EID gearrthóir *m.*)(TC 548) **geasróga** the occult (t.ie/FGB diamhair *bain*2; FNBNB an draíocht, an arsalaíocht; FGB doilfe, briotais, geasrógacht, fiosaíocht)(I 365) **glacláidir** *aid.* athletic (t.ie lúfar; FNBNB lúfar, aclaí, scafánta;

FGB lúfar, EID lúthchleasach) (IFDT 202) **glag-ghaoth** *b. squall.* (t.ie cóch *fir*, cuaifeach *fir*; FNBG cóch *fir*, cuaifeach *fir*, soinneán gaoithe; FGB cóch, scallóid ghaoithe, sonnadh gaoithe) (MO 95) **gléachas** *fir. gallery* (TC 257)(I 245)(TC 258), (BH 101), (I 618); (LEID gléachas *m.*); (LFND 37) **gléas** *fir. gléas ama* chronometer (t.ie/FNBG/FGB/EID crónaiméadar *m.*)(SB 9) **gloine an tomhaiste** sandglass. (BG 59) **gloine an teasmhaigh** thermometer (t.ie, FNBG, FGB, EID teirmiméadar *m.*)(IFDT 80) **golthaod** *fir. hysterics* (FGB histéire *f.* (hysteria)/EID baspair, taom histéire, líonrith)(TS 415)(TS 434)

## I

(**iarann**) **iomaireach** corrugated (iron) (t.ie/FNBG roctha, rocach; FGB/EID roctha, iomaireach)(E 192) **iarraidh chun tosaigh** progress (t.ie/FNBG/FGB dul chun cinn; t.ie/FNBG forás)(TC 250) **iarratas** *fir. ambition* (t.ie uaillmhian *b.*, glóirmhian *b.*; FGB uaillmhian *f.*)(BH 437) ARDMHIAN aige fosta.) **an t-iasc bradach** poaching (t.ie/FNBG/FGB/EID póitseáil *f.*)(MO 63) **idirbheathach** *fir. (idirbheithíoch) jennet* (EID capaillín Spáinneach)(E 9) **iméadaire** *fir. zealot* (t.ie, EID, FGB, díograiseoir *fir.*)(BH 53)(LEID 581) **inc-sheastán** *fir. ink-stand* (t.ie/EID seas dúchán)(SB 113) **infhuilstine** *aid. bearable* (FGB infhulaingthe)(TC 396) **inghnímh** *aid. practicable* (t.ie/FNBG infheidhmithe; FNBG/FGB/EID indéanta; FNBG/EID inoibríthe)(I 241) **íocadóir** *a. paymaster* (t.ie/FNBG/FGB/EID pámháistir *m.*)(I 464) **slat iompair** lightning conductor (t.ie/FNBG seoltóir tintrí; FGB conduchtaire tintrí) (BG 326) **ionad siúil** promenade (FGB promanád *m.*)(TC 561)(LEID ionad spaisteóireachta) **ionadaí** *fir. pseudo* (I 335)

## L

**laits** *a. latch* (t.ie/FNBG/FGB laiste *fir*; FGB cláibín) (MO 47) **lámheadach** *fir. handkerchief* (FGB ciarsúr *m. haincearsan m.*)(TC 507);(LEID éadach láimhe) **leaba chroctha** hammock (FGB leaba luascáin) (BG 27)/(BG 395) **leabachán** *fir. couch* (t.ie tolg *fir.*; FNBG/FGB tolg *masc*, cúiste *masc*; EID leaba *f. iomaí f. tolg m.*, cúiste *m.*)(SB 46) **leabhar an tsiúil** log-book (t.ie logleabhar *fir.*; FNBG loga *fir.*, logleabhar *fir.*; FGB leabhar loinge/EID leabhar loinge/turais/eitilte, dialann oibre) (SB 38). LEABHAR LOG, LOGLEABHAR, TURASLEABHAR aige fosta **leacht-thor** *fir. monument* (t.ie leacht *fir.*, séadchomhartha *fir.*; FNBG leacht (cuimhneacháin); FGB séadchomhartha *m.*; EID séadchomhartha *m.*, leacht *m.*, cloch chuimhne)(SB 92) **liathróid roithleagáin** spinning top (TC 386) **lindéar** *fir. manhole* (t.ie/FNBG/EID dúnpholl *fir.* /FGB lindéar = lintel; dúnpholl *m.*)(SB 83) **línfhionn** *aid. flaxen* (EID buíbhán)(I 51) **líniteoir** *fir. ruler* (t.ie/FNBG/FGB/EID rialóir *m.*)(SB 113) **liomógach** *aid. saucy* (FGB brusanta, deiliúsach, soibealta)(TS 450) **liubhán** *fir. slipper* (t.ie/FNBG/FGB/EID slipéar *m.*)(SB 93) BRÓG, BRÓGÁN, BRÓIGÍN aige fosta **loca féasóige** side whiskers (MO 131) **lóchrann ancaire** riding lamp (on ship)(BG 22) **logleabhar** *a. logbook.* (BG 149) **long galach** (gaile) steamer (FGB bád gaile, steamboat)(BG 17) **longarm** *fir. navy*

(t.ie, FNBG, FGB, EID cabhlach *m.*)(IFDT 36) **lorg láimhe** autograph (FNBG/EID síniú *m.*; FNBG átagraf)(TC 516) **luathreán** *fir.* duster (t.ie glantóir deannaigh/EID ceirt deannaigh). (TS 31) **lucht ceannairce** rebels (TC 31) **lucht cúlscráideanna** ill-mannered people of the gutter (TC 182) **lucht do chuideachta** one's associates (TC 321) **lucht do dhea-bharúla** one's admirers (TS 339) **lucht finiúna** wine-growers (t.ie saothróirí finiúna)(BH 5) **lucht gaimbín** usurers. (t.ie/EID úsaire *fir.*)(SB 160) swell (in sea)(t.ie mórtas farraige, bogadh; FNBG/FGB mórtas farraige, borradh farraige, suaill *fem.*; EID oibriú mór)(MO 114) shoal (MO 93) **lucht leatroime** the unfortunate (TC 285) **lucht na gcnoc** mountainy people (TC 127) **lucht na ngealltach** (ngeallta) backers (TC 107) **lucht plandála** colonists (TC 144) **lus** *fir.* **an lus nimhe** hemlock (E 263) **luschuach** *b.* locust (FGB, EID lócaiste *m.*)(BH 32) (LEID luschuach, dreoilín teasbhaigh) **lúthghníomhach** *aid.* athletic (FGB lúfar)(I 19) GLACLÁIDIR fosta.

## M

**mac filíochta** apprentice poet (TC 349) **macán** *fir.* mate (IFDT 40) **maide bealaigh** gangway (t.ie/FNBG stangairt, geata bordála; FGB/EID clord *m.*; EID bearna cloird) (BG 34) **maide crochaidh** (crochta) crane (t.ie/FNBG/EID craein *bain*; FGB maide croiche)(MO 40) **maothsmaointiú** *fir.* (maothsmaoineamh) sentimentalism (t.ie/FNBG maoithneas *m.*, maoithneachas *m.*; FGB maoithneas)(MD 174) **marbhcheo** *fir.* haze. (t.ie/FNBG smúiteán *fir.*; FNBG ceo *m.*, ceobhrán *m.*; FGB ceo, ceobhrán, dusma; EID rosamh, ceo)(MO 170) **marbhdhéanta** monotonous (TS 577)/(BG 32) **marbhfhuaimeach** *aid.* monotonous (t.ie/FGB/EID aontonach, liosta)(TS 111) **marbhghorm** *aid.* pale blue (BG 70) **marbhloinnir** *a.* glimmer (BG 61) **marbhmhealltach** *aid.* voluptuous (FGB/EID macnasach)(TS 545) **marcach airm** trooper (FGB trúipéir *m.*)(TC 109) **meáchan an aeir** density of the atmosphere (t.ie/FNBG dlús *fir*<sub>1</sub> (BG 82) **méaracán sí** bluebell (FGB cloigin *m.* gorm, méaracán *m.* gorm)(TC 15) **mearúlacht** *b.* excitement (t.ie floscadh *fir.*; FNBG sceitimíní, scleodar *masc* 1, fuadar *masc* 1)(MD 9) **Mí na Súilín Buí** July (FGB Mí na Súilín Buí) (TC 157) **miadal** *fir.* (méadal, *iol.* méadlacha) hold (of a ship) (t.ie/FNBG/ bolg *fir.* FGB bolg loinge; EID broinn/íochtar loinge)(SB11) **míghinte** *aid.br.* illegitimate (t.ie/FNBG/FGB/EID neamhdhlisteanach)(I 39) **milisbhriathrach** *aid.* suave (FGB mín)(TC 59) **mionaglach** *a.br.* twittering (na n-éan)(t.ie EID ceiliúr, giolcaireacht; FGB tríleach)(TS 38) **moingréalta** *b.* meteor (t.ie/FGB dreige *f.*, meitéar; EID caor thine)(TS 211) **mionliobrach** *aid.* mincing (I 334) **mómhaireacht** *b.* modesty (t.ie/FNBG/FGB modhúlacht *f.*; FNBG umhlaíocht)(I 188)

## N

**neamhshó** *fir.* discomfort (t.ie/FNBG/FGB míchompord *m.*; FNBG pian *fem*<sub>2</sub>)(I 243)

**O**

**obair chloiche** architecture (t.ie/FNBG/EID/FGB ailtireacht *f.*)(I 270) ógánach séidte coxcomb (conceited dandy)(I 447) **oidhreogach** *b.* (oighear)(t.ie/FNBG/FGB/EID leac oighir, oighear *m.*)(MO 225) **oidhriocht** *b.* (FGB oidhreacht *f.*) inheritance (TC 36) **ordú** *fir.* discipline (FGB smacht *m.*)(TC 179) óriasc *fir.* goldfish (FGB iasc órga) (BG 455) **osán** *fir.* sandal (t.ie, FNBG, FGB, EID cuarán *fir.*, FGB leg of trousers)(BH 102 & 144)

**P**

**páipéar triomaithe** blotting paper (t.ie/FNBG/FGB/EID páipéar súite)(TC 324) **páirc dhruidte** paddock (t.ie/FNBG/FGB/EID banrach *f.*)(TC 19) **peansal** *fir.* pencil (t.ie peann luaidhe, pionsail; FGB peann luaidhe, pionsail *m.*)(MO 27) **pócadóir** *fir.* pickpocket (t.ie/FGB/EID peasghadaí; EID piocaire póca) (TS 56) **poilcí** *a.* blouse (FGB blús *m.*)(E 121) **poiliticí** *fir.* politician (FNBG/t.ie/FGB/EID polaiteoir *m.*)(MD 176/209) **poll** *fir.* hole. (*iol.*) **polltaí** (FGB poill) (BG 71) **poll ligthe** scupper hole. (FGB scupar *m.*; EID lintéar loinge, scupar *m.*) (BG 71) (MD 48)/(TS 102),(TS 345) **postordú** *fir.* postal order (t.ie/FGB/EID ordú poist)(PF 138) **porsalán** *fir.* porcelain (t.ie/FNBG/FGB/EID poirceallán *m.*)(SB 105) **púdarlann** *b.* magazine (of ship) (t.ie, EID armlann, piléarlann; FNBG, FGB armlann *f.*)(IFDT 37)

**R**

**raic rannta** (roinnte) **na gcnámh** rack (torture)(t.ie raca *fir*<sub>4</sub>; FNBG/EID raca céasta; FGB) (IFDT 30) **rainse carraigeach** coral reef (t.ie/FNBG sceir *bain*<sub>2</sub> coiréil; FGB sceir *f.*, reef)(IFDT 84) **rámhrothán** *fir.* propellor (t.ie/FNBG/FGB/EID lián *m.*)(SB 33) ROTHCHÉASLA aige fosta **rangsheomra** *fir.* classroom (t.ie/FNBG/FGB seomra ranga) (TS 150) **rannach** *b.* jennet (EID capaillín Spáinneach)(I 18) **réalta scoite** meteor (t.ie dreige, meitéar; EID, FGB dreige *f.*)(IFDT 114) **reithe réabtha** battering ram (t.ie, FNBG, FGB, EID, reithe cogaidh)(BH 114) **rinneog** *b.* jagged point (IFDT 197) rírém *a.* reign (FGB réimeas *m.*)(I 590) **risheol** *a.* royal (sail) (BG 5) **rothchéasla** *a.* propellor (t.ie/FGB/EID lián *m.*)(E 261) **rúnaire** *fir.* secretary (FGB rúnaí *m.*)(TC 50)(LEID rúnaire) **rothphunann** *a.* sheave (FGB síobh *m.*) (BG 13) **rún-nochtadh** *fir.* revelation (FNBG tabhairt chun solais, foilsíú FNBG, FGB nochtadh *m.*)(BH 19) **ruspa** *a.* file (hand tool)(FGB líomhán *m.*)(I 10)

**S**

**saigeár** *fir.* cigar (t.ie/FNBG/EID/FGB todóg *f.*)(DCA 190); TOITEÁN, TOITEOG fosta **saighdiúir mara** marine (FNBG muirshaighdiúir; FGB muirí *aid.* marine; saighdiúir cabhlaigh)(IFDT 39) **samhladóir** *fir.* photographer (FNBG/t.ie/FGB grianghrafadóir *m.*) (TS 275) GRIANDEALBHTHÓIR **saorbhailte (Bhaile Átha Cliath)** the Liberties (of Dublin)(TC 334)(TC 246) **scáthbhrat** *a.* canopy (FGB awning)(I 35) **scilp** *a.* target (FGB

sprioc *f.* (I 183) (I 321) **teacht as áit ar do sheachnadh** to come from a place as a refugee (TC 514) **sealbhaire** *fir.* owner (FGB sealbhóir *m.*, úinéir *m.*) (TC 503). SEALBHAÍ fosta. **saor aimsire** apprentice (t.ie, FNBG, FGB, EID, printíseach *m.*) (BH 153) **sárshiorradh** *fir.* hurricane (t.ie hairicín *fir.* spéirling *b.*; FNBG/FGB hairicín, spéirling; EID spéirling *f.* stoirm ghaoithe) (SB 30) **scarúinteoir** *fir.* separatist (t.ie, FNGB, EID scarúnaí *m.*) (BH 99) **scéal iomrá** report (t.ie/FNBG/FGB/EID tuairisc *f.*; FNBG/EID tuarascáil *fem3*; ) (BG 23) (LEID scéal puiblidhe) **scian** *b.* knife (*iol.* **scianacha**) (FNBG scian *f.*, *iol.* sceana). (MO 158) **sciathántarnocht** *aid.* bare-armed (MD 8) **sciobtha** *aid.* dandy (EID gleoite, breá) (MD 8) **scrúitseol** *a.* staysail (t.ie staghsheol *fir1*; EID seol stotha) (BG 13)/(BG 308) **scuim** *fir.* film (FGB scannán *m.*) (MD 98) **seascbhean** *b.* virgin (t.ie ógh, maighdean; FNBG maighdean, ógh; FGB maighdean *f.*) (TS 332) **séideán sealáin** cyclone (t.ie cioclón *fir.*; FNBG/FGB cioclón *m.*, cuaranfa *m.*) (SB 30) **séimhbhlasta** *aid.* delicate (of wine) (FGB fíneálta, mín) (TC 103) **seol féachála** trysail (FGB seol gaoithe móire) (BG 341) **seol mullaigh** top-gallant sail (BG 13) **seol rubaill** spanker (t.ie spangaire *fir4*; FGB/EID seol eireabaill) (MD 138) **seol seasta** staysail (FGB seol stagh) SCRÚITSEOL fosta (BG 57) **seol stuine** stunsail (BG 84) **seomra an chaidrimh** drawing room (TC 515) **seomra cuideachta** *id.* (TC 101) **seomra dearmaid** oubliette (I 609) **seomra na biotáilte** bar (FGB beár *m.*) (TC 361) **seomra ólacháin** *id.* (TC 367) **seomra na cóisireachta** guest room (TC 442) **seomra suíocháin** sitting room (FGB seomra suí) (TC 289) **seomra suain** bedroom (FGB seomra leapa) (TS 13)/(TS 116) (TS 469) **seomra na fanachta** (an fhanachta) waiting-room (FGB seomra feithimh) (TS 86) **siabharscáil** *b.* mirage (t.ie/FGB meabhalscáil *b.*; FGB/EID mearú súl) (SB 154) **sileán** *fir.* channel (FGB trickle, drip) (IFDT 225) (LEID siltheán *m.*) **siorrán** *fir.* fan (for cooling) (t.ie/FGB fean *m.*, gaohrán *m.*; FGB geolán) (TS 175) **sítheadh** *fir.* progress (FGB dul chun cinn) (TC 191) **síthmhaor** *fir.* civil policeman (FGB síothmhaor = peace officer) (TC 8) (LEID síothmhaor *m.*) **siúlach** *aid.* nostalgic (FGB cumhúil) (TC 560) **slaidheas** *fir.* slice (t.ie slisne *fir.*, sceall *fir.* FNBG slisne *m.*, píosa *m.*, sceall *m.*; FGB slis *f.* sceall *m.*) (MO 161) **slatóg** *b.* sapling (FGB buinneán *m.*) (TC 402) **sleaspholl** *fir.* (sliospholl) porthole (t.ie, FGB, sliospholl; EID sleaspholl, sleasfhuinneog) (IFDT 73) (IFDT 190) (LFND 52) **slíocaí** *aid.* (FGB slíocach) elegant (of words) (MD 9) **smachtaire** *fir.* tyrant (FGB aintiarna *m.*) (I 139) **smachtmhar** *aid.* violent (FGB foréigneach) (I 470) **smailleog** *b.* jerk (MD 69). Bhuaíl tú smailleac cheart air. (CCTC 271) **snaidhmeán** *fir.* tie (éadach mná) (TS 35) **sornán** *fir.* stove (FGB sornóg *f.*) (MD 104) **sóúltas** *fir.* (sóúlacht) dessert (t.ie, FNBG, FGB, EID milseog *f.*) (IFDT 60). DESSERT, ÉISDINNÉAR, agus IARBHÉILE fosta **spangaire** *fir.* spanker (sail) (BG 5)/(BG 133) **spreagantach** *aid.* provocative (t.ie/FGB gríosaitheach) (TS 185) **sréanóg spéire** strip of sky (E 91) **sronna** *fir.* slime. (t.ie slam *fir1*; FGB (s)ronna *m.*, dribble, slobber, mucus/EID ramallae *m.*, sláthach *m.*, glae *m.*) (MD 118) **stáiseán** *fir.* station (t.ie/

FNBG/FGB/EID stáisiún *m.*)(PF 46) **suanán** *fir.* berth (t.ie/FNBG leaba *b.*; FGB leaba loinge)(MD 7) **suíóg** *b.* sofa (t.ie leaba thoilg (sofa bed)); EID/FNBG tolg; FGB suíóg = seat in stern of a boat; tolg *m.*)(MO 165)

## T

**tábhacht** *fir.* economics (t.ie/FNBG/FGB/EID eacnamaíocht *f.*)(TC 464) **tairbheach** *aid.* serious (t.ie/FNBG/FGB/EID tromchúiseach)(TC 433) **taisleach** *a.* liquor (t.ie; FNBG/EID deoch mheisciúil)(I 53) **taosadóir** *fir.* pastry-cook (FNBG/EID cócaire taosráin)(TS 46) **tarbhchomhrac** *a.* bull-baiting (FGB tarbhghríosú *m.*)(I 108) **tarrangtán** *fir.* tug (t.ie/FGB tuga *m.*/EID tug *m.*)(MD 137) **an chéadtarrtháil** first aid (t.ie/FNBG/FGB/EID garchabhair *f.*)(PF 23) **teach an fhothragaidh** lavatory (FGB ionlann *f.*)(E 288) **teach gloine** greenhouse **teach na mbláth** (mbláthanna) greenhouse (FGB teach gloine) (TC 324) **teach plandaí** *id.* (TC 548) (teach *m.* gloine) BLÁTH-THEACH fosta **tinteoir** *fir.* fireman (stoker) (FBG stócálaí; EID fear *m.* tine)(MD 15)(MD 143) **tobarchith** *fir.* fountain (t.ie scairdeán (uisce), FGB fuarán *m.*)(BH 205) **tochardán** *a.* capstan (BG 274) **tógáloir** *fir.* lift (for sails) (IFDT 30) **tonnfaoi** *b.* subswell (BG 87) **traschrann** *fir.* yard (for a sail)(BG 26) **toiteán** *fir.* cigar (t.ie/FNBG/FGB/EID todóg *f.*)(SB 133) SAIGEÁR, TOITEOG aige fosta **trasniall** *a.* ratline (t.ie/FGB/EID raitlín *m.*)(MD 71) **tréanasach** *aid.* ascetic (FGB diantréanach)(TC 151) **tuireasc** *fir.* saw (tool)(BG 347)(LEID tuiriosc) **turasleabhar** *a.* logbook (t.ie dialann loinge, tásleabhar)(BG 167)

## U

**ualach creacha** (creiche) booty (FNBG/EID éadáil *fem*<sub>3</sub>, creach *fem*<sub>2</sub>; FGB creach *f.*;)(TC 502) **uathphéist** *b.* monster (t.ie/FGB ollphéist *f.*; FNBG arracht, ainbheithíoch, amhailt) (TC 21)/(TC 261). AINBHEATHACH fosta. úllúsc *fir.* cider (t.ie/FNBG/FGB ceirtlis *f.*, leann *m.* úll)(I 43) **umhalbhéasach** *aid.* graceful (TC 6)

## Leabharliosta

### Leabhair

Dinneen, P., (1927) *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*. Baile Átha Cliath: Cumann na Scríbhneann nGaedhilge.

Lane, T. O'Neill, (1904) *Lane's English-Irish Dictionary*. Baile Átha Cliath: The Phoenix Publishing Company Limited.

Mac Corraidh, S., (2004) *Seosamh Mac Grianna: Aistritheoir*. Baile Átha Cliath.

Mac Grianna, S., (1932) *Teacht Fríd an tSeagal*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mac Grianna, S., (1933) *Ben Hur*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mac Grianna, S., (1933) *An Mairnéalach Dubh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mac Grianna, S., (1934) *An Páistín Fionn*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mac Grianna, S., (1935) *Séideán Bruithne agus Amy Foster*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mac Grianna, S., (1935/1952) *Muinntir an Oileáin*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mac Grianna, S., (1935) *Teach an Chrochadóra*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mac Grianna, S., (1936) *Imeachtaí Fhear Dheireadh Teaghlaigh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mac Grianna, S., (1936) *Díth Céille Almayer*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

MacGrianna, S., (1937) *Ivanhoe*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

MacGrianna, S., (1953) *Eadarbhaile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

MacGrianna, S., (1955) *Báthadh an Ghrosvenor*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Corráin, A., (1989) *A Concordance of Idiomatic Expressions in the Writings of Séamus Ó Grianna*. Béal Feirste: Institute of Irish Studies, The Queen's University of Belfast.

Ó Dónaill, N., (1977) *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Uí Laighléis, G., (2003) *Seán Mac Maoláin agus Ceart na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

Uí Laighléis, G., (2017) *Gallán an Ghúim*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

## **Ailt**

Ó Ruairc, M., (1988) 'Seosamh Mac Grianna: Aistritheoir.' *Comhar*, Eanáir: 30–4.

## **Tráchtas Neamhfhoilsithe**

Mac Corraidh, S., (1990) *Liosta Focal as Aistriúcháin Sheosaimh Mhic Grianna: Staidéar Comparáideach Idir a Chuid Aistriúchán agus Foclóir Gaeilge Béarla*. Miontráchtas neamhfhoilsithe MA in Ollscoil Uladh, Cúil Raithin.

Ó hEaráin, S., (1986) *Liosta focal ó Niall Ó Dónaill*. Miontráchtas neamhfhoilsithe MA in Ollscoil Uladh, Cúil Raithin.





## Dúshlán agus deiseanna i gcur i bhfeidhm an Phlean Teanga i Limistéar Pleanála Teanga (LPT) Ghaeltacht na Mí

*Margarita Neothallaigh*

<https://doi.org/10.13025/ptnf-2d78>

Is léirmheas ar roinnt dúshlán agus deiseanna i gcur i bhfeidhm an Phlean Teanga i Limistéar Pleanála Teanga (LPT) Ghaeltacht na Mí é seo. Chuige sin, pléitear leagan amach an LPT; an Coiste Stiúrtha agus Pleanáil Áitiúil de réir Phlean Teanga Ghaeltacht na Mí (CPTGM); Plean Forbartha an Chontae agus agallaimh le triúr rannpháirtithe lena mbaineann, arb iad: Hannah Ní Dhoimhín, Comhordaitheoir Pleanála Teanga le hÚdarás na Gaeltachta; Dáithí Mac Cárthaigh, Cathaoirleach Choiste Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí; agus Hannah Ní Bhaoill, Oifigeach Pleanála Teanga.

### **Réamhrá**

Is é Acht na Gaeltachta 2012 a thugann bunús reachtúil don phróiseas pleanála teanga nua. Foilsíodh an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* in 2007. Mar fhreagra ar na moltaí sin a foilsíodh an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*, áit ar leagadh amach go mbeadh sainiú na Gaeltachta bunaithe ar chritéir theanga feasta agus ní ar chritéir thíreolaíochta. Achtaíodh Acht na Gaeltachta in 2012 chun feidhm a thabhairt don Straitéis 20 Bliain. Roinneadh an Ghaeltacht i 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) agus caithfidh pobal gach LPT plean teanga a ullmhú don LPT le teacht le hAcht na Gaeltachta 2012 ionas go n-aithneofar an limistéar mar limistéar Gaeltachta feasta (Rialtas na hÉireann, 2012; An Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta, 2016: 4). Mar chrann taca ag na Limistéir Phleanála Teanga Ghaeltachta, ainmníodh 16 Bhaile Seirbhíse Gaeltachta agus tá na bailte sin, ina bhfuil daonra de 1,000 duine nó níos mó, lonnaithe laistigh nó taobh leis an Limistéar féin. Ní mór do cheanneagraíocht sa Bhaile Seirbhíse Gaeltachta plean dá cuid féin a chur i dtoll a chéile agus

a aontú a rachaidh chun tairbhe do na Limistéir Phleanála Teanga Ghaeltachta atá i ngiorracht dó. Anuas ar na Limistéir Phleanála Teanga Ghaeltachta agus na Bailte Seirbhíse Gaeltachta, tá na Líonraí Gaeilge ann. Sna líonraí úd, atá taobh amuigh den Ghaeltacht, tarraingítear ar thacaíocht ó bhunmhais a chuireann leis an teanga agus faigheann siad maoiniú ón Stát faoi Fhoras na Gaeilge. Faoin Acht, ní mór do gach Limistéir Pleanála Teanga plean teanga seacht mbliana a chur le chéile má theastaíonn ón bpobal sin an stádas Gaeltachta a choinneáil. Ní mór don Aire Gaeltachta an plean teanga a cheadú sular féidir tús a chur le feidhmiú an phlean. Is í Roinn na Gaeltachta a mhaoiníonn na pleananna teanga agus riarann Údarás na Gaeltachta, atá ina phríomheagraíocht don phróiseas, an buiséad (Ó Giollagáin, 2014b: 107). Is é an sprioc atá ag an bpleanáil teanga sa chás seo ná lucht labhartha na Gaeilge a mhéadú agus buaná a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge mar theanga teaghlaigh agus mar theanga pobail (An Roinn Cultúir, Oidhreacht & Gaeltachta, 2018: 7).

### **Modheolaíocht**

Tá an taighde seo bunaithe ar an gcur chuige cáilíochtúil ar mhaithe le tuiscint a fháil ar an mbrí shóisialta atá laistiar de ghníomhartha daonna agus chun dul i ngleic le tuairimí éagsúla pearsanta na rannpháirtithe taighde. Is taighde bunaithe ar chás-staidéar é ina n-úsáidtear an t-agallamh leathstruchtúrtha. San agallamh leathstruchtúrtha, bíonn deis ag an taighdeoir struchtúr scaoilte a chur ar bun:

*by deciding in advance the ground to be covered and the main questions to be asked. The detailed structure is left to be worked out during the interview, and the person being interviewed has a fair degree of freedom in what to talk about, how much to say, and how to express it (Drever, 1995).*

Sa chás-staidéar, féadann an taighdeoir:

*to closely examine the data within a specific context. In most cases, a case study method selects a small geographical area or a very limited number of individuals as the subjects of study (Zainal, 2007: 1).*

Cuirtear an bhéim ar na focail seachas ar bhailiú agus ar anailís sonraí; cuirtear le creidiúnacht agus le barántúlacht na fianaise nuair a chuirtear dearchtaí na rannpháirtithe ina dtimpeallacht shóisialta féin san áireamh (Bryman, 2016: 380, 390, 393).

Laige a bhaineann leis an agallamh leathstruchtúrtha dar le Wengraf (2001: 194, luaite in Openakker, 2006: 3) is ea an ‘double attention’. Caithfidh an t-agallóir cluas a thabhairt don agallá agus cinnte a dhéanamh de go bhfuil a cheisteanna féin á bhfreagairt ag an am céanna. Tháinig trí mhórhéama chun solais mar thoradh ar an anailís a rinneadh ar an bhfaisnéis agallaimh.

### **Téama a haon: Dúshlán agus deiseanna a bhaineann le leagan amach an LPT**

Aistríodh pobal Gaelach go Ráth Chairn i gContae na Mí i dtríochaidí an chéid seo caite agus cruthaíodh Gaeltacht ann in aon turas. Athlonnaíodh an pobal ann mar chuid de bheartas teanga rialtas na linne chun an teanga a chaomhnú san Fhíor-Ghaeltacht agus í a leathnú tríd an mBreac-Ghaeltacht chuig an nGalltacht' (Ó Cuív, 1951: 29; Ó Riagáin, 1997; Walsh, 2012: 47). Éalú cuidithe ó chúinsí deacra maireachtála ar bheagán acra ina n-áiteanna dúchais a bhí ann. Tháinig dream as Conamara go Ráth Chairn agus dream go Baile Ghib ó áiteanna i gCorca Dhuibhne/Uíbh Ráthach; Tuar Mhic Éadaigh; Béal an Mhuirthead/Iorras; Fánaid/Gaoth Dobhair; agus Corcaigh (Pegley, 2007: 41). Dúirt Éamon De Valera, Taoiseach na linne, le toscaireacht a tháinig chuige 'de ghlór íseal go raibh sé faoi réir talamh a thabhairt do mhuintir na Gaeltachta' (Mac Aonghusa, 1985: 2).

Is fiú a lua go raibh Gaeilge i gContae na Mí agus go raibh feirmeoirí ag maireachtáil ar bheagán ag an am: 1,492 cainteoir a bhí ann in 1891 agus 3,312 cainteoir a bhí ann in 1926 (Ó Cuív, 1951: 80; CSO: 1926). Bhí 2,685 feirmeoir ag maireachtáil ar fheirmeacha 0-30 acra in 1926 i gContae na Mí (Pegley, 2007: 145). Roinneadh sciartha de 22 acra ar luacháil £20 le tabhairt d'imircigh sa Ghaeltacht nuachumtha (Pegley, 2007: 82).<sup>3</sup> Tháinig deireadh leis an scéim athlonnaithe mar bheartas teanga i gContae na Mí ní ba luaithe ná in aon áit eile sa tír (Pegley, 2007: 30). Beartas teanga an dátheangachais a cuireadh i bhfeidhm ó 1965 ar aghaidh le foilsíú an Pháipéir Bháin um Athbheochan na Gaeilge (Ó Laoire, 2005: 258). Cuireadh beartas bunaithe ar rannpháirtíocht an phobail i bhfeidhm ón mbliain 2000 i leith, tréimhse ar a dtugtar 'ré úr don bheartas teanga' (Walsh, 2012: 47).

Is ceantar Gaeltachta intíre, comhréidh í Gaeltacht na Mí ina bhfuil an Abhainn Dhubh agus Abhainn Átha Buí (Coiste Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí (CPTGM), 2018: 3). Bronnadh stádas oifigiúil Gaeltachta ar an limistéar in 1967. Tá dhá cheantar ann: Ráth Chairn agus Baile Ghib. Is iad An Uaimh agus Baile Átha Buí an dá bhaile a aithnítear mar bhailte seirbhíse Gaeltachta sa limistéar (Treoirlínte Pleanála Teanga, 2018: 25). Beidh 'ról suntasach' ag na bailte maidir le seirbhísí poiblí agus saoráidí áineasa, sóisialta agus tráchtála a sholáthar do na pobail sna limistéir. Tá Baile Átha Cliath idir 55 agus 65 ciliméadar ón LPT, áit ina n-oibríonn go leor den daonra de 1,857 duine (CPTGM, 2018: 3-4). De bharr a ghaire is atá an LPT do Bhaile Átha Cliath, tá go leor dúshlán, idir theangeolaíoch agus shóisialta, le sárú i gcur i bhfeidhm an phlean teanga. Tháinig méadú ar an daonra san LPT seo murab ionann agus Gaeltachtaí eile.<sup>3</sup> Ní hionann sin agus a rá go dtiocfaidh méadú coibhneasta

1 Fíor-Ghaeltacht: 'áit ina raibh 80 faoin gcéad ar a laghad den phobal ábalta an Ghaeilge a labhairt'; agus Breac-Ghaeltacht: 'áit ina raibh idir 25 agus 79 faoin gcéad ábalta an Ghaeilge a labhairt' (Walsh, 2012: 178).

2 Ceannaíodh talamh ó thiarnaí talún: Maher, Heffernan & Fessler (*Iris Oifigiúil* 15 Bealtaine 1934, luaithe in Pegley, 2007: 81).

3 Rinne Grant (2018) an chéad taighde ar phlean teanga Ghaeltacht Chiarraí Theas. Léiríonn sé go bhfuil titim daonra ann agus dlús daonra d'ochtair don chiliméadar cearnaithe (O'Keeffe & O'Sullivan,

ar líon na gcainteoirí Gaeilge sa limistéar. Tháinig méadú beag (1.5%) ar líon na gcainteoirí go 44.7% i Ráth Chairn ach tháinig laghdú (17.5%) ó 2006 i mBaile Ghib (Taighde 2017 i CPTGM, 2018: 24).

Agus an plean á ullmhú san LPT mar chuid den phróiseas, rinneadh taighde ar staid na teanga agus ar riachtanais an phobail san LPT faoi mar a mholann Ní Dhúda (2014: 20). Toghadh baill choiste – cúigeas as pobal Bhaile Ghib agus ceithre dhuine dhéag as pobal Ráth Chairn (CPTGM, 2018: 2). Toghadh Comhairleoir Pleanála Teanga, Coiste agus Cathaoirleach agus ainmníodh an Comharchumann mar cheanneagraíocht.<sup>4</sup> Ceapadh Oifigeach Pleanála Teanga i mí Eanáir 2019.

### Léargais agallaithe

Ach an oiread le taighde sóisialta ar bith, bhí léargais shonracha le tabhairt faoi deara in insintí éagsúla na rannpháirtithe sa taighde seo. Deir Hannah Ní Dhoimhín (2019) gurb iad difríochtaí spásúla i leagan amach an LPT idir Ráth Chairn agus Baile Ghib a chruthaíonn an chuma gur ‘oileáin’ iad an dá cheantar i nGaeltacht na Mí, rud lena n-aontaíonn Dáithi Mac Cárthaigh (2019) agus Hannah Ní Bhaoill (2019). Dar le Ní Dhoimhín (2019) go dteastaíonn teacht le chéile idir an dá áit, rud nach bhfuil ann go nádúrtha agus nach bhfuil ach ina phlean amháin. Dar léi go bhfuil difríochtaí sochtheangeolaíocha le tabhairt faoi deara idir an dá áit (Ní Dhoimhín, 2019). Deir sí go labhraíonn níos mó daoine an Ghaeilge go laethúil i Ráth Chairn ná i mBaile Ghib; gurb í Ráth Chairn áit na meánscoile lán-Ghaeilge, 10 míle ó Bhaile Ghib, agus go bhfuil áit lárnach don phobal i Ráth Chairn – rud a chruthaíonn deacracht le tarraingt le chéile an dá phobal (Ní Dhoimhín, 2019). Is fiú a lua, áfach, go bhfuil meánscoileanna eile níos gaire do Bhaile Ghib ach dá mbeifí ag iarraidh fanacht sa chóras oideachais Gaeltachta, chaithfí taisteal go Ráth Chairn.

Aontaíonn Ní Bhaoill (2019) gur dúshlán é cruinnithe a eagrú idir an dá áit. Tá sé níos fusa plean a chur i bhfeidhm i Ráth Chairn ná i mBaile Ghib ó tharla go bhfuil an coiste stiúrtha lonnaithe ann, chomh maith le Comharchumann láidir agus foirgneamh faoi leith faoina chúram. Dar léi nach bhfuil fáil ar áit dá leithéid i mBaile Ghib, go bhfuil sé deacair teacht ar halla agus nach raibh coiste Gaeilge ann go dtí le fíorghairid (Ní Bhaoill, 2019). Admhaíonn sí go gcruthaíonn sé sin dúshlán le himscaradh na n-acmhainní. Tuigeann sí gurb é nádúr na teanga é go mbeadh difríochtaí sochtheangeolaíocha le tabhairt faoi deara idir dhá cheantar atá scartha amach óna chéile. Bíodh is go bhfuil na ceantair gar dá chéile ní hé go mbíonn siad mar an gcéanna go sochtheangeolaíoch (Ní Bhaoill, 2019).

2017: 4; Grant, 2018). Tá dlús daonra de 0.023 duine don chiliméadar cearnaithe i nGaeltacht na Mí. Is buntáiste do LPT Ghaeltacht na Mí gurb é an t-aoisghrúpa is mó ná an grúpa idir 0 agus 19 mbliana d’aois – 30.5% (CPTGM, 2018: 4; ). Tá tromlach na ndaoine os cionn 65 bliana in Uíbh Ráthach (Grant, 2018).

4 Bunaíodh an Comharchumann i Ráth Chairn i 1973 ‘le cúram a dhéanamh de ghníomhaíochtaí éagsúla agus d’fhorbairt pobail sa gceantar’ (CPTGM, 2018: 2).

Deir Dáithí Mac Cárthaigh (2019) go bhfuil líon na gcainteoirí chomh híseal sin i mBaile Ghib gurb í atógáil atá i gceist. Deir sé gur réachtáladh cruinnithe dátheangacha ag an tús i mBaile Ghib dá bharr.

Bhain cúinsí stairiúla le staid na teanga san LPT. Luann Mac Cárthaigh (2019) gur meascadh daoine le canúintí éagsúla le chéile ón tús agus go raibh muintir na Mí féin ina measc, rud lena n-aontaíonn Hannah Ní Bhaoill:

I Ráth Chairn mar is eol duit féin, tháinig na teaghlaigh as Conamara agus cineál bhí aithne acu ar a chéile nuair a tháinig siad anseo agus go leor acu bhí gaol eatarthu agus iad ag teacht anseo agus ar an ábhar sin naisc siad níos fearr ...agus i mBaile Ghib bhi sé iontach éagsúil, bhí dreamanna ann ó Thír Chonaill, Maigh Eo, Kerry, Corcaigh fiú, agus bhí sé i bhfad níos deacra acu sin ó thaobh canúintí agus fiú ní raibh an aithne acu ar a chéile ach oiread, bhí sé níos deacra an pobal sin a chothú (Ní Bhaoill 2019).<sup>5</sup>

In ainneoin na ndúshlán atá le sárú sa limistéar, aithníonn na rannpháirtithe go gcuireann an próiseas go leor deiseanna ar fáil chun an dá phobal a tharraingt le chéile. Déanfar naíonra a athbhunú i mBaile Ghib (CPTGM, 2018: 52). Mura mbunaítear naíonra lán-Ghaeilge ann, beidh ag teip ar an bpróiseas pleanála teanga go hiomlán dar le Dáithí Mac Cárthaigh (2019). Táthar ag súil go mbeidh comhoibriú idir na Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus na tuismitheoirí/caomhnóirí a oibríonn iontu (CPTGM, 2018: 52).<sup>6</sup> Cuimsíonn sé sin naíonraí, naíolann Ghaeltachta agus sruth seirbhísí Gaeilge eile (CPTGM, 2018: 84). Is le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta<sup>7</sup> a bhunófaí naíonra agus naíolann Ghaeltachta i mBaile Ghib (CPTGM, 2018: 84). Moltar na nithe seo a leanas a chur ar bun agus a dhéanamh: club iarscoile sa dá áit a fheidhmíonn go rothlach, grúpaí a thacódh le tuismitheoirí ar bheagán Gaeilge go neamhfhoirmeálta (CPTGM 2018: 87, 91), páirc spraoi in áit lárnach chun an Ghaeilge a choinneáil in uachtar, an oiread Gaeilge agus is féidir a úsáid, comhspás sóisialta, teagmháil idir clubanna sna ceantair, bus aisfhillte idir an dá áit a chruthódh nasc láidir eatarthu, club leabhar sa dá áit, ceithre scoláireacht Ghaeltachta iomlána agus ceithre leathscoláireacht Ghaeltachta a leithdháileadh go cothrom idir an dá áit, agus an Ghaeilge a chur chun cinn tríd an gCumann Lúthchleas Gael (CPTGM, 2018: 93, 96, 97, 101, 105, 117, 120, 135).

Is dúshlán mór é ceantar amháin a atógáil le Gaeilge, agus ceantar eile a chothú go comhuaineach. Dar le Ní Bhaoill (2019) go gcuireann sé an-dua ar imscaradh na n-acmhainní. D'fhéadfaí cleachtais LPTanna eile atá roinnte ar an gcaoi chéanna a thógáil mar eiseamláirí,

5 Tagraíonn Hindley (1990: 131) do mheascán canúintí i measc inimirceach i nGaeltacht na Mí nach raibh chun leas an phobail.

6 Is iad Baile Átha Buí agus An Uaimh na bailte seirbhíse don Limistéar de réir Acht na Gaeltachta 2012 a sholáthraíonn rochtain ar sheirbhísí sláinte agus eile (CPTGM, 2018: 10).

7 Soláthraíonn Comhar Naíonraí na Gaeltachta 'seirbhísí luathbhlianta as Gaeilge sa Ghaeltacht'. Tuilleadh eolais ag: <http://www.comharnaionrai.ie/>.

mar shampla, Limistéar Pleanála Teanga Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh. Maidir leis an LPT áirithe sin, cruthaíonn sé deacrachtaí don Oifigeach Pleanála Teanga go dtiteann an dá cheantar faoi scáth an LPT céanna ó tharla gur beag ceangal sóisialta atá eatarthu i bhfianaise sléibhte agus lochanna a bheith á scaradh óna chéile (PTCDS, 2018: 6). Tá an triúr rannpháirtithe ar aon fhocal i dtaobh na feasachta a d'fhéadfaí a mhúscailt in LPT Ghaeltacht na Mí a rachadh chun tairbhe an phróisis ag leibhéal an phobail (Ní Dhoimhín, 2019; Mac Cárthaigh, 2019; Ní Bhaoill, 2019).

### **Téama a dó: Dúshlán agus deiseanna leis an gCoiste Stiúrtha**

Míníonn Ní Dhúda (2014: 17) ról an choiste stiúrtha i gcomhthéacs na pleanála teanga ag an micrileibhéal.<sup>8</sup> Molann sí go dtoghfaí coiste stiúrtha de bhaill (8–12 ball) ionadaíocha ó réimsí éagsúla sa cheantar. D'oibreoidís mar pháirtithe leasmhara a mbeadh rannpháirtíocht acu i gcinntí caiteachais i gcomhar leis an Oifigeach Pleanála Teanga.

Tá an rannpháirtíocht ina cloch choirnéil faoin bpróiseas. Ar an ábhar sin, deir an saineolaí Mac Giolla Chríost an méid seo:

*the negotiation of the sustainability of threatened languages would become a matter of shared ownership and responsibility for agents in the public, the private and the voluntary and community sectors alike. (2006: 248).*

Tá, de réir phlean teanga Ghaeltacht na Mí, ról leanúnach ag an gcoiste stiúrtha, go n-athshaineofaí a ról 'lena gcur in oiriúint don obair' agus go n-earcófaí baill nua ag cruinniú cinn bhliana (CPTGM: 8). Deir Hannah Ní Bhaoill (2019) gur obair leanúnach í an phleanáil teanga agus nach dtiocfaidh deireadh le ról an choiste nuair a cheapfar an tOifigeach Pleanála Teanga.<sup>9</sup> Dar le Ní Bhaoill (2019) go bhfuil gá go leantar ar aghaidh agus go mealltar daoine nua le freastal ar chruinniú cinn bhliana. Dar léi go raibh obair chrua le déanamh leis na suirbhéanna agus leis an mbuntaighde ag an tús – ag dul ó dhoras go doras (Ní Bhaoill, 2019). Dearbhaíonn sí go réitíonn sí go maith leis an gcoiste agus go n-eagraítear cruinnithe uair sa mhí chun cúraimí a phlé (Ní Bhaoill, 2019). Molann sí go bhfreastalódh líon ionadaíoch ball ar na cruinnithe (Ní Bhaoill, 2019). Tuigeann sí go bhfuil baill den choiste ag obair go lánaimseartha agus go bhfuil a lán coistí ann (Ní Bhaoill, 2019). Dar léi go mbíonn baill sásta glacadh le moltaí úra agus go mbíonn ceisteanna faoin airgead acu, mar aon léi féin, ar ghá iad a shoiléiriú (Ní Bhaoill, 2019).

8 Is próiseas ag an micrileibhéal í an phleanáil teanga atá bunaithe 'ar chur chuige daonlathach rannpháirtíoch' ag leibhéal an phobail (Ní Dhúda, 2018: 6).

9 Pléann Ní Dhúda ceist an leanúnachais, mar shampla: 'Moltar do thaighdeoirí muintearas a chothú le muintir na háite ach spás a aimsiú chun machnamh criticiúil a dhéanamh go leanúnach (Ní Dhúda, 2014: 25).

Luann Mac Cárthaigh (2019) go bhféadfadh ualach a bheith ar mhuintir na háite. Tá an tuairim seo ag teacht leis an méid a deir Ó Giollagáin:

*But at the same time the State expects the least-resourced branch of the state sector, local co-ops and community councils, to draft language plans, albeit under the supervision of Údarás na Gaeltachta (the Gaeltacht Act 2012: (§2.7(6)). This has the appearance of weak leadership in that the strong are subcontracting language planning responsibilities, which require 'knowledge and experience, to the lowest rung on the ladder, without providing the resources to succeed in this endeavor (2014b: 109).*

Deir Hannah Ní Dhoimhín (2019), Comhordaitheoir Pleanála Teanga le hÚdarás na Gaeltachta, go soláthraíonn an tÚdarás comhairle agus tacaíocht don Oifigeach Pleanála Teanga. Dar léi go bpléitear cúrsaí maoinithe agus pleanála agus dearbhaíonn sí go bhfuil roinnt mhaith acmhainní ann don phróiseas (Ní Dhoimhín, 2019).

Oibríonn an coiste ar bhonn deonach mar nasc idir an Cheanneagraíocht agus an tOifigeach Pleanála Teanga. Sa mhúnla comhpháirtíochta seo, tá an coiste páirteach i gcinntí caiteachais agus inmharthanachta. Tá an coiste ina phríomhúinéir ar chúig bheart é féin: Coiste Pleanála Teanga na nÓg; Fostaíocht trí Ghaeilge; Seirbhísí Stáit; Club Leabhar; agus, Ciste Lánroghnach (CPTGM, 2018: 129). Cur chuige daonlathach rannpháirtíoch 'fréamhaithe ag micrileibhéal an phobail' a mholann Ní Dhúda (2014: 6) chun próiseas na pleanála teanga a chur ag obair go háitiúil. Is chuige sin a mholtar an Coiste Stiúrtha chun glór a thabhairt don phobal i gcur i bhfeidhm an phróisis. Comhthreomhar leis sin, cuireann Údarás na Gaeltachta tacaíocht agus saíneolas ar fáil don choiste agus don Oifigeach Pleanála Teanga agus iad i mbun oibre. De bharr a sholúbtha is atá an córas seo, ligeann sé cead don earnáil dheonach ról gníomhach dearfach a ghlacadh chuici féin freisin. D'fhéadfadh go n-éireodh thar barr leis an gcur chuige seo, ach faoi mar a deir na rannpháirtithe, tá rath an phróisis ag brath ar bhaill nua fuinniúla a bheith ag glacadh páirte in imeachtaí an choiste go leanúnach agus in imeachtaí na pleanála teanga trí chéile. Léiríonn an méid sin an laige a aithníonn Ó Giollagáin (2014b: 109) sa chóras; is é sin go bhfuil freagracht i bhfad róthrom leagtha ar na coistí áitiúla, dar leis.

### **Téama a trí: Dúshlán agus deiseanna le cúrsaí pleanála áitiúla**

Deir Ní Dhoimhín (2019) go bhfuil seirbhísí sóisialta poiblí de dhíth ar phobal ar bith agus ar phobail Ghaeltachta go háirithe, seirbhís leathanbhanda agus córas tithíochta san áireamh. Deimhníonn an triúr agallaithe go gcaithfeadh go mbeadh 'coinníoll láidir teanga' curtha le haon chead pleanála i nGaeltacht na Mí (Ní Dhoimhín, 2019; Mac Cárthaigh, 2019; Ní Bhaoill, 2019). Deir Ní Dhoimhín (2019) agus Mac Cárthaigh (2019) go gcaithfeadh go mbeadh cainteoirí gníomhacha Gaeilge ina gcónaí san LPT.

Dar le Mac Cárthaigh (2019) go mbíonn cúraimí pleanála ann don duine a chónaíonn taobh istigh de theorainneacha an Limistéir Phleanála Teanga. Labhair sé ar chlár teilifíse *Timpeall na Tíre* faoin dochar a d'fhéadfadh forbairt tithíochta mí-oiriúnach a dhéanamh don cheantar (Mac Cárthaigh, 27 Aibreán 2019). Cuireadh iarratas conspóideach faoi bhráid Chomhairle Contae na Mí, a bhain le forbairt i lár Ráth Chairn. Ba í an imní a bhí ar Ní Bhaoill (2019) i dtaobh na forbartha sin ná gur tithe móra a bheadh á dtógáil i lár na Gaeltachta murab ionann agus tithe inacmhainne.<sup>10</sup> Deir Mac Cárthaigh (2019) agus Ní Bhaoill (2019) go dtugtar 'buille tubaisteach' don teanga nuair a thagann daoine aonteangacha Béarla isteach a chuireann coibhneas teanga trína chéile. Luann Mac Cárthaigh (2019) go bhfuil áiteanna i Ráth Chairn ina bhfuil an coibhneas teanga 'bun os cionn' ó tharla gur díoladh tithe le daoine aonteangacha Béarla. Aontaíonn Ní Bhaoill (2019) agus Ní Dhoimhín (2019) go gcaithfeadh go mbeadh sé de dhualgas ar Chomhairlí Contae rialacha a chur i bhfeidhm i dtaobh cead pleanála sna Gaeltachtaí.

Riarann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 10(2) (m) ceist na pleanála ina bhfágтар cúrsaí pleanála faoin gComhairle Contae.<sup>11</sup> Luann Mac Cárthaigh (2019) gur cuireadh coinníollacha teanga i bhfeidhm i mBearna, i Maigh Cuilinn agus sa Rinn de bharr fadhbanna pleanála sna Gaeltachtaí sin. Baineann coinníoll teanga sonracha le forbairtí tithe príobháideacha i bPórt Láirge ina bhfuil seasca faoin gcéad de thithe leithroinnte dóibh siúd a bhfuil líofacht na Gaeilge acu (*Waterford Development Plan: 155*).<sup>12</sup> Tá 'clásal feidhme teanga' i bPlean Chontae na Gaillimhe – roinntear tithe ar bhonn úsáid laethúil na teanga (*Galway Development Plan: 60*).<sup>13</sup> Bhainfeadh critéir le coinníoll teanga. Luann Mac Cárthaigh (2019) dá gcuirfí leibhéal B2 de *Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha* i bhfeidhm mar riachtanas do chead pleanála agus dá scaoilfí daoine isteach ar an mbonn sin, go mbeadh sé sin ina rud deimhneach don teanga i nGaeltacht na Mí. Deir Ní Bhaoill (2019) gurbh é leibhéal an Teastais Shóisearaigh a bheadh mar shlat tomhais. Dar le Mac Cárthaigh (2019)

10 Ba é an t-iarratas a chuir Colm Ó Griofa isteach ná (a) teach aíochta trí stór ar an gcúinne (30 seomra leapa le seomraí folctha) a thógáil le seomraí comhdhála/cruinnithe; páirceáil choimhdeach le rochtain/amach ar an dá bhóthar agus (b) forbairt chonaitheach a chuimsíonn 28 teach aon stór go leith ([meath.ie/council/planning](http://meath.ie/council/planning); Rathcairn Co. Na Mí KA/190433 12/04/2019 21/11/2019).

Diúltaíodh don iarratas 18.12.19 mar nach raibh coinníollacha do spás poiblí (15%) 'comhlionta' ach gan aon cheist faoi chaomhnú na teanga dar le Ó Cróinín a labhair ar son Chomharchumann Ráth Chairn (*Adhmhaidin*, 19.12.19).

11 Faoin Acht sin, fágтар Cúrsaí Pleanála faoi gComhairle Contae. Pléitear an Ghaeltacht ar leathanaigh 209-210.

12 *Furthermore the Planning Authority shall attach a linguistic condition, where necessary, for private housing developments requiring that 60% of the total residential element shall be restricted to ownership by persons who have demonstrated to the Planning Authority a reasonable fluency in the Irish language.*

13 *A Language Enurement Clause will be applied on a portion of residential units in developments of two or more units. The proportion of homes to which a Language Enurement Clause applies will be a minimum of 80% (rounded up) or to the proportion of persons using the Irish Language on a daily basis, in accordance with the latest published Census whichever is the greater.*

gurb í an tslat tomhais a úsáidtear sa Rinn, áit inar ceannaíodh tithe ar thalamh an Údaráis, i dtaobh cead pleanála na Gaeltachta ná go gcaithfidh 60% den phobal a bheith ina chainteoirí laethúla Gaeilge agus go gcuirfí 40% de na tithe a thógfar ar leataobh do mhuintir na háite.

Deirtear i bPlean Chontae na Mí go n-aithnítear go bhféadfadh dochar a dhéanamh do ‘*use, visibility and status of the Irish language*’ le ‘forbairtí cónaithe nua’ (*Meath County Development Plan: 558*). Admhaíonn Ní Bhaoill (2019) agus Mac Cárthaigh (2019) go bhfuil comhlíonadh dualgas i leith tithíochta agus fiontraíochta in LPT Ghaeltacht na Mí ina chúis imní dóibh.<sup>14</sup> Beartaíodh sa Phlean Teanga go mbeadh comhordú agus comhoibriú idir an plean teanga agus Comhairle Contae na Mí, go mbeadh cruinnithe rialta agus Fóram Fiontraíochta ann agus go bhfostófaí Oifigeach Gaeilge sa Chomhairle Contae (CPTGM: 123). Tá éiginnteacht ag baint leis seo fós ach beifear ag súil go gcothófaí níos mó muiníne sa chóras cead pleanála i nGaeltacht na Mí má bhíonn coinníoll teanga á éileamh.

## Conclúid

Tá dúshlán agus deiseanna i bpróiseas na pleanála teanga go háitiúil i Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí. Is dúshlán faoi leith é imscaradh na n-acmhainní idir ceantar láidir Gaeilge agus ceantar lag Gaeilge atá scartha óna chéile. D’fhéadfadh eiseamláirí LPTanna eile a thógáil san áireamh. Táthar ag dul i ngleic leis an dúshlán seo le beartais áirithe ag leibhéal an phobail, faoi stiúir an Oifigigh Phleanála Teanga, chun na háiteanna a tharraingt le chéile: clubanna, grúpaí tacaíochta, comhspásanna, bus aisfhillte agus idirghníomhaíochtaí eile.

Is é an dara dúshlán ná acmhainní daonna a bhainistiú, rud a chuimsíonn an obair dheonach chomh maith (Ó Giollagáin, 2014b: 109; Mac Giolla Chríost, 2006: 248). Deimhníodh go mbeidh tacaíocht, comhairle, saineolas agus aiseolas le fáil ó Údarás na Gaeltachta. Tá deiseanna sa phróiseas ach caithfear an leanúnachas a choinneáil trí idirphlé bisiúil fóna a chothú idir an coiste stiúrtha, an tOifigeach Pleanála Teanga agus Údarás na Gaeltachta.

Is é an tríú dúshlán atá ann ná cúrsaí pleanála i dtaobh tithíochta san LPT a d’fhéadfadh an coibhneas teanga a chur as a riocht. Tá deiseanna níos mó muiníne a chruthú le coinníoll láidir teanga sa chead pleanála ag leibhéal na Comhairle Contae. D’fhéadfadh nósanna imeachta in LPTanna eile a thógáil mar eiseamláirí. Moltar caighdeán TEG a chur leis an gcoinníoll teanga ar a laghad mar rud deimhneach don teanga chun an creimeadh a sheachaint. Is rud dearfach é go n-aithníonn an Chomhairle Contae go bhféadfadh tithíocht mhíchuí dochar a dhéanamh do LPT.

14 Ar an ábhar sin, d’fhéadfaí a rá go bhfuil creimeadh ar chumhachtaí rialtais áitiúil ar siúl. Luann Colgan san *Irish Times*: ‘It is at our peril that we allow a creeping centralisation to restrict and reduce local autonomy’ (*The Irish Times*: 2 Dec 2019).

## Leabharliosta

### Leabhair

An Roinn Cultúir, Oidhreacht & Gaeltachta, (2018) *Treoirlínte Pleanála Teanga*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Bryman, A., (2016) *Social research methods*. Oxford: Oxford University Press.

Drever, E., (1995) *Using Semi-Structured Interviews in Small-Scale Research: A Teacher's Guide*. Glasgow: Scottish Council for Research in Education.

Hindley, R., (1990) *The Death of the Irish Language*. London: Routledge.

Ní Dhúda, L., (2014) *Roghanna: Lámhleabhar Eolais faoin bPleanáil Teanga*. Glór na nGael: Baile Átha Buí. Le fáil ag: DOI: 10.1075/lplp.38.2.01gio.

Ó Cuív, B., (1951) *Irish dialects and Irish-speaking districts: three lectures*. Dublin: DIAS.

Ó Riagáin, P., (1997) *Language policy and social reproduction: Ireland 1893–1993*. Dublin: Clarendon Press.

### Ailt

Farrell, J.M., Johnston, M.E. & Twynam, G.D., (1998) 'Volunteer motivation, satisfaction, and management at an elite sporting competition.' *Journal of Sport Management*, 12(4), 288–300.

Grant, S., (2019) 'Léirmheas ar Phlean Teanga Uíbh Ráthaigh.' *Léann Teanga: An Reiviú*, 29–39.

Hamel, G., Prahalad, C.K., (1989) 'Strategic Intent.' *Harvard Business Review*.

Mac Aonghusa, C., (1985) 'Gaeltacht Ráth Cairn.' *Comhar*, 44(4), 4–7.

Mac Donnacha, J., (2000) 'An integrated language planning model.' *Language Problems and Language Planning*, 24(1), 11–35.

- Mac Giolla Chríost, D., (2006) 'Micro-level Language Planning in Ireland.' *Language Planning in Local Contexts*, 75–93.
- Morgan, G., (2001) 'Welsh: A European Case of Language Maintenance.' *The Green Book of Language Revitalization in Practice*, 107–118.
- Norris, M.J., (1998) 'Canada's aboriginal languages.' *Canadian Social Trends*, 51(36), 19–27.
- Ó Giollagáin, C., (2014) 'From Revivalist to Undertaker: New developments in official policies and attitudes to Ireland's "First Language".' *Language Problems & Language Planning*, 38 (2), 1.
- Ní Dhúda, L., (2017) 'Language management and language managers: who are the Irish language managers in Breacbhaile?' *International Journal of Sociolinguistics*. 217–43.
- Ó hIfearnáin, T., (2009) 'Irish-speaking society and the state.' Ball, M.J. & Müller (eag.) *The Celtic Languages*. Routledge Language Family Descriptions, 2<sup>nd</sup> ed. (1993). London, New York: Routledge. 539–86.
- Ó Laoire, M., (2005) 'The Language Planning Situation in Ireland.' *Current Issues in Language Planning*, 6(3), 251–314.
- Opdenakker, R., (2006) 'Advantages and disadvantages of four interview techniques in qualitative research.' *Forum qualitative sozialforschung/forum: Qualitative social research*, 7(4).
- Walsh, J., (2012) 'Sainiú na Gaeltachta agus an Rialachas Teanga.' Ó hIfearnáin, T. & Ní Neachtain, M. (eag.) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*. Baile Átha Cliath: Cois Life. 177–94.
- Zainal, Z., (2007) 'Case study as a research method.' *Jurnal Kemanusiaan*, 5(1).

## Tráchtais

- Pegley, S., (2007) *The Development and Consolidation of the Gaeltacht Colony Rath Cairn, Co. Meath 1935-1948*. Tráchtas Dochtúireachta. Ollscoil Mhá Nuad.

## **Reachtaíocht an Oireachtais agus Ionstraimí Reachtúla**

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

### **Agallaimh**

Ní Dhoimhín, H., (2019) Agallamh le Hannah Ní Dhoimhín, 19 Meitheamh.

Mac Cárthaigh, D., (2019) Agallamh le Dáithí Mac Cárthaigh, 4 Iúil.

Ní Bhaoill, H., (2019) Agallamh le Hannah Ní Bhaoill, 15 Iúil.

### **Clár Raidió**

Ó Cróinín, E., (2019) 'Adhmhaidin', RTÉ Raidió na Gaeltachta, 19 Nollaig.

### **Clár Teilifíse**

Mac Cárthaigh, D., (2019) 'Timpeall na Tíre', TG4, 27 Aibreán.

## **Pleananna Teanga**

Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga Dúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic

Éadaigh: <http://www.discoverjoycecountry.com/wp-content/uploads/2017/10/Dre%CC%81acht-10-10-17.pdf>

Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí (CPTGM) [http://www.](http://www.udas.ie/wp-content/uploads/2019/02/Plean-Teanga-do-Limist%C3%A9ar-Plean%C3%A1la-Teanga-Ghaeltacht-na-M%C3%AD-05.07.18-)

[udas.ie/wp-content/uploads/2019/02/Plean-Teanga-do-Limist%C3%A9ar-Plean%C3%A1la-Teanga-Ghaeltacht-na-M%C3%AD-05.07.18-](http://www.udas.ie/wp-content/uploads/2019/02/Plean-Teanga-do-Limist%C3%A9ar-Plean%C3%A1la-Teanga-Ghaeltacht-na-M%C3%AD-05.07.18-)

Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga Ghaoth Dobhair, Anagaire, Rann na Feirste

agus Loch an Iúir: <http://mptiarthuaiscirt.ie/wp-content/uploads/2016/12/>

## **Pleananna Forbartha na gContaetha**

<https://consult.meath.ie/en/consultation/meath-draft-county-development-plan>

[https://www.meath.ie/council/council-services/planning-and-building/  
planning-permission/view-or-search-planning-applications](https://www.meath.ie/council/council-services/planning-and-building/planning-permission/view-or-search-planning-applications)

<https://meathcountydevelopmentplan.files.wordpress.com/2011/01/rathcairn-written-statement.pdf>

<https://meathcountydevelopmentplan.files.wordpress.com/2011/01/meath-county-development-plan-2013-2019-consolidated-version-december-2016.pdf>

[file:///C:/Users/pc%20owner/Desktop/Gaeltacht%20LAP%202008%20-2018%20  
\(Amended%2025%20March%202013\).pdf](file:///C:/Users/pc%20owner/Desktop/Gaeltacht%20LAP%202008%20-2018%20(Amended%2025%20March%202013).pdf)

[http://www.waterfordcouncil.ie/media/plans-strategies/development-plan/county/  
Volume%201%20-%20Written%20Statement/Chapter%209.pdf](http://www.waterfordcouncil.ie/media/plans-strategies/development-plan/county/Volume%201%20-%20Written%20Statement/Chapter%209.pdf)

## **Foinsí eile**

[https://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/population/2017/  
Caibidil\\_7\\_An\\_Ghaeilge\\_agus\\_An\\_Ghaeltacht\\_nuashonr%C3%BA.pdf](https://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/population/2017/Caibidil_7_An_Ghaeilge_agus_An_Ghaeltacht_nuashonr%C3%BA.pdf)

[https://www.irishtimes.com/opinion/letters/  
why-we-need-to-protect-local-government-1.4099727](https://www.irishtimes.com/opinion/letters/why-we-need-to-protect-local-government-1.4099727)

<http://www.irishstatutebook.ie/eli/2000/act/30/section/10/enacted/en/html#sec10>





## **Ag cothú na foghlama teanga éifeachtaí i gcás shealbhú an TX sa chóras oideachais: Cás na Gaeilge**

*Karen Ní Chlochasaigh*

<https://doi.org/10.13025/405r-3h45>

### **Réamhrá**

Pléitear san alt seo na toscaí atá aitheanta i dtaighde na teangeolaíochta feidhmí a bhaineann le bunphrionsabail an tsealbhaith teanga agus le sealbhú éifeachtach an dara teanga chomh maith le taighde ar mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge i meánscoileanna na hÉireann. Cé go ndírítear go minic ar an droch-chaighdeán, na deacrachtaí agus na dúshláin a bhíonn ag foghlaimoirí na Gaeilge, is mithid díriú ar an taobh eile den mheá a bhaineann leis an dea-fhoghlaim agus foghlaimoirí teanga a chumasú ina gcuid foghlama. Féachtar ar na cúinsí indibhidiúla a mbíonn tionchar acu ar an bhfoghlaim rathúil teanga agus a thugann léargas ar na difríochtaí a mhaireann idir foghlaimoirí mar thoscaí ratha. Aithnítear go láidir go bhfuil feasacht maidir leis na bunphrionsabail a ghabhann leis an sealbhú teanga riachtanach sa phleanáil sealbhaith agus i gcúrsaí teagaisc agus foghlama teangacha. Cuireann an t-alt seo roimhe, sonraí a chur ar fáil bunaithe ar mhórstaidéar ar foghlaimoirí éifeachtacha na Gaeilge ar an dara leibhéal agus ar chur i bhfeidhm na dtorthaí taighde chun sealbhú na Gaeilge a chur chun cinn ar bhonn níos éifeachtaí.

### **Cúinsí Indibhidiúla an fhoghlaimora aonair agus an dea-fhoghlaimoir teanga**

Ní mar a chéile a fhoghlaimíonn aon bheirt teanga agus tá a p(h)róifíl teanga féin ag gach foghlaimoir. Cé go nglactar leis i gcás shealbhú an dara teanga go gcuimsíonn an téarma T<sub>2</sub> go bhfuil T<sub>3</sub>, T<sub>4</sub> srl. san áireamh, cuireann Deweale (2017) coincheap an TX i láthair mar

aon teanga a shealbhaítear anuas ar an máthairtheanga i ndiaidh aois a trí ag aon leibhéal cumais. Áitíonn sé go bhfuil an déscaradh T<sub>1</sub> agus TX úsáideach mar go bhféadfadh leis an TX tagairt a dhéanamh do phróifíl theangeolaíoch an duine ag leibhéal chumais éagsúla. Baintear úsáid as an téarma TX san alt seo ar an gcúis go bhfuil tírdhreach teangeolaíoch na hÉireann tar éis athrú go suntasach le blianta a chiallaíonn go bhfuil próifíl theangeolaíoch an fhoghlaimeora tar éis athrú leis.

Aithnítear fachtóirí éagsúla i litriocht na teangeolaíochta feidhmí a mhíníonn na difríochtaí a mhaireann idir foghlaimeoirí éagsúla agus na bealaí éagsúla chun na foghlama teanga a bhíonn acu i gcás shealbhú an dara teanga nó an TX. Cúinsí indibhidiúla a thugtar ar na difríochtaí úd ina gcuimsítear inniúlacht, inspreagadh, meon, aois, inscne, cúlra an fhoghlaimeora, straitéisí foghlama, tréithe pearsantachta agus mothúchánacha (Cook & Singleton, 2014; Dörnyei & Skehan, 2003; Dörnyei 2005, 2009; Dörnyei & Ryan, 2015; Robinson, 2002; Skehan, 1991). Bíonn tionchar nach beag ag cúinsí indibhidiúla ar shealbhú an dara teanga agus aithnítear iad mar thoscaí ratha chun an fhoghlaim éifeachtach teanga a thuar agus a thomhas.

Tosaíodh ag léiriú spéise san fhoghlaimeoir aonair sna 70aidí i dtaighde na teangeolaíochta feidhmí agus léiríodh suim ach go háirithe san fhoghlaimeoir a n-éiríonn leis an dara teanga a shealbhú go héifeachtach (Rubin, 1975; Naiman *et al.*, 1978; Griffiths, 2008, 2018). Fuarthas amach go mbaineann cúinsí indibhidiúla i bpróifíl an fhoghlaimeora aonair go mór leis an scéal agus go mbíonn tionchar ag cúinsí ar leith ar an sealbhú éifeachtach teanga. D'aithin Rubin (1975) tréithe comónta áirithe a bhain le foghlaimeoirí éifeachtacha teanga, cuir i gcás go mbíonn an dea-fhoghlaimeoir teanga sásta dul sa seans, buille faoi thuairim a thabhairt agus deiseanna úsáide a thapú (Féach Ó Laoire & Ní Chlochasaigh, 2010 don liosta cuimsitheach). Fuarthas amach i mórstaidéar Naiman *et al.* (1978) nach bhfuil aon oideas ann i gcomhair na dea-fhoghlama, ach go raibh baint mhór ag na straitéisí foghlama ar bhain foghlaimeoirí úsáid astu leis an rath foghlama, chomh maith le cúrsaí inspreagtha agus pearsantachta.

Tá de bhuntáistí ag na staidéir ar an bhfoghlaim éifeachtach agus na cúinsí a chuireann léi, go gcuireann siad eolas agus léargas ar fáil faoi na bealaí éifeachtacha foghlama a tharraingíonn foghlaimeoirí chucu féin ar an aistear foghlama teanga. Is féidir an t-eolas seo a roinnt le foghlaimeoirí le hiad a chumasú, le gur féidir leo freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama féin. Is díol spéise é gur tosaíodh ar an taighde ar an dea-fhoghlaimeoir teanga le linn na 70aidí go hidirnáisiúnta ach go bhfuil béim curtha ar an ábhar arís le blianta beaga anuas (Griffiths, 2008) agus den chéad uair in Éirinn (Ní Chlochasaigh, 2014). Tá tréithe an dea-fhoghlaimeora teanga tráthúil mar ábhar anois i gcomhthéacs na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí a bhfuil sé mar aidhm iontu aghaidh a thabhairt ar roinnt de na dúshláin a bhaineann le Gaeilge a shealbhú sa chóras oideachais, an fheasacht teanga agus chultúrtha a fhorbairt agus turas sealbhaithe an fhoghlaimeora aonair a threorú.

Cé go n-aithnítear cúinsí indibhidiúla éagsúla i litríocht na teangeolaíochta feidhmí a chuireann leis an sealbhú teanga éifeachtach, tabharfar léargas anseo ar na cúinsí is mó forbartha sa ghort, sé sin cúrsaí inspreagtha agus úsáid straitéisí foghlama.

### **Inspreagadh**

Tá dhá chineál inspreagtha ann de réir theoiric Gardner & Lambert (1972), an t-inspreagadh feidhmiúil chun gnóthachtáil acadúil nó gairmiúil a bhaint amach agus an t-inspreagadh imeastha chun a bheith mar chuid de phobal na teanga. Rinneadh forbairt ar an gcoincheap ó shin ina n-aithnítear go bhfuil tírdhreach an inspreagtha níos casta ná seo i gcásanna ar leith agus nach bhfuil an coincheap iomlán ábhartha do chomhthéacs na mionteanga. Tosaíodh ag tabhairt airde ar fhorbairtí i ngort na síceolaíochta chun teacht ar thuiscintí maidir le hinspreagadh an duine aonair mar fhoghlaiméoir teanga. Tá teoiric shoch-chultúrtha forbartha ag D rnyei (2005) ar a dtugtar *'the possible selves' theory* atá mar chuid den *'L2 Motivational Self System'* ina bhfuil an *'ideal self'* agus an *'ought-to self'* mar chineálacha inspreagtha ann. Tiomáineann fis idéalach an *'ideal-self'* inar bhreá le foghlaiméoir spriocanna idéalacha a bhaint amach, cuir i gcás é féin a chur in iúl go cumasach sa sprioctheanga. Is iad braistintí gur cheart don fhoghlaiméoir sprioc áirithe a bhaint amach a stiúran an *'ought-to-self'*. Tá an tríú cuid den chóras inspreagtha bainteach leis an tionchar a bhíonn ag an timpeallacht foghlama ar an inspreagadh, cuir i gcás an múinteoir, an curaclam, piarfhoghlaiméoirí sa ghrúpa agus taithí ar an rath foghlama. Meastar córas inspreagtha D rnyei (2005), D rnyei & Ushioda (2009) (*L2 Motivational Self System*) a bheith éifeachtach chun tuiscint a fháil ar réimse níos leithne d'inspreagadh an fhoghlaiméora teanga aonair a chuimsíonn tuiscintí ar theoiricí fadbhunaithe agus ar na forbairtí is rídhéanaí.

### **Straitéisí Foghlama**

Aithnítear an dlúthbhaint atá ag úsáid straitéisí foghlama leis an sealbhú éifeachtach teanga agus go mbaineann foghlaiméoirí maithe úsáid leathan as straitéisí foghlama san fhoghlaim rathúil teanga (Griffiths, 2018: 150). Níl taighdeoirí ná teangeolaithe ar aon intinn faoin sainmhíniú is fearr a oireann don straitéis foghlama agus is minic fiú an téarma féin ag cur mearbhaill ar fhoghlaiméoirí agus oideachasóirí. Teicnící, uirlisí nó scileanna atá i straitéisí foghlama (Rubin, 1975) ina n-athraíonn a n-úsáid ó fhoghlaiméoir go foghlaiméoir. Bíonn straitéisí foghlama in úsáid ag foghlaiméoir go comhfhiosach agus go neamh-chomhfhiosach ina meastar gur féidir oiliúint a chur ar fáil ar úsáid straitéisí foghlama go héifeachtach (Oxford, 1990: 201).

## Cás na Gaeilge

Dírítear go minic sa taighde ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na Gaeilge ar na deacrachtaí agus ar na dúshláin a bhíonn ag foghlaimeoirí Gaeilge i mbun foghlama agus ar an titim shuntasach i gcaighdeán na teanga i measc foghlaimeoirí áirithe. Droch-chaighdeán agus gearáin a bhíonn mar ábhar plé go minic ina léirítear inní faoin ráta ard teipe agus míshásamh maidir le múineadh na Gaeilge ar an dara leibhéal (Ó Laoire, 1994; 1997; 2000). Léirítear an titim shuntasach i gcaighdeán na Gaeilge labhartha agus éisteachta ó na hochtóidí ar aghaidh (Harris *et al.*, 2006). Cé go mbaineann staidéar Harris *et al.* le hinniúlacht na Gaeilge sa bhunscoil, rinneadh an taighde a choimisiúnú mar gheall ar an tuairim go raibh na leibhéil inniúlachta ag titim sa mheánscoil chomh maith (*ibid*). Ní gan réasúnaíocht agus fianaise láidir gur leagadh béim ar dheacrachtaí agus laigí an chórais ach léirítear anseo an treocht le fada an lá luí isteach ar lochtanna an chórais i dtaighde a bhaineann leis an nGaeilge i gcóras oideachais na hÉireann.

I dTuarascáil an Phríomhchigire (Cigireacht na Roinne Oideachais & Scileanna, 2018) tuairiscíodh go leanann na dúshláin ag leibhéal na meánscolaíochta ach aithnítear go raibh feabhas le sonrú i gcáilíocht na foghlama i measc dhaltaí na Gaeilge i dtuairiscí na gcigirí ar ábhar, cé nach bhfuil an leibhéal sásaimh ar chomhleibhéal le hábhair eile.

Ar an taobh eile, aithnítear go bhfuil foghlaimeoirí ann a n-éiríonn leo an teanga a thabhairt leo ón gcóras oideachais (Ní Chlochasaigh, 2014; Ní Longaigh, 2016). Tá an coincheap ‘*Mudes teangeolaíochta*’ curtha i láthair i leith nuachaintoirí na Gaeilge ag Walsh agus O’Rourke mar ‘dhaoine ar cainteoirí ardhcumasacha, gníomhacha iad a shamhlaítear a bheith ina “saineolaithe” go minic’ (2015: 2). Don mhórchuid, is sa chóras oideachais a bhíonn an deis foghlama den chéad uair ag nuachaintoirí na Gaeilge. D’áitigh na húdair an tábhacht a bhaineann le cúinsí indibhidiúla ar nós inspreagadh sa ‘chlaochlú teangeolaíoch’ a tharlaíonn i gcaitheamh saoil an duine. Tá gort an inspreagtha i gcás fhoghlaim na Gaeilge ar cheann de na goirt is forbartha taighde ina bhfuil athróa a mbíonn tionchar acu ar fhoghlaim teanga á scrúdú ann. Tá mórthaighde déanta i réimse thábhacht an inspreagtha mar athróg lárnach i gcás fhoghlaim na Gaeilge le tamall ag leibhéal na bunscoile agus na meánscolaíochta (Ó Fáthaigh, 1991; Harris & Murtagh, 1999; Murtagh, 2003; Ó Cuinneagáin, 2006; Ó Duibhir, 2009; 2018) agus le déanaí i measc foghlaimeoirí fásta (Flynn & Harris, 2016). Tuairiscíodh i staidéir áirithe go bhfuil daltaí scoile báúil leis an nGaeilge agus leis an dátheangachas nó fiú leis an gcoincheap féin (Ó Fáthaigh, 1991; Harris & Murtagh, 1999). Sonraíodh meon dearfach i leith na Gaeilge agus fhoghaim na Gaeilge ach go háirithe i suíomh an tumoideachais in Éirinn ach nach raibh gníomh chun na foghlama chomh suntasach céanna (Murtagh, 2003; Ó Cuinneagáin, 2006). Aithníodh leis, an bhaint atá ag seasamh cultúrtha agus féiniúlacht ar inspreagadh foghlaimeoirí óga dátheangacha (Ní Dhonnabháin, 2013) ach nach bhfuil na fachtóirí mothaitheacha láidir go leor chun dul i ngleic le deacrachtaí na hidirtheanga i sealbhú na Gaeilge mar dhara teanga (Ó Duibhir 2009; 2018).

### Bua nó Dua?

Is minic a mheastar go bhfuil bua i leith teangacha ag foghlaimeoirí éifeachtacha nó go mbíonn an té sin ceolmhar, cuir i gcás. Ardaítear an cheist, áfach, an é go mbíonn bua nádúrtha a bhíonn fréamhaithe sa duine a n-éiríonn leis teanga a shealbhú go héifeachtach nó an é go gcaitear dua le foghlaim na teanga sin? Is iad ceisteanna den chineál seo a spreag an staidéar chomh maith leis an gcúis go mbíonn foghlaimeoirí áirithe níos rathúla ná a chéile. Ba í sprioc an taighde ar a bhfuil an t-alt seo bunaithe ná iniúchadh a dhéanamh ar an gceist ‘Cad iad na tréithe comónta a bhíonn ag dea-fhoghlaimeoirí na Gaeilge a n-éiríonn leo an Ghaeilge a thabhairt leo ón gcóras oideachais?’

Is iad na cúinsí indibhidiúla seo a leanas a scrúdaíodh; cúrsaí éirime, inscne, aicme scoile, cúlra an fhoghlaimeora, meon agus inspreagadh, straitéisí agus stíleanna foghlama, tréithe pearsantachta agus mothúchána an fhoghlaimeora.

### Modheolaíocht agus Rannpháirtithe

Úsáideadh mórstaidéar Naiman *et al.* (1978) mar mhúnla taighde don obair ghoirt ar thréithe dhea-fhoghlaimeoirí na Gaeilge, a cuireadh in oiriúint don Ghaeilge agus d’fhoghlaim na mionteanga. Cuir i gcás, gur mhór idir teangacha móra domhanda ar nós an Bhéarla nó na Fraincise agus teanga mhionlaigh ar nós na Gaeilge sa chaoi nach mbeadh na deiseanna céanna cumarsáide ag foghlaimeoir mionteanga a chuirfeadh srian leis an teagmháil a bheadh ag cainteoir nó úsáideoir leis an mionteanga sin lasmuigh den seomra ranga. Tá seans ann go mbeadh impleachtaí ag an teorainn theangeolaíoch seo ar an sealbhú teanga a thitfeadh amach i limistéir na scoile amháin. Cuireadh san áireamh sa dearadh taighde chomh maith na mórghorbairtí atá déanta i ngort na teangeolaíochta feidhmí ó aimsir staidéir Naiman *et al.*, mar a pléadh thuas. Rinneadh ceistneoir a cheapadh ina raibh ceisteanna a bhain le cúlra agus cúinsí indibhidiúla an fhoghlaimeora chun imscrúdú a dhéanamh go cainníochtúil. Bhí cúig chuid sa cheistneoir:

1. <b>cúlra/próifíl an fhaisnéiseora</b>	aois, inscne, baile, cúlra oideachais, tréimhsí Gaeltachta, teangacha eile
2. <b>cumas an fhaisnéiseora</b>	cumas thar na hinniúlachtaí teanga éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh ailínithe leis an CEFR (Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha)
3. <b>an próiseas foghlama</b>	cur chuige, bealaí agus staitéisí foghlama
4. <b>meon/suim bunaithe ar thaithí</b>	tionchar cúinsí eile ar an meon
5. <b>cúrsaí inspreagtha</b>	cineálacha inspreagtha de réir na teoirice

Tábla 1.1 Cúinsí Indibhidiúla a scrúdaíodh sa cheistneoir

Cuireadh grúpaí fócais ar siúl i measc foghlaimeoirí iarbhunscolaíochta a n-áirítear mar fhoghlaimeoirí éifeachtacha na Gaeilge iad, ach iad a bheith fós ar bhóthar an tsealbhaithe teanga chun a bheith ina n-úsáideoirí neamhspleácha Gaeilge. Glactar leis gur líne nó contanam é an fhoghlaim teanga ina dtosaíonn an té atá i mbun foghlama amach mar fhoghlaimeoir agus ina ndéanann sé forbairt ar an gcontanam go dtí go mbíonn sé ina úsáideoir neamhspleách teanga (Comhairle na hEorpa, 2001).

Cuireadh grúpaí fócais ar siúl (n=7), ceann amháin i ngach scoil, le faisnéiseoirí roghnaithe an taighde (n=31) chun forbairt a dhéanamh ar an gceistneoir cainníochtúil. Chuathas i muinín na múinteoirí agus príomhoidí scoile a bhíonn de shíor ag plé le foghlaimeoirí, chun teacht ar fhaisnéiseoirí oiriúnacha don taighde. Is é sin foghlaimeoirí a n-áirítear mar fhoghlaimeoirí éifeachtacha na Gaeilge iad sa chóras oideachais. Cuireadh critéir roghnaithe san áireamh i roghnú na rannpháirtithe a chuimsigh eolas atá tagtha anuas chugainn ón litríocht mar a bhaineann le tréithe aitheanta an dea-fhoghlaimeora teanga. Cé go raibh cumas mar chritéir roghnaithe, roghnaíodh rannpháirtithe a léirigh tréithe thar chumas, cuir i gcás, inspreagadh, meon, cur chuige foghlama a bhí ag teacht leis na tréithe réamhaitheanta agus ní sampláil bunaithe ar thorthaí scrúdaithe amháin a bhí ann.

Ghlac seacht n-iar-bhunscóil páirt sa taighde ina raibh dhá scoil Bhéarla suite sa chathair (SB\_C), dhá scoil lán-Ghaeilge suite sa chathair (SLG\_C), scoil Bhéarla tuaithe (SB\_T), Scoil lán-Ghaeilge tuaithe (SLG\_T), Scoil Ghaeltachta (SG) agus coláiste samhraidh (CS) san áireamh chun tomhas ionadaíoch a dhéanamh ar an bpobal foghlaimeoirí ar an dara leibhéal. Chomhlánaigh rannpháirtithe i mBliain 5 den mheánscoil an ceistneoir (n=117) agus roghnaíodh faisnéiseoirí áirithe idir chailíní agus bhuachaillí a n-áirítear mar fhoghlaimeoirí éifeachtacha na Gaeilge iad ón sampla chun páirt a ghlacadh sna grúpaí fócais (n=31).

Rinneadh anailís ar thorthaí taighde an staidéir ina trí chuid; sa chéad áit tugadh faoi anailís chainníochtúil ar thorthaí na gceistneoirí inar baineadh úsáid as an gcóras staitisticíúil SPSS le minicíochtaí agus comhghaolta na bhfreagraí ar an gceistneoir a thomhas, mar shampla, an bhaint idir dearcadh dearfach sa bhaile i leith na Gaeilge agus inniúlacht an dalta scoile sa Ghaeilge. Rinneadh scagadh cáilíochtúil ar thorthaí/shonraí na gceistneoirí ina dhiaidh sin chun treochotha a bhí ag teacht chun cinn iontu a aithint agus a thairfead. Rinneadh iniúchadh cáilíochtúil níos doimhne ar shonraí na ngrúpaí fócais.

## **Tuarascáil ar Thorthaí Taighde**

Pléifear anseo na mórghnéithe a sonraíodh sa staidéar maidir leis na tréithe comónta a aithníodh i measc foghlaimeoirí iarbhunscolaíochta na Gaeilge a aithníodh a bheith rathúil i mbun an tsealbhaithe teanga.

### *Meon i leith na Gaeilge agus an Dátheangachais*

Soiléiríodh meon dearfach trí chéile maidir leis an nGaeilge agus leis an dátheangachas, beag beann ar an sampla nó aicme scoile a ceistíodh sa cheistneoir agus sna grúpaí fócais. Sonraíodh sna tuairiscí ó bhéal go mbíonn tionchar ag dearcadh dearfach ón mbaile, meon dearfach an mhúinteora agus gníomh an tuismitheora ar mheon an fhoghlaiméora a chothú agus a mhúnlú i leith na Gaeilge. Samhlaíodh tréimhsí Gaeltachta nó coláiste samhraidh, gníomhaíochtaí agus imeachtaí le Gaeilge le cothú meon dearfach ina dtugann foghlaiméoirí an oideachais Lán-Ghaeilge suntas ar leith don tumoideachas mar mhórfhachtóir cothaitheach ann. Sonraíodh meon fiordhearfach maidir le hoidhreacht agus cultúr na hÉireann mar threocht i sonraí cáilíochtúla an staidéir inar aithin na faisnéiseoirí iad féin mar cheannródaithe na Gaeilge a bhfuil sé de dhualgas orthu an teanga a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile. B'fhíor é seo ach go háirithe i gcás foghlaiméoirí an tumoideachais. Cé gur sonraíodh meon fiordhearfach i leith na Gaeilge agus i leith chultúr na hÉireann, níor aistrigh an fonn sin do theangacha eile a fhoghlaim nó do chultúir eile a bhlaiseadh, spéisiúil go leor. Tháinig sé chun cinn sa taighde go mbíonn meon aonteangach ag foghlaiméoirí maithe na Gaeilge i leith na Gaeilge agus nach raibh an fheasacht forbartha iontu don mhórchuid maidir leis an ngaol a mhaireann idir an T2 agus teangacha eile;

#### **SG:**

Faisnéiseoir C: Dúirt mé go mbeinn scanraithe roimpi (teanga eile a fhoghlaim) mar is dócha an ualach oibre leis *like* le gramadach agus rudaí.

Ardaítear ceisteanna anseo maidir leis an bhfeasacht teanga agus feasacht ar an ilteangachas i seomraí ranga na Gaeilge. Is é sin go mbeadh daltaí meánscoile dírithe ar agus eolasach faoi na féidearthachtaí a bhaineann le haistriú bealaí chun na foghlama ó theanga amháin go teanga eile, cé go n-aithnítear nach mbeadh an taithí foghlama ná tírdhreach sochtheangeolaíoch idir teangacha díreach mar an gcéanna.

### *Fachtóirí Mothaitheacha*

Sonraíodh na braistintí diúltacha a mhúsclaítear i measc na bhfaisnéiseoirí san fhoghlaim teanga ar a raibh frustrachas agus trína chéile faoin tasc teanga go ceannasach ann i sonraí an cheistneora. Cothaítear na mothúcháin seo toisc comparáid a dhéanamh le daoine eile

sa rang, botúin ‘amaideacha’, gnóthú drochmharcanna, streachailt le castacht cruinnis nó cúrsaí foghraíochta agus iarrachtaí iad féin a chur in iúl go héifeachtach sa sprioctheanga. Léirigh sonraí cáilíochtúla an náire mar mothúchán ceannasach;

**SB\_C:**

Faisnéiseoir B: Náirithe, bíonn náirithe orm, bíonn náire orm nuair a dúirt mé an rud mícheart.

Faisnéiseoir A: *I said ah* áiféiseach ag labhairt mar tá na fuaimeanna deacair.

Tuairiscíodh sa taighde, áfach, go bhfuil na straitéisí cuí ag foghlaimeoirí éifeachtacha na Gaeilge chun dul i ngleic le mothúcháin dhiúltacha; labhairt níos minice sa rang chun dul i dtaithí air, cuir i gcás.

Ar an taobh eile, tuairiscíodh fachtóirí mothaitheacha an-dearfach ach a raibh baint acu le cúinsí eile ar nós inniúlacht teanga agus oidhreacht chultúrtha;

**SLG\_T:**

Faisnéiseoir D: ...braitheann tú bródúil as toisc go bhfuil tú ábalta do teanga féin a labhairt.

Faisnéiseoir B: Agus a labhairt go maith.

### *Úsáid Staitéisí Foghlama*

Sonraíodh ardúsáid straitéisí foghlama sa ghrúpa fócais inar mhaígh níos mó foghlaimeoirí úsáid a bhaint as straitéisí foghlama i gcás fhoghlaim na Gaeilge ná a mhalairt. Léiríodh an focal scríofa agus athrá ar na straitéisí foghlama ba mhó úsáide chomh maith le húsáid a bhaint as an bhfoclóir. Léirigh faisnéiseoirí feasacht i leith úsáid straitéisí foghlama ach bhí tionchar an mhúinteora feicéalach go láidir i spreagadh na húsáide agus sa treoir a ghabhann le húsáid inaistritheach straitéisí foghlama ó theanga amháin go teanga eile;

**SLG\_C:**

Faisnéiseoir A: ...bhí na múinteoirí sa bhunscoil an-chabhrach agus thaispeáin siad slite difriúla chun an teanga a foghlaim agus d'oibreodh sé sin don tríú teanga freisin.

...

Faisnéiseoir C: Mhúin múinteoir na cinn, na briathra neamhrialta as Gaeilge dúinn agus ansin is féidir liom an teicníc sin a thógaint ar aghaidh go dtí an Fraincis.

Faisnéiseoir D: Ceapaim go dtugann an Ghaeilge an-chabhair dom ag foghlaim teangacha eile, *am* rinne mé an Spáinnis agus an Fraincis don Teastas Sóisearach chomh maith leis an Gaeilge agus an Béarla agus ceapaim go bhfuil sé i bhfad níos

éasca teangacha eile a fhoghlaim nuair a bhíonn an Ghaeilge agat. Tá a fhios agam go bhfuil na teangacha an-difriúil ach tugann sé cabhair duit leis na briathra agus *just* an slí ina fhoghlaimíonn tú teanga leis an struchtúr de bharr na briathra agus foclóir nua agus rudaí mar sin.

Tá ionchur ón múinteoir maidir le húsáid straitéisí foghlama le sonrú go ríshoiléir ach is soiléire fós an inaistritheacht a fheiceann an foghlaimeoir leis an straitéis ó theanga go teanga.

### *Inniúlacht Teanga*

Maidir le hinniúlacht teanga, cé gur roghnaíodh na faisnéiseoirí toisc go n-airítear iad mar fhoghlaimeoirí éifeachtacha Gaeilge, agus gur mhaígh 67.9% díobh go raibh bua acu san fhoghlaim teanga, rinne siad dian-fhéintuairisciú mar gheall ar a gcuid scileanna teanga go háirithe maidir le scil na scríbhneoireachta. Ceaptar an bhéim a chuirtear ar an scríbhneoireacht sa seomra ranga Gaeilge a bheith mar chúis leis an toradh seo. Sonraíodh go bhfuil foghlaimeoirí níos cleachtaithe ar cheartúcháin a fháil agus anailís a dhéanamh ar a gcuid scríbhneoireachta ná a gcuid cleachtadh labhartha. Ba léir gurb iad gráid agus aiseolas an mhúinteora a fheidhmíonn mar chomharthaí dóibh ar a gcumais sa teanga;

#### **SB\_T:**

Faisnéiseoir A: Mar *like* tá mé go maith ag Gaeilge ar dtús...is maith liom é...agus faighim marcanna maith.

Cé gur mhaígh foghlaimeoirí áirithe go raibh bua nó cumas acu i leith na Gaeilge, ní raibh an inniúlacht sa teanga chomh suntasach céanna mar chúinse indibhidiúil is a bhí cúinsí ar nós meoin, inspreagadh agus cúinsí baile an fhoghlaimeora. Ní mór machnamh a dhéanamh faoi cheist na hinniúlachta i gcomhthéacs na mionteanga chomh maith, nár leor inniúlacht teanga chun cainteoirí dátheangacha gníomhacha a chruthú don tsochaí (Ó Duibhir, 2019).

### *Cur chuige Foghlama*

Léiríodh go bhfuil luí fabhrach ag dea-fhoghlaimeoirí le cur chuige gníomhach foghlama, fiú muna bhfuil an cur chuige sin á chleachtadh acu féin ba bhreá leo dá mbeadh. Mhaígh na faisnéiseoirí go ndéanann siad cleachtadh ar an teanga nuair is féidir leo ach ní mór a aithint gur i dteorainn an tseomra ranga nó na scoile a thiteann sé seo amach don mhórchuid. Cuireadh in iúl go dtaitníonn sé leo foghlaim faoi rudaí ar féidir leo úsáid a bhaint astu in aistí cuir i gcás, nó chun críche cumarsáide.

### *Fáilte roimh Cheartúcháin*

Tuairiscíodh go láidir go gcuireann foghlaimeoirí éifeachtacha na Gaeilge fáilte mhór roimh cheartúcháin agus go bhfuil an toradh seo an-ard agus an-suntasach. Tháinig sé chun cinn go bhfuil an seasamh seo acu toisc go bhfuil siad ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh sa Ghaeilge ar mhaithe le spriocanna feidhmiúla, ar nós scrúduithe. Léirigh siad glacadh fonnmar le haiseolas agus mianta chun botúin a sheachaint sa todhchaí. Is spéis leo míniú a fháil ar a gcuid botún chun na críche seo agus lorgaíonn siad óna múinteoirí é.

#### **SLG\_C:**

Faisnéiseoir C: Bíonn áthas orm nuair a cheartaíonn duine botún a dhéanam mar léiríonn sé go bhfuil suim ag duine eile sa teanga chomh maith leatsa agus tá suim acu do Ghaeilge nó Fhraincis a fheabhsú ar mhaitheas duit féin agus ar mhaitheas na teanga *so* ceapaim is rud maith é...

Faisnéiseoir A: *Yeah* má dhéanann tú botún sa scríbhneoireacht *like* ceartaíonn an múinteoir é agus tá sé rud maith mar muna cheartaíonn tú é bíonn tú ag déanamh an botún céanna arís is arís...

Faisnéiseoir D: Tá mé ceart go leor na ceartúcháin a chloisint ach uaireanta cuireann sé isteach orm nuair atá tú ag iarraidh labhairt agus bíonn an múinteoir ag cur isteach ort agus ní bhíonn an deis agat an rud a rá agus bíonn tú buartha faoi na botún gramadach atá á ndéanamh agat nach mbíonn tú in ann an abairt a dhéanamh i gceart. Ach i gcás aistí agus rudaí mar sin ceapaim go bhfuil sé níos fearr *like* fáth a chur leis an botún seachas *just* líne a chur faoi mar tá sé an-deacair na botún a fháil i leabhar nó rud éigin agus ní bhíonn a fhios agat cad é an fhadhb leis an rud atá á rá agat.

### *Inspreagadh*

Aithníonn torthaí an staidéir an tábhacht a bhaineann le cúrsaí inspreagtha mar chúinse lárnach i gcás fhoghlaim éifeachtach na Gaeilge. Sonraíodh pointí Ardteiste agus áiteanna a fháil ar chúrsaí ollscoile mar inspreagadh feidhmiúil i gcás fhoghlaim na Gaeilge ina raibh eilimintí den inspreagadh *ought-to-self* ag Dörnyei (2005) le sonrú sa mhéid a dúradh faoi scrúduithe. Is é sin, gur tháinig sé chun cinn go mbraitheann foghlaimeoirí gur chóir dóibh gráid éagsúla a ghnóthú;

#### **SLG\_C:**

Faisnéiseoir A: Ceapaim go bhfuil sé tábhachtach mar is féidir leat níos mó postanna a fháil sa todhchaí *like* múinteoir agus *ah* ceapaim chun dul isteach san ollscoil tá an tríú teanga ag teastáil do chuid de na cúrsanna freisin.

Léiríodh seasamh cultúrtha i leith na teanga san *ought-to-self* leis ar mhaithe leis an teanga a chur chun cinn. San inspreagadh imeasctha agus san *ideal-self* a cuireadh chun cinn, cuireadh mianta ‘a bheith in ann labhairt cosúil le múinteoirí / cainteoirí maithe’ chun cinn mar chúis leis an inspreagadh;

**SB\_C:**

Faisnéiseoir D: ...níos mó tuisceana a fháil ar chultúr na hÉireann, is aoibhinn liom an cultúr agus an teanga freisin agus cheap mé go raibh sé tábhachtach chun foghlaim faoin cultúr.

**SB\_T:**

Faisnéiseoir C: *Ah* ní bheidh mé ag déanamh é san ollscoil ach ba mhaith liom a bheith ábalta caint as Gaeilge go líofa agus dul go dtí an Ghaeltacht agus tá sé tábhachtach freisin *like*.

Ba choitianta an mhian thuas cúrsaí tríú leibhéal a dhéanamh nach mbeadh an Ghaeilge ag teastáil chuige ach go spreagtar iad i leith na Gaeilge ar chúiseanna eile ar nós braistintí cultúrtha.

Ardaíodh ceist spéisiúil faoin inspreagadh imeasctha nuair a nocht foghlaimeoirí tuairimí a thug le fios go bhfuil siad comhtháite i bpobal na Gaeilge cheana féin sa chomhthéacs oideachais. Léiríodh inspreagadh cultúrtha ag faisnéiseoirí an taighde chomh maith ina sonraíodh ceangal láidir idir tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht, meon dearfach a chothú agus inspreagadh san fhoghlaim teanga a chothú dá bharr. Tá fianaise ar fáil sa taighde seo ar an seasamh agus ar an bhfís atá ag foghlaimeoirí meánscoile Gaeilge na linne seo, ach go háirithe foghlaimeoirí an tumoideachais, maidir le húinéireacht teanga agus féiniúlacht teanga;

**SLG\_T:**

Faisnéiseoir D: Chun é a choimeád beo *you know*.

Faisnéiseoir B: *Yeah, just féachann tú na daoine nach bhfuil sé acu you know* agus nuair a bheidh siad fásta suas ní bheidh focal ar bith acu. Coiméadfaimid beo é.

Fuarthas amach go bhfuil baint ag an tríú cuid den ‘*L2 Motivation Self System*’ (Dörnyei, 2005) le hinspreagadh an fhoghlaiméora éifeachtaigh i leith na Gaeilge. Is minic a spreagtar foghlaimeoirí teanga mar thoradh ar an timpeallacht foghlama agus ar an idirghníomhaíocht leis an bpróiseas foghlama mar go bhfuil cumas acu ann (Dörnyei, 2005). Sonraíodh sna torthaí taighde go bhfuil bua nó cumas á léiriú i leith na Gaeilge agus idirghníomhú leis an múinteoir Gaeilge mar mheán inspreagtha ach nach raibh gníomhú le foghlaimeoirí eile nó leis an gcuraclam le sonrú mar mheán inspreagtha i bhfaisnéis na bhfoghlaimeoirí.

Tá an meascán de chineálacha inspreagtha a léirigh foghlaimeoirí meánscolaíochta sa staidéar le sonrú go láidir. Is féidir le hinspreagadh an duine aonair athrú le himeacht ama bunaithe ar chúinsí eile an tsaoil, cuir i gcás, mianta Gaeilge a labhairt le páistí. Ar an mbonn céanna, d'fhéadfadh athrú teacht ar aon cheann de na dearthaí léirithe anseo ag faisnéiseoirí an taighde i gcaitheamh an tsaoil.

### *Ról an Mhúinteora*

Ní fhéadfaí neamhaird a dhéanamh ar thionchar an mhúinteora ar fhoghlaim éifeachtach na Gaeilge, cé gur ar an bhfoghlaim seachas ar an teagasc a bhí an staidéar bunaithe. Tháinig sé go mór chun solais sa taighde gur tobar eolais é an múinteoir d'fhoghlaiméirí agus gurb é an múinteoir an t-aon fhoinsé eolais a bhíonn ag an-chuid foghlaimeoirí. Dá bhrí sin, bíonn foghlaimeoirí spleách ar an múinteoir ach fiú i gcásanna ina n-éiríonn leo réimse neamhspleáchais a bhaint amach san fhoghlaim teanga, is é an múinteoir a spreagann an neamhspleáchas sin. Fiú sa chás nuair a bhaineann foghlaimeoir úsáid neamhspleách as straitéisí foghlama, is é an múinteoir a mhúin na straitéisí foghlama don fhoghlaiméoir sa chéad áit agus a spreag an úsáid neamhspleách. Léiríodh ardfheasacht maidir le hinniúlacht an mhúinteora agus a chumas a bheith in ann saibhreas eolais, feasacht chultúrtha agus, ach go háirithe, mínithe gramadaí a chur ina láthair sa seomra ranga Gaeilge. Is cinnte gur léirigh siad tuiscint ar dhea-thréithe an mhúinteora, cuir i gcás, grá don Ghaeilge, dearfach, díograiseach, spreagúil agus tacúil, rud a chuireann lena gcuid sealbhaithe teanga dar leo féin. Cé gur ar mhúinteoirí meánscoile a bhí na foghlaimeoirí ag caint den chuid is mó, rinneadh tagairt don mhúinteoir bunscoile chomh maith. Léiríonn sé sin tábhacht an mhúinteora spreagúil ionspioráidigh a mbíonn tionchar leanúnach aige ar an bhfoghlaiméoir teanga maidir le sealbhú éifeachtach teanga sa chóras oideachais go minic. Tá an toradh seo ag teacht le torthaí taighde i gcás *mudes* teangeolaíochta agus nuachaintéirí na Gaeilge agus na heispéiris thábhachtacha a luann foghlaimeoirí (Walsh & O'Rourke, 2015) agus leis an tríú cuid de chóras inspreagtha '*L2 Motivation Self System*' a bhaineann leis an timpeallacht foghlama agus ról an mhúinteora i gcothú an inspreagtha.

### **Impleachtaí na dTorthaí Taighde don Seomra Ranga**

An sprioc a bhaineann leis an taighde ar fhoghlaiméirí éifeachtacha teanga ar an scála idirnáisiúnta agus sa taighde dúchais ná chun ceachtanna a chur ar fáil d'oideachasóirí chun foghlaim ó chás an fhoghlaimeora aonair. Pléifear anseo na himpleachtaí atá sna torthaí taighde a cuireadh i láthair san alt seo don chleachtas oideolaíochta chun sealbhú na Gaeilge a chothú, dea-chleachtais a shaibhriú agus foghlaimeoirí a chumasú.

### *Úsáid agus Feidhm na Sprioctheanga*

Aithnítear an dúshlán a bhaineann le deiseanna a chur ar fáil d'úsáid na teanga i gcás shealbhú na mionteanga (Ó Duibhir, 2019). Tháinig an téama chun cinn maidir le húsáid dhílis na teanga ag leibhéal an cheachta, an tseomra ranga agus an phobail i sonraí an staidéir. Cuireadh an-bhéim, cuir i gcás, ar an úsáid a bhféadfaí a bhaint as teanga ar mhaithe le sprioc chumarsáide a bhaint amach. Moltar go ndéanfaí freastal dianmhachnamhach ar an úsáid a d'fhéadfadh foghlaimeoirí na Gaeilge a bhaint as an ábhar a chuirtear i láthair dóibh sa cheacht Gaeilge nó ábhar trí Ghaeilge d'fhonn an fheidhm a bhaineann leis an teanga i gcomhthéacs an ábhair a léiriú. Má chuirtear stór focal nó mír ghramadaí ina láthair sa rang, cuir i gcás, tá sé ríthábhachtach go mbeadh feidhm le feiscint leis an mír ghramadaí nó stór focal i gcomhthéacs an ábhair nó na topaice atá á plé, sa chaoi is go samhlaítear úsáid agus feidhm leis an mír teanga nó gramadaí.

Leagadh an-bhéim ar úsáid na Gaeilge don fhíorchumarsáid a chur i gcrích a chuireann go mór le hinspreagadh na bhfoghlaimeoirí. Léiríodh tábhacht tréimhsí Gaeltachta agus imeachtaí sóisialta le Gaeilge agus deiseanna cumarsáide a leathnú thar theorainn an tseomra ranga. Is eol dúinn go lorgaíonn agus go gcruthaíonn dea-fhoghlaimeoirí teanga deiseanna cumarsáide (Rubin, 1975; Naiman *et al.*, 1978; Griffiths, 2008; 2018; Ó Laoire & Ní Chlochasaigh, 2010) agus go bhfuil ceangal idir toil cumarsáide agus an sealbhú teanga (Skehan 1991; MacIntyre *et al.*, 2002). Léiríonn an staidéar go mbíonn an-tionchar ag na tréithe cumarsáide ar shealbhú rathúil na Gaeilge.

Tá timpeallacht éagsúil foghlama sna gréasáin 2.0, is é sin uirlisí ríomhchuidithe a d'fhéadfadh deiseanna cumarsáide na Gaeilge a leathnú don fhoghlaimeoir Gaeilge lasmuigh de bhallaí na scoile. Tá tuilleadh deiseanna ar fáil sna gréasáin 3.0 a chruthaíonn domhan fíorúil don fhoghlaimeoir teanga tré mheán ríomhchlúichí 3D d'fhonn inspreagadh a chothú (Dalton & Devitt, 2016). Dúchasaigh dhigiteacha atá sa ghlúin seo d'úsáideoirí ar an ríomhtheanga. Moltar blaganna, vicithe agus podchraoltaí a úsáid sa seomra ranga le foghlaim chomhoibríoch, rannpháirteach, fhéinriartha agus mhachnamhach a chur chun cinn agus chun deiseanna úsáide dílse an dara teanga a chruthú.

Moltar go láidir go ndéanfaí tógáil ar iarrachtaí idirghníomhaíocht na bhfoghlaimeoirí a chur chun cinn ar bhonn níos cuimsithí agus comhtháite sa seomra ranga féin. Is cúis inní í go léiríonn sonraí an taighde go bhfuiltear ag brath chomh láidir sin ar an múinteoir mar fhoinsé eolais, eiseamláir teanga agus mheán idirghníomhaíochta chun foghlaimeoirí éifeachtacha a spreagadh, a chothú agus a mhúnlú. Cé go bhfuil ríthábhacht ag baint le ról an mhúinteora anseo, ní mór suntas a thabhairt do na féidearthachtaí a bhaineann leis an idirghníomhaíocht le foghlaimeoirí agus cainteoirí eile i gcothú na foghlama éifeachtaí.

### *Úsáid Straitéisí Foghlama*

Tuairiscíodh go mbaineann foghlaimeoirí éifeachtacha na Gaeilge úsáid as raon leathan de straitéisí foghlama. Moltar go leagfaí béim ar úsáid straitéisí foghlama agus go múinfi d'fhoghlaimeoirí conas teacht ar thuiscint maidir leis na straitéisí foghlama is rathúla agus is oiriúnaí dóibh san fhoghlaim teanga. Cuireann uirlis mheititheangeolaíoch ar nós punann teanga (Comhairle na hEorpa) leis an bhfoghlaim mhachnamhach a spreagadh agus an úsáid chuí a bhaint as straitéisí foghlama. Luaigh faisnéiseoirí an staidéir cleachtas ar nós dialann foghlama a choimeád le liosta d'fhocail ghaolmhara, gluais de réir téamaí ach bhí úsáid na ndialann ag brath go mór ar threoir ón múinteoir nó ar obair neamhspleách an fhoghlaimeora. D'fhéadfaí forbairt a dhéanamh ar an gcleachtas seo de réir Sonraíochta na Sraithe Sóisearaí (2017).

Léiríonn torthaí taighde an staidéir seo an inaistritheacht a bhaineann le húsáid straitéisí foghlama ó theanga amháin go teanga eile ach go mbíonn tionchar sa chéad áit ag an múinteoir teanga i múineadh na straitéisí foghlama nó i spreagadh úsáid straitéisí foghlama. Déantar an moladh mar sin go gcuirfi plé ar straitéisí foghlama maidir le foghlaim teangacha i bhfeidhm mar dhea-chleachtas ranga agus gur féidir le daltaí scoile na straitéisí éagsúla a phlé. Ní leor, áfach, punann teanga nó foghlama a bheith mar chuid den churaclam ach múinteoirí a bheith oilte ar úsáid cheart chuí na punainne mar uirlis foghlama bheo i gcumasú agus i scafall an TX. Ní mór chomh maith idirdhealú a dhéanamh idir an fheasacht teanga a bhaineann le heolas ar struchtúr na teanga agus conas mar a fheidhmíonn an teanga agus an fheasacht mheititheangeolaíoch ata bainteach le conas mar a fhoghlaimítear teanga agus leis na straitéisí foghlama a tharraingíonn foghlaimeoirí chucu féin le linn foghlama.

### *Cruinnúsáid na Gaeilge*

Pléitear go rímhinic na mórdheacrachtaí a bhaineann le teagasc agus foghlaim na Gaeilge sa chóras oideachais in Éirinn agus na dúshlán mhóra atá roimh scoileanna agus roimh mhúinteoirí sa chóras i gcoitinne caighdeán sásúil a sholáthar (Harris *et al.*, 2006; Gael-Linn, 2017; Cigireacht na Roinne Oideachais & Scileanna, 2007; 2018). I réimse an tumoideachais in Éirinn, tuigtear in ainneoin bhuntáistí cogaíoch, teangeolaíoch agus acadúla an tumoideachais go bhfuil deacrachtaí le cruinnúsáid na teanga (Ó Ceallaigh, 2016; Ó Duibhir, 2018; Ní Aogáin, 2019). Tá cuntais shuibhre ar fáil ar na deacrachtaí cruinnis is mó sa ghinchumas labhartha ag daltaí tumoideachais na bunscoile (Ó Duibhir, 2018) agus sa ghinchumas scríofa i méanscoileanna lán-Ghaeilge (Walsh, 2007). Áitíonn taighdeoirí go bhfuil éifeacht ag earráidí labhartha ar an teanga scríofa (Nic Pháidín, 2003) agus tar éis tréimhe ama i mbun forbartha go ndéantar iontasiú ar dhrochstruchtúir chainte (Ó Ceallaigh, 2016; Walsh, 2007).

Soiléiríodh i measc foghlaimeoirí éifeachtacha an staidéir i scoileanna T<sub>1</sub> agus T<sub>2</sub> an luí láidir atá acu leis an gcruinneas teanga mar uailsprioc. Nocht faisnéiseoirí an riachtanas a bhaineann le mínte gramadaí a fháil mar chuid d'aiseolas scríofa an mhúinteora ionas

nach mbeidh siad in amhras faoi bhotúin chruinnis. Fuarthas amach chomh maith go mbíonn gníomh le ceartúcháin i gceist i measc fhoghlaiméoirí éifeachtacha na Gaeilge, 'sé sin na hiarrachtaí a dhéanann siad a gcuid botún a chur ina gceart tar éis aiseolas scríofa nó ó bhéal a fháil ón múinteoir Gaeilge. Moltar an t-aiseolas ceartaitheach, ina chuirtear treoir agus tacaíocht ar fáil don fhoghlaiméoir teanga in aiseolas an mhúinteora, a neartú mar dhea-chleachtas san fhoghlaim teanga, ach cúram a dhéanamh do mhúinín an fhoghlaiméora sa chleachtas sin. Aithnítear an t-aiseolas ceartaitheach ó bhéal a bheith mar thréith éifeachtach i dteagasc na Gaeilge sa bhunscoil (Harris & Ó Duibhir, 2011) agus mar bhealach éifeachtach córasach chun dul i ngleic le deacrachtaí a shamhlaítear le cruinnúsáid na Gaeilge mar dhara teanga i mbunscoileanna lán-Ghaeilge (Ní Aogáin, 2019). Ní mór féachaint ar an gceist a bhaineann le caighdeán teanga na múinteoirí agus soláthar múinteoirí Gaeilge don earnáil iar-bhunoideachais le caighdeán teanga sách maith (Gael-Linn, 2017; Ó Grádaigh, 2015; Cigireacht na Roinne Oideachais & Scileanna, 2018) agus aon mholadh mar seo á dhéanamh.

### *Snáithe na Feasachta Teanga*

Soiléiríodh trí chineál feasachta sa taighde a thugann léargas thábhachtacha dúinn ar thionchair na feasachta teanga ar shealbhú éifeachtach na Gaeilge: an fhéinfheasacht, an fheasacht teanga agus an fheasacht chultúrtha. Aithnítear i Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí dhá shnáithe na feasachta (Feasacht teanga agus chultúrtha agus Féinfheasacht an fhoghlaiméora) a bheith mar dhlúthchuid ghníomhach de shnáithe na cumarsáide (An Roinn Oideachais & Scileanna agus An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim & Measúnachta, 2017). Tá áit lárnach ag an bhfeasacht teanga in aon churaclam teanga ach déanfar moltaí anseo bunaithe ar thorthaí an taighde. Cuirtear chun cinn mar mholadh go spreagfaí cur chuige ionduchtach-follasach mar oideolaíocht éifeachtach ina dtagann foghlaiméoirí ar struchtúr na teanga iad féin trí na samplaí den teanga a chuirtear ar fáil dóibh. Tá idirghabháil an chuir chuige ionduchtaigh-fhollasaigh cruthaithe a bheith éifeachtach chun dul i ngleic le deacrachtaí cruinnis, feasacht teanga a fhorbairt agus gníomhaíocht an fhoghlaiméora a spreagadh (Ní Dhiorbháin, 2017).

Faoi mar a pléadh thuas, sonraíodh meon fíordhearfach maidir le cultúr na hÉireann i measc fhaisnéiseoirí an taighde agus tuairiscíodh i gcásanna áirithe gurb é an nasc le líonra cultúrtha sa scoil lán-Ghaeilge, sa Ghaeltacht, i gcoláiste samhraidh Gaeilge nó sa phobal a mhúscail agus a chothaigh an t-inspreagadh páirt ghníomhach shóisialta a ghlacadh i gcultúr na teanga lasmuigh den suíomh traidisiúnta foghlama. Bheadh sé inmholta go ndéanfaí gach iarracht sa seomra ranga agus ar bhonn uile-scoile nasc cultúrtha leis an nGaeilge lasmuigh den seomra ranga a fhorbairt agus blaiseadh den chultúr beo lasmuigh den seomra ranga a bheith mar chuid comhtháite de cheachtanna. Cuir i gcás, fisichomhdháil le foghlaiméoirí / scoileanna eile in Éirinn nó thar lear, feasacht chultúrtha a fhorbairt trí taighde a dhéanamh ar phobal na teanga in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, ábhar dílis a úsáid ó ócáidí cultúrtha nó ón gcultúr pobail chun daltaí a spreagadh agus caidreamh a chothú leis an gcultúr spreagúil beoga.

Cuimsíonn an fhéinfheasacht de réir thorthaí an staidéir an fhoghlaim mhachnamhach rialta a spreagadh, is é sin go múscólfai feasacht mar gheall ar na straitéisí foghlama is mó a oireann don fhoghlaim aonair, an phróifíl atá ag an bhfoghlaim aonair agus na láidreachtaí agus laigi atá san fhoghlaim aonair, an dul chun cinn a dhéanann sé/sí.

### *Ról an Mhúinteora i gCothú na Foghlama Éifeachtaí*

Soiléiríodh ról an mhúinteora mar éascaitheoir i gcothú na foghlama éifeachtaí mar mhórtáir an staidéir. Ardaítear ceist ghéarchúiseach maidir le hinniúlacht an mhúinteora inar soiléiríodh go mbraitheann foghlaim aonair na Gaeilge iar-bhunscolaíochta ar an múinteoir Gaeilge mar phríomhtheagmháil leis an teanga agus mar fhoinsí aonair eolais ar an teanga. Tuairiscíodh feasacht na bhfoghlaim aonair i dtaobh chumas agus mheon a gcuid múinteoirí a imríonn tionchar orthu féin ó thaobh inspreagtha de. Moltar go ndéanfaí treisiú ar na tuiscintí agus ar an eolas atá ag múinteoirí ar bhunphrionsabail an tsealbhaite teanga, is é sin na cúinsí indibhidiúla a chuireann leis an sealbhú éifeachtach teanga agus ar na tréithe comónta atá aitheanta le dea-fhoghlaim aonair teanga, ar chlár oideachais agus san fhorbairt ghairmiúil.

Moltar, bunaithe ar thorthaí an staidéir, go gcuirfí cleachtais leanúnacha foghlama chun cinn sa seomra ranga Gaeilge a chuirfeadh an sealbhú teanga chun cinn. Tá cuir chuige meiteachognaíocha ar nós punann teanga ina gcoimeádann an foghlaim aonair taifead leanúnach ar ábhair nuafhoghlamtha (stór focal, nathanna úsáideacha, botúin choitianta teanga srl.), machnamh ar an bhfoghlaim agus fianaise den fhoghlaim sin, cruthaithe a bheith an-éifeachtach chun scafall a dhéanamh ar an bhfoghlaim, an foghlaim aonair a chumasú ar an gcontanam teanga agus an fheasacht teanga a chur chun cinn. Cuirtear i láthair mar mholadh chomh maith go mbeadh foghlaim aonair iad féin feasach ar chúinsí an fhoghlaim aonair a chuireann leis an sealbhú teanga agus na tréithe atá aitheanta le dea-fhoghlaim aonair teanga. Bheadh deis mhachnamh d'fhoghlaim aonair ar an bpróifíl teanga atá acu féin tairbheach sa chás seo.

### **Conclúid**

San alt seo rinneadh roinnt plé ar na cúinsí indibhidiúla a mbíonn tionchar acu ar shealbhu éifeachtach an dara teanga, ar na mórtáir atá déanta i ngort an dea-fhoghlaim aonair teanga go hidirnáisiúnta maraon le taighde reatha ar an nGaeilge sa chóras oideachais. Tugadh sonraí eolais maidir le roghnú na rannpháirtithe agus anailísíú ar shonraí taighde. Rinneadh sintéisiú ar na tréithe comónta a sonraíodh i measc foghlaim aonair a aithnítear mar fhoghlaim aonair éifeachtacha na Gaeilge iad i meánscoileanna lán-Ghaeilge agus meánscoileanna Béarla i limistéirí ionadaíocha na tíre; cathracha, bailte agus an tuath. Rinneadh tuairiscíú ar na mórtáir atá tháinig chun cinn sa staidéir a chuireann tuilleadh léargais agus saineolais ar fáil maidir le cúinsí atá scrúdaithe i ngort na Gaeilge agus tuiscintí úrnua maidir leis na cúinsí is mó a chuireann leis an sealbhú éifeachtach teanga. Cuireadh mórmholtaí an staidéir i láthair

bunaithe ar mhórhorthaí an taighde agus staidéir eile sa ghort a bhaineann leis an gceist lena n-áirítear an tábhacht a bhaineann leis an aiseolas ceartaitheach, an múinteoir mar eiseamláir agus éascaitheoir teanga, an fheidhm inaistritheach a bhaineann le straitéisí foghlama ó theanga go teanga, forbairt na feasachta teanga agus sprioc fheidhmiúil i leith úsáid na teanga. Táthar ag súil leis go gcuirfí le tuiscint an léitheora ar na cúinsí indibhidiúla a mbíonn tionchar acu ar an sealbhú teanga agus ar na tréithe comónta a bhaineann le foghlaimeoirí éifeachtacha teanga. Dá mhéid feasachta a bhaineann leis an réimse seo, is ea is mó deiseanna a bheidh ann sealbhú na Gaeilge a chur chun cinn, cleachtas oideolaíoch agus foghlama a shaibhriú agus foghlaimeoirí na Gaeilge a chumasú ar an gcontanam foghlama teanga.

## Leabharliosta

### Leabhair

Comhairle na hEorpa, (2001) *European Language Portfolio*. <https://www.coe.int/en/web/portfolio>.

Comhairle na hEorpa, (2001a) *A Common European Framework of Reference for Languages: Learning, Teaching, Assessment*. Cambridge: Cambridge University Press.

Cook, V. & Singleton, D., (2014) *Key Topics in Second Language Acquisition*. Bristol: Multilingual Matters.

Dörnyei, Z., (2005) *The Psychology of the Language Learner: Individual Differences in Second Language Acquisition*. Mahwah, NJ: Lawrence Erlbaum Associates.

Dörnyei, Z. & Ryan, S., (2015) *The Psychology of the Language Learner Revisited*. New York: Routledge.

Dörnyei, Z. (2005) *The psychology of the language learner: Individual differences in second language acquisition*. New Jersey: Lawrence Erlbaum Associates, Inc.

Gardner, R. & W. Lambert (1972) *Attitudes and motivation in second-language learning*. Rowley, Ma.: Newbury House.

Griffith, C. (2008) *Lessons from good language learners*. Cambridge University Press.

Griffith, C. (2018) *The Strategy Factor in Successful Language Learning; The Tornado Effect*. Multilingual Matters.

Harris, J., Forde, P., Nic Fhearaile, S. & O’Gorman, M., (2006) *An Ghaeilge sna Bunscoileanna: Treochtaí Náisiúnta Fadtéarmacha in Inniúlacht*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais & Eolaíochta.

Harris, J. & Ó Duibhir, P. (2011) *Effective Language Teaching: A Synthesis of Research*. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim & Measúnachta: Baile Átha Cliath.

Naiman, M. *et al.*, (1978) *The good language learner*. Clevedon: Multilingual Matters.

- Ó Duibhir, P., (2018) *Immersion Education: Lessons from a Minority Language Context*. Bristol: Multilingual Matters.
- Oxford, R., (1990) *Language learning strategies: what every teacher should know*. Boston: Heinle & Heinle.
- Robinson, P., (2002) *Individual differences and instructed language learning*. Amsterdam: John Benjamins Press.

## Ailt

- Dalton, G. & Devitt, A., (2016) 'Gaeilge Gaming: Assessing how games can help children to learn Irish.' *International Journal of Game-Based Learning*. 6, (4).
- Deweale, J.M., (2017) 'Why the Dichotomy "L1 Versus LX User" is Better than "Native Versus Non-native Speaker."' *Applied Linguistics* 2018: 39(2) 236–40.
- Dörnyei, Z., (2009) 'Individual differences: Interplay of learner characteristics and learning environment.' *Language Learning*. 59. 230.
- Dörnyei Z. & Skehan P., (2003) 'Individual differences in second language learning.' Doughty, C. & Long, M (Eag.), *Handbook of second language acquisition*. Oxford: Blackwell. 589–631
- Flynn, C. & Harris, J., (2016) 'Motivational diversity among adult minority language learners: are current theoretical constructs adequate?' *Journal of Multilingual and Multicultural Development*. 37(4). 371–84.
- MacIntyre, P. D., Baker, S. C., Clément, R., & Donovan, L. A., (2002) 'Sex and age effects on willingness to communicate, anxiety, perceived competence, and L2 motivation among junior high school French immersion students.' *Language Learning*, 52(3). 537–64.
- Murtagh, L., (2007) 'Out-of-school use of Irish, motivation to learn the language and proficiency in immersion and subject-only post-primary programmes.' *International Journal of Bilingualism and Bilingual Education*. 10(4). 428–53.

- Nic Phóidín, C., (2003) “Cén Fáth Nach?” Ó Chanúint go Críol. *Idir Lúibíní*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teo.
- Ó Ceallaigh, T.J., (2016) ‘Second Language Acquisition and Form-Focused Instruction in Immersion: Teaching for Learning.’ *World Journal of Educational Research*. 3(2).
- Ó Cuinneagáin, S., (2010) ‘Comparáid idir foghlaim na Gaeilge agus foghlaim na Gearmáinise i measc daltaí iar-bhuncoile.’ Ó Laoire, M., Davitt, A., Ní Laoire, M. & Ó Máirtín, M. (Eag.) *Teagasc na Gaeilge* 9. Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge. 47–58.
- Ó Duibhir, P., (2019). ‘Bilingual education in minority language contexts: When a high level of linguistic competence is not enough.’ *ELIA: Estudios de Lingüística Inglesa Aplicada*, 1. 39–64. <http://revistas.uned.es/index.php/ELIA/article/view/26478/20922>.
- Ó Laoire, M., (1994) ‘Spleáchadh ar Mhúineadh na Gaeilge san Iarbhunscoil.’ *Teangeolas* 33. 33–9.
- Ó Laoire, M., (1997) ‘Gearáin agus Caighdeáin.’ *Irisleabhar Mhá Nuad 1996–’97*. 204–25.
- Ó Laoire, M., (2000) ‘Learning Irish for participation in the Irish language speech community outside the Gaeltacht.’ *Journal of Celtic Language Learning* 5. 20–33.
- Ó Laoire, M. & Ní Chlochasaigh, K., (2010) ‘Dea-fhoghlaimeoirí teanga i mbun foghlama: Cad iad na bealaí éifeachtacha foghlama a bhíonn acu?’ Ó Laoire, M., Davitt, A., Ní Laoire, M. & Ó Máirtín, M. (Eag.), *Teagasc na Gaeilge* 9. Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge. 47–58.
- Rubin, J., (1975) ‘What the “good language learner” can tell us.’ *TESOL Quarterly*, 9(1). 41–51.
- Schmidt, R., (2010) ‘Attention, awareness, and individual differences in language learning.’ W.M. Chan, S. Chi, K. N. Cin, J. Istanto, M. Nagami, J.W. Sew, T. Suthiwan, & I. Walker. *Proceedings of CLaSIC 2010*, Singapore, December 2–4. Singapore: National University of Singapore, Centre for Language Studies. 721–37.

Skehan, P., (1991) 'Individual differences in second language learning.' *Studies in Second Language Acquisition*. 13. 275–98.

Walsh, J. & O'Rourke, B., (2015) 'Mudes teangeolaíochta agus nuachaintoirí na Gaeilge.' *Comhar Taighde*. 1.

## **Tuarascálacha**

An Roinn Oideachais & Eolaíochta, (2007) *An Ghaeilge sa Bhunscoil: Staidéir Mheastóireachta na Cigireachta*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais & Scileanna & An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim & Measúnachta, (2017) *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais & Scileanna.

An Roinn Oideachais & Scileanna, (2018) *Tuarascáil an Phríomhchigire*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais & Scileanna.

Gael-Linn (2017) *Tuairisc ar an Ghaeilge sa Chóras Oideachais i bPoblacht na hÉireann*. Baile Átha Cliath: Gael-Linn.

Ó Fáthaigh, M., (1991) *Learning Irish in second level schools – attitudes, motivation and achievement*. Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge.

Ó Grádaigh, S., (2015) *Soláthar Múinteoirí Ábhar do na hIar-bhunscoileanna Lán-Ghaeilge & Gaeltachta*. Ollscoil na hÉireann Gaillimh & COGG.

Walsh, C., (2007) *Cruinneas na Gaeilge scríofa sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath*. Baile Átha Cliath: COGG.

## Tráchtas

Ní Aogáin, S., (2019) *Teachers' and Students' Perspectives of Corrective Feedback on the Grammatical Accuracy of Immersion Students' Second Language*. Tráchtas Dochtúireachta. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Ní Chlochasaigh, K., (2014) *Tréithe Dea-Fhoghlaimoirí na Gaeilge ar an Dara agus ar an Tríú Leibhéal*. Tráchtas PhD. Institiúid Teicneolaíochta Trá Lí: COGG.

Ní Dhonnabháin, A.M., (2013) *An dátheangachas agus an t-aitheantas: déagóirí Éireannacha sa 21ú haois*. Tráchtas PhD. Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Ní Dhiorbháin, A., (2017) *Oideolaíochtaí um Theagasc an Léireolais do Bhunmhúinteoirí Faoi Oilíúint (MFO)*. Tráchtas DOid. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Ní Longaigh, E., (2015) *Na dea-chleachtais atá i bhfeidhm i nGaelscoileanna chun scileanna teanga a fheabhsú i ndaltaí ar ardchaighdeán Gaeilge i Rang a Sé*. Tráchtas M.Oid. Coláiste Mhuire gan Smál.

Ó Duibhir, P., (2009) *The spoken Irish of sixth-class pupils in Irish immersion schools*. Tráchtas Dochtúireachta sa Teangeolaíocht Fheidhmeach. Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



## Ag dul chun spairne leo - Sracshúil ar Bhriathra Frásacha na Gaeilge

Áine Nic Niallais

<https://doi.org/10.13025/zz9d-2339>



Comhrac na nDineasár

Istigh faoi bhrat an fhásra, *chuaigh* an T-Rex *i bhfolach*<sup>1</sup>  
go foighneach ar an Trícheireatóp.

Ansin i bhfaiteadh na súl, *tháinig sé aniar aduaidh ar*<sup>2</sup> an Trícheireatóp trí *ruathar a*  
*thabhairt air*<sup>3</sup> agus *fogha a thabhairt faoi*<sup>4</sup>.

Ní fhéadfaí *an lámh in uachtar a fháil ar*<sup>5</sup> an Trícheireatóp mhisniúil, áfach, a *thug* go  
diongbháilte *faoina*<sup>6</sup> chéile comhraic agus a *chuir an ruaig* go cróga sa deireadh *air*<sup>7</sup>.

Ba ar éigean a *d'éirigh leis* an T-Rex *na sála a bhreith leis*<sup>8</sup> an uair seo!<sup>9</sup>

- 1 TÉIGH + I + FOLACH = 'to hide.'
- 2 TAR + ANIAR ADUAIDH + AR = 'to surprise.'
- 3 TABHAIR + RUATHAR + AR = 'to rush/charge at.'
- 4 TABHAIR + FOGHA + FAOI = 'to attack.'
- 5 FAIGH + LÁMH IN UACHTAR + AR = 'to overcome.'
- 6 TABHAIR + FAOI = 'to attack.'
- 7 CUIR + RUAIG + AR = 'to rout/chase away.'
- 8 BEIR + NA SÁLA + LE = 'to escape.'
- 9 Údar an ailt a chum an scéilín seo chun léargas a thabhairt ar úsáid na mbriathra frásacha in ábhar léitheoireachta an lae inniu, in ábhar léitheoireachta do pháistí go háirithe. Foinse an phictiúir: <https://picclick.com/Dinosaur-Battle-Tyrannosaurus-Rex-T-Rex-Triceratops-Fighting-132219400533.html>

## 1.1 Ábhar an Ailt

Is é príomhsprioc an ailt seo ná léargas ginearálta a thabhairt ar na briathra frásacha sa Ghaeilge.<sup>10</sup> Míneofar an rud is briathar frásach ann agus tabharfar roinnt samplaí ó [teanglann.ie](http://teanglann.ie)<sup>11</sup> agus [focloir.ie](http://focloir.ie) chun na príomhchineálacha struchtúr atá ann a thabhairt chun cruinnis. Déanfar cuid de na deacrachtaí a bhaineann le húsáid na mbriathra frásacha sa lá atá inniu ann a spíonadh. Tabharfar súilfhéachaint i ndeireadh an ailt ar an dóigh a bhféadfadh eolas ní ba ghléine ar na struchtúir seo, agus ar an fhairsinge a bhaineann leo, cur le treisiú agus le neartú saibhris sa teanga.

## 1.2 Tábhacht na mBriathra Frásacha

Is iomaí ní atá ag imeacht in éag ar na saolta seo. Tá baol ann, áfach, go mbeidh an chinnúint chéanna i ndán do ghnéithe áirithe de struchtúr na Gaeilge de thairbhe easpa airde i dteagasc agus i bhfoghlaim na Gaeilge.<sup>12</sup> Is gné thábhachtach, lárnach de bhréidín na Gaeilge é an briathar frásach, mar a scríobh Ua Laoghaire (1922: 85):

The most beautiful, as well as the most subtle, element of Irish syntax is that which has its existence around those little words which express relation. They are called by the general name of *prepositions*... In the spoken language of the people it is that this element of Irish syntax

- 
- 10 De cheal spáis, ní bheifear ábalta gach gné den ábhar thábhachtach seo a phlé san alt seo ach tá mionchíoradh ar ghnéithe éagsúla de chomhréir agus de shéimeantaic na mbriathra frásacha i dtráchtas neamhfhoilsithe an údair, amharc ar Nic Niallais (2012).
- 11 An fhoinsé is tábhachtaí dá bhfuil againn sa Ghaeilge i dtaca leis na briathra frásacha. Tá siad liostaithe go córasach ag Ó Dónaill, mar shampla, nuair a luaitear an briathar **cuir** agus an iontráil a bhaineann leis, liostaítear ina dhiaidh sin na ceannfhocail seo a leanas móide na samplaí uile a bhaineann leo: **cuir amach, cuir aníos, cuir anuas, cuir ar** etc.
- 12 Is beag plé atá déanta go nuige seo ar thábhacht na mbriathra frásacha i struchtúr na dteangacha Ceilteacha, an Ghaeilge go háirithe (Stenson 1997; Rottet 2005). Liostaítear cuid mhaith de na briathra frásacha i bhfoirm foclóra i saothair thábhachtacha sa Ghaeilge, mar shampla: Mac Cionnaith (2004); Mac Giolla Chomhaill (1981) agus (2003); Mac Maoláin (1922), Ó Cadhlaigh (1922), Ua Laoghaire (1922), Ó Searcaigh (1939). Cé go bhfuil na liostaí agus samplaí seo an-luachmhar, níl anailís i ndáiríre ar na briathra frásacha sna liostaí sin agus níl scagadh sna liostaí sin ar na cineálacha éagsúla briathra frásacha atá ann. Tá cardáil mhaith déanta sa tsaothar *Réamhfhocail le Briathra na Gaeilge* (1975) le Ó Baoill agus Ó Domhnalláin ar na struchtúir le BRLATHAR+RÉAMHFHOCAL agus pléitear fosta an gaol idir na bunstruchtúir litriúla agus na struchtúir mheafaracha. Tá caibidlí iomlána sa leabhar gramadaí *Úrchúrsa Gaeilge* (1992) bunaithe ar shamplaí de na struchtúir seo a leanas: 'Bí/Is+Réamhfocal' (1992: 69-77); 'Briathra+Réamhfocal AR' (1992:168-174); 'Briathar+Réamhfocal+Ainmfocal' (1992: 175-184). Ainneoin nach luaitear na struchtúir ar fad sa tsaothar sin, bheadh an plé agus na ceachtanna a luaitear ann an-úsáideach go deo i leagan amach leabhair theagaisc ar na briathra frásacha amach anseo. Rinne Stenson (1997) anailís chomparáideach idir na struchtúir le réamhfhocail agus le dobhriathra sa Ghaeilge. Sa bhreis ar fho-aicmí Stenson (1997), luaigh Veselinović (2004(a): 177) fo-aicme eile atá fíorchoitianta sa Ghaeilge, eadhon, struchtúir le BRLATHAR+AINMFHOCAL+RÉAMHFHOCAL, leithéidí *Cuir+ruaig+ar* / 'to banish', *Cuir+geall+le* / 'to bet' etc. Tá sáranaílís chomparáideach déanta ag Ó Ruairc (1996: 103-138) ar úsáid na réamhfhocail agus na ndobhriathar sa Bhéarla agus sa Ghaeilge ach ní chuireann sé béim ar leith ar bhriathra frásacha. De réir m'eolais, níl iarracht déanta go dtí seo díriú go sonrath ar na cineálacha éagsúla briathra frásacha uile atá ann agus a leagan amach ar bhealach go bhféadfaí a bhfoghlaim agus a dteagasc. Beidh gá le hailt eile amach anseo chun léargas níos mine a thabhairt ar na gnéithe éagsúla ar fad den ábhar thábhachtach seo.

gets full scope... and the people revel in its subtlety, variety, and beauty. These characteristics of it, together with its long, continued use, give to the spoken Irish an exactness, a vigour, a combined strength and liveness, unknown in English speech.

Ar ndóigh, is iad na briathra frásacha atá i gceist go mór ag Ua Laoghaire thuas in ainneoin nach n-úsáideann sé téarma ar leith orthu. Thug Ua Laoghaire (1922: 85) le fios fosta go ndearna sé iarracht ina mhórshaothar *Séadna* (1904) úsáid a bhaint as na struchtúir seo ar dhóigh a mbeadh léitheoirí ábalta raon na n-úsáidí a fhoghlaim agus a thuiscint i gcomhthéacs.<sup>13</sup> Léirítear sa scéilín ‘Comhrac na nDineasár’ i dtús an ailt thuas gur féidir leas a bhaint as na cineálacha éagsúla briathra frásacha i litriocht an lae inniu fosta, sa litriocht do pháistí go háirithe, chun sealbhú agus saibhriú na teanga a neartú. Déanfar iarracht anseo thíos mar sin cardáil ar leith a dhéanamh ar na struchtúir seo chun teagascóirí agus scríbhneoirí a spreagadh lena n-úsáid agus lena gcur chun cinn.

### 1.3 Cad is Briathar Frásach ann?

#### 1.3.1 *Míniú ar an bhriathar fhrásach*

Is éard is briathar frásach ann ná briathar a chumtar trí bhriathar<sup>14</sup> móide míreanna éagsúla teanga a chur le chéile, mar a thug Matthews (1997: 297) le fios: ‘any combination of two or more words that is treated as, or as equivalent to, a verb: e.g. *take pictures of...* might be seen as an equivalent to *photograph*’.

Tréith thábhachtach eile a bhaineann leis na struchtúir seo ná go mbaintear brí neamhlitriúil, mheafarach astu agus, mar sin de, gur dulanna ‘ar leith’ cainte iad (Ó Domhnalláin & Ó Baoill, 1975: 7) ar choincheapa éagsúla saoil.<sup>15</sup>

13 Tá *Séadna* (1904) breac le sleachta den chineál seo: ‘Ní féidir dóibh **baint le** duine a bhíonn ag déanamh a ghnótha féin agus gan é ag **cur chucu ná uathu**. Ach duine a bheadh ag dul in áiteannaibh aeracha in am míthrathúil... ní haon iúnadh go **gcurfaí** a mhalairt de **chúram air** uaireanta. Ach, pé scéal é, **féachaint dá dtugas thoram** cad a chífínn ach an bhean agus í ina suí ar an leathlá eile den trucaíl uaim... Nuair a chonac í is dócha gur **tháinig iarracht de laige orm**... Pé rud a **tháinig orm**, níor **lean** sé i bhfad **orm**... do **luíos greim ar** an láimh... Do **tugadh iarracht ar** í a bhreith uaim ach ambasa choimeádas mo ghreim, agus fé mar a **tháinig liom** mo ghreim a choimeád do **chas mo mhisneach orm** agus mo neart’ (1987: 180).

14 Is cosúil gur briathra Gearmánacha aonsiollacha, dinimiceacha atá i mórchuid na mbriathra atá coitianta sna Briathra Frásacha Béarla (Spasov 1966: 45). Tugann Dixon (1982: 39), mar shampla, le fios go bhfuil na briathra seo a leanas ar na briathra is coitianta a thagann chun cinn i mBriathra Frásacha an Bhéarla: *go, come, run, fall, turn, stand, get, take, put, set, lay, bring, pull, cut, hold, keep, have* agus *be*. Chuir Live (1965: 430) in iúl gur briathra neamhrialta den chuid is mó a úsáidtear, eolas a thiocthadh le tuairim Kennedy (1920:29) gurbh iad na briathra is coitianta i ngnáthchaint na ndaoine, eadhon, na briathra neamhrialta, is mó ar baineadh leas astu le Briathra Frásacha nua a fhorbairt. Is suntasach an rud é gur briathra aonsiollacha, dinimiceacha, (neamhrialta go minic) iad na cinn is coitianta sa Ghaeilge fosta, leithéidí, *tar, téigh, rith, tit, faigh, tóg, cuir, bain, déan, lig, leag, bí, luigh, tóg, tabhair, séid* etc.

15 Tá mionscagadh in Nic Niallais (2012) ar fhás agus ar fhorbairt ilbhríonna meafaracha na mbriathra

### 1.3.2 Na príomhstruchtúir

Leagtar amach anseo thíos na míreanna éagsúla a chuirtear le chéile chun na príomhstruchtúir a bhaineann leis na briathra frasacha a chumadh. Maítear go bhfuil na míreanna seo thíos ag feidhmiú mar aonad amháin brí siocair gur féidir briathar aonfhoclach nó briathar frásach eile a úsáid sa Bhéarla<sup>16</sup> chun an coincheap céanna a chur in iúl. Léirítear sna samplaí seo chomh maith nach brí litriúil a bhaintear as na míreanna éagsúla ach go bhfuil brí mheafarach leis na míreanna nuair a chuirtear le chéile mar aonad iad:

#### (1) BRIATHAR + RÉAMHFHOCAL

BAIN + FAOI = ‘to settle’<sup>17</sup>

#### (2.a) BRIATHAR + DOBHRIATHAR TREO + RÉAMHFHOCAL

CUIR + ISTEACH + AR = ‘to interrupt / butt in’

#### (2.b) BRIATHAR + DOBHRIATHAR TREO<sup>18</sup>

CUIR AMACH = ‘to guess’

#### (3.a) BRIATHAR + AINMFHOCAL + RÉAMHFHOCA(I)L

TABHAIR + IARRAIDH + AR = ‘to attempt’ agus ‘to attack / have a go at’

#### (3.b) BRIATHAR + RÉAMHFHOCAL + AINMFHOCAL

CUIR + FAOI + COS = ‘to oppress / put down’

#### (3.c) BRIATHAR + RÉAMHFHOCAL + AINMFHOCAL + RÉAMHFHOCAL

TÉIGH + I + GLEIC + LE = ‘to grapple with’

Tugtar tuilleadh samplaí ilchineálacha anseo thíos de gach struchtúr acu sin thuas chun léargas níos glinne a thabhairt ar réimse na gcoincheap saoil is féidir a chur in iúl leo:

---

frásacha nó na ‘new shades of meaning’ mar a thugann Greene (1966:53) orthu.

- 16 Cuidíonn an briathar aonfhoclach nó briathar frásach Béarla anseo, agus ar fud an ailt seo, le haontacht na míreanna Gaeilge ó thaobh brí de a léiriú, nó mar a luaigh Matthews (1997: 297) thuas, go bhfuil siad ‘equivalent to, a verb’. Ainneoin gurb ann do bhriathra aonfhoclacha, comhchiallacha Gaeilge i gcuid de na cásanna, mar shampla, BAIN FAOI = ‘cónaigh’; CAITH/CUIR AMACH = ‘urlaic’, ní hann do bhriathar aonfhoclach, comhchiallach Gaeilge i ngach aon chás, mar shampla, DÉAN NEAMHIONTAS DE.
- 17 D’fhéadfadh sé tarlú go dtabharfaí cúpla brí san fhoclóir do chuid de na briathra frásacha a luaitear san alt seo. Mar shampla, tugtar na bríonna seo a leanas ar [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie) leis an bhriathar fhrásach **BAIN FAOI**: 1. to settle/stay 2. to appease 3. to undermine 4. to undertake. De ghrá na simplíochta, luaitear brí amháin acu seo sna samplaí.
- 18 Tá difríocht idir (2.a) agus (2.b) anseo sa mhéid agus go bhfuil géarghá leis an réamhfhocal in (2.a) chun brí an bhriathair fhrásaigh a chur in iúl (Chuir sé isteach **air** / Chuir sé isteach?). Níl géarghá leis an réamhfhocal in (2.b), áfach, chun an bhrí ‘to guess’ a chur in iúl: *Ní chuirfeá amach choíche é.*

**(1) BRIATHAR + RÉAMHFHOCAL**

BRIATHAR FRÁSACH sa Ghaeilge	SAMPLAÍ	BRIATHAR nó BRIATHAR FRÁSACH sa Bhéarla
<b>CUIR+AR</b>	Chuir an obair ar Úna.	'to distress'
<b>BAIN+DO</b>	Bhain sé do Liam.	'to concern, to relate to'
<b>LIG+FAOI</b>	Lig Liam faoi.	'to settle down, to control oneself' <sup>20</sup>
<b>TAR + LE</b>	Tháinig Úna leis.	'to put up with/tolerate'

Tábla 1: Samplaí de Bhriathra Frásacha ina bhfuil BRIATHAR + RÉAMHFHOCAL

**(2.a) BRIATHAR + DOBHRIATHAR TREO + RÉAMHFHOCAL**

BRIATHAR FRÁSACH sa Ghaeilge	SAMPLAÍ	BRIATHAR nó BRIATHAR FRÁSACH sa Bhéarla
<b>CAITH + ANUAS + AR</b>	Chaith Úna anuas ar Liam.	'to belittle'
<b>TÉIGH + SÍOS SIAR + DE</b>	Chuaigh caint Liam síos siar d'Úna.	'to ignore'
<b>TAR + ANIAR ADUAIDH + AR</b>	Tháinig caint Liam aniar aduaidh ar Úna.	'to surprise'
<b>CUIR + SUAS + DE</b>	Chuir Liam suas de thairiscint Úna.	'to refuse'

Tábla 2: Samplaí de Bhriathra Frásacha ina bhfuil BRIATHAR + DOBHRIATHAR TREO + RÉAMHFHOCAL

**(2.b) BRIATHAR + DOBHRIATHAR TREO**

BRIATHAR FRÁSACH sa Ghaeilge	SAMPLAÍ	BRIATHAR nó BRIATHAR FRÁSACH sa Bhéarla
<b>BAIN + AMACH</b>	Bhain Liam an teach amach.	'to reach'
<b>TAR + ISTEACH</b>	Tháinig an tairngreacht isteach.	'to fulfill'
<b>TIT+AMACH</b>	Cad é a thit amach?	'to happen'
<b>TARRAING + ANUAS</b>	Tharraing Úna anuas an scéal sin.	'to introduce'

Tábla 3: Samplaí de Bhriathra Frásacha ina bhfuil BRIATHAR + DOBHRIATHAR TREO

19 Luaigh Stenson (1997: 567) na struchtúir aisfhillteacha seo fosta ina mbíonn forainm ag tagairt siar san abairt d'ainmní na habairte. I measc na samplaí a thug síse, bhí: *Lig sé air* / he pretended; *Chuir sé leis* / he thrived; *chuir sé faoi* / he settled.

**(3.a) BRIATHAR + AINMFHOCAL + RÉAMHFHOCA(I)L**

BRIATHAR FRÁSACH sa Ghaeilge	SAMPLAÍ	BRIATHAR nó BRIATHAR FRÁSACH sa Bhéarla
BAIN + SEARRADH + AS	Bhain Úna searradh aisti féin.	'to stretch (oneself)'
DÉAN + GÉARLEANÚINT + AR	Rinne Úna géarleanúint ar Liam.	'to persecute'
CUIR + TEANNADH + LE	Chuir Liam teannadh leis an fhocal.	'to emphasize'
BÍ+BÁ+AG+LE <sup>21</sup>	Tá bá ag Úna le Liam.	'to like'

**Tábla 4: Samplaí de Bhriathra Frásacha ina bhfuil  
BRIATHAR + AINMFHOCAL + RÉAMHFHOCA(I)L**

**(3.b) BRIATHAR + RÉAMHFHOCAL + AINMFHOCAL**

BRIATHAR FRÁSACH sa Ghaeilge	SAMPLAÍ	BRIATHAR nó BRIATHAR FRÁSACH sa Bhéarla
TABHAIR + CHUN + CUIMHNE	Thug Úna an scéal chun cuimhne.	'to recall'
TIT + CHUN + CÉILLE	Thit Liam chun céille.	'to steady down'
CUIR + LE + CUTHACH	Chuir Liam Úna le cuthach.	'to enrage'
TÉIGH + FAOI + CÓNÁÍ	Chuaigh Liam faoi chónaí.	'to retire' (for the night)

**Tábla 5: Samplaí de Bhriathra Frásacha ina bhfuil  
BRIATHAR + RÉAMHFHOCAL + AINMFHOCAL**

**(3.c) BRIATHAR + RÉAMHFHOCAL + AINMFHOCAL + RÉAMHFHOCAL**

BRIATHAR FRÁSACH sa Ghaeilge	SAMPLAÍ	BRIATHAR nó BRIATHAR FRÁSACH sa Bhéarla
TÉIGH + I + GLEIC + LE	Chuaigh Liam i ngleic leis an ábhar.	'to grapple with'
CUIR + FAOI + DEARA + DO	Chuir Úna faoi deara do Liam imeacht.	'to compel'
TÉIGH + CHUN + TAIRBHE + DO	Chuaigh an obair chun tairbhe d'Úna.	'to benefit'
CUIR + I + CUIMHNE + DO	Chuir Liam an scéal i gcuimhne d'Úna.	'to remind'

**Tábla 6: Samplaí de Bhriathra Frásacha ina bhfuil  
BRIATHAR + RÉAMHFHOCAL + AINMFHOCAL + RÉAMHFHOCAL**

20 Tugtar liosta beag de na struchtúir seo le dhá réamhfhocal in Ó Cadhlaigh (1922: 200).

## 1.4 Deacrachtaí le hÚsáid na mBriathra Frásacha sa Ghaeilge

### 1.4.1 Tionchar an Bhéarla

Cé go bhfuil cuid mhór de na briathra frásacha coitianta go fóill sa ghnáth-Ghaeilge labhartha agus scríofa, tá moll mór eile acu á ligean i ndearmad as siocair nach bhfuil siad á gcloisteáil i mbéal na ndaoine níos mó. De bharr go bhfuil na struchtúir seo á ligean i léig, baintear leas as iasachtaí díreacha ón Bhéarla le coincheapa éagsúla an tsaoil a chur in iúl sa Ghaeilge. Is nós é seo atá chomh seanbhunaithe anois, go nglactar go coitianta le cuid mhaith de na nathanna seo i bpríomhfhoclóir na Gaeilge, *Foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill*: mar shampla, DÉAN+SUAS+LE / ‘make up to’ seachas b’fhéidir DÉAN+ATHMHUINTEARAS+LE nó BÍ+MÓR+LE. Níos eile é an briathar aonfhoclach Béarla a úsáid leis an iarmhír ‘áil’ in abairtí den chineál seo: *Cén fáth a mbíonn tú ag disappointáil mise i gcónaí?* (Stenson 1990: 183) seachas an briathar frásach CUIR+DÍOMÁ+AR: *cén fáth a gcuireann tú díomá i gcónaí orm?*

### 1.4.2 Úsáid mhíbhéacht na mbriathra frásacha

Baintear úsáid as straitéisí éagsúla sa Ghaeilge nuair nach mbítear ar an eolas faoi struchtúr cuí na mbriathra frásacha, mar shampla<sup>21</sup>: (1) fágtar mír ar lár go hiomlán: *teastaíonn mé imeacht anois seachas teastaíonn **uaim** imeacht anois*; (2) baintear leas as an mhír nó as an bhriathar chontráilte: *Tháinig sé **suas le** réiteach seachas tháinig sé **ar** réiteach*; (3) cuirtear mír isteach san abairt nuair nach bhfuil gá ar bith sa Ghaeilge léi: *Tháinig mé **trasna ar** ábhar seachas Tháinig mé **ar** ábhar*; (4) nó úsáidtear lomaistriúchán ón Bhéarla: ***Buaileadh suas** é seachas **Tugadh greadadh/bascadh/greidimín dó***.

I mbeagán focal, mura ndéanfar níos mó airde a tharraingt ar na struchtúir féin agus ar na meancóga a dhéantar leo, tá an baol ann go ligfear cuid mhór de bhriathra frásacha dúchasacha na Gaeilge i ndíchuimhne agus go mbeidh lomaistriúcháin ón Bhéarla á neartú agus á ndaingniú sa teanga.

## 1.5 Saibhriú teanga

Ní hamháin go bhféadfadh níos mó eolais i dtaca leis na briathra frásacha sa teagasc agus níos mó airde orthu san ábhar léitheoireachta úsáid na mbriathra frásacha a threisiú ach d’fhéadfadh eolas orthu cur leis an tsaibhriú teanga fosta. Tá saoirse áirithe ag baint leis na struchtúir seo

21 Tá na samplaí seo bunaithe ar ábhar ó na meáin éagsúla Ghaeilge, nó ar shamplaí in *Nua-Chorpas na hÉireann*.

i dtaca le malartú na n-ainmfhocail<sup>22</sup> go háirithe iontu chun bríonna comhchosúla<sup>23</sup> a chur in iúl, rud a chuireann go mór le haclú na teanga agus le fairsingiú foclóra sa Ghaeilge. Léirítear é seo sna samplaí seo thíos<sup>24</sup>:

Briathar	Cnuasach teoranta d'ainmfhocail sa Ghaeilge	Réamhfhocail	BRIATHAR nó BRIATHAR FRÁSACH sa Bhéarla
Bain	<i>geit, preab, an croí, an t-anam, bíogadh, cliseadh, léim, hap, dúiseacht</i>	as	'To startle'
Bain	<i>sult, spraoi, spórt, ceol, súp, sásamh, pléisiúr, taitneamh, suáilceas, suáilce, aoibhneas croí</i>	as	'To enjoy'
Bain	<i>turraing, leagan, titim, tuisle, barrthuisle, starrán</i>	as	'To stumble, to trip'
Bain	<i>tairbhe, leas, sochar, buntáiste</i>	as	'to benefit by'
Cuir	<i>ga, goineog, clipe</i>	ann	'to sting, to prick'
Cuir	<i>bíogadh, ceol, fuinneamh, smoirt, spionnadh, spleodar, beocht</i>	ann	'to liven, to smarten up'
Cuir	<i>béim, treise, meáchan</i>	air	'to emphasize'
Cuir	<i>cluain, dallamullóg, dallach dubh, dalladh píucín, an dubh ina bhán<sup>26</sup></i>	air	'To deceive, to bamboozle'
Déan	<i>dorn dubh, an donas, éagóir, tromáocht, leithcheal, leatrom, feall</i>	uirthi	'to wrong'
Tabhair	<i>spléachadh, sracshúil, súilfhéachaint, mearamharc, catsúil, leagan súl, leathshúil</i>	air	'to glance at'
Tabhair	<i>amas, rúid, iarraidh, áladh, srán</i>	air	'To attack, to rush at'

**Tábla 7: Samplaí de chnuasaigh teoranta d'ainmfhocail a thig a idirmhalartú chun bríonna comhchosúla a chur in iúl sa Ghaeilge**

- 22 Bíonn saoirse áirithe i dtaca leis na briathra uaireanta fosta, mar shampla, **ÉIRIGH/TÉIGH/TIT/RITH LE** = 'to succeed'. Is annamh go mbíonn saoirse ag roinnt leis an réamhfhocail ná leis an dobhriathar de bhrí go bhfuil brí na míreanna sin an-tábhachtach i mbrí na mbriathra frásacha, mar a spíontar go mion in Nic Niallais (2012).
- 23 Ar ndóigh, luaitear 'comhchosúil' seachas 'iomlán comhchiallach' anseo mar go gcaithfí cúrsaí réime a chur san áireamh agus ceann amháin nó eile acu seo á roghnú i gcomhthéacs ar leith.
- 24 Ní liostaí críochnaitheacha iad na liostaí seo, d'fhéadfadh sé go bhfuil corrsampla eile ann a thioctáí a chur leo ach bheadh gá le tuilleadh taighde chun liostaí críochnaitheacha a dhearbhu. Tugtar na samplaí seo chun léargas a thabhairt ar an tairbhe a thioctáí a bhaint as a leithéid seo de rangú córasach ar bhríonna comhchosúla.
- 25 Na hainmfhocail 'dubh' agus 'bán' atá i gceist sa nath áirithe seo seachas na haidiachtaí.

## 1.6 Focal Scoir

Ba é príomhchuspóir an ailt seo ná briathra frásacha na Gaeilge a chur i léire. Tugadh míniú ar an bhriathar fhrásach agus leagadh na príomhstruchtúir amach. Míníodh go hachomair na deacrachtaí a bhaineann le húsáid na mbriathra frásacha sa lá atá inniu ann agus maíodh go bhféadfadh níos mór airde sa teagasc agus san ábhar léitheoireachta treisiú le húsáid na mbriathra frásacha. Taispeánadh gur féidir an t-ainmfhocal a idirmhalartú i gcuid mhaith de na struchtúir chun bríonna comhchosúla a chur in iúl, rud a chuireann leis an tsealbhú agus leis an tsaibhriú teanga.

Dá bhféadfaí baill choirp seo na teanga - na briathra frásacha agus liostaí de na cnuasaigh de bhríonna comhchosúla - a chur le chéile agus a chur i láthair ar bhealach físiúil, córasach, spreagúil, d'fhéadfadh sé go mbainfí tairbhe mhór astu i dteagasc, i bhfoghlaim agus i bhforbairt na teanga. Is cinnte nach é amháin go gcuirfeadh tuilleadh tuisceana ar an ábhar seo go mór le treisiú agus le haclú foclóra ach, chomh maith leis sin, go gcothófaí teanga ní b'fholláine nach bhfuil a beatha i ngeall go hiomlán le múnlaí an Bhéarla.

## Liosta Foinsí

### Leabhair / Tuarascálacha Taighde

- An Gúm, (1999) *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*. Eagrán Nua, Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann (1ú Eagrán 1960).
- Greene, D., (1966) *The Irish Language, Irish Life and Culture*. Dublin: Three Candles.
- Mac Cionnaith, S., (2004) *Focail i bhFócas - Foclóir Comhchiallach Dátheangach*. An 2ú hEagrán Leasaithe, Baile Átha Cliath: Coiscéim (1ú Eagrán 2003).
- Mac Giolla Chomhail, A., (1981) *Deise Labhartha, Deise Scríofa*. Muineachán: Cló Oirghialla.
- , (2003) *Deismir – Cnuasach de Chora Cainte is de Natháin i nGaeilge Uladh*. Ard Mhacha: Cumann Seanchais Ard Mhacha.
- Mac Maoláin, S., (1922) *An Bealach chun na Gaedhealtachta - The Road to the Gaedhealtacht Phrase Book*. Béal Feirste: Coisde Mhodha na Ráidthe.
- Matthews, P. H., (1997) *Oxford Concise Dictionary of Linguistics*. Oxford: Oxford University Press.
- McIntosh, C., ed., (2006) *Oxford Phrasal Verbs - Dictionaries for learners of English*. 2<sup>nd</sup> Edition, Oxford: Oxford University Press (1<sup>st</sup> Edition 2001).
- Ó Baoill, D. & Ó Domhnalláin, T., eag., (1975) *Réamhfhocail le Briathra na Gaeilge*. Dublin: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó Baoill, D. & Ó Tuathail, É., (1992) *Úrchúrsa Gaeilge*. Eagrán Leasaithe, Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann (1ú Eagrán 1981).
- Ó Cadhlaigh, C., (1922) *Ceart na Gaedhilge*. Baile Átha Cliath: Mellifont Press.
- Ó Ruairc, M., (1996) *Dúchas na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.

Ó Searcaigh, S., (1939) *Coimhréir Ghaedhilg an Tuaiscirt*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Spasov, D., (1966) *English Phrasal Verbs*. Sofia: Naouka i Izkoustvo.

Ua Laoghaire, P., (1922) *Papers on Irish Idiom together with a translation into Irish of part of the first book of Euclid*. O’Rahilly, T.F., ed., Dublin: Browne & Nolan.

-, (1987) *Séadna*. Mac Mathúna, L., ead., Baile Átha Cliath: Carbad (1ú Eagrán 1904).

## Ailt

Dixon, R., (1982) ‘The Grammar of English Phrasal Verbs’, *Australian Journal of Linguistics*. 2, 1-42.

Kennedy, A. G., (1920) ‘The Modern English Verb-Adverb Combination’ in *Language and Literature*. Stanford: Stanford University Press, 1-51.

Live, A. H., (1965) ‘The Discontinuous Verb in English’, *Word*. 21, 428-451.

Rottet, K. J., (2005) ‘Phrasal Verbs and English Influence in Welsh’, *Word-Journal of the International Linguistic Association*. 56(1), 39-70.

Stenson, N., (1990) ‘Phrase Structure Congruence, government, and Irish-English Code-Switching’, *The Syntax of Modern Celtic Languages*. 23, 167-197.

Stenson, N., (1997) ‘Language Contact and the Development of Irish Directional Phrase Idioms’ in Ahlqvist, A., Čapková, V., ed. *Dán do Oide - Essays in Memory of Conn R. Ó Cléirigh*. Dublin: Institiúid Teangeolaíochta Éireann, 459-577.

Veselinović, E., (2004(a)) ‘How to put up with *cur suas le rud* and the Bidirectionality of Contact’, translated by Tristram, H. L. C., ed. *The Celtic Englishes IV - The Interface between English and the Celtic Languages*. Potsdam: Universitätsverlag Potsdam.

Veselinović, E., (2004(b)) ‘Der Übergang von der Verbalkompositionen zum Phrasal Verb im Irischen’ in Poppe, E., ed. *Keltologie Heute. Themen und Fragestellungen*. Münster: Nodus Publikationen, 95-110.

### **Tráchtas Neamhfhoilsithe**

Nic Niallais, Á., (2012) *Ag teacht isteach orthu: Gnéithe de Chomhréir agus de Shéimeantaic Bhriathra Frásacha na Gaeilge*. Tráchtas Neamhfhoilsithe, Béal Feirste: Ollscoil na Banríona.

### **Bunachair Leictreonacha:**

Foras na Gaeilge, *Nua-Chorpas na hÉireann*, [Féach: <http://corpas.focloir.ie/>] [Baineadh úsáid as seo an 10 Meán Fómhair 2019].



## Céad-Táblóideach na Gaeilge: *Anois*

*Dorothy Ní Uigín*

<https://doi.org/10.13025/ekms-rq26>

### Réamhrá

Bunaíodh an nuachtán *Anois* sa bhliain 1984. Gael-Linn a bhunaigh agus mhair an foilseachán go dtí 1996. (Féach *Scéal Gael-Linn* le Mairéad Ní Chinnéide le haghaidh cur síos cuimsitheach ar bhunú agus ar stair na heagraíochta sin.) San alt seo pléifear ábhar an nuachtáin agus déanfar cur síos ar na daoine a raibh baint acu leis, idir scríbhneoirí, eagarthóirí agus fhoilsitheoirí. Táblóideach a bhí ann – an chéad uair a chonacthas a leithéid i scéal iriseoireachta na Gaeilge – cuma shnasta air agus pictiúir dhaite agus grianghraif tharraingteacha ann, ach ar tharraing an páipéar aird na gcainteoirí Gaeilge ag an am agus cén glacadh a bhí leis an bpáipéar sna ceantair Ghaeltachta? Tháinig *Anois* i gcomharbacht ar *Inniu* agus *Amárach*, dhá nuachtán ar bhain stair fhada, shuimiúil leo, ach an comharba maith orthu a bhí in *Anois*? Agus cén tábhacht a bhaineann le *Anois* i stair na hiriseoireachta Gaeilge trí chéile?

### Cúlra an Nuachtáin: An Comhchaidreamh & Gael-Linn

Gael-Linn, mar a luadh thuas, a bhunaigh *Anois* agus d'éascair Gael-Linn féin as an gComhchaidreamh, eagraíocht ollscoile a bhunaigh Máirtín Ó Flathartaigh in 1935 chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc mic léinn ollscoile. In 1942, bhunaigh an Comhchaidreamh *Comhar* mar ardán litríochta, agus mar mheán bolscaireachta don eagraíocht. Ceithre bliana ní ba dhéanaí, sa bhliain 1946, rinne an Comhchaidreamh *coup* ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge in éineacht le Glún na Buaidhe agus toghadh cuid mhór de lucht an Chomhchaidrimh mar bhaill den Chomhdháil. (Féach *Architects of the Resurrection* le R.M. Douglas le haghaidh cur síos iomlán ar Ghlún na Buaidhe.) Thug an Comhchaidreamh go leor moltaí faoin nGaeilge don rialtas tríd an gComhdháil ach ba bheag toradh a chonaic siad ar a gcuid

iarrachtaí. Is i ngeall ar an easpa gnímh seo a bhunaigh an Comhchaidreamh ‘linn’ in 1953 chun airgead a bhailiú ar son na Gaeilge. Phléigh Dónall Ó Móráin an míshásamh a mhothaigh an Comhchaidreamh leis an rialtas ag an am agus dúirt sé (1985: 46):

Ba faoi na cúinsí sin a ghlac an Comhchaidreamh tosaíocht arís sa bhliain 1953, trí eagrais nua a bhunú faoina scáth – Gael-Linn – a d’fhéachfadh le hairgead a bhailiú ón bpobal d’fhonn léargas beag a thabhairt do lucht rialtais agus don phobal i gcoitinne ar an méid a d’fhéadfaí a dhéanamh don Ghaeilge agus don Ghaeltacht ach an t-airgead cuí a bheith ar fáil chuige.

Ag am a bhunaithe féin, scríobhadh an méid thíos ar an nuachtán *Inniu* (17 Aibreán, 1953) faoi Ghael-Linn:

I dtús na seachtaine seo tháinig Gaeilgeoirí le chéile i mBleá Cliath ar cuireadh ón Chomhchaidreamh le ‘linn’ (*football pool*) a bhunú ar mhaithe leis an Ghaeilge. Sí seo an chéad linn riamh sa tír seo a mbeidh a torthaí ag brath ar chluichí a imrítear sa tír seo (.i. cluichí peile agus iomána Chumann Lúthchleas Gael) agus an chéad linn a mbeidh a litríochta go léir i nGaeilge...

‘Gael-Linn’ an t-ainm atá ar an linn. Cé gurb é an Comhchaidreamh a bheas á reachtáil, is ar son cuspóirí na Gaeilge i gcoitinne is rún dóibh an t-airgead a dhéanfar uirthi a chaitheamh, agus tá triúr de chúigear caomhnóirí na Linne nach baill den Chomhchaidreamh iad.

Ainmneacha na gCaomhnóirí: Seán Ó Síocháin, Máirtín Ó Cadhain, Máire Bhreathnach M.A., Dónall Ó Móráin B.L. agus Aodhagán Brioscú B.Arch.

...Seo cuid de na bealaí a gcaithfear an t-ioncam: leis an Ghaeilg á chur chun cinn sna hollscoileanna; daoine óga a chur chun na Gaeltachta; ard-oideachas a sholáthar do mhic léinn ón Ghaeltacht; cuidiú le gluaiseachtaí eile na Gaeilge; halla caidrimh do Ghaeilgeoirí d’fháil.

Ghlac Gael-Linn áit an Chomhchaidrimh, agus tháinig deireadh leis an tseaneagraíocht le bunú na heagraíochta nua. Dónall Ó Móráin féin b’údar le bunú Ghael-Linn trí mholadh a rinne sé ag cruinniú den Chomhchaidreamh i gCorcaigh in 1953, agus bhí an Móránach ina cheannasaí ar an eagraíocht ar feadh na mblianta ina dhiaidh sin go dtí gur ghlac Riobárd Mac Góráin an cúram sin chuige féin sa bhliain 1992.

### **Bunú Anois**

Dónall Ó Móráin a bhí ina bhainisteoir ar *Anois* freisin, an nuachtán a bhunaigh Gael-Linn in 1984. (Féach nóta beathaisnéise ag: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1744>). Sular bunaíodh an páipéar, bhí cainteanna ag dul ar aghaidh ag an rialtas leis an dá nuachtán sheachtainiúla Gaeilge a bhí á bhfoilsíú ag an am – *Inniu* agus *Amárach* – chun deontas do na nuachtáin a shocrú. Bord na Gaeilge a bhí i mbun na gcainteanna seo ar son an rialtais,

agus bhí an Bord ag iarraidh go ndéanfaí comhnascadh idir an dá nuachtán agus go ndéanfaí maoiniú ceart ar nuachtán amháin. Agus na cainteanna seo ag dul ar aghaidh, fógraíodh conradh i gcomhair nuachtán nua seachtainiúil – rud nach raibh aon súil ag lucht *Inniu* ná *Amárach* leis. Bhuaigh Gael-Linn an conradh don nuachtán nua, agus tháinig an chéad eagrán de *Anois* amach an 2 Meán Fómhair, 1984. Is mar seo a leanas a rinne Proinsias Mac an Bheatha cur síos ar imeachtaí na réamhthréimhse seo in *I dTreo na Gréine* (g.d.: 46 & 49):

Chreid lucht *Inniu* gur nuachtán náisiúnta ina bpléifí gach ceist náisiúnta agus idir-náisiúnta an cuspóir a bhí ag *Inniu*. . . Cuspóir Ghaeltachta a bhí ag *Amárach* agus cuspóir teanga; cuspóir náisiúnta agus atógáil na hÉireann a bhí ag *Inniu* – cuspóir a raibh gnéithe eacnamaíochta agus sóisialta, polaitiúla agus morálta agus eile aige chomh maith le gné na teanga. . .

Agus ansin lá amháin i mí Dheireadh Fómhair, 1983, gan focal a rá linn roimh ré chuir an Roinn fógra sna nuachtáin laethúla go raibh tairiscintí á lorg acu ó dhaoine le páipéar seachtainiúil nua Gaeilge a fhoilsiú. Nuair a d'fhiosraíomar ina thaobh dúirt an Roinn linn go bhféadfaimis féin tairiscint a chur isteach. Chuireamar tairiscint isteach agus chuir seacht ndream eile tairiscintí isteach. . . Bhí a fhios againn, ar ndóigh, go raibh sé beartaithe ag an Roinn deireadh a chur le *Inniu*. Agus bhí tuairim againn cé a bhí i gceist acu leis an pháipéar nua a fhoilsiú. . .

Sular foilsíodh an chéad eagrán de *Anois*, scríobh Dónall Ó Móráin an méid thíos in *Comhar* (Lúnasa, 1984: 7), faoin nuachtán nua a bhí le teacht ar an saol go gairid ina dhiaidh sin:

Tá rud an-tábhachtach breise le rá faoin ábhar léitheoireachta a bheidh in *Anois*. Ní bheadh trácht ar fhoilseachán mar é murach an ghluaiseacht um chaomhnú na Gaeltachta agus um athbheochan na Gaeilge. Is beag léitheoir nach suim léi/leis an Ghaeltacht féin agus staid na Gaeilge sa chuid eile den tír. Caithfidh *Anois* freastal ar fónamh ar an tsuim leathan sin.

1 Is fiú freisin cur síos Mhairéad Ní Chinnéide in *Scéal Ghael-Linn* a léamh freisin (22): 'Faoi 1982 bhí an nuachtán *Inniu*, a bhí ann le dhá scór bliain, beo ar éigean ceal acmhainní agus iriseoirí. An bhliain chéanna cuireadh deireadh leis an deontas don nuachtán Gaeltachta *Amárach* a bhí lonnaithe i gConamara ó 1980 agus díolachán réasúnta aige sa Ghaeltacht. Ansin, i 1983, d'fhógair Aire na Gaeltachta, Pádraig Ó Tuathail, próiseas tairisceana chun nuachtán seachtainiúil Gaeilge a fhoilsiú, ceann a dhéanadh freastal ar mhuintir na Gaeltachta agus ar chainteoirí Gaeilge ar fud na tíre.

Chuir an Móránach grúpa le chéile chun iarratas a ullmhú. Fuair sé cabhair agus comhairle ó Shéamas McConville, eagarthóir *The Kerryman*. Nuachtán tabloideach, ildaite dar teideal *Anois* a bhí i gceist ag an ghrúpa agus bhí socraithe go mbeadh áiseanna an *Sunday World* ar fáil chun é a leagan amach agus a chur i gcló. Roghnaíodh *Anois* as seacht dtairiscint. An 14 Márta, 1984 síníodh an conradh idir Aire na Gaeltachta, agus Dónall Ó Móráin, thar ceann *Anois* Teoranta.

Fochomhlacht de chuid Ghael-Linn ab ea *Anois* Teoranta, a raibh Bord Stiúrtha agus cuideachta dá chuid féin aige. Bhí deontas bliantúil £124,800 aige ó Roinn na Gaeltachta agus bhíothas ag súil costais eile a chlúdach ó ioncam fógraíochta agus ó dhíolachán. . .

Tagann an cur chuige seo salach ar an gcur chuige a bhí ag Ciarán Ó Nualláin nuair a tosaíodh ar *Inniu* a fhoilsiú in 1943. Bhí sí mar aidhm ag an Nuallánach cúrsaí Gaeilge, agus cúrsaí ghluaiseacht na Gaeilge a sheachaint oiread agus ab fhéidir ar *Inniu*, agus cé nár cloíodh i gcónaí leis an bprionsabal sin, bhí sé lárnach i bhfealsúnacht an Nuallánaigh.

Chuir a chuma nua-aimseartha le rath *Anois* ag an tús mar gur ceannaíodh an nuachtán as fiosracht. Sa nuachtán *Lá*, (3 Meán Fómhair, 1984), luadh foilsiú *Anois*, ach rinneadh gearán nach raibh sé ar fáil sna sé chontae. An tseachtain dar gcionn, áfach (10 Meán Fómhair, 1984), in alt dar teideal ‘Moladh Mór do *Anois*’ dúradh an méid thíos faoin bhfoilseachán nua:

Tá moladh tuillte ag Dónall Ó Móráin, Bibi Baskin agus foireann iomlán *Anois* as ucht an nuachtáin bheomhair ghleoite atá á chur ar fáil acu gach Domhnach. Tá an dara heagrán níos fearr fós ná an chéad cheann agus gach dealramh ar an scéal gur ag dul i bhfeabhas a bheas sé amach anseo...

Rinneadh baghchat ar an nuachtán i gConamara, áfach, agus is cinnte gur bhain míshuaimhneas le bunú *Anois* mar gheall gur tháinig deireadh le *Inniu* agus *Amárach* lena bhunú. Is léir gur thuing lucht *Anois* go raibh an míshásamh seo ann, agus déantar tagairt indíreach dó sa chéad eagrán den nuachtán (2 Meán Fómhair, 1984: 3). Deirtear san eagarfhocal:

Níor tháingamar ar an saol d’fhonn foilsiúchán ar bith eile a dhíchur. Ní raibh a leithéid de pholasáí riamh againn – agus ní bheidh. Dar linn, níl a leath dóthain irisí Gaeilge á bhfoilsiú faoi mar atá. Rud é seo a bheidh á rá go tréan agus go rialta againn amach anseo.

Ní rud gnáthach é eagarfhocal a bheith ar *Anois*, ar ndóigh. Deirtear i gcéadeagrán an nuachtáin:

Eagarfhocal é seo chun a chur in iúl nach mbeidh foilsiú eagarfhocail ina ghnáthnós againn; níl de dhánacht ionainn a mheas go mbeadh rud bunúsach le cur i láthair againn gach seachtain faoi chúrsaí an tsaoil mhóir.

Luadh, áfach, go mbeadh an spás á thairiscint acu ar an nuachtán gach seachtain do dhaoine ar mhaith leo a gcuid smaointe féin ar cheisteanna áirithe a chur in iúl. Ceist chigilteach an easpa eagarfhocail, áfach, mar go dtugann eagarfhocal léargas ar mheon foilseacháin. Shíl Risteárd Ó Glaisne, go deimhin, gur mhór dearcadh láidir a bheith ag eagarthóirí nuachtáin, agus mhaígh sé (Ní Uigín, 2017: 79):

An té nach gcreideann i rud ar bith... ar cuma éigin bhí an easpa sainmhíthe i gceist... agus ní thugann sé sin seans duit do chuid sainmhíthe féin a oibriú amach – rud a dhéanann tú má tá tú ag streachailt leis an duine... (Agallamh, Nollaig 1992)

Léirigh sé laigeacht i dtaca le lucht bunaithe *Anois* nach raibh siad sásta aon pholasaí eagarthóireachta ar leith a leagan síos ná a léiriú ar an nuachtán.

In ainneoin shéanadh Uí Mhóráin thuas maidir le foilseacháin eile a ‘dhíchur’, d’fhan an míshuaimhneas i measc cainteoirí Gaeilge lasmuigh agus laistigh den Ghaeltacht faoin gcaoi ar tháinig *Anois* ar an saol. In aitheasc Phroinsias Uí Chonluain (a raibh baint aige le Glúin na Buaidhe agus a scríobhadh ailt faoi chúrsaí scannánaíochta ar *Inniu*), mar Uachtarán ar an Oireachtas in 1984, mar shampla, dúirt sé an méid thíos:

Chuala muid i rith na bliana Aire na Gaeltachta agus Cathaoirleach Bhord na Gaeilge ag maíomh as an dul chun cinn a bhí déanta acu agus ‘an sprioc tábhachtach a baineadh’ amach nuair a chin an tAire ‘ar sholáthar a dhéanamh do nuachtán nua Gaeilge ó Mheán Fómhair amach’. Níor luaigh ceachtar acu go raibh dhá pháipéar Gaeilge a gcur chun báis le tús a chur leis an cheann nua. *Anois* tá eagarthóir agus bainistoir agus foireann *Inniu* ar an ‘dole’ agus gan socrú ceart ar bith déanta ar a son den chineál a gheall Aire na Gaeltachta nuair a bhí tua an bháis á bagairt agige an chéad uair. Creidim go ndearnadh tairiscint éigin le deireanaí atá suarach go maith agus nach bhfuil ag cur ar dhóigh a bith lena mbeadh tuille ag foireann *Inniu* i ndiaidh a saothair ar feadh corradh le daichead bliain.

### **Eagarthóirí & Scríbhneoirí *Anois*:**

Ba í Bibi Baskin céadeagarthóir *Anois*. Bhí sí ina heagarthóir ar an nuachtán go dtí Deireadh Fómhair 1985, agus ina colúnaí air ar feadh tréimhse ina dhiaidh sin, agus colún den ainm ‘Seilfsmainte’ aici. Ba bheag taithí iriseoireachta ná eagarthóireachta a bhí ag Bibi Baskin, ach chuir a ceapachán leis an íomhá nua-aimseartha, nuafhaiseanta a bhí lucht *Anois* ag iarraidh a chruthú don nuachtán agus bhí, ar ndóigh, cumas maith scríbhneoireachta inti. Ceapadh an file agus fear léinn Tomás Mac Síomóin ina eagarthóir ar *Anois* ina diaidh, i mí Dheireadh Fómhair, 1985. Ar na scríbhneoirí eile a bhí ag scríobh ar an nuachtán sna blianta luatha seo bhí Cathal Póirtéir, Gabriel Rosenstock, Fiachra Ó Marcaigh agus Conall

Ó Móráin. Bhí colún rialta ag Proinsias Mac Aonghusa agus ag Micheál Ó Muircheartaigh ar an bpáipéar agus scríobhadh an Móránach féin ‘colún aoire’ faoin ainm cleite ‘Briciú’ ar *Anois*. Dar le Mairéad Ní Chinnéide (2017: 123) gur ‘Cuireadh deireadh leis an cholún nuair a rinne Roinn na Gaeltachta gearán faoi.’

Ba é Micheál Ó Cearúil a ghlac áit Thomáis Mhic Shíomóin mar eagarthóir ar *Anois*. Bhí sé ina eagarthóir ar *Comhar* roimhe sin, ach ní fada a d’fhan sé i mbun eagarthóireachta ar *Anois*, agus ar eagrán Dheireadh Fómhair 1991, de *Comhar* (4), luadh:

Ardaíonn imeacht Mhíchil Uí Chearúil ó eagarthóireacht *Anois* ceisteanna bunúsacha faoin mbainisteoireacht atá á déanamh ar iriseoireacht na Gaeilge. Dar le *Lá* (12/9/1991) ‘is eol go raibh an caidreamh eatarthu (an Cearúlach agus Dónall Ó Móráin, Stiúrthóir Bainistí *Anois*) go dona le tamall anuas, cionn is go raibh an tUas. Ó Cearúil míshásta lena laghad áiseanna is airgid a bhí á chur ar fáil ag an Mhóránach d’fhorbairt an pháipéir.

Tháinig Bernard Harris i gcomharba ar Mhícheál Ó Cearúil mar eagarthóir an nuachtáin. Luann Mairéad Ní Chinnéide (2017: 125–6):

Níor chabhraigh cur chuige bhainisteoir *Anois* chun eagarthóirí a choimeád ná chun meanma na foirne a chothú. Ba mhinic easaontas idir é agus iad faoin ábhar a bhí le cur sa nuachtán. Bhí na rátaí iocaíochta íseal agus bhíodh moill ar iad a íoc.

Bhí cás leabhair ann i 1989 a chosain £8,000 agus bhí fiacha £25,000 ar an nuachtán an bhliain dar gcionn. Nuair a ceapadh Bernard Harris ina eagarthóir i 1991 bhí an díolachán tite go mór agus an nuachtán i gcruachas airgid...

I 1996 d’aistrigh Roinn na Gaeltachta cúram mhaoiniú (127) na n-irisí Gaeilge do Bhord na Gaeilge agus d’fhógair siadsan go mbeidís ag lorg tairiscintí poiblí do nuachtán seachtainiúl Gaeilge. Bíodh gur chaith bord *Anois* Teoranta mórchuid dua le hullmhú iarratais sa bheagán ama a tugadh dóibh, theip orthu an conradh a fháil...

In alt ar *Lá*, (24 Meitheamh, 1993), dúirt Diarmuid Ó Gráinne faoi Dhónall Ó Móráin gur ‘fear a chuirfeadh an Genghis Khan in áit na leathphingine ó thaobh coimeádachais de...’ a bhí ann, agus tar éis a bháis dúirt Proinsias Mac Aonghusa an méid thíos faoin gcaoi a ndearna sé bainistíocht ar lucht eagair agus scríofa an nuachtáin (*Foinse*, 25 Samhain, 2001):

B’fhéidir gur chuir sé a ladar féin ró-mhor in obair *Anois* agus nár thug sé deis do na heagarthóirí éagsúla a bhí ar an iris. Ní duine é Dónall Ó Móráin a thabharfadh mórán cead a gcinn dóibh siúd a bhí ag obair faoina stiúir. Má bhí locht air, b’in é é.

## Ábhar an Nuachtáin

Ba dheacair do *Anois* nuacht reatha náisiúnta ná idirnáisiúnta a chur ar fáil, agus bhíodh an nuachtán ag brath cuid mhór ar phreasráitis agus ar ábhar ó nuachtáin eile do na hailt ar *Anois*. Mhínigh Dónall Ó Móráin, (Agallamh, Bealtaine, 1993), go léadh sé ar a laghad ceithre nuachtán déag in aghaidh an lae, nuair a bhí *Anois* á fhoilsiú, agus go bpiocadh sé amach aon phíosáí a cheapann sé a bheadh spéisiúil do lucht léitheoireachta *Anois*. D'aithin léitheoirí an cur chuige seo agus dúirt Conall Van Doren in *Lá* (2 Meán Fómhair, 1993) an méid seo thíos faoi:

Tá an t-iriseán *Anois* chomh mífhóirsteanach don mhargadh agus a bhí riamh, é bog lán le píosaí aistriúcháin as irisí Sasanacha, mar dh'ea gur le 'comhfhreagraithe' éagsúla iad nó iad faoi ainmneacha cleite ach gur léir ón stíl gur le haistritheoir amháin iad go léir.

Mhol sé Mícheál Mac Aonghusa a ceapadh ar an bhfoireann in 1986, áfach, agus dúirt:

... bíonn 'Comhad Cathrach' thar cionn i dtólamh ag Mícheál Mac Aonghusa, ar duine de na scríbhneoirí próis is fearr dá bhfuil againn faoi láthair é. Bíonn idir throm agus éadrom aige, é i gcónaí údarásach, eolgaiseach, ealaíonta.

Iriseoir éirimiúil léannta a bhfuil croí agus anam ann. Faraor, nár fágadh Mícheál i mbun eagarthóireacht na hirise agus nach dtéann Deainí agus Beirní amach a díol...

Dónall Ó Móráin an 'Deainí', a luaitear thuas, agus Bernard Harris an 'Beirní'.

Rinneadh gearán faoin easpa nuachta ar *Anois* in *Comhar* freisin (Feabhra, 1993); deir 'An Fiosróir Náisiúnta' an méid seo thíos faoin gceist:

Ag nochtú an ghléas spreagtha nua<sup>2</sup> le tuilleadh focal per leathanach a mhealladh as iriseoirí *Anois*, dúirt an Commissar Dónall Ó Móráin go méadófaí tuarastal na n-oibrithe láithreach.

'Dáilfear dhá bhabhla ríse orthu an 1,000 focal as seo amach in áit aon bhabhla amháin,' ar seisean. 'Ach tuigtear go scaoilfear éinne a thiteann faoin leibhéal sin trasna Pháirc an Fhionnuisce.'

Shéan an Commissar Ó Móráin tuairiscí go raibh pleananna aige alt nuachta a chur isteach sa pháipéar deiridh seachtaine roimh dheireadh an chéid. 'An duine deireannach a fuarthas ag iarraidh nuacht a shleamhnú isteach idir na torthaí feise agus mo phictiúrsa, dhíbir mé chuig an Ghulag Cathrach é.'

2 Bhí pictiúr de chanóin ag dul leis an alt, agus sin an 'gléas spreagtha' a bhí i gceist.

Bhí gearán den chineál céanna ag Uinsionn Mac Dubhghaill (1993a: 9) sa bhliain chéanna:

*Anois, the newspaper by Gael-Linn with the help of some £3,000 of State funds each week, is a disgrace. It contains little news or information, partly because it pays its contributors so badly, and even fails to keep its dwindling readership abreast of many developments relating to Irish. Much of what passes for comment and analysis in the paper is little more than the myopic ramblings of Gaelgeoirí who complain incessantly about what the State or various interest groups are or not doing for the language.*

Anois is arís, bhíodh *Anois* chun tosaigh ar fhoilseacháin eile le scéal nuachta, ach má bhí, rinneadh cinnte é sin a fhógairt ar an nuachtán. Féach thíos an méid a scríobhadh ar eagrán 6 Eanáir, 1985, mar shampla:

Anois chun Tosaigh.

Ar 2 Nollaig thuairiscigh *Anois* go raibh an galar marfach A.I.D.S. tar éis an tír seo a shroiceadh.

Ní bhfuair na nuachtáin eile an scéal tábhachtach seo go ceann míosa ina dhiaidh sin.

Ar na scríbhneoirí rialta a scríobh ar *Anois*, bhí Proinsias Mac Aonghusa – a luadh thuas – a raibh alt ar *Anois* aige ó bunaíodh an nuachtán. Bhíodh ailt ar chúrsaí teanga agus staire aige agus ailt tuairimíochta ar chúrsaí reatha. Tá ailt leis faoi dhaoine mór le rá i saol na Gaeilge: Pádraig Ó Conaire (30 Lúnasa, 1987), agus Risteárd Ó Glaisne (25–26 Lúnasa, 1990) mar shampla, agus ar 12 Feabhra, 1989, foilsítear an t-aitheasc a thug sé le linn an Aifrinn Chuimhneacháin do Dhónall Mac Amhlaigh thiar ar an gCeathrú Rua. Cé go bhfuil na hailt seo dea-scríofa, tá rian den seanghalar a bhain le go leor foilseachán Gaeilge ar na hailt seo – cainteoirí Gaeilge ag scríobh faoi chainteoirí Gaeilge agus á moladh.

Bhí an sagart agus úrscéalaí Pádraig Standún ag scríobh go rialta ar *Anois* ó 1987 amach. Phléigh sé ceisteanna a bhain leis an nGaeltacht chomh maith le cúrsaí reatha, cúrsaí eaglaise ar uairibh agus cúrsaí litríochta freisin ó thráth go chéile. Iarracht a bhí sna hailt seo macasamhail an róil a bhí ag *Amárach*, a bhí ina nuachtán Gaeltachta, a ghlacadh.

Tá roinnt alt, agus cúpla gearrscéal, le Dónall Mac Amhlaigh ar *Anois* ó thús 1987. Ar aon dul leis na hailt leis ar *Amárach* agus ar *Inniu*, ba mhínic dó ag plé chúrsaí na nÉireannach i Sasana ar *Anois* – ‘Nollaig ar Deoraíocht’ (21 Nollaig, 1986) nó ‘Deoraíocht sa Bhreatain ina chontúirt do do Shláinte?’ (17 Aibreán, 1988), mar shampla. Ar 5 Feabhra, 1989, áfach, fógraíodh ar *Anois* go raibh Dónall Mac Amhlaigh tar éis bás a fháil, agus deirtear an méid seo faoi:

Bhí a chuid alt in *Anois* ar an tuairisceoireacht ba ghéarchúisí dár fhoilsíomar ó thosaigh an páipéar. Mar iriseoir bhí sé gairmiúil go smior. B'onóir dúinn a bheith bainteach leis.

Fear ciúin umhal cuirteiseach a bhí i nDónall Mac Amhlaigh. Bhí carthanacht gan teorainn ag roinnt leis. B'iontach an tuiscint a bhí aige do dhaoine.

Ar 29 Meán Fómhair, 1985, cuireadh tús le colún ar chúrsaí spioradálta ar *Anois*. Tá 'Machnamh an Domhnaigh' leis an Athair Pádraig Ó Fiannachta le fáil go seachtainiúil as sin amach go dtí tús 1990 nuair a fógraíodh ar an nuachtán go raibh taom croí ag an Athair Ó Fiannachta. Cuireadh tús le colún nua le 'Savanarola' ar chúrsaí spioradálta ar 4 Márta, áfach.

Tá na 'Réaltaí' ar fáil ar *Anois* ón tús; féictear ainm Ingrid Gill leo ó 30 Meán Fómhair, 1984 amach go dtí 1986. Tá ainm Bhiddy Early ag dul leo ó 22 Meitheamh, 1986, ach tá deireadh tagtha leo roimh dheireadh 1988. Iarracht eile a bhí anseo chun cuma nua-aimseartha a chur ar an bhfoilseachán.

Ó 1990 amach, tá ailt rialta le Mel L. Brennan ar *Anois* – ailt dhea-scríofa atá iontu seo den chuid is mó ar ábhair ilghnéitheacha, agus in 1992–93, tá cuid mhór alt le Dáithí Ó hÓgáin – cúrsaí staire nó cúrsaí béaloideas a bplé go minic aige.

Tá corr-ghearrscéal le Pádraig Breathnach agus dánta le filí éagsúla ar an nuachtán. Rinneadh an t-uafás léirmheastóireachta ar an nuachtán i gcolún den teideal 'Léite Pléite'. Alan Titley, Tomás Mac Síomóin, Nollaig Ó Gadhra, Risteárd Ó Glaisne, Pádraig Ó Snodaigh, Ré Ó Laighléis, agus daoine eile nach iad a bhí i mbun na léirmheastóireachta. Is cinnte gur bhain luach leis na léirmheasanna seo le treoir a thabhairt do scríbhneoirí na Gaeilge agus le hugach a thabhairt do scríbhneoirí óga.

Bhí colún bríomhar ceoil le Ruaidhrí Ó Báille ar *Anois* ón tús. Colún ar an bpopcheol a bhí anseo, agus é ar cheann de na colúin is fearr ar an nuachtán. Colún nua-aimseartha, beo a bhí ann. Bhí alt eile ar chúrsaí ceoil ar *Anois* freisin – 'Dúdaireacht' leis an 'Troubadóir' – ar cuireadh tús leis in 1987. Ceol na hÉireann agus ceol tíre a phléitear sa cholún seo, agus fógraítear ceolchoirmeacha agus seisiúin cheoil ann. Tháinig deireadh leis an gcolún áirithe seo ag deireadh 1990, ach i lár 1991, cuirtear tús le 'Tionlacan' le Seán Éinnú, inar pléadh ceol na hÉireann freisin.

Ó tosaíodh ar *Anois* a fhoilsiú, bhí ábhar do pháistí le fáil ar an nuachtán. Bhí cartúin dhaite le fáil ar an gcéadeagrán, agus 'Cé Rinn É?' – ceacht bleachtairachta le Cathal Ó Sandair (a raibh alt rialta leis ar *Inniu* ar feadh na mblianta.) Chomh maith leis sin bhí colún den ainm 'Súil ar Scolaíocht' inar pléadh cúrsaí oideachais. Níor mhair 'Súil ar Scolaíocht' i bhfad, agus níl alt Chathail Uí Shandair le fáil ar an nuachtán ach go dtí 1986. Ar eagrán 20 Meán Fómhair, 1987, áfach, bhí fógra ar *Anois* i gcomhair 'Áis Nua do Dhaltaí – An Dréimire'. Forlíonadh ocht leathanach a bhí anseo, agus foilsíodh seacht n-eagrán de in aghaidh na scoilbhliana. Bhí díolaíocht mhór air seo sna scoileanna agus chuir sé seo go mór le teacht isteach an nuachtáin. Ach oiread leis an ábhar oideachasúil a bhí ar fáil ar leathanaigh *Inniu* roimhe, bhí tóir ar an ábhar seo i measc múinteoirí agus daltaí scoile

Bhí ailt spóirt ar *Anois* ón tús, agus ailt dea-scríofa, chumasacha atá iontu. Mícheál Ó Muircheartaigh, an comhfhreagraí ar chluichí Chumann Lúthchleas Gael a bhí ag an nuachtán, agus bhíodh ailt le Rónan Ó Conaill ar chúrsaí sacair ar *Anois* mar aon le hailt ar chúrsaí rugbaí le Diarmaid Ó Gráinne agus leideanna rásaíochta le Shane McCann.

D'admhaigh Dónall Ó Móráin féin, in agallamh a rinne sé in 1992, nach raibh tóir mhór ar *Anois* sa Ghaeltacht. Bhíodh *Ar Aghaidh* agus *Amárach* á léamh ar bhonn i bhfad ní b'fhorleithne ar fud na Gaeltachta ná mar a bhí *Anois*. Go luath tar éis a bhunaithe, léiríodh míshásamh leis an nuachtán i measc lucht Gaeltachta – luadh an baghchat thuas – agus rinneadh cuid mhór gearáin mar gheall ar an bpáipéar. Tá litir ar *Anois*, 9 Nollaig, 1984, ó léitheoir – Antaine Ua Caollaidhe – faoin ábhar seo agus molann sé:

Mar bhuille scoir, teachtaireacht uaim chugaibhse atá i mbun agóide. Fásaigí suas, agus déanaigí gníomh de réir bhur n-aoise agus ligigí do lucht foilsithe agus eagarthóireachta an pháipéir seo a ngnó a dhéanamh gan cur isteach ó lucht na raiméise.

### Meon an Nuachtán

Táiblóideachas nó gáifeachas a bhí le brath go láidir ar *Anois*, agus seachas obair na ndaoine a sonraíodh thuas ní raibh an iriseoireacht á saothrú ar chaighdeán ard ar an nuachtán. Líonadh spás go saor agus go héasca – le féilirí d'imeachtaí Gaelacha, nó óráidí ó imeachtaí Gaelacha &rl. Bhíodh grianghraif mhóra ar an gcéad leathanach nach mbíodh aon bhaint acu go minic le scéal ar bith a bhí sa nuachtán, ach cuireadh ann iad leis an tsúil a mhealladh. Is í foirmle an *Sun* a lean *Anois*, ach níor oibrigh an fhoirmle seo i gcás léitheoirí na Gaeilge. Lucht meán-aicmeach ab ea tromlach na léitheoirí Gaeilge ag an am – agus anois fós go deimhin.

### Focal Scoir

Cé go raibh léitheoirí na Gaeilge ag súil le nuachtán ar ardchaighdeán ó lucht bunaithe *Anois*, ba léir, tar éis píosa, nár leor na pictiúir dhaite ar leathanaigh an pháipéir chun lucht léitheoireachta d'áil a chothú. Ní raibh seirbhís nuachta mhaith á soláthar ag an nuachtán, agus cloíodh go rómhínic le tuairisceoireacht ar imeachtaí Gaelacha ann, agus ar aistriúcháin ar scéalta i bhfoilseacháin Bhéarla. Dúradh in *An tUltach* (1984: 25):

Dá fhreacnairce an páipéar úr, b'fhearr liom *Inniu: Le Monde* na Gaeilge a bhí ann san áit is gurb é *Anois Sun* na Gaeilge. Más í *Anois* aghaidh nua na Gaeilge, tá aghaidh fidil de dhíth go práinneach ar an teanga.

In 1993, bhí an méid seo le léamh ar *Comhar*, (Meitheamh: 7) in ‘Eadrainn’:

Is breá linn mar atá ag éirí le foireann *Lá* nuachtán seachtainiúil a chur ar fáil agus tréaslaimid a gcuid oibre leo. Níl aon amhras ann anois ach gurb é *Lá* príomhnuachtán na Gaeilge anois agus táimid ag súil go rachaidh sé ó neart go neart.

Bhí a leithéid ag teastáil go gear le tamall ó thosaigh caighdeán *Anois* ag titim go tubaisteach agus ó d’éirigh sé as bheith ag soláthair ábhar ina gcuirfeadh mórán de phobal na Gaeilge spéis. Is port é seo a chloisimid ó sciar nach beag den phobal céanna agus is trua linn go bhfuil fianaise ár gcuid súl féin ag teacht leis. Ní feasach muid cén saghas polasaí eagarthóireachta atá ag *Anois* ach, colúin cosúil le **Comhad Cathrach** le Mícheál Mac Aonghs a fhágáil as an áireamh, abair, is léir go bhfuil foireann *Lá* níos congaráí, ar an morgóir, do chuise an phobail ná mar atá a mbráithre i gCearnóg Mhuirfean.

Nílimid ag rá go bhfil *Lá* foirfe. Bíonn caighdeán atáirgthe na ngrianghráfanna ann go dona, abair – ach is locht inleigheasta é sin a bhaineann, maille leis na lochtanna eile, le gannchuid acmhainní. Ach tá éirithe le *Lá* colúnaithe a mhealladh a mbíonn nithe dúshlánacha spéisíúla le rá acu i gcónaí agus bíonn ilghnéitheacht ag baint leis an réimse nuachta a chlúdaítear. Agus níl sárú Róisín Barr ag *Anois* le hanailís réalaióch ghéarchúiseach ar chúrsaí na huairé – idir náisiúnta agus idirnáisiúnta – a chur ar fáil. Bíonn a leithéid d’aicsean bunúsach do nueachtán seachtainiúil agus níor mhiste do *Lá* an ghné sin d’obair an nuachtáin a leathnú.

Ardaíonn an rath atá ar *Lá* nua seo ceisteanna an-mhóra (*sic*) faoi thodhchaí *Anois*, atá ag fáil tacaíocht mhór ó Roinn na Gaeltachta i gcónaí. Chruthaigh an iarracht a rinne *Lá* nuachtán lae a chur ar fáil nach bhfuil margadh sách mór ann chun a leithéid a chothú faoi láthair. Sa ghnáthchaoi, d’fháilteoimis roimh chomórtas idir dhá nuachtán sheachainiúla ar nós *Lá* agus *Anois* ach sílimid nach bhfuil an margadh mór a dhóthair chun a leithéid a iompar.

Sa chomhthéacs nua atá cruthaithe ag an *Lá* seachtainiúil, ní foláir do Roinn na Gaeltachta féile a gcuid tacaíochta d’*Anois* – £3000 in aghaidh na seachtaine, cé gur doiligh é a chreidiúint ach torthaí an chaiteachais úd a mheas – a athmheas agus a bheith ag smaoineamh ar shocruithe nua a chinnteoidh go mbeidh nueachtán seachtainiúil amháin ar fáil a shásóidh pobal na Gaeilge.

Ar an bhfianaise atá ar fáil, sílim dá mbeadh fuinneamh agus cumas foireann *Lá* pósta le hacmhainní *Anois*, go bhféadfadh réiteach éifeachtach a bheith ar an bhfadhb ansin ag Roinn na Gaeltachta. Caithfidh cibé cinneadh a dhéanfaidh an Roinn a chur san áireamh go bhfuil an tacaíocht mhór atá á tabhairt aici d’*Anois* curtha faoi spotsholas phobal na Gaeilge ag rathúnas *Lá*, ag a bhfuil obair níos fearr á dhéanamh ar airgead níos lú.

Faraor nár tharla an pósadh seo agus nach ag ceiliúradh na bainise ó shin atáimid.

## Leabharliosta

### Leabhair

Douglas, R.M., (2009) *Architects of the Insurrection: Ailtirí na hAiséirighe and fascist 'new order' in Ireland*. Manchain: Manchester University Press.

Mac an Bheatha, P., (1967) *Téid Focal le Gaoith*. BÁC: FNT.

Mac an Bheatha, P., (1983) *Téann Buille le Cnámh*. BÁC: FNT.

Mac an Bheatha, P., (gd) *I dTreo na Gréine*. BÁC: FNT.

Ní Chinnéide, M., (2013) *Scéal Ghael-Linn*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Ó Duibhinn, S., (1962) *Ag Scaoileadh Scoil*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta.

Ó Duibhinn, S., (1982) *Tuairisc*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta.

Ó hUid, T., (1960) *Ar Thóir mo Shealbha*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta.

Ó hUid, T., (1985) *Faoi Ghlas*. Cathair na Mart: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta.

### Ailt

de Bhaldraithe, T., (1985) 'Bunú Comhar.' *An Comhchaidreamh, Crann a Chraobhaigh*.  
Eag.: S. Ó hAnnracháin. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta. 24–9.

de Creag, A., (1984) *Alt ar Lá, 20 Lúnasa*.

'Eadrainn', (1991) 'Na Meáin.' *Comhar*, Deireadh Fómhair. 4

'Guaire', (1984) 'Inniu, Lá agus Anois.' *An tUltach*. Deireadh Fómhair, 25.

- Hutton, S., (1989) 'Dónall Mac Amhlaigh, 1926–1989; An appreciation of the Man and his Writings.' *Irish Studies in Britain*. (Uimh. 14, Earrach/Samhradh) 5–6.
- Mac an Bheatha, P., (1985) 'Gaeilge Uladh i mBaile Átha Cliath.' *An tUltach*. Nollaig. 20.
- Mac Aonghusa, P., (1991) 'Ní raibh leath an bhealaigh sách fada don Chuinneagánach.' *Anois*. Lúnasa. 24–25.
- Mac Dubhghaill, U., (1993a) 'D'imigh a lá.' *The Irish Reporter*. Uimh. 1, 3<sup>rd</sup> Quarter. 8–10.
- Mac Dubhghaill, U., (1993b) 'Tuarascáil.' *The Irish Times*. 12 Bealtaine.
- Ní Uigín, D., (1992) 'Deirdre.' *An tUltach*. Nollaig, 34–9.
- Ní Uigín, D., (1995a) 'Amárach: Nuachtán faoi bhreith an bháis ón tús.' *Comhar*, Márta & Bealtaine. 18–21, 15–8.
- Ní Uigín, D., (1995b) 'Craobh na hAiséirí, Glún na Buaidhe agus Bunú Inniu.' *Irisleabhar Mhá Nuad*. 75–110.
- Ní Uigín, D., (2017) 'Risteárd Ó Glaisne: Ceanródaí Iriseoireachta.' *An Reiviú*. 77–88. (<https://doi.org/10.13025/rjdf-2811>).
- Nic Eoin, M., (1990) 'An Scríbhneoir agus an Imirce Éigeantach: Scrúdú ar Shaothar Cruthaitheach Dhónaill Mhic Amhlaigh.' *Oghma* 2. BÁC: Foilseacháin Oghma. 92–104.
- Nic Pháidín, C., (1987) 'Na hIrisí Gaeilge.' *300 Years of Irish Periodicals*. Eag.: B. Hayley & E. McKay. Baile Átha Cliath: Lilliput Press. 68–85.
- Ó Cairealláin, G., (1993) 'Stairsheanachas Lá'. *Lá*. 11 Feabhra. 7.
- Ó Conluain, P., (1984) Aitheasc mar Uachtarán ar an Oireachtas. *An tUltach*. Mí na Nollag. 3–4.
- Ó Flathartaigh, M., (1985) 'Bunú an Chomhchaidrimh,' *An Comhchaidreamh, Crann a Chraobhaigh*. Eag.: S. Ó hAnnracháin. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta. 17–24.

- Ó Gadhra, N., (1975) ‘Nuachtán Gaeltachta?’ *Comhar*, Iúil. 14–6.
- Ó Glaisne, R., (1982) ‘Plan to amalgamate Irish papers opposed.’ *The Irish Times*. 10 Meitheamh.
- Ó Glaisne, R., (1983) ‘Mó Léirmheas ar *Inniu*.’ *Inniu*. Márta. 49.
- Ó hEithir, B., (1985) ‘Seal i m’Eagarthóir.’ *An Comhchaidreamh, Crann a Chraobhaigh*.  
Eag.: S. Ó hAnnracháin. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta. 48–55.
- Ó hUid, T., (1984) ‘Nuachtán Náisiúnta na nGael.’ *Comhar*. Meán Fómhair. 6–7.
- Ó Móráin, D., (1984) ‘Anois.’ *Comhar*. Lúnasa. 7.
- Ó Móráin, D., (1984) ‘Múscailt Misnigh.’ *An Comhchaidreamh, Crann a Chraobhaigh*.  
Eag.: S. Ó hAnnracháin. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta. 38–47.
- Ó Murchú, M., (1984) ‘Nuachtáin.’ *An tUltach*. Mí na Nollag. 7–10.

## **Nuachtáin**

*Amárach*

*Anois*

*Inniu*

*Lá*

## **Agallamh**

Ó Móráin, D.; Bealtaine, 1993.



## Im(sh)ní(omh) Aistritheora Scéal fá Dhá Leabhar

*Séamus Ó Coileáin*

<https://doi.org/10.13025/eb0k-4h60>

In ainneoin líon iomadúil na leabhar, idir úrscéalta, chnuasaigh gearrscéalta agus drámaí a aistríodh mar chuid de Scéim Aistriúcháin an Ghúim sna 1930idí agus sna 1940idí agus an bhorraidh atá faoin aistriú litríochta go Gaeilge le blianta beaga anuas, is beag éachtaint a fhaighimid ar mheon an aistritheora féin i gcruithú na saothar sin go léir. Seans gurb é is cúis leis sin téiseanna scoláirí a bhain clú agus cáil amach i ndioscúrsa an aistriúcháin litríochta, arb é leabhar cáiliúil Lawrence Venuti, *The Translator's Invisibility: A History of Translation* (1995), buaicléiriú na téise sin. Cé gurb é is ciall le 'dofheictheacht' an aistritheora i dteoiric Venuti nach mbeadh de rian ar an aistriúchán gur téacs é a aistríodh ó theanga eile, is é sin go mbeadh dul na sprioctheanga ar an aistriúchán agus nach mbeadh friotal coimhthíoch aduain ann a thabharfadh le fios gur tiontaíodh ó theanga agus ó mheon coimhthíoch an litríocht, mar sin féin, is í dofheictheacht nó neamhfheictheacht an aistritheora an tslat tomhais is mó lena meastar aistriúchán litríochta. 'A good translation is imperceptible,' a deir Antonia Lloyd-Jones, aistritheoir litríochta ó Pholainnis go Béarla. 'It reads as if the book were written in the language into which it has been translated. Within the text, the translator is invisible.' (Derbyshire, 2018). Is amhlaidh a bhítear ag cur i gcéill nach ndearnadh aon chur isteach, ná aon smáladh, ar an mbunleagan. Chuige sin, is rí-annamh a chuireann aistritheoir réamhrá nó iar-rá le saothar aistrithe litríochta. Is annamh a fheictear ainm an aistritheora ar chlúdach an tsaothair aistrithe agus i gcásanna áirithe ní luaitear an t-aistritheoir in aon chor. Ní nós le léirmheastóirí an t-aistritheoir a lua ach oiread má dhéantar léirmheas ar shaothar aistrithe. 'A book can take two or three times as long to translate as it took to write. Yet translators are often either not mentioned in book reviews or fobbed off with an adjective: 'vibrant,' 'meticulous,' 'faithful,'" a deir Miranda France (2019).

Díol spéise, mar sin, is ea na saothair sin a aistriodh go Gaeilge inar tugadh cuntas ar aistriú an bhunsaothair. Ceann díobh is ea *Eachtra Robinson Crúsó* a d'aistrigh Tadhg Ó Murchadha (agus Donnchadh Pléimíonn). Tá réamhrá sin an aistritheora le fáil ina iomláine in Aguisín 1 ag deireadh an ailt seo. Sa chás áirithe seo, is é cuntas, más gearr é, an aistritheora féin a fhaighimid ar mheon an aistritheora. Tagróidh mé do chodanna den réamhrá sin sa phlé a dhéanfar ar aistriú *Asarlaí Oscartha Oz* amach anseo. Leabhar eile ar díol spéise sa phlé seo é is ea *Don Cíochóte* a d'aistrigh an tAthair Peadar Ua Laoghaire agus ar chuir Conall Cearnach réamhrá eagarthóra leis. I dteannta réamhrá an eagarthóra, tugann an tAthair Peadar cuntas ar an gcúis ar thug sé faoin aistriúchán agus ar a litriú ar *Don Cíochóte* i nGaeilge. Tagróidh mé don dá réamhrá seo arís agus tá téacs an dá réamhrá le fáil in Aguisín 2 agus 3 faoi seach. Díol spéise, leis, i ndáil leis an dá leabhar seo is ea go gcuirtear gluais ar a gcúl ina mínítear focail agus abairtíní agus, i gcás *Eachtra Robinson Crúsó*, cúiseanna a bhí le focail nó abairtíní áirithe a roghnú.

In alt dar teideal *The Challenges of Translating Literature* a scríobh Richard Brooks ar *The Language Blog*, tráchtann sé ar roghnú san na bhfocal (2017):

*As literary translators will attest, a single word can be extremely troublesome. The author of a work of fiction has chosen that word for a good reason, so the translator must ensure that it is faithfully delivered in the target language. However, what if no direct translation is available? Or what if several options exist, each with a slightly different nuance.*

In agallamh a cuireadh ar an aistritheoir agus an scríbhneoir Daniel Hahn, a aistríonn litríocht ón bPortaingéilis, ón Spáinnis agus ón bhFraincis go Béarla, is é a dúirt sé agus é ag trácht ar an ábhar seo (Hahn & Riaz, 2014):

*If the writer has used word x, we need to know why that was the word he chose of all the options (what exactly does it mean, but also what's it doing in the sentence, in the rhythm of the sentence and to the sound and register), and then we need to find a way of replicating that in English, again with the greatest precision possible.*

Má chuirimid san áireamh an méid a scríobh Brian Ó Nualláin ina alt magúil ar shaothar foclóireachta an Duinnínigh i dtaobh mionbhríonna agus débhríonna focal i nGaeilge (agus má ghlactar leis san áit a mbíonn an magadh go mbíonn an fhírinne), tuigimid an dúshlán agus an deis bhreise a bhaineann le haistriú go Gaeilge (Myles na gCopaleen, 1941):

*Apart from words with endless shades of cognate meaning, there are many with so complete a spectrum of graduated ambiguity that each of them can be made to express two directly contrary meanings, as well as a plethora of intermediate concepts that have no bearing on either.*

D'fhonn a bheichte a bhíonn an focal nó an téarma Gaeilge go minic a léiriú, cuirimis i gcás an focal nó téarma a úsáidtear do bhodóg nó do bhó, go háirithe i gcás beithíoch bainne, a raibh gamhain aici anuraidh ach nach bhfuil ionlao i mbliana. 'Stripper' a thugtar uirthi sa Bhéarla, ach sa Ghaeilge ní mór fios a bheith ag duine cé mhéad bliain sa riocht sin í. An beithíoch a raibh gamhain anuraidh aici ach nach bhfuil ionlao i mbliana, sin 'gamhnach'; an beithíoch a bhí ina gamhnach anuraidh ach nach bhfuil ionlao i mbliana, sin 'forgach' nó 'athghamhnach'; an beithíoch a raibh gamhain aici roimhe seo ach nach raibh le dhá bhliain anuas as a chéile agus nach bhfuil ionlao i mbliana, sin 'ciúrach'; agus tugtar 'seanfaíoch' i gCorca Dhuibhne ar an mbeithíoch nach raibh lao aici le trí bliana anuas agus nach mbeidh i mbliana ach oiread ('seanfach' an ceannfocal atá in *Foclóir Uí Dhónaill* agus luaitear an bhrí 'mature animal, old heifer' leis).

Tagraíonn Tadhg Ó Murchadha d'aistriú na bhfocal seo ina réamhrá thuasluaite le *Eachtra Robinson Crúsó* (Defoe & Ó Murchadha, 1915):

*In certain portions of "Robinson Crusoe" I found several words for which I have never heard any Irish. Amongst those are such terms as: mathematics, equinox, equator, latitude, longitude, deck, founder, etc. There are dictionary words for some of these, but, as they were quite unintelligible to me, I thought it better to translate their meanings as well as I could.*

Bímid, aistritheoirí, 'ar thóir an fhocail chruinn' mar a deir an t-aistritheoir Antain Mac Lochlainn. Tráchtann Seán Ó Ríordáin air seo, ó thaobh na filíochta Gaeilge de, ina dhialann (Ó Ríordáin & Ó Dúshláine, 2014, Iontráil dar dáta 26 Bealtaine 1949):

Téim síos staighre an fhocail agus isteach i seomra an fhocail agus lorgaim an tine agus bím 'om ghoradh féin agus bíonn fhios ag mo chroí sar i bhfad an bhfuilim i dtigh ina bhféadfainn mo leanbh d'fhágaint.

Síod é go díreach teideal an ailt seo – im(sh)ní(omh) an aistritheora. Brí bhunaidh an fhocail (im+sníomh), is é sin smaointe, aistriúcháin, focail a bheith á sníomh suas síos staighrí agus isteach i seomraí na hintinne féachaint an cuí an focal nó an téarma sa spriocthéacs; agus bríonna nua an fhocail (imní), is é sin neamhshocracht, nach bhfuil an focal ceart ann agus cúram a dhéanamh den bhuntéacs agus dá chruinn-aistriú. Ba é ba mhó a chruthaigh an t-im(sh)ní(omh) sin, teideal Gaeilge a thabhairt don leabhar *The Wonderful Wizard of Oz*.

Bheartaíos ar *Asarlaí Oscartha Oz* a thabhairt ar an aistriúchán ar roinnt cúiseanna. Ba é an chúis ba mhó a bhí leis ar dtús, focail a roghnú a mbeadh comhfhuaim thosaigh acu dála *Wonderful Wizard* ach lena bhféadfaí an teideal Béarla a shárú, dá mb'fhéidir é.

Roghnaíodh ‘**asarlaí**’, ar an gcéad dul síos de bhun a chomhfhuaime le Oz – an foghar /ɑ/, ach anuas air sin de bhrí go bhfuil dhá phríomhchiall leis an bhfocal sa Ghaeilge, eadhon draíodóir agus cleasaí. Nuair a chloisimid trácht ar asarlaí an scéil den chéad uair, déantar amach gur draíodóir den scoth é ach de réir mar a chuirimid aithne air, gheibhimid amach nach bhfuil ann i ndáiríre ach cleasaí nach bhfuil draíocht dá laghad ag baint leis. Tugann an débhríocht seo leid don léitheoir Gaeilge nach bhfaigheann an léitheoir Béarla ná go deimhin léitheoir go leor nuatheangacha eile.

I roinnt de na haistriúcháin a mbeadh cur amach againn orthu, i nuatheangacha na hEorpa go háirithe, is minic nach gcuirtear aon aidiacht leis an asarlaí agus iad ag déanamh aithrise ar theideal scannán MGM – *The Wizard of Oz*, cuir i gcás *Le Magicien d’Oz*, *El Mago de Oz* agus *Der Zauberer von Oz*. Mar sin féin, de ghrá na dílseachta do theideal an bhunleabhair agus d’fhonn trí fhocal a bheith sa teideal, ó tharlaíonn gur nós leis an nGaeilge trionna nó tríríd a bheith aici, bheartaíos go gcuirfinn aidiacht dar tús guta leathan leis an bhfocal asarlaí. I ndeireadh na dála roghnaíos ‘oscartha’ ar roinnt cúiseanna. Ar an gcéad dul síos níl ceartfhuaimniú an fhocail, sa lá atá inniu ann, chomh fada sin ar fad ó thúsfhoghar na bhfocal ‘asarlaí’ agus ‘Oz’ – fillfear air seo ar ball. Ar an dara dul síos, is é is brí leis an bhfocal sa lá atá inniu ann cumhachtach nó laochta, ciall a oireann do bhunteideal an leabhair: oscartha, 1. Martial, heroic. 2. Strong, powerful (*Foclóir Uí Dhónaill* le fáil ar: <https://www.teanglann.ie/ga/fgb/oscartha>).

Mar sin féin, níorbh é ciall sin an lae inniu a bhí leis an bhfocal riamh anall ná le bunús an fhocail go deimhin. Ba é ba chiall leis an bhfocal sa mheán-Ghaeilge duine neamhoilte mar a thugann *electronic Dictionary of the Irish Language* le fios: oscarða (a) unprofessional, ‘lay’, untrained (eDIL s.v. oscarða nó [dil.ie/34063](http://dil.ie/34063) p). Arís eile, más í an chiall áirithe seo a bhaintear as an bhfocal, is gaire í don bhfrinne ná brí an fhocail i bhfoclóirí na linne seo, óir asarlaí, sa chiall draíodóir, neamhoilte is ea Asarlaí Oz de bhrí nach fuil ann i ndáiríre ach bréagadóir atá ag ligean scil na hasarlaíochta air féin.

Is é bunús an fhocail *as + cur*, arbh é ba chiall leis duine ón dtaobh amuigh nó stróinséir. Bheadh an chiall seo féin oiriúnach don asarlaí seo againne óir níor de bhunadh Oz ó thús é ach duine a tháinig ann de thaisme, dála Dorothy féin, i mbalún aeir agus nárbh fhéidir leis éalú. Anuas air sin, más féidir a áiteamh gurb é an foghar /ɑ/ a bhí ag tús an fhocail an chéad lá riamh, agus más féidir saoirse fhileata nó díolúine an ealaíontóra a éileamh, bheadh na trí fhocal sa teideal anois ar chomhfhuaim thosaigh .i. Asarlaí Aschurda Oz .i. /ɑsɾli: ɑsxɛrdə ɑz/.

Dá bhrí sin uile, cé gur focail mós aduain iad na focail ‘asarlaí’ agus ‘oscartha’ i gcomparáid le focail chomhchiallacha, dá leithéidí ‘draíodóir’ agus ‘iontach’, sa lá atá inniu ann, is fearr i bhfad a oireann an dá fhocal sin do theideal an leabhair seo i nGaeilge. D’áiteoinn nach bhfuil sárú an leagain Ghaeilge, lena iliomad bríonna, le fáil i dteanga ar bith eile ar domhan.

Díol spéise ina leith seo is ea an réamhrá sin dá dtagraítear thuas a chuir an tAthair Peadar Ua Laoghaire le *Don Chíochóté* ina dtugann sé cuntas ar an gcúis a bhí le litriú sin an teidil aige i nGaeilge (feic Aguisín 3).

An dara cúis im(sh)ní(mh) ba ea na téarmaí a thug Baum ar na hainmhithe agus na cineálacha daoine a casadh ar Dhorothy sa chríoch aduain i gcéin sin Oz. Bheartaíos ar na focail sin a Ghaelú, fearacht aistriúchán Nioclás Williams ar *Alice in Wonderland*<sup>1</sup> agus aistriúchán Antain Mac Lochlainn ar *The Lion, the Witch, and the Wardrobe*<sup>2</sup>. Bheartaíos, anuas air sin, a nGaelú ar bhealach a bhféadfaí a shamhlú gur téarmaí Gaeilge a bhí iontu ó thús agus nach traslitríú lom ná ionadú focal a bhí ann. Ba é an cur chuige céanna seo a ghlac an tAthair Peadar Ua Laoghaire leis an leagan Gaeilge de Don Chíochóté. Seo a deir Conall Cearnach ina leith sa réamhrá (dá dtagraítear thuas):

*In what other language in Europe could a placename like Taprobane become so readily naturalized as it does in the Irish Tiobruid Bhán? Or a personal name like Alifanfaron yield Amhlaoibh-gan-fearann.*

Is é an sampla is fearr acu sin ó *Asarlaí Oscartha Oz*, an téarma a thug Baum ar an gcine daoine a casadh ar Dhorothy tar éis a tuirlingthe in Oz – Munchkin. Cé go n-áitíonn daoine áirithe go bhfuil an focal bunaithe ar *Männchen* na Gearmáinise .i. fear+ín, ní léir cad ba bhun le cumadh an téarma. Tar éis beagán imshnímh intinne, bheartaíos ar an téarma Mionchine a thabhairt ar an gcine sin agus an chuma ar an bhfocal Gaeilge, a bhfuil brí fhollasach leis, go bhféadfadh gur díortaíodh téarma Baum uaidh seachas a mhalairt. Bhain deacracht bheag amháin leis an bhfocal nuachumtha (imní an aistritheora), áfach, sa mhéid is nárbh fhéidir a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar dhuine amháin faoi mar a d'fhéadfaí a dhéanamh le '*a/the munchkin, 2 munchkins, a group of munchkins*'. Níor mhór ainmfhocal dá leithéidí fear/bean/duine etc. a chur leis an téarma Gaeilge, e.g. duine den Mhionchine.

Ar na téarmaí eile dá leithéid seo tá Ceatharlaigh (*Quadlings*), Ordchloigeann (*Hammer-Head*), Caochadóirí (*Winkies*)<sup>3</sup>, an Fear Coille Stáin (*Tin Woodman*), an Fear Bréige<sup>4</sup> (*Scarecrow*) agus an Meatachán de Leon (*Cowardly Lion*). Tugtar Humbug ar Asarlaí Oz

1 Cuir i gcás Tír na nLontas (*Wonderland*), An Puisín Clárach (*The Cheshire Cat*), Haitéir (*Hatter*), Griobh (*Gryphon*), An Turtar Bréige (*The Mock Turtle*). Tugtar faoi deara go n-aistrítear ainmneacha dílse chomh maith, e.g. Eilís (*Alice*), Liam (*Bill*), Máire Áine (*Mary Ann*), Peait (*Pat*), etc.

2 Cuir i gcás Nairnia (*Narnia*), An Bandraoi Bán (*The White Witch*), Máistir & Máistreás Béabhar (*Mr & Mrs Beaver*), Áslan (*Aslan*), Mógraim (*Maugrim*). Tugtar faoi deara go bhfágtar Peter, Susan, Lucy agus Edmund gan aistriú.

3 Cuirtear an cur chuige seo i gcomparáid le cur chuige Colin Parmar ar fhoilsigh *Evertyp* aistriúchán leis dar teideal *Asarlaí Iontach Oz* in 2018 – leagan daite le bunléaráidí Denslow faoi chúlúdach crua. Traslitríú is mó a rinne Colin Parmar, e.g. Muinscineach (*Munchkin*), Caileadaí (Kalidahs), Cuadláineach (*Quadling*), Ceann Casúir (*Hammer-Head*), Buincíoch (*Winkie*).

4 Maidir leis an ainm áirithe seo, beartaíodh ar 'Fear Bréige' a úsáid ar deireadh as measc roinnt téarmaí

sa leabhar freisin agus beartaíodh ar ‘Mugadh Magadh’<sup>5</sup> a thabhairt air sa leagan Gaeilge de bharr a fhileata atá an leagan Gaeilge agus na comhfhuaime, rud a dtugann Conall Cearnach ‘the wonderful flexibility of the Irish language’ air (feic Aguisín 2). Bhí aon fhocal nuachumtha amháin nárbh fhéidir leagan Gaeilge a chumadh dó a mbeadh brí leis sa sprioctheanga .i. Kalidahs (saghas ainmhí allta). Sa chás áirithe seo b’éigean dul i muinín an traslitríthe .i. Calaidí.

Maidir le hainmneacha dílse daoine, níor aistríos aon cheann acu .i. Dorothy, Henry, Em agus Glinda.<sup>6</sup> Bhí dhá chúis leis seo; ar an gcéad dul síos is ainmneacha iad a aithnítear leis an an scéal, go háirithe de bhun an scannáin a rinne MGM. Ar an dara dul síos, ní gnách ainmneacha dílse a aistriú in úrscéalta, cuir i gcás na haistriúcháin a rinneadh faoi Scéim Aistriúcháin an Ghúim<sup>7</sup> nó aistriúcháin a foilsíodh le déanaí dá leithéidí Oileán an Órchiste<sup>8</sup>. Cuireadh cló na Gaeilge ar ainm mhadra Dorothy, Toto, ach sínte fada a chur air .i. Tótó.

Cuireadh ainm amháin leis an leagan Gaeilge nach raibh sa bhunleagan Béarla, is é sin Siobhán an Scrogaill. *Stork* atá sa leagan Béarla gan aon ainm uirthi ach ó tharlaíonn go dtugtaí Siobhán an Scrogaill ar an gcorr réisc in Iarthar Luimnigh, bheartaíos ar a úsáid. Ba nós an-choitianta é seo sna haistriúcháin a dhéantaí do leanaí sna 1980idí, go háirithe leabhair *Ladybird*, cuir i gcás *Micilín agus an Dá Leipreachán* an leagan Gaeilge a cuireadh ar *The Elves and the Shoemaker*, nach raibh aon ainm air sa bhunleabhar (Ní Ghráda & Winter, 1984).

---

Gaeilge ar an gcoincheap ar a dtugtar ‘Scarecrow’ as Béarla. Tugann *Foclóir Uí Dhónaill* na focail ‘babhdán’, ‘coigealach’ agus ‘fear bréige’, tugann *Foclóir de Bháldraithe* ‘taibhse préachán’; tugann Seán an Chóta ‘bréagóg’ agus úsáidtear an focal ‘fuamarán’ i gCorca Dhuibhne, cé nárbh fhéidir teacht ar aon fhoinsé dó i scríbhinn. Toisc an dara nó an tríú brí a bheith ag cuid de na téarmaí sin (babhdán, coigealach, taibhse) agus gur téarmaí nach n-úsáidtear go forleathan cuid eile acu (bréagóg, fuamarán), roghnaíodh Fear Bréige i ndeireadh na dála. Oireann an téarma don scéal leis, óir fear bréige ba ea é murab ionann agus an Fear Coille Stáin ar fhear é tráth ach gur cuireadh baill bhréige colainne air de dhéanamh stáin.

Chuir Colin Parmar (feic fonóta 10) ‘babhdán’ air de bhun luí le canúint Uladh, is dócha. Bhí col agam féin leis an téarma sin as measc na roghanna a luaitear thuas de bharr gurb as sin a fhaighimid coincheap an ‘*boogy man*’ a d’úsáidtear chun scanradh a chur ar leanaí. Is spéisiúil ann féin é gur ó fhocal meán-Bhéarla ‘*bugge*’ (*terror, bugbear, scarecrow* OED), a fhaightear an leagan is coitianta den choinceap sa Bhéarla – *bogey*(*man*). Toisc nár theastaigh uaim go dtuigfí óna ainm gur neach scanrúil a bhí ann a bheartaíos gan an téarma áirithe sin a úsáid.

- 5 ‘Slíodóir, *sly, ingratiating, person; skulker, sneak*’ (*Foclóir Uí Dhónaill*), a thugtar air i leagan Colin Parmar.
- 6 Cuirtear an cur chuige seo i gcomparáid arís le haistriú Colin Parmar (fonóta 10 thuas): Dorataí, Anraí, Eim agus Glionda.
- 7 Ba ghnách gan aon chur isteach a dhéanamh ar ainmneacha dílse ach amháin síneadh fada anseo agus ansiúid, e.g. Ricardó (*Sa Villa Rose*), Rósanna (*An Ré-Sheod*); nó athrú tosaigh e.g. ar Bhen Hur, a Pheggotty (*David Copperfield*).
- 8 Aistriúchán le Darach Ó Scolaí a d’fhoilsigh Leabhar Breac in 2016. Fágтар ainmneacha dá leithéidí Jim Hawkins, Long John Silver, Captaen Smollett, an Dochtúir Livesey, etc. gan aistriú. Tugtar faoi deara, áfach, in aistriúchán eile le Darach Ó Scolaí a d’fhoilsigh an foilsitheoir céanna sa bhliain chéanna, *An Fuadach*, (leis an údar céanna – Robert Louis Stevenson) go n-aistrítear na hainmneacha dílse go Gaeilge e.g. Dáibhí Balfúr (*David Balfour*), Eibinéasar (*Ebenezer*), Óiséasan (*Hoseason*), Cluanaidh (*Cluny*), toisc an scéal a bheith lonnaithe i nGarbhchríocha na hAlban, is dócha.

Ba é an t-ainm ba mhó a chruthaigh deacracht *The Emerald City*, óir sa leagan Béarla sin tá idir *emerald*, an tseoid ar a dtugtar smaragaid sa Ghaeilge agus *emerald*, an dath, i gceist. Bhí ballaí na bhfoirgneamh san *Emerald City* clúdaithe le smaragaidí, rud a d'fhág dath iathghlas ar gach ní (nó ar fhág óir bhí ar dhaoine a thug cuairt ar an gcathair sin spéaclaí ina raibh gloine iathghlas a chaitheamh, rud a d'fhág gur measadh dath iathghlas a bheith ar gach ní sa chathair). Níorbh fhéidir freastal ar dhébhriocht sin an téarma Bhéarla agus roghnaíodh an dath seachas an tseoid agus an chathair á hainmniú as Gaeilge – an Chathair Iathghlas.

Ceist eile a bhíonn ag dó na geirbe ag aistritheoirí litríochta is ea ar chóir an scéal a dhúchasú? Is é sin ar chóir scéal atá lonnaithe i dtír eile agus i gcultúr eile a bhogadh go tír nó cultúr a mbeadh cur amach ní b'fhéarr ag léitheoirí na sprioctheanga orthu. Ní gá gur go hÉirinn a bhogfaí suíomh an scéil; cuir i gcás *The Adventures of Jimmy Dale* le Frank L Packard a d'aistrigh Diarmuid Ó Súilleabháin agus a foilsíodh faoin teideal *Eachtraí Shéamuis Uí Dhuibhir*. Mar seo a chuirtear tús leis an leagan Béarla (Packard, 1922):

*Among New York's fashionable and ultra-exclusive clubs, the St. James stood an acknowledged leader—more men, perhaps, cast an envious eye at its portals, of modest and unassuming taste, as they passed by on Fifth Avenue, than they did at any other club upon the long list that the city boasts. True, there were more expensive clubs upon whose membership roll scintillated more stars of New York's social set, but the St. James was distinctive. . . To receive a two weeks' out-of-town visitor's card to the St. James was something to speak about, and men from Chicago, St. Louis, or San Francisco spoke of it with a sort of holier-than-thou air to fellow members of their own exclusive clubs, at home again.*

Is é atá i leagan Gaeilge an tSúilleabhánaigh, áfach (1933):

B'é club Naomh Eoin is dócha an club ba thábhachtaí dá raibh i gcathair Lonndain. Is mó súil formadach do chaithtí fé n-a dhéin, níos minicí b'fhéidir ná mar a chaithtí fé dhéin aon chlub eile den mhór-chuid acu a bhí sa chathair sin. Gan amhras, bhí clubanna ann a bhí níos costasúla go mór, ach áit ann féin b'eadh club Naomh Eoin.

Fágtar líne dheiridh an tsleachta Bhéarla thuas ar lár sa leagan Gaeilge. Leoga, ní aistriú focal ar fhocal ná líne ar líne atá sa leagan Gaeilge, ach athleagan. Ní foláir nó gur mheas an Súilleabhánach gurbh fhearr an cur amach a bheadh ag léitheoirí na sprioctheanga ar Londain agus ar shaol sóisialta Londan ná Nua-Eabhrac agus an Cúigiú hAscaill.

Maidir leis an leabhar atá faoi chaibidil, tá formhór an scéil, cé is moite dá thosach agus dá dheireadh – atá suite in Kansas Mheiriceá – lonnaithe i gcríoch shamhlaíoch Oz agus níor ghnách a leithéid de shuíomh a athrú. In *Eachtraí Eibhlíse i dTír na nOntas* dá dtagraítear thuas, cuir i gcás, titeann eachtraí an leagain Ghaeilge amach fós in *Wonderland* an bhunleagain

– níl ann ach gur gaelaíodh ainm na háite. Téann Bláithín agus Peadairín go Tír na Deo in aistriúchán Mháiréad Ní Ghráda (Barrie & Ní Ghráda, 1938) ar leabhar cáiliúil J.M. Barrie (Barrie, 1911), cuir i gcás – *Neverland* atá ann i gcónaí murab ionann agus Tír na nÓg, abair.

Os a choinne sin ar fad, áfach, tagraím anois don dara leabhar a phléifear san alt seo, is é sin leagan Gaeilge an leabhair *Le Petit Nicolas* le René Goscinny a céadfhoilsíodh sa bhliain 1959. Foilsíodh leagan Gaeilge liom, i gcomhthráth le foilsíú *Asarlaí Oscartha Oz* a phléitear thuas, faoin teideal *Nioclás Beag: Eachtraí* (Goscinny & Ó Coileáin, 2019). I gcathair nó i mbaile mór áit éigin sa Fhrainc atá an bunleagan suite agus déanann an reacaire, Nicolas féin, cur síos ar na heachtraí a thiteann amach dó féin agus dá chairde ar scoil, sa bhaile agus ar fud na cathrach. In ainneoin gur sna 1960idí sa Fhrainc a thiteann na heachtraí sin amach, samhlaítear go bhféadfadh a leithéid titim amach do leanbh ar bith in áit ar bith in Éirinn an lae inniu. Dá bhrí sin, bheartaíos ar an leabhar a dhúchasú.

Ba é an chéad rud a bhí le déanamh, fearacht an phlé thuas, ainmneacha na gcarachtar a aistriú. Den chuid ba mhó, rinneadh iarracht ainm Gaelach a thabhairt dóibh a bheadh ar aon dul leis an mbunleagan a bheag nó a mhór, cuir i gcás: *Clarrise* (Clár), *Clotaire* (Ciarán), *Geoffroy* (Gearóid), *Joachim* (Seosamh), *Louissette* (Laoise), *Maixent* (Marc), agus *Rufus* (Ruairí). Maidir le trí ainm eile *Agnan*, *Alceste* agus *Eudes*, ar triúr carachtar faoi leith iad, bheartaíos ar a n-ainmneacha a Ghaelú de réir tuairime pearsanta, is é sin, cén t-ainm a shamhlófaí leis an duine sin. Is é an cur síos a dhéanann Goscinny orthu: ‘*Agnan, qui est le premier de la classe et le chouchou de la maîtresse; Alceste, qui est très gros et qui mange tout le temps; Eudes qui est très fort et qui aime bien donner des coups de poing sur les nez des copains.*’<sup>9</sup> Is iad na hainmneacha a shamhlaíos leo, mar gheall ar réamhchlaonadh fo-choinsiasach, b’fhéidir, Séamus, Tomás agus Máirtín, faoi seach.

Níor bhain aon smaointeoireacht le roinnt ainmneacha eile, díreach ainmneacha a rith liom ar ala na huair, e.g. *M. Blédurt* (An tUasal Ó Ceallaigh) agus *M. Dubon* (An tUasal Ó Murchú). Maidir leis an *M. Dubon*, ar feighlí clóis na scoile é (rud a phléifear anseo thíos), tugann na leanaí an leasainm ‘*le Bouillon*’ air. Mínítear an chúis atá leis sin sa leabhar: *On l’appelle comme ça, parce qu’il dit tout le temps: « Regardez-moi dans les yeux », et dans le bouillon il y a des yeux.* Chruthaigh sé seo deacracht óir tá imeartas focal sa Fhraincis anseo. Uimhir iolra an fhocail *œil* (súil) is ea *yeux* ach tugtar *yeux* freisin ar an téarma Béarla ‘*globule of fat*’ a bheadh ar snámh ar anraith an-uisciúil nó brat ar a dtugtar ‘*bouillon*’ sa Fhraincis. Cé go dtugtar súilíní nó súileoga ar na boilgíní saille seo sa Ghaeilge, níorbh fhéidir ceachtar den dá théarma sin a úsáid sa leagan Gaeilge óir ní móide go ndéarfaí ‘Féach na súilíní orm,’ nó ‘Féach na súileoga orm,’ agus anuas air sin ní oireann an téarma ‘brat’ sa Ghaeilge óir ní hé ciall an anartha uisciúil is túisce a rithfeadh le duine dá dtabharfaí an leasainm ‘An Brat’ air.

9 Is é Séamus an duine is fearr sa rang agus is é peata na máistreása é; Tomás, atá mór ramhar agus a chaitheann a chuid ama ar fad ag ithe; Máirtín, atá an-láidir agus a dtaitníonn sé go mór leis buille sa phus a thabhairt do dhaoine.

Ba dheacair a shamhlú, leis, go dtabharfaí ‘An tAnraith’ nó ‘Anraith’ ar dhuine mar leasainm. Níor mhór leasainm ‘Gaelach’ a aimsiú, dá réir sin, agus ós rud é go dtugtar súile ar na spotaí as a bhfásann an gas ar phráta agus go samhlaítear an práta le hÉirinn, beartaíodh ar leas a bhaint as an meafar sin agus baisteadh ‘Fata-cheann’ air. Roghnaíodh leagan canúnach Chonamara toisc gurbh é ab fhusa a rá. Is é an míniú a fhaightear ar a leasainm sa leagan Gaeilge, dá bhrí sin: ‘Thugtaí Fata-cheann air de bhrí go mbíodh sé i gcónaí ag rá: “Féach sna súile orm,” agus bíonn súile i bhfataí.’

Anuas ar a ainm, is é an post atá ag Fata-cheann sa scéal ‘*le surveillant*’ – post nach mbeadh ag duine i scoil in Éirinn. Tugtar ‘feighlí na scoile’ agus ‘feighlí an chlóis’ air sa leagan Gaeilge. Chomh maith le post ‘*le surveillant*’ luaitear ‘*monsieur le Directeur*’ agus níor mhór a ról a athrú sa leagan Gaeilge agus an príomhoide a thabhairt air. Tugann ‘*monsieur le Ministre*’ cuairt ar an scoil agus sa leagan Gaeilge beartaíodh go dtabharfadh an Taoiseach cuairt ar an scoil.

Bhí roinnt rudaí beaga eile a bhí le dúchasú, go háirithe bia. Mar a luaitear thuas, bíonn duine de na buachaillí de shíor ag ithe agus is minic gur sainbhia na Fraince a bhíonn ann. Athraíodh cineál an bhia sin agus rinneadh iarracht téarmaí a úsáid arbh fhurast a dtuiscint seachas téarmaí aduaine a úsáid, e.g. *une tartine de confiture* (píosa aráin a raibh subh air); *un petit pain au chocolat* (briosca seacláide); *quatre petits pains pleins de beurre* (na ceapairí go léir); *un gâteau, des bonbons ou du boudin blanc* (cáca milis nó milseáin nó brioscaí seacláide). Sa chaibidil ina dtugann an cigire cuairt ar an rang, insíonn duine de na leanaí fabhalscéal dó faoi phréachán, agus sa leagan Fraincise tosaíonn díospóireacht i measc na leanaí faoin gcineál cáise a bhí ann:

*“Un roquefort?” a demandé l’inspecteur, qui avait l’air de plus en plus étonné.*

*“Mais non,” a dit Alceste, “c’était un camembert.”*

Beartaíodh gan brandaí/cineálacha faoi leith cáise a lua sa leagan Gaeilge ó tharlaíonn nach mbeadh cur amach ag na spriocléitheoirí orthu agus is é atá sa leagan Gaeilge:

“Cáis ghabhair?” arsa an cigire, agus níos mó agus níos mó den iontas air.

“Tá tú mícheart,” arsa Tomás, “cáis chaorach a bhí ann.”

Nuair a thugann Nioclás gadhar abhaile sa chaibidil ‘Reics’, scriosann sé bláthanna sa ghairdín. ‘*Bégonias*’ atá sa bhunleagan ach arís, de bhrí nach focal coitianta sa Ghaeilge é ‘beagóinia’ agus go bhféadfadh sé mearbhall a chur ar léitheoirí óga, tugtar ‘rósanna’ orthu sa leagan Gaeilge.

Agus na buachaillí ag spraoi faoi bhréagriocht lá amháin, deir Nioclás sa bhunleagan, ‘*Moi, j’avais un masque noir qu’on m’avait donné pour Mardi-Gras.*’ Rinneadh ‘*Mardi-Gras*’ a dhúchasú freisin agus is é atá sa leagan Gaeilge, ‘Bhí aghaidh fidil dhubh, a tugadh dom d’óiche Shamhna, á caitheamh agamsa...’

Nuair a thagann an Taoiseach ar cuairt chun na scoile seinntear ‘Amhrán na bhFiann’ san áit ar casadh ‘*La Marseillaise*’ sa bhunleagan. Ar an mbonn céanna, deir na leanaí ‘Báidín Fheidhlimí’ lá na nduaiseanna nuair a deir leanaí an bhunleagain ‘*Frère Jacques*’. Ina dhiaidh sin sa scéal céanna, déanann duine de na leanaí cur síos ar a ndúirt an mháistreás leo faoin dráma a bheadh ar siúl acu, Tomáísín na hOrdóige agus Cat na mBuataisí (*Le Petit Poucet et le Chat Botté* sa bhunleagan) agus deir sé:

*Je sais qu’il y a le Petit Poucet qui cherche ses frères et il rencontre le Chat Botté et il y a le marquis de Carabas et un ogre qui veut manger les frères...*

Rinneadh dhá athrú san abairt áirithe seo, ceann a bhain le dúchasú (‘Fionn Mac Cumhaill’) agus ceann a bhain le téarma ginearálta (‘arracht’) seachas téarma a bhaineann le carachtair scéalaíochta cultúir eile (*un ogre*). Seo a leanas an leagan Gaeilge:

Tá a fhios agam go bhfuil Tomás na hOrdóige ann agus go bhfuil sé ag lorg a dheartháireacha agus go gcastar Cat na mBuataisí air agus go bhfuil Fionn Mac Cumhaill ann agus arracht mór atá ag iarraidh deartháireacha Thomás na hOrdóige a ithe...

Ba é an t-athrú ba mhó a rinneadh ar an mbunleagan, an t-aistriú a rinneadh ar an gcaibidil dar teideal *Djodjo*. Tá an chaibidil seo bunaithe ar mhíthuiscint na leanaí mar gheall ar dhifríochtaí fuaimniúcháin idir an Fhraincis agus an Béarla. Is amhlaidh go dtagann buachaill nua chun na scoile ó Shasana chun an Fhraincis a fhoghlaim. *George* is ainm dó. Scríobhtar a ainm ar an gclár dubh agus cuireann sé é féin in aithne don rang. Tá difear, dar ndóigh, idir an t-ainm a shamhlaíonn na daltaí eile ón méid a scríobhtar ar an gclár dubh, /ʒɔʒ/, agus an rud a deir *George* féin, /dʒo:(1)dʒ/. Ansin tosaíonn na daltaí go léir ag spraoi le fuaimeanna agus iad ag iarraidh idir *Jojo*, /ʒoʒo/, agus *Djodjo*, /dʒodʒo/, a thabhairt ar an dalta nua agus ag tabhairt *Djoachim* ar *Joachim* agus mar sin de. Níor mhór an chaibidil sin a athrú ó bhonn agus beartaíodh ar dhalta ón Spáinn a thabhairt isteach sa rang ina labhraíonn gach duine Gaeilge agus José a thabhairt air. Nuair a fheiceann na leanaí an t-ainm ar an gclár samhlaíonn siad /dʒo:se:/, ach gan amhras nuair a labhraíonn sé féin is /xo:se:/ nó Chósae a chloiseann na leanaí. Theastaigh ó dhuine amháin *Josie* /dʒo:si:/, ainm a bheadh sách coitianta i gceantar Gaeltachta, a thabhairt air, agus deir duine eile gur /xo:si:/ ba cheart a rá. Ar an mbonn céanna leis an mbunleagan, déantar Chósamh de ‘Seosamh’ agus iad ag spraoi leis an bhfuaim nua.

Anuas air sin, is beag den Fhraincis a thugann *George* leis sa bhunleagan ach amháin na focail sin a chuala sé i measc na leanaí eile ach nár cheart dó a thabhairt leis, e.g. ‘*Dingue, espèce guignol, sale menteur, sauvage, mal élevé*’ an abairt a bhíonn aige ar fhágáil na scoile dó. Fágann José an scoil agus ‘A Dhiabhail! A Chloigneacháin! A Phleota! A Bhréagadóir lofa! Bithiúnaigh gan bhéasa,’ ar a theanga aige.

Tá stíl faoi leith scríbhneoireachta agus teanga faoi leith ag baint leis an mbunleabhar, mar a luaitear sa chur síos ar an leabhar ar amazon.com: ‘*The narration is a pastiche of childish storytelling, with run-on sentences and schoolyard slang used in abundance...*’ (<https://www.amazon.com/Petit-Nicolas-Collection-French-volumes/dp/032008258X>) Tagraíonn Marsh don ‘*Français familier*’ seo ina alt sa *French Review* ar an leabhar a úsáid do mhúineadh na Fraincise ar scoil i Meiriceá (1983). Tríd is tríd, rinneadh iarracht cloí le stíl sin an bhunleabhair, go háirithe maidir le habairtí fada ilchlásal nach mbeadh chomh coitianta céanna sa bhunscríbhneoireacht Ghaeilge. Is léiriú iad na habairtí sin ar an rabharta smaointe agus tuairimí a ritheann le leanbh, Nioclás sa chás seo, agus é ag iarraidh scéal a insint nó cur síos a dhéanamh ar rud éigin. Maidir le gnéithe inteanga na Fraincise, go háirithe ‘*Français familier*’ Niocláis, níorbh fhéidir a leithéid a athchruthú go díreach sa Ghaeilge. Cuir i gcás an úsáid a bhaineann Nioclás agus a chairde as an bhforainm ‘*on*’ agus an úsáid a bhaineann siad as ainmfhocal agus forainm araon a bheith ina n-ainmní ag briathar in aon abairt amháin, ar mhaithe le béim a leagan ar an ainmfhocal e.g. ‘*nous l’aimons bien la maîtresse*’; ‘*La maîtresse, elle a fait...*’ nó an abairt iontach seo ó leabhar eile *du Petit Nicolas*: ‘*Parce que vous savez, ce genre de choses, moi, il ne faut pas me les dire deux fois.*’

Rinneadh iarracht sa dá aistriúchán a phléitear anseo, an cineál teanga agus friotail a mbeifí ag súil leis ón gcarachtar nó ón reacaire a chur ar fáil sa Ghaeilge ag féachaint do dhul na Gaeilge, do stíl an bhunleagain agus do leibhéal tuisceana na spriocléitheoirí. Mar sin féin, níor seachnaíodh focail ná struchtúir áirithe, ar mhaithe leis an téacs a shimpliú, sa chás gur measadh gá a bheith leo. Ábhar plé é sin do lá éigin eile, seans. Mar fhocal scoir, luafad ar scríobh Seán Ó Cíosáin faoi litríocht a aistriú go Gaeilge (Ó Cíosáin, 1973: 76):

De ghnáth, bíonn a bheag nó a mhór de sclábhaíocht ag baint le saothar aistriúcháin. Ó ghabh mé le Rannóg an Aistriúcháin tá cúpla milliún focal aistrithe agam ó Bhéarla go Gaeilge agus ábhar tirim tur a lán den saothar sin. Ach ní mór dom a rá gurbh aoibhinn liom an t-am a chaith mé ag cur Gaeilge ar *The Vicar of Wakefield*.

Fearacht an Chíosánaigh, ba mhór an sásamh a bhaineas as na saothair thuas a aistriú agus tá súil agam go dtabharfaidh an plé thuas éachtaint ar an ngné ‘dhofheicthe’ sin de dhofheictheacht an aistritheora agus go spreagfar daoine chun na léitheoireachta agus an aistrithe litríochta.

## Aguisín 1

### *Réamhrá Thadhg Uí Mhurchadha leis an leabhar Eachtra Robinson Crúsó:*

Roiúra<

IN certain portions of “Robinson Crusoe” I found several words for which I have never heard any Irish. Amongst those are such terms as : mathematics, equinox, equator, latitude, longitude, deck, founder, etc. There are dictionary words for some of these, but, as they were quite unintelligible to me, I thought it better to translate their meanings as well as I could. For instance--mathematics: the dictionary word “ríomhaireacht,” as far as I know, is not in the people’s speech, whilst the current word, “áireamh” does not translate its meaning to speakers of my class.

I have heard “cúm” and “bolg” for “hold” (of ship), and I have used both terms. It will be noticed that I have treated such words as “bád” and “gabhar” according to usage. Of the word “founder” I have given an explanation in the notes. The rest of the work I have endeavoured to translate in accordance with the mode of thought and forms of expression used by the generation of Irish speakers of sixty years ago, from whom I learned to speak Irish, my first language.

In this translation I make no pretence whatever to a literary knowledge of either Irish or English, nor do I think that my effort is all that could be desired. The thoughts and ideas in “Robinson Crusoe” are altogether foreign to the thoughts and ideas of the tales I heard told in my youth, a fact which in itself made this translation all the more difficult.

Indeed I may say that I would never have undertaken the work were it not for the respect I owe to the memory of my old friend Donnchadh Pléimíonn, who himself intended, had God spared him, to translate the whole work into Irish.

## Aguisín 2

### *Réamhrá Chonail Chearnaigh leis an leabhar Don Cíochóté:*

#### EDITOR'S PREFACE

CERVANTES' immortal work - *Et ingenioso hidalgo Don Quixote de la Mancha* - has been described as at the same time the most cosmopolitan and the most intensely national book in the world.

The first part of it was published in 1605 ; and almost immediately versions of it began to be made in the principal languages of Europe. Beginning with the first English version by Shelton, published in 1612, there followed in chronological order translations into French (1616), German (1621), Italian (1622), Dutch (1657), Russian (1769), Danish (1776), Polish (1786), Portuguese (1794), Swedish (1802), Hungarian (1848), Modern Greek (1860), Bohemian (1866), Serbian (1882).

Not only so, but it has been translated several times into each of the most widely-spoken tongues of Europe; so that, in a sense, it may be said to have been translated more frequently than even the Bible or the *Imitatio Christi*. So far as I have been able to ascertain, no version has hitherto appeared in any of the Celtic languages ; and so, to Irish belongs, in this respect, the glory of precedence among those tongues; and to Canon O'Leary is due the undying gratitude of the Gael. More than twenty years ago, I made the acquaintance of *Don Quixote* in the original ; and I have read it several times since then. I have also, of set purpose, closely compared with it many versions in English and other languages. Accordingly the Irish reader may rest assured that I have reasonable grounds for stating that, in my opinion, Canon O'Leary's version is, taking it all in all, by far the best that I have read. Nay more, I venture to assert that, in some respects, it is superior to the original. This is partly due to the wonderful flexibility of the Irish language: especially when wielded by the greatest living writer of that tongue.

In what other language in Europe could a placename like *Taprobane* become so readily naturalized as it does in the Irish *Tiobruid Bhán*? Or a personal name like *Alifanfaron* yield *Amhlaoibh-gan-fearann*. In the second place, the Canon's versions and modernizations have always been characterized by judicious omissions and condensations; the residuum being always charmingly fresh and free from prolixity. For example, in the present version, the long and tedious disquisition on the relative values of early Spanish romances is wisely omitted, as containing no matter of ordinary human interest, even for a Spaniard of the present day. The version has gained - not lost - by such omissions. Canon O'Leary has concentrated all the reader's interest on the central figure of the story: in a word, he has given us the Quintessence of Quixote. Thirdly, he has surpassed Cervantes in wisdom, by stopping short at the end of the First Part of the story. Of course, Cervantes had no alternative, after the impudent plagiarism of Avellanada, but to complete the Second Part. Yet, the Second Part

is an acknowledged failure, as compared with the First. Of it we can only exclaim, “What a falling-off was there” - “*Quantum mutatus ab illo*” !

And so, notwithstanding the promise latent in the closing sentence, I prefer to take as farewell words those immediately preceding – fágaimid annsan iad – “Let us leave them there”! Leave the principal characters on the stage as the curtain rings down (for, although two of them are technically-speaking “off,” their reappearance is momentarily expected): Sancho seeking Don Quixote in the Sierra Morena, while the Priest and the Barber await the return of both. Leave them as Cervantes should have left them : Immortals– ‘deathless persons in an endless tale.”

Conall Cearnach.

## Aguisín 3

### *Réamhrá an Athar Peadar leis an leabhar Don Cíochóté:*

#### *Seo mar a tharla*

Timpeall cheithre bliana fichead ó shin bhíos thiar i gCill Chaoi ag an sáile. Do bhuail umam ann, agus mé ag siúl go réidh ar bruach na farraige, fear a bhí ag siúl ar an gcuma gcéanna. Do labhramair. Níorbh fhada, sa chaint dúinn, gur thuigeas féin gur Spáinneach é. Chromas ar thrácht ar an Spáinn; ar chlann Mhíleadh a tháinig go hÉirinn fadó ón Spáinn; ar an gcogadh mór a bhí sa Spáinn in aimsir Bhónapart; agus ar na tréithe Spáinneacha atá le feiscint, anois féin, in a lán de sna daoine a rugadh agus a tógadh sa chúinne sin thiar theas den oileán so na hÉireann; agus mar sin.

Sa chaint dom leis chuireas ceisteanna chuige i dtaobh an Spáinnise; ansan, i dtaobh scríbhinní na Spáinnise, agus i dtaobh léinn na Spáinnise, agus i dtaobh na leabhar agus na n-údar atá acu sa Spáinnis. Bhí sé ag freagairt na gceisteanna dhom, agus ba mhaith chuige é agus ba thuisceanach. Fé dheireadh chuireas ceist éigin chuige i dtaobh “Don Quixote.”

“Don Quixote; Don Quixote;” ar seisean agus é ag machnamh. “Ní heol dom aon údar Spáinneach, ná aon leabhar Spáinneach, ná aon fhocal Spáinneach den tsórt san,” ar seisean agus ionadh air. “Níor airíos riamh an focal san ‘Quixote,’” ar seisean.

“Ó,” arsa mise, “ní foláir nó d’airís. Scéal is ea é atá leata ar fuaid na hEúróipe go léir. Míguél Cerbhanités ainm an fhir a scríobh an leabhar.”

“Ó!” ar seisean, agus thug sé léim ón dtalamh, “ ‘Don Cíochóté’ atá ar siúl agat! ‘Don Cíochóté’; ar nóin d’airigh gach aoinne teacht thairis sin!”

Thuigeas-sa im aigne an uair sin gur “Don Cíochóté” an ainm cheart, agus gur loit muintir an Bhéarla é nuair a dheineadar “Don Quixote” de, agus go raibh an lot chomh tubaisteach san nár aithin an Spáinneach féin é nuair airigh sé é!

D’fhan an méid sin scéil im aigne riamh ó shin, go dtí leathbhliain ó sin, nuair a chuimhníos gur mhaith an rud an scéal Spáinneach san a chur síos i nGaeluinn. Ansan do thuigeas, dá mbeadh aon tseans go gcasfaí an Ghaeluinn sin agus an Spáinneach úd ar a chéile, gur mhaith an rud “Don Cíochóté,” an ainm a thug sé dhom, a bheith mar ainm sa Ghaeluinn ar an scéal.

Chuir duine éigin Béarla ar an scéal; agus, chomh fada agus a théann mo thuairimse, tá feabhas an scéil sa Bhéarla chomh fada óna fheabhas sa Spáinnis agus atá an focal “Don Quixote,” ón bhfocal “Don Cíochóté.”

Peadar Ua Laoghaire.

Caisleán Ua Liatháin

Bealtaine 5,

1912.

## Leabharliosta

### Leabhair

Barrie, J. M., (1911) *Peter and Wendy*. Nua-Eabhrac: Charles Scribner's Sons.

Barrie, J. M., & Ní Ghráda, M., (1938) *Tír na Deo*. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais.

Baum, L. F., & Ó Coileáin, S., (2019) *Asarlaí Oscartha Oz*. Gaillimh: Gabhairín Reo.

Baum, L. F., & Parmar, C., (2018) *Asarlaí Iontach Oz*. Cathair Na Mart, Co. Mhaigh Eo: Evertime.

Carroll, L., & Williams, N., (2007) *Eachtraí Eilíse i dTír na nIontas*. Cathair Na Mart, Co. Mhaigh Eo: Evertime.

Defoe, D., & Ó Murchadha, T., (1915) *Eachtra Robinson Crúsó Cuid 1*. Baile Átha Cliath: Connradh Na Gaedhilge.

Dickens, C., & Mac Maoláin, S., (1933) *Scéal Fá Dhá Chathair*. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais.

Dickens, C., & Ó Ruadháin, S., (1938) *David Copperfield*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Goscinny, R. & Ó Coileáin, S., (2019) *Nioclás Beag: Eachtraí*. Corcaigh: Dalen Éireann.

Goscinny, R. & Sempé, J., (2007) *Le Petit Nicolas*. Paris: Folio Junior.

Lewis, C. S., & Mac Lochlainn, A., (2014) *An Leon, an Bandraoi agus an Prios Éadaigh*. Baile Átha Cliath: An Gúm.

Mason, A. E. W., & Ó Gríobhtha, M., (1929) *Sa Villa Róse*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Myles na gCopaleen, (1941) *Cruiskeen Lawn*. *The Irish Times*, 11 Eanáir.

Ní Ghráda, M., & Winter, E., (1984) *Micilín agus an Dá Leipreachán*. Baile Átha Cliath: An Gúm.

Ó Cíosáin, S., (1973) *Is Ait an Mac an Saol*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Tta.

Ó Ríordáin, S., & Ó Dúshláine, T., (2014) *Anamlón Bliana: ó Dhialanna an Ríordánaigh*. Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnacht.

Ó Súilleabháin, D., (1933) *Eachtraí Shéamuis Uí Dhuibhir*. Baile Átha Cliath: Oifig Foilseacháin Rialtais.

Packard, Frank L. (Frank Lucius), (1922) *The Adventures of Jimmie Dale*. Nua-Eabhrac: G.H. Doran.

Stevenson, R. L., & Ó Scolaí, D., (2014) *Oileán an Órchiste*. Indreabhán, Gaillimh: Leabhar Breac.

Stevenson, R. L., & Ó Scolaí, D., (2016) *An Fuadach*. Indreabhán, Gaillimh: Leabhar Breac.

Ua Laoghaire, P. An tAth., (1912) *Don Cíochóité*. Baile Átha Cliath: Brún & Ó Nualláin.

Venuti, L., (1995) *The Translator's Invisibility: A History of Translation*. Londain; Nua-Eabhrac: Routledge.

## Foinsí Leictreonacha

Brooks, R., (2017) *The Challenges of Translating Literature*. Le fáil ag: <https://k-international.com/blog/the-challenges-of-translating-literature/>, 29 Bealtaine.

Caomhánach, S. Óg. *Croidhe Cainnte Chiarraidhe*. Le fáil ag: <https://www.forasnagaeilge.ie/wp-content/uploads/2016/06/8fdcae92ae307b022d964ebe73d45df6.pdf>.

Derbyshire, K., (2018). *What makes a translation great*. Scroll.in. Le fáil ag: <https://scroll.in/article/876969/>.

France, M., (2019) *Between worlds: in praise of the literary translator*. Prospect Magazine. Le fáil ag: <https://www.prospectmagazine.co.uk/magazine/miranda-france-on-translation-translators-literature>.

Hahn, D. & Riaz, F., (2014) *What Makes a Good Literary Translator*. Voices Magazine. Ar fáil ag : <https://www.britishcouncil.org/voices-magazine/what-makes-good-literary-translator>.

Marsh, R. (1983). *Teaching Language with Le Petit Nicolas*. The French Review, 56(4), 607-612. Le fáil ag: [www.jstor.org/stable/391426](http://www.jstor.org/stable/391426) (Léite: 9 Eanáir 2020).

### **Tráchtas Neamhfhoilsithe**

Mc Crory, A., (2009) *Aistriú Ainmneacha Carachtar i Litríocht do Pháistí*. Tráchtas Neamhfhoilsithe: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.



## **An Tumoideachas agus an Dátheangachas – Bréagnú ar Thuiscintí Coitianta**

*Brian Ó Donnchadha*

<https://doi.org/10.13025/zp92-cg14>

### **Réamhrá**

Tá an t-alt seo bunaithe cuid mhaith ar thaithí an údair a bhfuil breis agus fiche bliain caite aige mar oideachasóir teangacha – an Ghaeilge go príomha – ag an dara agus an tríú leibhéal anseo in Éirinn. Míneofar, le cúnaimh na staire agus forbairtí sa taighde, brí thraidisiúnta an dá théarma seo ‘tumoideachas’ agus ‘dátheangachas’ mar aon leis an athrú tuisceana atá tagtha ar an bhfód le déanaí. Luafar, chomh maith, impleachtaí an tumoideachais agus an dátheangachais do mhionteangacha mar aon leis an saghas teanga a labhraíonn tumfhoghlaimeoirí. Agus é ag teagasc na Gaeilge, go háirithe i gColáiste na hOllscoile Corcaigh, tuigeadh don údar go bhféadfaí foghlaimeoirí na Gaeilge a roinnt ina dtrí ghrúpa: daoine a chuaigh go dtí gnáthscoileanna in Éirinn agus a d’fhoghlaim an Ghaeilge mar ábhar scoile; mic léinn a d’fhreastail ar Ghaelscoileanna agus ar Ghaelcholáistí; agus cainteoirí dúchais na Gaeilge. Bíodh is gur rangú simplí go leor é seo, b’fhéidir, bhí ar an údar tosú in áit éigin de cheal taighde a bhí déanta in Éirinn faoi dheireadh na nóchaidí. Roimh aon chonchlúid a thabhairt ná aon mholtaí a sholáthar, féachfar ar shamplaí ó staidéar beag a rinne údar an ailt ar scoláirí tumoideachais ina ndearna sé comparáid idir iad agus an dá shaghas foghlaimeora eile a luadh thuas i.e. cainteoirí dúchais agus iad siúd a rinne an Ghaeilge mar ábhar i ngnáthscoileanna in Éirinn. Is fiú a chur san áireamh go ndearnadh an staidéar seo fiche bliain ó shin.

## Tumoideachas

Ó bunaíodh an Saorstát, maíonn Kelly (2002) gur moladh go múinfi trí mheán na Gaeilge i scoileanna in Éirinn mar chuid de phróiseas ath-Ghaelaithe na tíre ach deir Johnson agus Swain (1997) gur úsáideadh an téarma ‘tumadh’ den chéad uair in aimsir an Dara Cogadh Domhanda agus fórsaí armtha Mheiriceá ag gabháil do dhianchláir teanga. Tá an litríocht ar an tumoideachas breac le tagairtí don tumoideachas i gCeanada ó cuireadh tús le turgnamh St Lambert ann sa bhliain 1965 a bhfuil cur síos ag Baker (2006) air. Ó shin i leith, tá athrú tagtha ar an tuiscint a bhí ar an téarma seo agus ní fuirist cur síos simplí a thabhairt air anois. Cé go ndéanfar scagadh ar an taighde idirnáisiúnta atá déanta ar an tumoideachas, ní féidir talamh slán a dhéanamh de gurb ionann an taithí i dtíortha eile agus taithí na tíre seo, go háirithe an comhthéacs Ceanadach mar is mór idir tumoideachas i dtír ina bhfuil dhá mhórtheanga i gceist (Fraincis agus Béarla) agus tír ar nós na hÉireann ina bhfuil an Ghaeilge ina mionteanga – beag beann ar a stádas bunreachtúil.

De bharr go bhfuil an méid sin comhthéacsanna ina bhfuil tumchláir á múineadh ar fud an domhain, ceistíonn Fortune agus Tedick (2008) an tuiscint atá ag daoine ar an tumoideachas agus luann siad cuid mhaith foilseachán a eisíodh le go mbeadh soiléiriú ar an rud is tumoideachas ann. Anuas air sin, áitíonn Lyster & Mori (2008: 133) go raibh tuiscint róshimplí ar an tumoideachas nuair a cuireadh tús leis an gclár in St Lambert mar shampla. Ina dtuairim siúd tá gá leis an teanga féin a mhúineadh agus ní hamháin an teanga a úsáid mar theanga an teagaisc:

*Researchers now underscore the importance of integrating form-focused instruction into regular subject-matter instruction to allow students to notice these otherwise infrequent or nonsalient features.*

Tugtar sracfhéachaint ar chuid den taighde sin thíos.

## Luath-Taighde ar an Tumoideachas

Tugann Ní Mhurchú (1995: 64) le fios go raibh ganntanas taighde déanta in Éirinn ar an tumoideachas nuair a fhiafraíonn sí: ‘*Are the Irish language skills of listening, speaking, reading and writing considerably higher for students in immersion schools than in nonimmersion schools?*’ Ag labhairt ar a thaithí féin idir na blianta 1985 agus 1999, deir Ó Duibhir (2018: vii): ‘*It would be fair to say our pedagogy was very much practice driven rather than research driven.*’

Níor bhain an easpa taighde seo le Poblacht na hÉireann amháin. Ag trácht dó ar Cheanada, áitíonn Hammerly (1988) nach bhfuil torthaí sásúla ar an taighde seo agus go bhfuil na taighdeoirí dall ar chuid mhaith de na fadhbanna a bhaineann leis an gcóras sa tír sin dar leis féin. Mar shampla, déanann Swain (1982: 86) cur síos ar an tumoideachas mar phróiseas atá cosúil le sealbhú na máthairtheanga. Leagtar an bhéim ar an tuiscint agus, dar léi, éiríonn an-mhaith leis na tumdhaltá sa ghné seo, ach admhaíonn sí go bhfuil laigí i

labhairt na teanga agus má dhéantar iarracht scileanna tuisceana agus labhartha a fhorbairt le chéile go gcuireann seo brú ar na foghlaimoírí ‘*and forces them, at least initially, to reproduce meaningless sounds.*’ Ní mholtar aon réiteach ar an bhfadhb seo. In ainneoin nach n-éiríonn leis na tumdhaltáí ó thaobh na teanga de is mar a éiríonn leo siúd a bhfuil an Fhraincis mar T1 acu, deir Swain (1982: 92) san alt céanna:

*One exception to the inferior performance of the immersion children at this grade level is that they were found to be, in their oral communicative skills, more sensitive to the needs of the listener than were the children educated in their native language.*

Is féidir frustrachas Hammerly a thuiscint! Chun an ceart a thabhairt do Swain, tagann athrú intinne uirthi mar gheall ar an tuiscint róshimplí seo ar an tumoideachas agus deir sí i gcomhar le Johnson (1997: 7) go bhfuil ‘*additive bilingualism*’ i gceist sa seomra ranga tumoideachais. Is fiú an cheist seo a chur: An é a thuigeann an gnáthdhuine le tumoideachas ná an méid a dúirt sí in 1982 seachas in 1997?

Anuas air sin, ní mór gearán Fasold (1984: 300–1) a chur san áireamh nuair a luann sé an ‘*Hawthorne effect*’ toisc go bhfuil an baol ann go ndéanfar an taighde róluath agus stíl nua teagaisc á tástáil:

*The best way to overcome the Hawthorne effect is to test the results of the experiment after it has been in operation for several years. By this time the ‘specialness’ will have worn off, and any gains the experimental group show are much more likely to be the result of the experimental conditions. Much of the research on Native-Language, or mother tongue approach has been tested after only one year. This can cut both ways; the Hawthorne effect can cause inflated benefits for the experimental group, or the length of time might be too short for the benefits to have taken hold.*

Is léir go bhfuil athrú tar éis teacht ar mhéid an taighde atá déanta in Éirinn agus a leithéid foilsithe ar shuíomh idirlín na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Ach i ndiaidh sin is uile, níl ann ach beagáinín sa bhreis ar leathchéad alt ar an suíomh acu. Is fiú cuimhneamh air, nach bpléann na hailt seo ar fad leis an tumoideachas ós rud é go bhfuil aon údarás amháin freagrach as dhá shaghas oideachais atá an-éagsúil lena chéile, i.e. oideachas Gaeltachta agus oideachas Gaelscolaíochta. As na trí alt taighde atá curtha ar an suíomh don bhliain 2019, ní phléann ach ceann amháin acu leis an tumoideachas, is é sin Andrews (2019). Pléann sí cás na bpáistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i nGaelscoileanna Phoblacht na hÉireann agus in ainneoin go bhfuil líon na bpáistí seo tar éis dul i méid, deir sí nach bhfuil ach eolas teoranta ina leith seo ar fáil go dtí seo.

## Dátheangachas

Díreach mar a tháinig forbairt ar bhrí an téarma ‘tumoideachas’, is amhlaidh a tharla leis an bhfocal ‘dátheangachas’. Maítear i measc tumoideachasóirí go dtéann sé chun tairbhe d’fhoghlaimoirí má tá siad dátheangach. Ní féidir é sin a shéanadh. Tá mórchuid staidéar déanta ar a leithéid, cuir i gcás Purić, Vuksanović & Chondrogianni (2017).

Ach cad is brí le bheith dátheangach? Dar le Bloomfield (1935: 56) is éard atá i gceist le dátheangachas *‘the native-like control of two languages’*. An é sin mar a thuigeann daoine an scéal i gcónaí? Le himeacht aimsire, rinneadh an tuiscint ar cad is dátheangachas ann a chioradh agus áitíonn Crystal (1997: 364) *‘many bilinguals fail to achieve a native-like fluency in either language’*. Tuigtear le fada i measc teangeolaithe (Crystal (2000), Edmonson (1999), Hamers & Blanc (2000); Seliger & Vago (1991)) go bhfuil raon leathan catagóirí i gceist leis an dátheangachas. Tá mionphlé déanta ag Baker (2006) orthu.

I dtíortha dátheangacha, úsáidtear an dá theanga i gcomhthéacsanna éagsúla. I bParagua, dar le Wardhaugh (1998: 78), *‘men tell jokes and talk about women and sports in Guaraní, but they discuss business affairs in Spanish.’* Is é sin le rá ní éiríonn leis an duine dátheangach labhairt go héifeachtach ar réimsí éagsúla an tsaoil sa dá theanga. Teanga bhaile atá i gceist le ceann acu b’fhéidir agus teanga oibre leis an gceann eile. Ait go leor agus tumoideachasóirí ag cur bhuntáistí an dátheangachais chun cinn go láidir, cúis inmí do theangeolaithe ar nós Hamers & Blanc (2000) é an dátheangachas nuair atáthar ag plé le caomhnú mionteangacha. Deir Grosjean (1992: 219) mar gheall ar an tumoideachas Ceanadach: *‘In a word, immersion education has given students the foundations to become bilingual, but because there is little systematic social use of French, they are not functionally bilingual’*.

D’fhéadfaí alt iomlán a scríobh ar an dátheangachas, rud nach féidir a dhéanamh anseo ach ón méid a thugann na húdair thuas le fios, is léir nach bhfuil gach cainteoir dátheangach in ann labhairt go héifeachtach sa dá theanga i réimsí éagsúla. Bíonn bearnaí sa chumas ó theanga go teanga. Is gá mar sin a bheith cáiréiseach nuair a phléitear leis an dátheangachas. Más ann do chatagóirí dátheangachais, cén catagóir ar cheart dúinn a bheith ag súil leis ón gcóras tumoideachais? Is cóir a thabhairt faoi deara an chiall atá ag *‘additive bilingualism’* a luaigh Swain & Johnson (1997) thuas. Deirtear nach gcuirfear isteach ar fhoghlaim/shealbhú na chéad teanga ach ní dhéantar trácht ar chaighdeán an dara teanga.

I suirbhé neamhfhoilsithe a rinne an t-údar seo sa bhliain 2019, dúirt cuid mhaith díobh siúd a d’fhreagair go raibh na Gaelscoileanna fiorthábhachtach maidir le cur chun cinn na Gaeilge. An taitní a bhí acu ar an teanga sa seomra ranaga an rud ba thúisce ar chuimhnigh na freagróirí air nuair a cuireadh in iúl dóibh gur suirbhé ar an nGaeilge a bhí i gceist. Ag labhairt dó ar chlár *Morning Ireland* ar Raidió 1 mar gheall ar na hathruithe ar dhíolúintí na Gaeilge san earnáil oideachais, dúirt Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge Julian de Spáinn (2019) gur buntáiste atá sa dátheangachas ó thaobh na foghlama go ginearálta. Argóint réasúnta lag is ea é seo mar ní dhéanann sé cás na Gaeilge a chosaint mórán agus maíonn Kelly (2002)

nach leor córas maith oideachais chun an Ghaeilge a thabhairt slán. D'fhéadfaí múineadh trí mheán na Fraincise agus an Bhéarla mar shampla toisc gur dhá mhórtéanga iad siúd a bheadh níos áisiúla do pháistí agus iad ag tabhairt faoin saol oibre. Ní thugann an argóint seo le fios gurbh fhiú an Ghaeilge a fhoghlaim. Tacaíonn Ó Duibhir (2018) leis an tuairm seo chomh maith.

### Caomhnú Teanga nó Cruthú Idirtheanga?

D'fhógair An Roinn Oideachais agus Scileanna go raibh sé beartaithe ag an Aire Joe McHugh (2019) líon na scoláirí tumoideachais a mhéadú faoi dhó. Dúirt sé: 'Ardóidh an polasaí nua seo don oideachas trí mheán na Gaeilge próifíl ár dteanga inár bpobail [*sic*] agus chomh maith leis sin creidim go spreagfaidh sé úsáid laethúil na Gaeilge laistigh agus lasmuigh dár scoileanna.' Díol spéise na focail 'lasmuigh dár scoileanna'. I bhfocail Arzemendi & Genesee (1997: 152): *'Whether or not, and to what extent and how, they [tumdhaltáí] use their second language in and outside school in the community at large is seldom considered seriously'*. Ina dtuairim siúd, pléann cuid mhaith de na tástálacha a chuirtear ar thumdhaltáí leis an dul chun cinn a dhéanann siad ó thaobh cúrsaí scoile de. Molann De Courcy (1997) go gcaithfidh foghlaimoírí a ghlacann páirt i gclár tumoideachais an deis a thapú meascadh le hógchainteoirí dúchais an T2 d'fhonn béarlagair agus caint neamhfhoirmeálta a shealbhú. Sa chomthéacs Éireannach, deir Ó Baoill (1999: 193): *'There has been very little research in this area, but one suspects that the vast majority of learners have no inclination to integrate in any way with Gaeltacht communities'*.

Rinne Hodges (2012) staidéar ar labhairt na Breatnaise in oirdheisceart na Breataine. Cúis dóchais ab ea Daonáireamh 2001 sa Ríocht Aontaithe mar gur léirigh sé go raibh méadú tagtha ar líon na bpáistí idir 5 agus 15 a bhí in ann an Bhreatnais a labhairt. Ní chinntíonn cumas teanga go labhrófaí an teanga, áfach. Anuas air sin, féintuairisciú a bhí ar bun sa Daonáireamh seo, dar ndóigh, agus an tuairisciú sin á dhéanamh ag tuismitheoirí nach raibh an Bhreatnais acu cuid mhaith. Faoi mar a deir Hodges (2012: 356): *'Furthermore, it appears that the educational system is often seen by many families as a substitute for undertaking Welsh language transmission in the family'* agus tugann Fishman (1991) an rabhadh go bhfuil an baol ann go bhfágfar caomhnú mionteangacha faoi chúram na múinteoirí.

Chuir Ní Mhaoláin (1996: 106) na córais tumoideachais i gCeanada agus in Éirinn i gcomparáid lena chéile agus tá an méid seo le rá aici:

Is féidir a rá i gcomhthéacs tumdhaltáí i gCeanada agus in Éirinn nach bhfuil an T2 ag teastáil uatha chun riachtanais bhunúsacha a chomhlíonadh sa saol lasmuigh den scoil ach go bhfuil an T2 uatha chun cumarsáid a dhéanamh lena múinteoir agus chun dul chun cinn a dhéanamh i gcúrsaí scoile.

Maidir leis na múinteoirí deir Hammerly (1998: 568):

*In the classroom environment each child shares the attention of only one native speaker (if that), while interacting with 25 or 30 other children ignorant of French, instead of being surrounded by native speakers of French.*

Ag leibhéal an iar-bhunoideachais ach go háirithe, is fiú a thabhairt chun cuimhne an méid atá le rá ag Johnson (1997: 177): *‘Teacher/student interaction therefore rarely requires more than a one-word or single-phrase answer’*. Fágann seo go bhfuil bac ar an bhfoghlaimoir an spriotheanga a úsáid go nádúrtha. I staidéar a rinneadh ar thum-mhúinteoirí i Meiriceá deir Walker & Tedick (2000: 16): *‘Teachers point out the difficulty in being aware of children’s cognitive growth at the same time as their growth in the L2 occurs.’*

Léiríonn Ní Mhaoláin (1997) i gcás mionteanga ar nós na Gaeilge nach féidir i gcónaí teacht ar rúnaithe, coimeadaithe srl. sa scoil atá cumasach sa Ghaeilge. Fiú má éiríonn leis an scoil foireann thánaisteach le Gaeilge a bheith aici, ní hionann an domhan seo agus an domhan ina dtarlaíonn fíorchumarsáid go minic agus nochtann O’Neill (1993: 57) an tuairim: *‘Classroom discourse, even when conducted in the students’ native tongue, rarely offers opportunities for them to explore a range of complex language functions, since these functions arise from personal, sustained, and intensive encounters’*.

Aontaíonn Ó Súilleabháin (1983: 55) go bhfuil fadhb i gceist leis seo nuair a deir sé: *‘The central weakness in the teaching of L2 Irish has been the failure to create an extra-mural environmental need which would stimulate pupils to learn Irish’*. Agus tá an méid seo le rá ag Ó Baoill (1999: 190): *‘There may also be attempts at creating neutralized and almost culture-free discourse situations where either language can be employed’*. Cuireann a leithéid de thuairim in iúl go bhfoghlaímíonn tumdhaltáí teanga atá éagsúil le Gaeilge an chainteora dúchais. Ní éireoidh leis an scoil, mar sin, macasamhail iomlán a chruthú de chultúr na spriotheanga ina ndéantar na daltaí a thumadh. Is deacair timpeallacht den sórt seo a thógáil ina hiomláine. Deir O’Neill (1993: 57) gurb ionann an timpeallacht seo agus amharclann ina bhfuil *‘the immersion school is real and not real at the same time’*. Sa chomhthéacs seo scríobhann Lyster (1987: 716):

*The other day a former student of mine currently in a High School French Immersion program came up to greet me and said ‘Je sais toi!’ After a moment I switched to the interlanguage code and realized what he meant, then thought: he is inaccurate in his word choice and word order, but his message can only be decoded by those of us experienced in ‘speaking immersion’.*

D'fhéadfadh na daltaí féin a bheith breá sásta glacadh leis na botúin a dhéanann a gcomhdhaltaí má thuigeann siad gur botúin iad in aon chor. Dar le Wright (1996: 259): *'The students usually all share the same mother tongue, and thus errors and non-native-like discourse resulting from transfer from English are both accepted and understood by other students'*.

Tar éis an tsaoil, is féidir leis an múinteoir agus na tumdhaltáí ar aon T1 na ndaltaí eile sa rang a thuiscint de ghnáth. Seans go bhfuil seo ag athrú ábhar beag agus leanaí ag teacht isteach sa chóras tumoideachais ó chúlraí teanga éagsúla. Murach go raibh Béarla ag Lyster thuas ní thuigfeadh sé an méid a dúirt an tumdhaltá leis. Áitíonn Hammerly (1988: 568) go bhfuil *'marked effect'* ag T1 na bpáistí ar an tslí ina bhfoghlaimíonn siad teanga eile. Agus tagairt á déanamh aici do thumdhaltáí Fraincise i gCeanada, tugann Ní Mhurchú (1995: 60) le fios: *'English seems to slow down the development of the students' French and this influence can also be noticed in very subtle ways even in sentences that are grammatically correct'*. Ní beag na himpleachtaí atá ag a leithéid de ráiteas don tumoideachas i gcoitinne agus leanann sí ar aghaidh agus deir sí go dtarlaíonn trí rud sna tumscoileanna Ceanadacha:

- (i) *language transfer from English to French;*
- (ii) *overgeneralization of the rules of the French language;*
- (iii) *simplification.*

### **An Staidéar Féin**

Is tráthúil anois féachaint ar theanga na dtumdhaltáí féin. D'fhonn taighde níos comhaimseartha, agus níos dearfaí b'fhéidir, a léamh ar an ábhar seo, féach Harris *et al.* (2006). Is cóir a thabhairt chun cuimhne nach staidéar cuimsitheach é seo a rinne an t-údar seo agus go ndearna sé é sa bhliain 1999. Níl anseo ach fiosracht an údair i dtaobh an chaighdeáin teanga a bhí á labhairt ag scoláirí i nGaelcholáistí. De bharr go raibh sé cáilithe chun a leithéid a dhéanamh, chuir an t-údar scrúdú cainte ar aon dul leis an mBéaltríail Ghaeilge Ardteistiméireachta ar 116 scoláire i dtrí shaghas scoileanna: (A) Gaelcholáiste amháin, (B) dhá ghnáth-mheánscoil agus (C) dhá mheánscoil Ghaeltachta. Líon gach dalta foirm iarratais isteach d'fhonn an cúlra teangeolaíoch a bhí acu a chinntiú (bunscolaíocht, na teangacha a bhí á labhairt ag baile srl.). Gealladh do gach scoil a bhí i gceist nach luafaí ainm na scoileanna ná na scoláirí. Chuathas de réir eitic taighde Choláiste na hOllscoile Corcaigh mar gheall ar bhailiú sonraí ag an am.


Luann Ó Duibhir (2018) na deacrachtaí a bhíonn ag tumfhoghlaimí le briathra na Gaeilge agus dá bharr sin, beartaíodh díriú ar ionramháil an bhriathair san alt seo. Staidéar comparáideach a bhí ann idir 15 scoláire ar an iomlán. Léiríonn an chéad tábla méid na

bhfocal a bhí ag an scoláire i ngach agallamh mar aon le líon na mbriathra a d'úsáid siad, bídis cruinn nó míchruinn. Ní foláir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh frása briathartha a bheith i gceist anseo seachas focal amháin ar nós 'bí + ainm briathartha':

	Scoláire 1	Scoláire 2	Scoláire 3	Scoláire 4	Scoláire 5
<b>Gaelcholáiste (A)</b>	136 briathar 918 focal	61 briathar 502 focal	107 briathar 683 focal	188 briathar 1170 focal	115 briathar 714 focal
<b>Gnáth-Mheánscoil (B)</b>	83 briathar 592 focal	59 briathar 328 focal	82 briathar 587 focal	65 briathar 440 focal	191 briathar 1327 focal
<b>Meánscoileanna Gaeltachta (C)</b>	246 briathar 1192 focal	168 briathar 1078 focal	103 briathar 523 focal	169 briathar 1067 focal	143 briathar 756 focal

**Tábla 1: Líon na bhfocal agus na mbriathra**

Tríd is tríd, bhí an céatadán céanna briathra in úsáid ag na trí ghrúpa ach is fiú cuimhneamh go raibh líon na bhfocal ag scoláirí na scoileanna Gaeltachta (C) ní b'airde ná an dá ghrúpa eile (A) agus (B). Ba cheart an graf seo leanas a chur san áireamh leis. Léirítear ann céatadán na mbriathra a bhí míchruinn ag gach scoláire a bhí sa staidéar:



**Graf 1: Céatadán na mBriathra a bhí míchruinn i measc na scoláirí go léir**

Tugtar le fios sa ghráf seo gurbh iad na tumdhaltaí an grúpa ba mhíchruinne. Dealraíonn sé go bhfuil scoláirí ó na gnáth-mheánscoileanna chomh líofa céanna nuair a fhéachtar ar líon na bhfocal mar atá in Tábla 1. Anuas air sin is cosúil go bhfuil siad níos cruinne.

Leagtar amach sa chéad tábla eile líon na mbriathra a bhí ag na tumdhaltaí sa staidéar seo chomh maith le líon na mbriathra a bhí míchruinn ar chúis amháin nó ar chúis eile:

	A1	A2	A3	A4	A5
<b>Líon iomlán na mbriathra</b>	136	61	107	188	115
<b>Líon a bhí míchruinn</b>	35	7	43	33	32
<b>% a bhí míchruinn</b>	25.7	11.4	40.1	17.5	27.8

**Tábla 2: Líon na mbriathra ó thaobh míchruinnis de**

Cé gur díriodh ar an míchruinneas, ní dhearnadh idirdhealú idir an rud is botún ann i gcomparáid le hearraid. Ní raibh sé i gceist aiseolas a thabhairt do na scoláirí ná deis a thabhairt dóibh iad féin a cheartú ach chomh beag. Bhí an staidéar seo mar chéad chéim a bhí bunúsach go maith. Níl anseo mar sin ach spléachadh ar thaighde i bhfad níos leithne nach féidir a iniúchadh i gceart san alt seo. Bíodh is gur cuireadh scrúduithe ar thrí ghrúpa éagsúla, ba mhó an spéis a bhí ag an údar i nGaeilge na dtumscoláirí agus pléfeair leis an ngné seo anseo thíos. De cheal spáis, ní thabharfar anseo thíos ach samplaí a bhaineann le trí ghné de bhriathra na Gaeilge:

### 1. An Modh Coinníollach

Níor éirigh le tumdhalta ar bith an Modh Coinníollach a láimhseáil i gceart sna hagallaimh. Cé gur thuig siad go raibh éiginnteacht i gceist, bhí orthu dul i muinín an Bhéarla agus an Modh Coinníollach a sheachaint ar fad agus léirigh siad neamhchinnteacht:

1. *Em tá's agam go bhfuil 'Seachtain na Gaeilge' ann but that's really kind of i gcóir daoine like sa scoileanna but if maybe níos mó spreagadh or I don't know comórtaisí nó rud éigin. Níl fhios agam like le duaiseanna or just chun daoine a spreagadh like*
2. Deireann *eh* cuid dóibh nach fiú é nuair a tar éis iad a tógaint suas or nuair a tar éis iad *eh* a stopadh ag tógaint iad, deireann siad rud *like* le linn iad *eh* ag tógaint deireann siad is fiú é *you know but...*
3. *An athrófá an córas dá mbeifeá mar Aire Oideachais an dóigh leat?*  
Eh ní athróidh mé é go hiomlán ach *just* roinnt rudaí beaga *you know just* chun é a dhéanamh níos éasca i gcóir na scoláirí.

Bhí siad ag brath ar fhocail ar nós *if, just* nó *maybe*. Titeann an rud céanna amach i gCeanada agus nóta déanta ag Harley agus Swain (1977: 43): ‘*Unlike the comparison groups, three of the immersion children also used adverbial means to help express the notion of ‘hypothetical’. In all cases the adverb used was peut-être (‘perhaps’).*’

Thóg an Aimsir Fháistineach áit an Mhodha Choinníollaigh leis agus an briathar séimhithe ar uairibh:

4. *Ná beadh?* [Bhíomar ag caint mar gheall ar quizchlár teilifíse]  
No. **Bheidh mé** ann agus faighim an chéad cheist i gceart i gcónaí i cúpla soicind chun dul ar an suíochán ach **más rud é go fuair mé an áit beidh mé** ag suí ann...
5. ... agus dá bhfaighfeá triocha dó míle punt mar shampla? *Cad a dhéanfá leis sin?*  
Le triocha dó míle punt! Bhuel **beidh** orm cúpla mhíle a thabhairt do mo tuismitheoirí *anyway* mar tá siad tar éis na mílte mílte a thabhairt domsa. (gáire) so **beidh** orm é sin a dhéanamh agus freisin *eh is maith liom eh* dul le mo chairde ar laethanta saoire maith.
6. *Oh san áit seo em gan an scoil ní bheidh aon Gaeilge.*

Cé go ndéanfar plé ar an gCopail ar ball, is fiú féachaint ar an sampla seo ina n-úsáidtear an Aimsir Láithreach seachas an Modh Coinníollach:

7. *Agus an raghfá féinig ag obair?*  
Bhuel *eh* tá *eh* an cúrsa atá curtha síos agam ná Tráchtáil is Spáinnis agus *eh* feicim an seans ansin chun *eh* dul agus obair in Meiriceá Theas agus timpeall an domhain tá Spáinnis á lábhairt ag an-chuid daoine *eh* agus freisin leis tá *eh* Staidéar Eorpach agam le Spáinnis agus *eh is breá is maith liom bheith ag obair don Aontas Eorpach*. Feicim go bhfuil sé gur Aontas maith é agus gur maith do daoine Éireannach bheith ag obair ann.

Ní raibh siad cinnte mar gheall ar an difríocht idir *má* agus *dá* ach chomh beag:

8. Bhuel tá sé deacair é sin a rá mar *like má... má tugtar* cead do daoine atá ocht déag **bheadh** tionchar aige sin ar daoine níos óga atá *eh* mar scoláire anseo *you know em*. Caithfidh siad bheith saghas réasúnta mar gheall air.
9. *It's em* bhuel *it's em it's* an-dainséarach don *em* eacnamaíocht **má briseann** sé amach anseo.
10. *Em 'sea beidh* sé go maith **má ghlacann** an rialtas páirt leis. *Coz you know* éistean daoine leis an rialtas uaireanta *you know so b'fhéidir go...*

## 2. An Chopail

Níor éirigh go rómhaith leo leis an gCopail ach oiread. Baineann an chéad dá shampla leis an Aimsir Láithreach:

11. *An fearr leat peil mar sin?*  
*Em is fearr liom but **níl mé imritheoir maith***
12. *An dóigh leat gur rud maith é gur chuaigh tú go dtí Gaelcholáiste?*  
*Em 'sea tá sé go maith like **tá Gaeilge teanga na tíre** so tá sé go maith don cultúr in Éirinn agus gach rud*

Bhí fadhbanna san Aimsir Chaite chomh maith:

13. An chéad uair **bhí sé an beirt againn** inár aonar ach *eh* an uair deireanach bhí banna ceoil iomlán againn.

Sa chéad dá shampla eile, bhí insint neamhdhíreach i gceist:

14. Ceapaim go bhfuil sé tábhachtach na dhá teanga a fhoghlaim *becau'* mar *eh* muna bhfuil Béarla ag daoine beidh sé deacair dóibh dul amach agus obair i gcóir Éire lasmuigh den tír. Is freisin *like* tá mise ag déanamh Spáinnis don Ardteist agus **feicim go bhfuil sé sin rud maith** mar is féidir le daoine ó Éire anois dul agus obair don Aontas Eorpach.
15. Yeah bhuel ceapaim féin **go bhfuil sé rud uafásach** *like* agus is fuath liom a bheith *you know* ag féachaint ar duine agus ag rá: 'Bhuel *you know* an dhéanann sé now an rud céanna?' Tá fhios agam *you know* nach dhéanann gach sagart an rud céanna *but* b'fhéidir... *you know* ní féidir leat féachaint suas go duine atá an scannal sin go léir mar gheall orthu *so...*

Bhí siad ag brath ar an mBéarla chomh maith chun an Chopail a sheachaint:

16. *Yeah.* Tá sé cosúil le foireann scoile agus ceann de sna daoine nach bhfuil sa scoil anois bhí sé sa scoil *so* ní raibh aon fadhbanna againn leis sin agus imrím leis an scoil freisin. *Eh* chailleamar dhá seachtain ó shin ins leathchraobh na hÉireann Sinsearach *so* ***it was*** mo cluiche deireanach riamh leis an scoil. Chailleamar le cúig pointe.
17. Bhuel na cosúlachtaí ná go bhfuil *eh* áit áiteanna difriúla sa tír tá Spáinnis difriúla agus anseo tá Gaeilge difriúla ach tagann sé ón rud céanna. Tagann *eh* an Spáinnis ón 'Castellano' ***which is just*** an príomhteanga agus *eh* in áiteanna difriúil foghlaimíonn siad a cuid Spáinnis féin ach fós bíonn siad in ann tuiscint cad a bhíonn á rá ag na daoine eile cosúil le anseo agus daoine na Mumhan in ann éisteacht le daoine ón Conamara agus iad a tuiscint freisin.

### 3. An Chlaoninsint

D'úsáid siad an focal *chun* mar a d'úsáidfí *to* as Béarla a thacaíonn le tuairim Ní Mhurchú (1995) faoin róghinearálú a luadh thuas:

18. Níl fhios agam really nuair a bhí mé sa cúigiú rang níor theastaigh uaim teacht anseo in aon chor. Dúirt mo thuismitheoirí liom *em you know* **chun** dul go dtí XXXXX agus dúirt mé: 'Ni rachaidh mé ansin riamh.'
19. Is breá liom é. *Eh* bím ag rá le mo eh dheartháir **chun** cur isteach air mar is breá leis na tráth na gceist agus is maith liom iad freisin ach *eh* ní bheidh na *guts* agam.

### Conclúid

Léiríonn na samplaí thuas na hearráidí gramadaí a dhéanann na tumdhaltáí agus deir Hammerly (1988: 570–1):

*...students with a working vocabulary generally can make themselves understood but have formed very defective grammatical habits [...] once this faulty form of speech is perceived by the speaker as acceptable, and once he or she uses it for years, it is extremely difficult to change. Such speech results from learners being encouraged to communicate ideas, however ungrammatically, far beyond their knowledge of the language and even being congratulated for doing so, a practice many FI [tum-mhúinteoirí Fraincise] teachers follow. Having found that they can get by that way, learners lose their motivation to speak accurately...*

Seo giota eile ó na hagallaimh a thacaíonn le Hammerly:

#### 20. Agus an bhfuil sin tábhachtach?

Eh ceapaim go bhfuil mar bíonn daoine ann agus bíonn siad ag canadh na amhráin the Wolftones agus gach rud ach ní féidir leo aon focal de Gaeilge a rá a chaint agus is *eh* táim an-bródúil as bheith ag ábalta caint as Gaeilge. Is cabhair é freisin mar chuamar go dtí an Londain chuamar go Londain an samhradh seo caite chun imirt *eh* cispheil agus bhíomar go léir in ann caint as Gaeilge agus ní raibh fhios ag aon cheann de sna foireann eile cad a bhí á rá againn agus *its just* na rudaí cosúil leis sin is féidir linn teangmháil lena chéile gan a bheith gan...

Luann Hammerly (1988: 570–1) go raibh lucht tacaíochta an tumoideachais faoi thionchar Krashen agus a raibh le rá aige mar gheall ar '*comprehensible output*' rud a fhágann nach raibh aon ghá le gramadach fhoirmiúil a theagasc. Ach ar a laghad bhí sin ag athrú nuair a rinneadh an staidéar seo agus dar le Met & Lorenz (1997: 259): '*Recent discussions with veteran immersion educators indicate agreement across the United States that more attention is being given to explicitly teaching the mechanics and structures of the immersion language*'.

Is cinnte go bhfuil ról tábhachtach ag an tumoideachas i gcaomhnú na Gaeilge agus ba cheart gach creidiúint a thabhairt do dhaltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí as a ndúthracht sa chúram. Níor tugadh anseo ach srachfhéachaint ar chuid den taighde atá déanta chomh maith le spléachadh ar staidéar beag a rinne an t-údar féin. Tá sé i gceist go mbeadh an t-alt seo mar lón machnaimh dóibh siúd nach bhfuil mórán tuisceana acu ar chúrsaí tumoideachais agus dátheangachais seachas do theangeolaithe atá ag obair sa ghort. Ní leor do na teangeolaithe na dúshláin a nochtadh faoi mar atá déanta san alt seo ach caithfear dul i ngleic leo chun go ndéanfaidh an earnáil tumoideachais freastal ceart ar an teanga agus ar lucht a labhartha.

Maidir le staidéar breise, ní mór díriú ar mhúineadh na sprioctheanga i gcomhthéacs an tumoideachais. Caithfidh tuiscint níos doimhne a bheith ag oideachasóirí sna Gaelscoileanna ar cad is dátheangachas ann agus cén saghas dátheangachais a bheidh i gceist do na tumdhaltaí. Ní foláir ‘slat tomhais theangeolaíoch’ a chruthú chuige seo. Is cóir dul i ngleic leis an nGaeilge mar theanga laethúil lasmuigh den seomra ranga d’fhonn na foghlaimeoirí a spreagadh chun í a úsáid mar ghnáthmheán labhartha lena chéile agus le daoine eile thart timpeall orthu. Ní neart go cur le chéile agus ní ceart caomhnú na teanga seo a fhágáil faoi na scoileanna amháin.

## Leabharliosta

### Leabhair

- Arzamendi, J. & Genesee, F. (1997) 'Reflections on Immersion Education in the Basque Country.' Johnson, R. & Swain, M. (eag.) *Immersion Education: International Perspectives*. Cambridge: Cambridge University Press. 151–66.
- Baker, C., (2006) *Foundations of Bilingual Education and Bilingualism*. An 4ú heag. Clevedon: Multilingual Matters Ltd.
- Bloomfield, L., (1935) *Language*. Londain: Allen & Unwin.
- Crystal, D., (1997) *The Cambridge Encyclopaedia of Language*. An 2ú heag. Cambridge: Cambridge University Press.
- De Courcy, M., (1997) 'Benowa High. A Decade of French Immersion in Australia,' in Johnson, R. & Swain, M., (eag.) *Immersion Education: International Perspectives*. Cambridge: Cambridge University Press. 44–62.
- Fasold, R., (1983) *The Sociolinguistics of Society*. Oxford: Basil Blackwell.
- Fishman, A., (1991) *Reversing Language Shift*. Clevedon: Multilingual Matters Ltd.
- Grosjean, F., (1982) *Life with Two Languages: An Introduction to Bilingualism*. Cambridge, MA: Harvard University Press.
- Fortune T. & Tedick D., (eag.) (2008) *Pathways to Multilingualism: Evolving Perspectives on Immersion Education*. Clevedon: Multilingual Matters Ltd.
- Hamers, J.F. & Blanc, M.H.A., (2000). *Bilinguality and Bilingualism*. An 2ú heag. Cambridge: Cambridge University Press.
- Johnson R., (1997) 'The Hong Kong Education System. Late Immersion under Stress.' Johnson R., & Swain M., (eag.) *Immersion Education: International Perspectives*. Cambridge: Cambridge University Press. 171–89.

- Johnson R. & Swain M., (eag.) (1997) *Immersion Education: International Perspectives*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Kelly, A., (2002) *Compulsory Irish: Language and Education in Ireland 1970s–1970s*. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press.
- Lyster, R. & Mori, H., (2008) 'Instructional Counterbalance in Immersion Pedagogy.' Fortune T. & Tedick D. (eag.) *Pathways to Multilingualism: Evolving Perspectives on Immersion Education*. Clevedon: Multilingual Matters Ltd. 133–51.
- Met, M. & Lorenz, E., (1997) 'Lessons from U.S. immersion programs: Two decades of experience.' Johnson R., & Swain M., (eag.) *Immersion Education: International Perspectives*. Cambridge: Cambridge University Press. 243–64.
- Ó Baoill, D., (1999) 'Social Cultural Distance, Integrational Orientation and the Learning of Irish.' Chambers A. & Ó Baoill, D., (eag.) *Intercultural Communication and Language Learning*. Baile Átha Cliath: Irish Association for Applied Linguistics. 189–99.
- Ó Duibhir, P., (2018) *Immersion Education Lessons from a Minority Language Context*. Bristol: Multilingual Matters.
- O'Neill, C., (1993) 'From Words to Worlds: Language Learning through Process Drama.' Altatis, J. (eag.) *Georgetown University Round Table on Languages and Linguistics 1993*. Washington, D.C.: Georgetown University Press. 52–9.
- Swain, M., (1982) 'Immersion Education: Applicability for Non-Vernacular Teaching to Vernacular Speakers', in Hartford, B., Valdman, A. & Foster, C., (eag.) *Issues in International Bilingual Education. The Role of the Vernacular*. Nua-Eabhrac: Plenum Press. 81–97
- Wardhaugh, R., (1998) *An Introduction to Sociolinguistics*. An 3ú heag. Oxford: Blackwell.

## Ailt

- Hammerley, H. (1988) 'French Immersion (Does it Work?) and the Development of Bilingual Proficiency Report.' *The Canadian Modern Language Review*. 45 (3). 567–8.
- Harley, B., & Swain, M., (1977) 'An Analysis of Verb Form and Function in the Speech of French Immersion Pupils.' *Working Papers on Bilingualism*. 14. 31–46.
- Hodges, R.S., (2012) 'Welsh-medium education and parental incentives – the case of the Rhymni Valley, Caerffili.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*. 15 (3). 355–73. doi: <https://doi.org/10.1080/13670050.2011.636796>.
- Lyster, R., (1987) 'Speaking Immersion.' *The Canadian Modern Language Review*. 43 (4). 701–17.
- Ní Mhaoláin, N., (1997) 'Gaelscoileanna mar chóras bunoidreachais in Éirinn.' *Irish Educational Studies*. 17 (1). 300–5. doi: <https://doi.org/10.1080/0332331980170126>.
- Ní Mhurchú, M., (1995) 'Research on Canadian Immersion and the Relevance of its Findings for Gaelscoileanna in Ireland.' *Oideas*, 43. 48–68.
- Ó Súilleabháin, E., (1993) 'Reading as an Aid to the Second-Language Learner in Ireland.' *Oideas* 27. 54–78.
- Purić, D., Vuksanović, J. & Chondrogianni, V., (2017) 'Cognitive advantages of immersion education after 1 year: Effects of amount of exposure.' *Journal of Experimental Child Psychology*, 159. 296–309. doi: <http://dx.doi.org/10.1016/j.jecp.2017.02.011>.
- Walker C.L. & Tedick D.J., (2000) 'The Complexity of Immersion Education: Teachers Address the Issues.' *The Modern Language Journal*, 84 (1). 5–27. doi: <https://www.jstor.org/stable/330445>.
- Wright, R., (1996) 'A Study of the Acquisition of Verbs of Motion by Grade 4/5 Early French Immersion Students.' *The Canadian Modern Language Review*. 53 (1). 257–80.

## Tráchtais Neamhfhoilsithe

Andrews, S., (2019) *The Additional Supports Required by Pupils with Special Educational Needs in Irish-Medium Schools*. Tráchtas PhD Neamhfhoilsithe, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Ar fáil ag: <https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Taighde-le-Dr.Sin%C3%A9ad-Andrews-2.pdf> (Léite: 20 Aibreán 2020).

Ní Mhaoláin, N., (1996) *Gaelscoileanna mar Chóras Bunoidreachais in Éirinn*. Tráchtas MA Neamhfhoilsithe, Coláiste na hOllscoile Corcaigh.

## Tuairiscí

Harris, J., Forde, P., Nic Fhearaile, S., & O’Gorman, M., (2006) *An Ghaeilge sna bunscoileanna: Treochtaí náisiúnta fadtéarmacha in inniúlacht/ Irish in the primary schools: Long-term national trends in achievement*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais & Eolaíochta. Ar fáil ag <https://assets.gov.ie/25368/cf6d5cdc71ce4a8caob3835ad98bc249.pdf>. (Léite: 20 Aibreán 2020).

## Suíomhanna Idirlín

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (gan dáta) Ar fáil ag: <https://www.cogg.ie/taighde/>. (Léite: 5 Eanáir 2020).

RTÉ Morning Ireland (gan dáta) Ar fáil ag: <https://www.rte.ie/radio/radioplayer/html5/#/radio1/21601476>. (Léite: 10 Feabhra 2020).





## Claonadh Inscne, Líonraí Néaracha, agus an Ghaeilge

*Kevin P. Scannell*

<https://doi.org/10.13025/6f23-sq24>

### Réamhrá

Baineann an t-alt seo leis an **meaisínfhoghlaim**, réimse ríomheolaíochta atá go mór i mbéal an phobail sa lá atá inniu ann. Is éard atá i gceist leis an meaisínfhoghlaim ná raon leathan teicnící a ligeann don ríomhaire scileanna nua a fhoghlaim as a stuaim féin. Mar shampla, chun córas ríomhaistriúcháin ó Bhéarla go Gaeilge a fhorbairt, is leor bailiúchán abairtí dátheangacha (na **sonraí traenála**) a sholáthar don ríomhaire sa chaoi gur féidir leis ginearálú a dhéanamh ó na sonraí sin agus abairtí nua a aistriú. An rud is tábhachtaí le tuiscint faoin chur chuige seo ná nach mbaineann sé úsáid as aon saineolas teangeolaíochta ar bith, seachas an saineolas intuigthe atá leabaithe sna sonraí traenála.

Sa chuid eile den alt seo, beimid ag plé le teicníc amháin sa mheaisínfhoghlaim darb ainm **líonraí néaracha**. Is creatlach mhatamaiticiúil í líonra néarach a mbaineann an ríomhaire úsáid aisti chun rudaí nua a fhoghlaim ó shonraí traenála. Tá siad in úsáid go forleathan i réimsí éagsúla, ón ríomhaistriúchán go gluaisteáin uathrialaitheacha go galaraithe. Tá na mionsonraí teicniúla thar a bheith casta, ach ar an dea-uair níl na mionsonraí sin de dhíth chun an chuid eile den alt seo a thuiscint.

Le roinnt blianta anuas, tá mé ag baint úsáid as líonraí néaracha chun córais nua a fhorbairt atá in ann an Ghaeilge a phróiseáil ar bhealaí éagsúla: aistriúchán a dhéanamh, gramadach a sheiceáil, anailís a dhéanamh ar sheintimint, ceisteanna a fhreagairt, agus araile. I ngach cás, bainim úsáid as corpas téacs aonteangach nó dátheangach mar shonraí traenála. Tuigtear le fada go bhfuil claontaí de chineálacha éagsúla leabaithe in aon chorpas traenála den sórt seo: claonadh bunaithe ar inscne, ar chine, nó ar ghnéasclaonadh mar shampla. Chomh maith

leis sin, tá go leor taighde ann a thaispeánann an tionchar a imríonn na claontaí seo ar na líonraí néaracha a fhaightear amach as an bpróiseas traenála, agus ar na córais a bhaineann úsáid astu: córais a dhéanann ríomhaistriúchán (Prates, Avelar & Lamb, 2018; Kuczarski, 2018), anailís ar sheintimint (Kiritchenko & Mohammad, 2018), réiteach comhthagartha (Lu *et al.*, 2018; Rudinger, 2018), aithint cainte (Tatman, 2017), agus tuairisciú ar theanga mhaslach nó ghangaideach (Dixon *et al.*, 2018; Park, Shin & Fung, 2018).

Tá sé an-éasca samplaí de chlaonadh inscne a aimsiú sa réimse ríomhaistriúcháin, mar shampla nuair a dhéantar aistriúchán ó theanga nach bhfuil inscne marcáilte inti go teanga eile ina bhfuil inscne marcáilte. Sa chás sin, is minic go roghnaíonn córais ar nós Google Translate focail fhirinscneacha sa sprioctheanga, go háirithe in abairtí a dhéanann tagairt do ghairmeacha ar nós ‘ollamh’, ‘innealtóir’, nó ‘ríomhchláraitheoir’. Tá go leor samplaí den sórt seo ar fáil fiú ó Bhéarla go Gaeilge: faoi láthair, aistríonn Google Translate an abairt ‘My PhD advisor is a full professor’ mar ‘Is ollamh iomlán é mo chomhairleoir PhD’, cé nach bhfuil aon leid maidir le hinscne an chomhairleora sa bhuntéacs. Anois, tá sé fíor go bhfuil níos mó fear ná mná ina n-ollúna nó ina léachtóirí ag an tríú leibhéal sa lá atá inniu ann (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017, §4.7), agus dá bharr sin is dócha go mbeadh níos mó tagairtí d’ollúna fireanna ná bainearna in aon corpas traenála. Foghlaimíonn an ríomhaire an claonadh staitisticiúil sin ón gcorpas, agus feicimid an toradh san aschur ón gcóras aistriúcháin.

Cúpla rud tábhachtach le tabhairt faoi deara faoin sampla seo. Ar dtús, feictear an éifeacht seo fiú in éagmais ráiteas neamhbhalbh claonta in aghaidh grúpa ar leith (ar nós ‘tá fir níos fearr ná mná ag X nó Y’). Ina áit sin, is éard atá i gceist ná treochtaí leathana staitisticiúla sna sonraí traenála a eascraíonn as claontaí struchtúrtha sa tsochaí i gcoitinne (mar shampla, níos mó fear ná mná ina n-ollúna). Agus dá bharr sin, ní leor ráitis den sórt seo a scagadh amach, ná traenáil a dhéanamh ar shonraí ‘neodracha’ amháin (scéalta nuachta, srl.) chun an fhadhb a mhaolú (Bolukbasi, *et al.*, 2016). An dara pointe ná gur féidir le córas meaisínfhoghlama claontaí sna sonraí traenála a *mhéadú*, mar shampla trí fhoirmeacha firinscneacha a roghnú níos minice ná mar a roghnófaí bunaithe ar shonraí déimeagrafacha amháin (Prates, Avelar & Lamb, 2018), nó fiú nuair a bhíonn fianaise láidir ann gur bean í an t-ábhar (mar shampla, má chuireann tú ainm baininscneach leis an abairt thuas, ar nós ‘Madeleine, my Ph.D. advisor, is a full professor’, gheobhaidh tú ‘é’ san aistriúchán mar sin féin).

San alt seo, díreoidh mé ar chlaonadh inscne i gcorpas mór Gaeilge agus an tionchar a imríonn sé ar theicneolaíochtaí teanga. I dtús báire, déanaim anailís corpasbhunaithe ar phoist agus ar ghairmeacha i bhfrásaí ina bhfuil inscne an duine marcáilte, mar shampla athruithe tosaigh firinscneacha vs. baininscneacha i bhfrásaí ar nós *ina b(h)unmhúinteoir* nó *ina (h)ollamh*. Ansin, taispeánaim go bhfuil claontaí inscne le feiceáil sa **leabú focal** a úsáidtear go minic i bpróiseas réamhthraenála ar líonraí néaracha níos casta. Ansin, léirim an drochthionchar a imríonn na

claontaí inscne seo ar líonra néarach ar leith, ceann a thuarann athruithe tosaigh sa Ghaeilge. Sa rannán deireanach, déanaim iarracht na héifeachtaí seo a mhaolú trí athruithe sa phróiseas traenála.

Toisc go bhfuil an taighde san alt seo bunaithe ar struchtúir ghramadaí Gaeilge atá go láidir dénártha ó thaobh inscne, ní raibh mé in ann anailís chorpasbhunaithe a dhéanamh ar chlaonadh in aghaidh daoine trasinscneacha nó neamh-dhénártha mar shampla. Bheadh sé spéisiúil filleadh ar an gceist seo sa todhchaí.

Tá an t-alt seo tiomnaithe do m'iníon Maddy.

### Claonadh Inscne i gCorpas Gaeilge

Thosaigh mé ag bailiú téacsanna Gaeilge ón Idirlíon sna 1990í, agus tá níos mó ná 140 milliún focal sa chorpas Idirlín seo faoi láthair, ábhar ó na meáin shóisialta, blaganna, liostaí r-phoist, nuachtáin, agus cáipéisí oifigiúla mar shampla. Tá na torthaí go léir sa rannán seo bunaithe ar an gcorpas seo.

Níl sé ró-éasca uimhir chruinn a chur ar an iomlán, ach tá sé soiléir go bhfuil an chuid is mó den Ghaeilge ar líne scríofa ag fir nó ag daoine a úsáideann ainm firinscneach. Mar shampla, ar an suíomh micreabhlagadóireachta Twitter, i measc na 803 úsáideoir is gníomhaí i nGaeilge a úsáideann a bhfiorainm, tá ainm baininscneach ag 285 acu (35.5%). Nó, i measc na 243 duine a scríobh ailt nuachta ar [Tuairisc.ie](http://Tuairisc.ie) idir Deireadh Fómhair 2014 agus Nollaig 2019, tá ainmneacha baininscneacha ag 68 acu (28%), agus níl na scríbhneoirí sin freagrach as ach 19.5% den ábhar ar an suíomh, de réir líon focal. Tá an scéal mar an gcéanna maidir le hábhar na scríbhneoireachta ar líne: as 1769 beathaisnéisín ar an suíomh [ainm.ie](http://ainm.ie), ba mhná iad 176 (10%) i Samhain 2019 (Fiontar, 2019). Tá cúrsaí beagáinín níos fearr ar Vicipéid na Gaeilge: is faoi mhná 1804 as na 10044 beathaisnéisín ar an suíomh sin (18%) in Eanáir 2020.

Tá tuilleadh fianaise maidir le claonadh inscne i gcorpas na Gaeilge ar fáil toisc go bhfuil inscne marcáilte ar mhórán struchtúr gramadaí sa teanga. Díreimid ar dhá struchtúr den sórt seo anois. An chéad cheann ná frásaí san fhoirm *ina X*, nuair is post nó gairm é *X*, ar nós *múinteoir*, *saighdiúir*, nó *ollamh*, mar shampla san abairt *Tá Seán ina mhúinteoir*. An dara ceann ná frásaí san fhoirm *COP X é/í*; anseo is post nó gairm é *X* arís, agus is leagan éigin den chopail é *COP* (*is, gur, ba, srl.*), mar shampla *Is bainisteoir í Máire*. An bunsmaoineamh atá ann ná athruithe tosaigh a chomhaireamh sa chorpas sa chéad chás, agus na forainmneacha *é vs. í* a chomhaireamh sa dara cás; is é sin le rá go nglacfaimid gur fear atá i gceist le gach *ina mhúinteoir*, *ina ollamh*, nó *is dochtúir é*, agus bean atá ann le gach *ina múinteoir*, *ina hollamh*, nó *is dochtúir í*. Bhí mé leathanaigeanta ó thaobh cad is 'gairm' ann san anailís seo; tá formhór mór na samplaí sa gcorpas cosúil leis na cinn thuasluaite, ach ghlac mé freisin le focail ar nós *pótaire*, *príosúnach*, *teifeach*, agus *tírghráthóir* atá sách coitianta sna struchtúir seo, cé nach 'gairmeacha' iad i ndáiríre. Níor chuir mé creideamh ná náisiúntacht san áireamh (is

Éireannach é, bhí sé ina Phrotastúnach), ná aon fhocal a bhfuil inscne ceangailte leis *a priori* (i mo thuairimse) ach oiread: *athair, máthair, buachaill, cailín, rí, banríon*, srl. Caithfear a bheith cúramach mar gheall ar roinnt deacrachtaí eile freisin:

1. **Abairtí diúltacha.** Is annamh a fheictear frásaí ar nós *ina heaspag* nó *ina Taoiseach* sa gcorpas, ach tá siad ann, go hiondúil in abairtí diúltacha, mar shampla *Níl bean ar bith ina heaspag go fóill* nó *ní raibh bean ina Taoiseach riamh*.
2. **Botúin ghramadaí.** Tá botúin ghramadaí ann freisin: *tá Aoife ina chéimí ollscoile* nó *bhí Pádraig ina Teachta Dála*.
3. **Ábhar neamhdhaonna.** Anois is arís is logainm nó comhlacht atá i gceist sna struchtúir seo, mar shampla *Tá Guinness ina ambasadóir gnó* nó *Tá Éire ina sínitheoir ar an gCoinbhinsiún* agus ní chuirimid samplaí den sórt seo san áireamh san anailís thíos.
4. **Consain neamhathraithe.** Ar ndóigh ní féidir inscne a oibriú amach in abairtí *ina X* nuair a thosaíonn an t-ainmfhocal *X* le litir *l, n*, nó *r*: *ina luibheolaí, ina naoscaire*, nó *ina ríomhchláraitheoir*.
5. **Úsáid neamh-aisfhillteach.** Uaireanta, ní hionann an sealbhóir agus an t-ainmfhocal *X* i bhfrása *ina X*; mar shampla *chuir sí a muínín ina dochtúir* nó *bithiúnach atá ina dochtúir*.

Tar éis dúinn déileáil leis na deacrachtaí seo, tá 446 gairm sa chorpas atá luaite ar a laghad seacht n-uaire i gceann den dá struchtúr thuas. An staitistic is suntasaí ná nach bhfuil ach 12 (sic) as an 446 gairm luaite níos minice san fhoirm bhaininsneach ná san fhoirm fhirinsneach: *altra, aoi-léachtóir, comhláithreoir, comhordaitheoir, comhstíúrthóir, cuiditheoir, damhsóir, fídléir, gnáthurlabhra, mainicín, striapach*, agus *tréidlia*; tá na fir chun tosaigh i ngach cás eile. Sa chorpas ina iomláine, úsáidtear na struchtúir seo 33750 uair, le 5255 acu (15.6%) san fhoirm bhaininsneach, agus tá an céatadán de mhná fiú níos lú i réimsí áirithe; féach Tábla 1.

Réimse	% bain.	Samplaí
Cúrsaí míleata	3.3%	saighdiúir, óglach, ginearál
Creideamh	4.8%	sagart, ministir, misinéir
Spórt	5.6%	peileadóir, traenálaí, tosaí
Ollscolaíocht	8.2%	ollamh, acadamaí, léachtóir
Polaitíocht	10.9%	príomh-aire, taoiseach, seanadóir
Dlí	14.2%	dlíodóir, breitheamh, garda
Litríocht	19.4%	file, drámadóir, úrscéalaí
Eolaíocht/teicneolaíocht	20.2%	eolaí, fisiceoir, innealtóir
Físealaín	22.3%	péintéir, dealbhóir, ealaíontóir
Ceol	24.3%	ceoltóir, amhránaí, píobaire

Tábla 1: Céatadán baininsneach i réimsí áirithe

Taispeánann na figiúirí seo go bhfuil claonadh inscne suntasach sa chorpas seo, ach tá an anailís bunaithe ar chur chuige sách simplí, comhaireamh a dhéanamh ar struchtúir ghramadaí. Na ceisteanna atá romhainn anois ná an imríonn an claonadh seo aon éifeacht ar líonraí néaracha a thraenáiltear ar an gcorpas, nó ar aon fheidhmchlár a bhunaítear ar líonraí néaracha? Déanaim iarracht freagra a thabhairt ar na ceisteanna seo sa chuid eile den alt.

### Tionchar ar Leabú Focal

Is éard atá i **leabú focal** ná mapáil ó na focail i dteanga go dtí veicteoirí<sup>1</sup> i spás ardoiseach, de ghnáth, idir 150 agus 300 toise. Baineann cúpla buntáiste le húsáid veicteoirí inár gcomhthéacs: ar dtús, is féidir an *fad* idir dhá veicteoir a thomhas, agus mar sin, an fad idir dhá *fhocal* a thomhas freisin trí úsáid a bhaint as an leabú focal. Chomh maith leis sin, is féidir matamaitic shimplí a dhéanamh ar veicteoirí (suimiú, dealú, srl.), agus oibríonn an mhatamaitic ar fhocail freisin arís mar gheall ar an leabú focal. An mhíorúilt atá ann ná go bhfuil baint idir oibríochtaí matamaitice ar na veicteoirí seo agus cúrsaí séimeantacha. Thug (Mikolov, Yih, & Zweig, 2013) an sampla is clúití den fheiniméan seo:

#### rí - fear + bean ≈ banríon

Sa ‘chothromóid’ thuas agus sa chuid eile den alt, glacaim leis go bhfuil leabú focal roghnaithe, agus gurb ionann focal (i gcló trom) agus a veicteoir faoin leabú. Ní fíorchothromóid é seo; ní chiallaíonn an tsiombail  $\approx$  gurb *ionann* na veicteoirí ar an dá thaobh, ach ina áit sin go bhfuil siad i *ngar dá chéile*, nó níos fearr gurb é **banríon** an veicteoir is gaire don veicteoir ar thaobh na lámhe clé.

Tá cúpla teicníc ann le leabú focal éifeachtach a chruthú. An sprioc atá ann i ngach cás ná an leabú a roghnú sa chaoi go mbeidh na veicteoirí a bhaineann le dhá fhocal i ngar dá chéile nuair a fheictear an dá fhocal sin sna comhthéacsanna céanna i gcorpas traenála. Is é sin le rá gur iarracht é gaolta séimeantacha a shamhaltú ar bhealach matamaiticiúil. Is minic go n-úsáidtear leabú focal mar ionchur i líonraí néaracha níos casta (cinn a dhéanann aistriúchán uathoibríoch, mar shampla) sa chaoi nach gá dóibh na gaolta séimeantacha céanna a fhoghlaim arís as an nua. Is sampla amháin é seo de theicníc an-tábhachtach sa mheaisínfhoghlaim darb ainm **réamhthraenáil**, agus seo é ceann de na bealaí a shleamhnaíonn claontaí den chineál a fheicimid sa rannán seo isteach i dtáirgí atá dírithe ar úsáideoirí, ar nós ríomhaistriúcháin.

Bhain mé úsáid as an mbogearra word2vec<sup>2</sup> chun leabú focal Gaeilge a chruthú. Bhí an leabú seo traenáilte ar chorpas a bhfuil 129 milliún focal ann, leis na hathruithe tosaigh scriosta go hiomlán (sa chaoi nach mbeadh ach veicteoir amháin i gceist do *dochtúir*, *dhochtúir*, agus *ndochtúir*,

1 Is ainm galánta ar liosta uimhreacha é an focal *veicteoir*, sin an méid. Is é *toise* an veicteora fad an liosta. Is veicteoir tríthoiseach é (3,-2,11) mar shampla.

2 <https://code.google.com/archive/p/word2vec/>

mar shampla).<sup>3</sup> Ansin, rinne mé iarracht comparáid a dhéanamh idir focail a bhfuil inscne ceangailte leo *a priori* (*fear, bean, máthair, athair*, srl.) agus na gairmeacha luaite sa rannán roimhe seo. Chun na críche seo, bhain mé sochar as an struchtúr matamaiticiúil sa spás veicteoireach, ag leanúint Bolukbasi *et al.* (2016). I dtús báire, roghnaigh mé  $N=20$  péire focal firinscneach/baininscneach:  $(f_1, b_1) = (\mathbf{fear}, \mathbf{bean})$ ,  $(f_2, b_2) = (\mathbf{athair}, \mathbf{máthair})$ ,  $(f_3, b_3) = (\mathbf{sé}, \mathbf{sí})$ ,  $(f_4, b_4) = (\mathbf{buachail}, \mathbf{cailín})$ ,  $(f_5, b_5) = (\mathbf{deartháir}, \mathbf{deirfiúr})$ , srl. Sainmhíononn gach péire ‘treo’ nó ‘ais’ inscne tríd an difríocht  $b_i - f_i$  agus tugaim  $\mathcal{J}$  ar mheán na ndifríochtaí seo (Zhao, *et al.*, 2018):

$$\mathcal{J} = \frac{1}{N} \sum_{i=1}^N (b_i - f_i).$$

Ansin, is féidir veicteoir ar bith  $\mathbf{w}$  a theilgean ar an veicteoir  $\mathcal{J}$ :

$$\beta(\mathbf{w}) = (\mathbf{w} \cdot \mathcal{J}) / \|\mathcal{J}\|.$$

Is uimhir í  $\beta(\mathbf{w})$ . Nuair a thagann  $\mathbf{w}$  ó leabú focal, tá luach deimhneach níos airde ar  $\beta(\mathbf{w})$  má tá an gaol idir  $\mathbf{w}$  agus na focail bhaininscneacha  $b_1, \dots, b_N$  níos láidre ná leis na focail fhirinscneacha  $f_1, \dots, f_N$ , agus luach níos diúltaí ar mhalairt de chás. Seo iad na deich bhfocal a bhfuil an luach  $\beta(\mathbf{w})$  is airde acu agus na deich gcinn a bhfuil an luach is ísle (is diúltaí) acu is measc an 20000 focal is coitianta sa chorpas (ag fágáil  $b_1, \dots, b_N$ ,  $f_1, \dots, f_N$  agus ainmneacha dílse as an áireamh): *torrach, cíoch, cíche, brídeog, fúithi, mainicín, toircheas, bábóg, ceirbheacs, pógadh*, agus ar an taobh eile, *óglach, ginearál, gaiscíoch, canónach, cath, díorma, ridire, ardsagart, staraí, maor*. Ag díriú ar na gairmeacha amháin, faightear amach go gcloíonn na luachanna  $\beta(\mathbf{w})$  go mór le steiréitíopaí traidisiúnta; is é sin le rá gur imir na steiréitíopaí céanna tionchar láidir ar an leabú focal. Féach Tábla 2 agus Léaráid 1.


Focal $\mathbf{w}$	$\beta(\mathbf{w})$
mainicín	0.3486
striapach	0.2972
feighlí	0.2625
gruagaire	0.2110
altra	0.2107
tuismitheoir	0.2103
teiripeoir	0.1747
glantóir	0.1700
cúramóir	0.1687
caomhnóir	0.1611

Tábla 2a: Na luachanna  $\beta(\mathbf{w})$  is airde

Focal $\mathbf{w}$	$\beta(\mathbf{w})$
óglach	-0.4098
ginearál	-0.3624
gaiscíoch	-0.3144
canónach	-0.3121
ridire	-0.3013
ardsagart	-0.3000
staraí	-0.2975
maor	-0.2933
easpag	-0.2879
leifteanant	-0.2834


Tábla 2b: Na luachanna  $\beta(\mathbf{w})$  is ísle

3 Do na saineolaithe ar mhaith leo na torthaí seo a atáirgeadh, d’úsáid mé an tsamhail CBOW leis na socruithe seo a leanas: -size 200 -window 8 -negative 25 -hs 0 -sample 1e-4 -threads 20 -iter 15



**Léaráid 1: An leabú focal arna theilgean ar spás déthoiseach; sampla gairmeacha ar taispeáint. Is é an  $x$ -ais an teilgean ar an veicteoir ‘bean – fear’: focail níos gaire do ‘bean’ ar dheis agus focail níos gaire do ‘fear’ ar chlé. Tá na focail ‘neodracha’ go díreach i lár na léaráide.**

Bhí an anailís chorpasbhunaithe sa rannán roimhe seo thar a bheith simplí: ní raibh ach cúpla struchtúr gramadaí i gceist ansin, i gcomparáid leis an leabú focal a chuireann gach comhthéacs ó chorpas traenála san áireamh. Ach mar sin féin, bhíomar ag iarraidh claonadh den sórt céanna a lorg sa dá chás, agus dá bharr sin b’fhiú comparáid idir an dá chur chuige a dhéanamh. Bhí 346 gairm i measc an 20000 focal is coitianta, agus rinne mé scaipghram le  $\beta(\mathbf{w})$  ar an  $x$ -ais agus an ‘dóchúlacht bhaineann’ ar an  $y$ -ais (an líon struchtúr baininsneach ina bhfuil  $\mathbf{w}$ , roinnte ar an líon iomlán ina bhfuil  $\mathbf{w}$ ). Ní bheifí ag súil le comhghaol foirfe, ach is dea-chomhartha é go bhfuil comhghaol deimhneach ann ( $R=0.479$ ); féach Léaráid 2.



**Léaráid 2: Scaipghram le  $\beta(\mathbf{w})$  ar an  $x$ -ais, dóchúlacht bhaineann ar an  $y$ -ais.**

## Tionchar ar Líonra Néarach ar leith

Ní dhéanann leabú focal dochar d'éinne é féin; is rud teibí é. Tarlaíonn an fhadhb nuair a úsáidtear leabú focal nó líonra néarach eile a bhfuil claonadh de shaghas éigin ann mar chuid de chóras atá dírithe ar úsáideoirí. Níl sé ródheacair drochthorthaí a shamhlú, mar shampla córas meaisínfhoghlama a dhéanann réamhscagadh ar iarratasóirí ar phost, nó a thaispeánann fógraí ar fholúntas poist do dhaoine ar líne; an dtabharfadh córas mar sin cothrom na Féinne do mhnaí i gcás poist atá go láidir ar an taobh 'firinsneach' san anailís thuas? D'fhéadfadh córas mar sin dochar a dhéanamh do dhaoine san fhíorshaol, agus caithfidh é sin a sheachaint (Lambrecht & Tucker, 2019).

Déanfaidh mé léiriú ar an bhfadhb le líonra néarach níos simplí, ceann a bhí traenáilte chun athruithe tosaigh sa Ghaeilge agus i nGaeilge na hAlban a thuar (Scannell, 2020). Tá an líonra seo thar a bheith cruinn, an freagra ceart (séimhiú, urú, srl.) á thabhairt níos mó ná 98% den am. Cé gurb é seo ceann de na struchtúir ghramadaí is simplí sa Ghaeilge, feicimid go n-imríonn claonadh inscne sa chorpas traenála drochthionchar ar na torthaí mar sin féin. Chun é seo a dhéanamh, chuir mé an líonra is cruinne ó Scannell (2020) i bhfeidhm ar an gcorpas forbartha ón bpáipéar céanna (1 milliún focal in 39628 abairt), agus bhailigh mé gach sampla den struchtúr *ina X* (le *X* ina ghairm mar a bhí sé thuas) ó na torthaí. Bhí 237 sampla den chineál seo ann, agus thuar an líonra an t-athrú ceart 218/237 uair (92.0%). Níl sé sin rómhaith i gcomparáid leis an gcruinneas iomlán, ach tá sé seo ar cheann de na cásanna is deacra don líonra (aon rud a bhaineann leis an aidiacht shealbhach *a, ina, faoina*, srl.), toisc gur minic go mbraitheann an t-athrú tosaigh ceart ar leideanna comhthéacsúla caolchúiseacha. Ach is é an rud is suntasaí ná an difríocht idir na torthaí ar shamplaí firinsneacha (F-Scór 0.9570) agus ar shamplaí baininsneacha (0.7733). Tá na torthaí go léir leagtha amach i dTábla 3.

Lipéad tuartha						
Fíorlipéad	Fir.	Bain.	Iolra	Cruinneas	Clúdach	F-Scór <sup>4</sup>
Fir.	189	7	2	0.9594	0.9545	0.9570
Bain.	8	29	2	0.8056	0.7436	0.7733

Tábla 3: Tuar ar athruithe tosaigh firinsneacha vs. baininsneacha

4 Cruinneas = precision (P), clúdach = recall (R), F-scór =  $2PR/(P+R)$ ; féach [https://en.wikipedia.org/wiki/Precision\\_and\\_recall](https://en.wikipedia.org/wiki/Precision_and_recall)

Seo botún amháin a rinne an líonra, inar thuar sé an t-athrú tosaigh firinscneach (séimhiú anseo) ar an bhfocal *ceannródaí*:

*Bhí cáil riamh ar Samantha Cameron, nó ‘Sam Cam’ mar a tugadh uirthi, as a dea-ghléasadh agus as a bheith ina ceannródaí faisin.*<sup>5</sup>

Bheadh an ceann seo thar a bheith éasca d’eagarthóir daonna toisc go bhfuil go leor leideanna ann gur bean atá i gceist. É sin ráite, tá an focal *ceannródaí* go láidir ar an taobh firinscneach san anailís thuas, agus seans gur cuireadh an líonra ar strae mar gheall ar na hainmneacha ‘neodracha’ *Cameron* agus *Sam* freisin.

Cúpla pointe teicniúil b’fhiú a lua freisin. Ar dtús, ní thugann an líonra seo aon aird ar chomhthéacs ar thaobh na lámhe deise den spriocfhocal (mar gheall ar shocruithe teicniúla sa pháipéar tagartha). Dá dtabharfadh, b’fhéidir go mbeadh na torthaí beagáinín ní b’fhearr, ach gan dabht bheadh bearna mhór fós ann idir firinscneach agus baininscneach ó thaobh cruinnis de. Chomh maith leis sin, ní raibh aon réamhthraenáil i gceist nuair a d’fhorbair mé an líonra néarach seo. Tá leabú focal ann, ach d’fhoghlaim an líonra an leabú mar chuid dá phróiseas traenála féin. Is é sin le rá nár tháinig aon chlaonadh inscne ó leabú focal réamhthraenáilte sa chás seo, ach maireann an fhadhb mar sin féin.

### Claonadh Inscne a Mhaolú

Tá go leor taighde foilsithe le cúpla bliain anuas a bhaineann le claonadh inscne i leabuithe focal Béarla agus teicnící chun an claonadh sin a mhaolú (Bolukbasi, *et al.*, 2016; Ethayarajh, Duvenaud, & Hirst, 2019; Gonen & Goldberg, 2019; James-Sorenson & Alvarez-Melis, 2019; Prost, Thain, & Bolukbasi, 2019; Zhao, *et al.*, 2018). Sa straitéis is coitianta, ceann a tugadh isteach in (Bolukbasi, *et al.*, 2016), déantar iarracht an claonadh a laghdú trí na veicteoirí sa leabú a athrú. Baintear úsáid as an ais inscne  $\mathcal{J}$  a shainmhínigh mé thuas (nó ceann eile cosúil leis), agus déantar teilgean ar an spás ortagánach le  $\mathcal{J}$  sa chaoi go mbeidh  $\beta(\mathbf{w})=0$  d’aon fhocal  $\mathbf{w}$  ar chóir dó a bheith neodrach ó thaobh inscne. Faraor, tá fianaise ann nach bhfuil an cur chuige seo éifeachtach mar nach ndéanann sé ach an claonadh inscne a chur i bhfolach seachas é a ruaigeadh as an leabú mar ba cheart (Gonen & Goldberg, 2019).

Mar gheall ar an deacracht seo, rinne mé iarracht déileáil go díreach leis an gclaonadh sa líonra néarach sa rannán roimhe seo. Bhí an cur chuige thar a bheith simplí: chuir mé na gairmeacha  $\mathbf{X}$  i bhfrásaí *ina*  $\mathbf{X}$  i bhfolach sna sonraí traenála ionas go mbeadh sé riachtanach don líonra néarach fianaise eile san abairt a úsáid chun an t-athrú tosaigh ceart a thuar, in áit a bheith ag brath ar ghnéithe an fhocail  $\mathbf{X}$ . Chaomhnaigh mé an chéad litir den fhocal  $\mathbf{X}$  (toisc gur comhartha tábhachtach é sin agus ní dócha go mbeadh aon chlaonadh leabaithe

5 <https://tuairisc.ie/lipead-nua-faisin-seolta-ag-sam-cam/>

i litir amháin), ach bhí an chuid eile den fhocal folaithe ón líonra. Tugtar **mascadh sonraí** ar an teicníc seo, agus imríonn sé ról tábhachtach i dteicneolaíochtaí nua mór le rá ar nós BERT (Devlin, *et al.*, 2019). Tar éis dom an líonra céanna ó Scannell (2020) a thraenáil leis na sonraí masctha seo, bhí athrú beag ar na torthaí; féach Tábla 4.

Lipéad tuartha						
Fíorlipéad	Fir.	Bain.	Iolra	Cruinneas	Clúdach	F-Scór
Fir.	187	11	0	0.9541	0.9444	0.9492
Bain.	9	28	2	0.7179	0.7179	0.7179

**Tábla 4: Tuar ar athruithe tosaigh firinsneacha vs. baininsneacha; sonraí masctha**

I ndeireadh na dála, is léir gur toradh diúltach é seo. Cé gur tháinig méadú ar na dóchúlachtaí baininsneacha i bhformhór na gcásanna, chloígh an líonra leis an ‘geall slán’ (firinsneach) den chuid is mó agus tá na scóranna go léir níos ísle. Go minic ní raibh fianaise láidir sna cásanna baininsneacha gur bean a bhí i gceist aon áit i ngar don spriocfhocal. Mar sin, tá cur chuige nua ag teastáil atá in ann an fhianaise scaipthe sin a aimsiú agus a úsáid go héifeachtach.

## Conclúid

San alt seo, rinne mé iarracht solas a chaitheamh ar fhadhb thromchúiseach sa réimse meaisínfhoghlama, is é sin claonadh inscne atá leabaithe i gcorpas mór na Gaeilge. Chonaic muid an tionchar a imríonn an claonadh seo ar leabú focal ar an gcéad dul síos, agus ansin ar líonra néarach a thuarann athruithe tosaigh sa Ghaeilge. Cé go bhfuil mórán taighde ann ar theicnící éagsúla chun claonadh inscne a mhaolú i leabú focal, níl sé soiléir go bhfuil aon cheann acu go hiomlán éifeachtach. Mar sin, sa rannán deireanach, bhain mé úsáid as cur chuige *ad hoc* a rinne mionathrú ar na sonraí traenála, ach níor éirigh liom an claonadh inscne sa líonra néarach a laghdú. Tá i bhfad níos mó taighde de dhíth ar na ceisteanna seo i gcomhthéacs na Gaeilge, go háirithe toisc go bhfuil líonraí néaracha den sórt seo in úsáid go forleathan cheana féin. Gan idirghabháil fheiliúnach, tá an chontúirt ann go ndéanfadh na huirlisí seo dochar do dhaoine trí chlaontaí de chineálacha éagsúla a scaipeadh agus fiú a threisiú, agus é a dhéanamh faoi bhréagrioct na hoibiachtúlachta.

## Leabharliosta

- Bolukbasi, T. *et al.*, (2016) 'Man is to Computer Programmer as Woman is to Homemaker? Debiasing Word Embeddings'. *Advances in Neural Information Processing Systems*, Barcelona, 5-10ú Nollaig. 4349–57.
- Devlin, J., *et al.*, (2019) 'BERT: Pre-training of Deep Bidirectional Transformers for Language Understanding'. *Proceedings of the 2019 Conference of the North American Chapter of the Association for Computational Linguistics: Human Language Technologies*, Imleabhar 1, Minneapolis, 2–7ú Meitheamh. 4171–86.
- Dixon, L. *et al.*, (2018) 'Measuring and mitigating unintended bias in text classification'. *Proceedings of the 2018 AAAI/ACM Conference on AI, Ethics, and Society*, New Orleans, 2–3ú Feabhra. 67–73.
- Ethayarajh, K., Duvenaud, D. & Hirst, G., (2019) 'Understanding Undesirable Word Embedding Associations'. *Proceedings of the 57th Annual Meeting of the Association for Computational Linguistics*, Flórans na hIodáile, 28 Iúil–2ú Lúnasa. 1696–705.
- Fiontar, (2019) 'Beathaí Ainm agus ceisteanna comhionannais inscne'. *Blag Thionscadail Fiontar & Scoil na Gaeilge*, 9 Nollaig. Le fáil ag: <https://www.gaois.ie/blg/ga/beathai-ainm-agus-ceisteanna-comhionannais-inscne/> (Íoslódáilte: 13 Nollaig 2019).
- Gonen, H. & Goldberg, Y., (2019) 'Lipstick on a Pig: Debiasing Methods Cover up Systematic Gender Biases in Word Embeddings But do not Remove Them'. *Proceedings of the 2019 Conference of the North American Chapter of the Association for Computational Linguistics: Human Language Technologies*, Imleabhar 1, Minneapolis, 2–7ú Meitheamh. 609–14.
- James-Sorenson, H. & Alvarez-Melis, D., (2019) 'Probabilistic Bias Mitigation in Word Embeddings'. Le fáil ag: <https://arxiv.org/pdf/1910.14497.pdf> (Íoslódáilte: 22 Eanáir 2020).
- Kiritchenko, S. & Mohammad, S.M., (2018) 'Examining Gender and Race Bias in Two Hundred Sentiment Analysis Systems'. *Proceedings of the Seventh Joint Conference on Lexical and Computational Semantics*, New Orleans, 6–7ú Meitheamh. 43–53.
- Kuczumski, J., (2018) 'Reducing gender bias in Google Translate', *The Keyword*, 6 Nollaig. Le fáil ag: <https://www.blog.google/products/translate/reducing-gender-bias-google-translate/> (Íoslódáilte: 16 Eanáir 2020).

- Lambrech, A. & Tucker, C.E., (2019) 'Algorithmic bias? An empirical study into apparent gender-based discrimination in the display of STEM career ads', *Management Science*, 65 (7). 2966–81.
- Lu, K. *et al.*, (2018) 'Gender bias in neural natural language processing'. Le fáil ag: <https://arxiv.org/pdf/1807.11714> (Íoslódáilte: 16 Eanáir 2020).
- Mikolov, T., Yih, W.T. & Zweig, G., (2013) 'Linguistic regularities in continuous space word representations'. *Proceedings of the 2013 Conference of the North American Chapter of the Association for Computational Linguistics: Human Language Technologies*, Atlanta, Georgia, 9–14ú Meitheamh. 746–51.
- Park, J.H., Shin, J. & Fung, P., (2018) 'Reducing Gender Bias in Abusive Language Detection'. *Proceedings of the 2018 Conference on Empirical Methods in Natural Language Processing*, An Bhruiséil, 31ú Deireadh Fómhair–4ú Samhain. 2799–804.
- Prates, M.O.R., Avelar, P.H.C. & Lamb, L.C., (2018) 'Assessing gender bias in machine translation — a case study with Google Translate'. *Neural Computing and Applications*. 1–19. <https://doi.org/10.1007/s00521-019-04144-6>
- An Phríomh-Oifig Staidrimh, (2017) 'Women and Men in Ireland 2016: Education'. Le fáil ag: <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-wamii/womenandmeninireland2016/education/> (Íoslódáilte: 17 Eanáir 2020).
- Prost, F., Thain, N. & Bolukbasi, T., (2019) 'Debiasing Embeddings for Reduced Gender Bias in Text Classification'. *Proceedings of the First Workshop on Gender Bias in Natural Language Processing*, Flórans na hIodáile, 2ú Lúnasa. 69–75.
- Rudinger, R., *et al.*, (2018) 'Gender Bias in Coreference Resolution'. *Proceedings of the 2018 Conference of the North American Chapter of the Association for Computational Linguistics*, Imleabhar 2 (Gearrpháipéir), New Orleans, 1–6ú Meitheamh. 8–14.
- Scannell, K.P., (2020) 'Neural Models for Predicting Celtic Mutations'. Faoi athbhreithniú.
- Tatman, R., (2017) 'Gender and dialect bias in YouTube's automatic captions'. *Proceedings of the First ACL Workshop on Ethics in Natural Language Processing*, Valencia, 4ú Aibreán. 53–9.
- Zhao, J., *et al.*, (2018) 'Learning Gender-Neutral Word Embeddings'. *Proceedings of the 2018 Conference on Empirical Methods in Natural Language Processing*, An Bhruiséil, 31ú Deireadh Fómhair–4ú Samhain. 4847–53.



## **Rannóg na bhFochéimithe**

### **Un Appartement à Paris**

*de Guillaume Musso*

#### **Árasán i bPáras**

*Aistriúchán ón bhFraincis le Rosa Kalla*

<https://doi.org/10.13025/mh5y-2f32>

## Blurba faoin leabhar

“Is éard atá san ealaín ná bréag a chuireann an fhírinne in iúl...”

Lonnaithe i bPáras i stiúideo ealaíne ag íochtar caolsráid dhuilliúrach.

Is iargharda í Madeline atá tagtha ann as Londain ionas go mbeadh sí in ann a hintinn féin a chneasú ón am a caitheadh.

Tá an stiúideo ar cíos ag Gaspard, scríbhneoir frithshóisialta, ar mian leis coinneáil dó féin lena thumadh sa scríbhneoireacht.

Ach de dheasca botúin a rinneadh, tá an áit ligthe le chaon duine acu, agus gan an dara rogha acu ach fanacht le chéile ar feadh scaithimh.

Lá amháin istigh sa stiúideo ceannann céanna, áit a bhfuil spiorad an iar-úinéir, Sean Lorenz, le haireachtáil fós ann, tagann Madeline agus Gaspard ar rún a fhágann i ngreim na bhfáitíos iad.

Agus is é an rún scanrúil seo a chuireann iallach ar an mbeirt acu dul i ngleic lena gcuid inní féin, an t-achar agus atá siad ag fiosrú níos doimhne faoin scéal. Fiosrúchán mearbhloch atá i ndán dóibh a fhágfaidh a rian orthu go brách.

“Nuair a bhíonn an braon istigh, bíonn an chiall amuigh”.

Sa gcéad sliocht, tosaíonn Madeline agus Gaspard ag cur aithne níos fearr ar a chéile, agus iarracht á déanamh ag an mbeirt acu an drochthús a bhí acu san árasán a chur taobh thiar díobh. Tá gach rud ag dul go breá eatarthu go dtí go dtagann barr nimhe ar Gaspard nuair a chuireann Madeline a ladar isteach ina shaol pearsanta, agus gan uaidhi ach mionchomhrá a dhéanamh leis.

- An bhfuil gasúir agat Coutances?
- Níl, buíochas le Dia! Agus ní bheidh mé á n-iarraidh choíche.

Ardaítear ceisteanna doimhne an tsaoil tríd an úrscéal ar fad, agus teachtaireacht an údair snite isteach idir na línte.

Sa darna sliocht, briseann mianach an bhleachtaire amach in Madeline tar éis dá cuid fiosracha an ceann is fearr a fháil uirthi. Beartaíonn sí ar sheift chun scód a ligean le Gaspard dul i mbun fiosrúcháin i dteach Penelope Lorenz, máthair an ghasúir bhig a maítear gur dúnmharaíodh é.

Ach ní fearacht Madeline atá breá sásta dul sa tseans go bhfaighfí amach iad, níl an mhúinín chéanna ag Gaspard as an bplean.

Ach an n-éireoidh leo an dallamullóg a chur ar bhean an ealaíontóra mhairbh?

## Sliocht 1

Contre toute attente, le repas fut joyeux et agréable. Deux ans plus tôt, à Broadway, Madeline avait assisté à une représentation de Ghost Town, une des pièces de Gaspard qui s'était jouée pendant deux mois au Barrymore Theatre avec Jeff Daniels et Rachel Weisz. Elle en gardait un souvenir en demi-teinte : des dialogues brillants, mais une vision cynique du monde qui l'avait mise mal à l'aise.

Heureusement, Coutances n'était pas le personnage persifleur et sarcastique que laissaient présager ses écrits. À vrai dire, c'était un ovni : une sorte de gentleman misanthrope et pessimiste, mais qui, le temps d'un dîner, pouvait se révéler un agréable compagnon. Presque naturellement, l'essentiel de leur conversation porta sur Sean Lorenz. Ils partagèrent leur enthousiasme neuf pour sa peinture et revinrent plus longuement sur les informations et les anecdotes que chacun avait glanées dans l'après-midi. Avec appétit, ils mangèrent jusqu'à la dernière bouchée de risotto et terminèrent une bouteille de saint-julien.

Après le repas, la discussion continua au salon. Dans la discothèque, Gaspard avait choisi un vieux vinyle d'Oscar Peterson, allumé une flambée dans la cheminée et découvert un Pappy van Winkle de vingt ans d'âge. Madeline avait retiré ses bottines, étendu ses pieds sur le canapé, posé un plaid sur ses épaules et sorti de sa poche une

Cé nach raibh sí ag súil leis, bhain sí sult agus sásamh as an mbéile. Dhá bhliain roimhe sin, chonaic Madeline léiriú an dráma Ghost Town in Broadway, ceann de dhrámaí Gaspard a bhí á thaispeáint in amharclann Barrymore ar feadh dhá mhí. Ba iad Jeff Daniels agus Rachel Weisz a ghlac na príomhpháirteanna ann. Bhí sí idir dhá chomhairle faoin dráma: bhí an dialóg thar cionn ann, ach d'airigh Madeline go raibh íomhá shoiniciúil den domhain á cruthú ann, íomhá a chur múisiam uirthi.

Ar an dea-uair, ní duine searphasach, a bheadh ag magadh faoi dhaoine eile a bhí in Coutances, mar a shílfeá a bheadh ann de réir a chuid scríbhneoireachta. Leis an bhfirinne a rá, ba dhuine áirid é: an cineál duine a choinníonn dó féin agus a bhfuil dearcadh duairc ar an saol aige, ach nuair a bheadh am béile i gceist, áfach, ba mhór an pléisiúr a bheith ina chuideachta. Ar ndóigh, bhí formhór a gcuid cainte bunaithe ar scéal Sheáin Lorenz le linn dóibh a bheith ag ithe. Bhí an díocas úr céanna acu faoi shaothar ealaíne Lorenz agus roinn siad lena chéile an t-eolas agus na scéilíní a bhailigh siad faoina shaothar an tráthnóna sin. Bhí dúil sa mbeatha acu agus d'ith siad a raibh ann den risotto, agus chríochnaigh siad buidéal fíona saint-julien idir an bheirt acu.

I ndiaidh an bhéile, choinnigh siad orthu ag caint sa seomra suite. Phioc Gaspard amach seancheirnín vinile de chuid Oscar Peterson óna bhailiúchán ceirníní, d'fhadaigh sé an tine agus d'aimsigh sé buidéal fuisce Pappy van Winkle a bhí scór bliain d'aois. Bhí Madeline tar éis a buataisí rúitín a bhaint di agus a cosa a chur suas ar an tolg. Chuir

cigarette roulée à la main qui ne contenait pas que du tabac. Le mélange herbe et whisky alanguit les corps et détendit encore l'atmosphère. Jusqu'à ce que la conversation prenne un tour plus personnel.

- Vous avez des enfants, Coutances ?

La réponse fusa :

- Dieu merci, non ! Et je n'en aurai jamais.

- Pourquoi ?

- Je refuse d'infliger à quiconque le fracas du monde dans lequel nous sommes obligés de vivre.

Madeline tira une bouffée sur sa cigarette.

- Vous n'en faites pas un peu trop là ?

- Je ne trouve pas.

- Certaines choses vont mal, j'en conviens, mais...

- Certaines choses vont mal ? Mais ouvrez les yeux, bon sang ! La planète est à la dérive et l'avenir sera épouvantable : encore plus violent, plus irrespirable, plus angoissant. Il faut être sacrément égoïste pour vouloir infliger ça à quelqu'un.

Madeline chercha à lui répondre, mais Gaspard était lancé. Pendant un quart d'heure, les yeux fous, l'haleine chargée d'alcool, il dévina un argumentaire d'un pessimisme profond quant à l'avenir de l'humanité, décrivant une société apocalyptique, asservie à la technologie, à

si ruga breacáin timpeall ar a guaillí agus tharraing sí amach toitín a bhí rolláilte de láimh cheana féin óna póca. Ní tobac amháin a bhí ann. Bhí an-tionchar ag an meascán de rathneach agus fuisce ar an gcolainn agus rinneadh an t-atmaisféar níos suaimhní freisin dá bharr. Agus bhí sé suaimhneach cinnte, go dtí gur tháinig Madeline aniar aduaidh ar Gaspard le ceist phearsanta.

- An bhfuil gasúir agat Coutances?

D'fhreagair sé go tobann í:

- Níl, buíochas le Dia! Agus ní bheidh mé á n-iarraidh choíche.

- Cén fáth?

- Ní chuirfinn iallach ar dhuine ar bith maireachtáil sa diabhair de shaol seo.

Bhain Madeline gal as a toitín.

- Nach bhfuil tú ag dul beagáinín thar fóir?

- Ní airím go bhfuil.

- Glacaim leis gur féidir locht a fháil ar roinnt gnéithe den saol, ach...

- Roinnt gnéithe? In ainm Dé, oscail do shúile! Tá an pláinéad ag dul in olcas agus ní bheidh cuma ná cuí air amach anseo: beidh níos mó foréigin ann agus níos mó smachta orainn, beidh muid cráite ag an saol. Caithfear a bheith thar a bheith leithleasach le duine eile a thabhairt ar an bpraiseach de shaol seo.

Bhí fonn ar Madeline a tuairim féin a chur in iúl ach bhí Gaspard tosaithe ag cur thairis cheana féin. Bhí scéin ina shúile agus boladh dí lena anáil agus argóint dhuaire dhiúltach á déanamh aige i gcoinne an tsaoil a bheadh ann sa todhcháí. Lean sé air ar feadh ceathrú uaire ag déanamh cur síos ar

la surconsommation, à la pensée médiocre. Une société prédatrice qui, en se livrant à l'extermination méthodique de la nature, avait pris un billet sans retour pour le néant.

Elle attendit d'être certaine qu'il en avait terminé avec sa diatribe avant de constater :

- En fait, ce n'est pas juste les cons que vous détestez, c'est l'espèce humaine dans son ensemble.

Gaspard ne chercha pas à le nier :

- Vous connaissez le mot de Shakespeare: « Même la bête la plus féroce connaît la pitié. » Mais l'homme ne connaît pas de pitié. L'homme est le pire des prédateurs. L'homme est une vermine qui, sous couvert d'un vernis de civilisation, ne prend son pied qu'en dominant et en humiliant. Une espèce mégalomane et suicidaire qui hait ses semblables parce qu'elle se déteste elle-même.

- Et vous, Coutances, vous êtes différent, bien sûr ?

- Non, bien au contraire. Vous pouvez m'inclure dans le lot si ça vous fait plaisir, lança-t-il en terminant sa dernière gorgée de whisky.

Madeline écrasa sa cigarette dans une coupelle qui faisait office de cendrier.

shochaí thubaisteach, a bheadh faoi smacht ag an teicneolaíocht, ag an tomhaltas agus ina mbeadh bac ar shaorsmaointe na ndaoine. Dúirt sé nach mbeadh daoine ag maireachtáil ar scáth a chéile níos mó, go ndéanfaí slad córasach ar an dúlra agus ar an timpeallacht agus nach mbeadh aon dul siar ann.

D'fhan sí go dtí go raibh sí cinnte go raibh sé tagtha chun deireadh an racht feirge sular tháinig sí ar chonclúid:

- Mar sin, ní hé gurb iad na pleotaí amháin a bhfuil an ghráin agat orthu, tá an ghráin agat ar an gcine daonna ina iomláine.

Ní dhearna sé iarracht an méid sin a shéanadh.

- An bhfuil cur amach agat ar scríbhneoireacht Shakespeare? : “ Is féidir leis an mbeithíoch is fiáine trua a bheith aige fiú”. Ach ní bhíonn aon trua ag an duine. Is é an duine an creachadóir is measa. Suarachán atá ann a bhaineann sásamh as a bheith ag fáil an lámh in uachtar ar dhaoine eile agus as a bheith á náiriú, agus é neadaithe i dtearmann na sibhialtacht. Is í an chumhacht an chloch is mó ar phaidrín an chine dhaonna, speiceas meigleamáineach atá ann, a bhíonn réidh le lámh a chur ina bhás féin i gcónaí. Speiceas atá ann nach bhfuil in ann a shamhail a sheasamh, mar go bhfuil an ghráin aige air féin.

- Céard fútsa, Coutances, tá tusa difriúil, ar ndóigh?

- Níl ar chor ar bith. Féadfaidh tú mé féin a chur ina measc siúd, má thugann sé sin sásamh duit, a dúirt sé, agus an braon deireanach den fhuisce á shlogadh siar aige.

Chuir Madeline as a toitín i gcupán beag a bhí á úsáid mar luathreadán aici.

- Vous devez être très malheureux pour penser ça.

Il chassa l'idée d'un revers de main tandis qu'elle allait chercher de l'eau dans le frigo.

- Je suis seulement lucide. Et les batteries d'études scientifiques sont encore plus pessimistes que moi. Les écosystèmes terrestres disparaissent inéluctablement. Nous avons déjà franchi le point de non-retour, nous...

Elle le provoqua :

- Mais pourquoi vous ne vous mettez pas une balle dans la tête, là, tout de suite ?

- Ce n'est pas la question, se défendit-il. Vous me demandiez pourquoi je ne voulais pas avoir d'enfants. Je vous ai répondu : parce que je ne veux pas les voir grandir dans le chaos et la fureur. Il pointa sur elle un doigt accusateur, qui tremblait autant à cause de l'alcool que de la colère.

- Je n'imposerai jamais ce monde cruel à un enfant. Si vous avez l'intention de faire un autre choix, c'est votre problème, mais ne me demandez pas de le cautionner.

- Je me fous pas mal de votre caution, dit-elle en se rasseyant, mais je m'interroge quand même : pourquoi ne vous battez-vous pas pour changer tout ça ? Défendez les causes qui vous tiennent à cœur. Engagez-vous dans une association, militez dans un...

Il eut une moue de dégoût.

- Caithfear go bhfuil tú thar a bheith míshásta agus na smaointe sin ag dul tríd d'intinn.

Rinne sé beag den smaoineamh le comhartha lena lámh an t-achar is a bhí Madeline ag dul anonn go dtí an cuisneoir le huisce a fháil.

- Níl ann ach nach bhfuil dallamullóg orm. Tá an-chuid taighde eolaíche déanta a léiríonn dearcadh níos diúltaí fós. Ní féidir a shéanadh ach go mbeidh deireadh leis na héiceachórais talún amach anseo. Níl aon dul as.

Spréach sí é:

- Ach cén fáth nach gcuirfeá piléar isteach i do chloigeann anois díreach?

- Ní hé sin atá i gceist, a dúirt sé, á chosaint féin. D'iarr tú orm cén fáth nach bhfuil mé ag iarraidh gasúir a bheith agam. Thug mé freagra ort: mar níl mé ag iarraidh iad a fheiceáil ag fás aníos i measc neamhoird agus foréigin. Dhírigh sé a mhéar ina treo agus é ag creathadh de bharr an alcóil ach an oiread lena chuid feirge.

- Ní thabharfainn gasúr riamh ar an saol crua seo. Má tá sé i gceist agatsa rogha eile a dhéanamh, bíodh agat, ach ná hiarr orm tacú le do chinneadh.

- Is cuma sa diabhal liomsa céard a cheapann tú féin a dúirt sí, agus í ag bualadh fúithi arís, ach ag an am céanna, tá mé ag déanamh iontais cén fáth nach dtroidfeá ar son athruithe? Cosain na rudaí atá tábhachtach duit. Glac páirt i gcumann, téigh i mbun feachtais..

Chuir sé smut air féin.

- La lutte collective ? Très peu pour moi. Je méprise les partis politiques, les syndicats, les groupes de pression. Je pense comme Brassens que « sitôt qu'on est plus de quatre, on est une bande de cons ». Et puis, la bataille est déjà perdue, même si les gens sont trop lâches pour le reconnaître.

- Vous savez ce qui vous manque ? C'est d'avoir à mener un vrai combat. Et avoir un enfant, c'est être obligé de mener le combat. Le combat pour l'avenir. Celui qui a toujours existé et qui existera toujours. Il la regarda étrangement.

- Mais vous, Madeline, vous n'avez pas d'enfants ?

- J'en aurai peut-être un jour.

- Juste pour votre petit plaisir personnel, c'est ça ? ricana-t-il. Pour vous sentir « entière », « finie », « comblée » ? Pour faire comme vos copines ? Pour échapper aux questions culpabilisantes de papa et maman ?

Prise d'un coup de sang, Madeline se leva et lui balança une giclée d'eau glacée au visage pour le faire taire. Puis elle hésita un instant et finalement c'est la bouteille en plastique elle-même qu'elle lui jeta à la figure.

- Vous êtes vraiment trop con ! cria-t-elle en rejoignant l'escalier. Elle monta les marches deux par deux et claqua la porte de sa chambre. Resté seul, Gaspard poussa un profond soupir. Ce n'était certes pas la première fois que l'alcool lui faisait dire des énormités, mais c'était la première fois qu'il le regrettait si rapidement.

- Dlúthpháirtíocht eagraithe? Beag an baol. Níl meas madra agam ar na páirtithe polaitíochta, ná ar na sindeacáití, ná ar na brúghrúpaí. Tá mé ar aon intinn le tuairim Brassens, "chomh luath agus atá níos mó ná ceathrar againn ann, is leibidí atá ionainn". Agus lena chois sin, tá an cath cailte cheana féin, cé go bhfuil daoine ró-chladhartha lena admháil.

- An bhfuil a fhios agat céard atá in easnamh ortsa? Níl aon chúis cheart troda agat. Nuair a bhíonn gasúr ag duine, tá sé de dhualgas air troid ar son na todhchaí. B'in é an chaoi a raibh sé riamh agus is amhlaidh gurb é sin an chaoi a mbeidh sé. Bhreathnaigh sé go haisteach uirthi.

- Ach maidir leatsa Madeline, níl aon ghasúir agatsa?

- B'fhéidir go mbeidh siad agam lá éigin.

- Díreach le haghaidh sásamh beag pearsanta a thabhairt duit, an ea? arsa seisean agus straois air. Ionas go n-aireoidh tú 'lán', 'réitithe', 'iomlán' sásta?

- Le héalú ó chéisteanna maime agus daide? Sheas Madeline suas ansin agus taom feirge uirthi, bhuaíl sí uisce fuar lena éadán le go ndúnfadh sé a chlab. Ansin, stop sí ar feadh soicind sular thogair sí sa deireadh an buidéal plaisteach féin a chaith lena aghaidh.

- Is asal ceart thú! a scread sí agus í ag dul i dtreo an staighre. Thóg sí an staighre faoi dhó san iarraidh agus ba bheag nár tharraing sí doras a seomra de na hinsí le teann spadhair. Lig Gaspard osna chléibh as agus é fágtha leis féin. Is cinnte nach mba é sin an chéad uair a tháinig fad ar a theanga nuair a bhí an braon istigh ach ba é sin an chéad uair a tháinig aiféala chomh sciobtha sin air faoin méid a dúirt sé.

Vexé comme un enfant, il se resservit un verre de whisky et éteignit les lumières avant de s'allonger sur la lounge chair avec un grognement accablé.

Dans son esprit embrumé par l'alcool, il se repassa le film de la dispute. Ses arguments, ceux de Madeline. Il avait peut-être été maladroit sur la fin, mais il avait été sincère. Tout au plus regrettait-il la brutalité de ses propos, mais pas leur fond. À présent qu'il y repensait, il se rendit compte qu'il y avait pourtant une évidence qu'il n'avait pas mentionnée : les gens qui veulent des enfants se sentent forcément de taille à les protéger.

Or Gaspard, lui, ne le serait jamais. Et cela le terrifiait.

Agus é ar buile mar a bheadh gasúr, chuir sé gloine eile fuisce amach dó féin le sólas a thabhairt dó. Chuir sé as na soilse sular shín sé amach ar an tolg agus cuma bhualte air.

Chuaigh sé siar ar an achran arís ina chloigeann agus mearbhall air de bharr an alcóil. Rinne sé machnamh ar an argóint a bhí aige féin agus ar an gcás a bhí á dhéanamh ag Madeline. B'fhéidir go raibh sé as bealach ag an deireadh ach ní raibh sé ach ag tabhairt a bharúil féin. Bhí aiféala air faoina ghéire agus a bhí a theanga ach chuirfeadh sé suas an argóint chéanna arís. Anois agus tuilleadh ama caite aige ag smaoineamh siar air, tháinig sé ar chonclúid eile, nach raibh luaite aige: Maidir leis na daoine a bhfuil gasúir uathu, airíonn siad siúd gan amhras go bhfuil sé ar a gcumas iad a chosaint.

Ach faraor, ní aireoidh Gaspard ar an gcaoi sin choíche. Agus scanraigh an smaoineamh sin é.

## Sliocht 2

- Elle a l'air de bien vous plaire, la petite Pauline. Comme ils l'avaient fait la veille, ils échangèrent les informations récoltées chacun de son côté.

- Elle est facile à vivre et pas contrariante.

- C'est pour moi que vous dites ça ?

Gaspard détourna la tête pour fuir le regard de Madeline.

- Parlons d'autre chose, si vous le voulez bien. Elle proposa une répartition des tâches:

- Tá an chuma ort go dtaitníonn Pauline bheag go maith leat. Mar a rinne siad an oíche roimhe, phléigh siad an méid a bhí faighte amach acu an lá sin.

- Is éasca réiteach léi agus ní chuireann sí isteach orm.

- Ar mhaithe liomsa atá tú á rá sin?

Chas Gaspard a chloigeann le héalú ó scéin Madeline.

- Labhróidh muid ar ábhar eile más mian leat. Mhol sí go roinnfeadh siad na tascanna;

- Cet après-midi, j'ai l'intention d'aller interroger Jean-Michel Fayol, le marchand de couleurs de Sean. Pendant ce temps, je voudrais que vous passiez voir Pénélope Lorenz.

L'air sceptique, Gaspard se gratta la barbe.

- Pourquoi irais-je au casse-pipe ? Vous venez de m'expliquer qu'elle vous avait sèchement claqué la porte au nez.

- Avec vous, ça sera différent.

- Qu'est-ce qui vous fait croire ça ?

- D'abord parce que vous êtes un homme. Puis parce que j'ai eu une idée géniale.

Avec un sourire satisfait, elle lui expliqua le plan qu'elle avait mis au point pour approcher la femme de Sean.

Dans un cybercafé, elle avait créé un compte mail au nom de Gaspard et s'en était servie pour envoyer à Pénélope une demande de prêt – ou plutôt de location – de Naked, un tableau de son mari qui se trouvait toujours en sa possession.

- Comprends rien, grogna Gaspard. Pourquoi voudrais-je louer un tableau ? Ça n'a pas de sens.

Madeline poussa son assiette et déplia sur la table la photocopie d'un article du Daily Telegraph annonçant trente représentations à Londres au printemps prochain du Serment d'Hippocrate, une pièce de théâtre signée... Gaspard Coutances.

- Vous allez louer ce tableau pour qu'il fasse partie du décor de la première de votre pièce.

- Tá sé i gceist agam Jean-Michel Fayol a cheistiú tráthnóna inniu, fear a bhíodh ag díol péinteanna le Sean. An t-achar agus a bheidh mé leis, ba mhaith liom go dtabharfá cuairt ar Pénélope Lorenz.

Bhí cuma amhrasach ar Gaspard agus a fhéasóg á tochas aige.

- Cén fáth sa diabhair an ngabhfaínn ansin? Nach bhfuil tú tar éis a rá liom gur bhuaíl sí an doras sa smut ort go searbhasach.

- Ní bheidh sí mar sin leatsa.

- Cén fáth an gceapfá é sin?

- Ar an gcéad dul síos, is fear thú. Agus mar aon leis sin, tá smaoinemh iontach agam.

Agus meangadh gáire uirthi, mhínigh sí dó an plan a bhí curtha le chéile aici ionas go mbeidís in ann dul i mbun cainte le bean Sean.

Bhí cuntas ríomhphoist cruthaithe aici faoi ainm Gaspard i gcaife idirlín agus bhí úsáid bainte as aici le dul i dteagmháil le Pénélope. D'iarr sí uirthi an mbeadh sí in ann ceann de phictiúir a fhir chéile a bhí ina seilbh aici i gcónaí a fháil ar iasacht. Naked an t-ainm a bhí air.

- Ní thuigim tada, a dúirt Gaspard ag gnúsacht. Tuige a mbeinn ag iarraidh an pictiúr a fháil ar iasacht. Níl aon chiall leis.

Bhrúigh Madeline uaithi a pláta agus leag sí cóip d'alt ón Daily Telegraph a d'fhógair tríocha léiriú de Serment d'Hippocrate i Londain le linn an earraigh a bhí le teacht, ba dráma le... Gaspard Coutances é.

- Teastaíonn an pictiúr seo uait don fheisteas stáitse don chéad léiriú ar do dhráma.

- Grotesque.  
Madeline continua sans se laisser démonter :

- Dans mon mail, j'ai proposé à Pénélope un deal à vingt mille euros.

Benedick m'a assuré qu'elle avait besoin de cash et qu'à terme elle souhaitait vendre le tableau aux enchères.

S'il y a une occasion de médiatiser la toile avant sa vente, vous pouvez être certain qu'elle ne va pas la laisser passer.

Furieux, Gaspard fronça les sourcils.

- Vous avez usurpé mon identité !

- Détendez-vous, c'était pour la bonne cause.

- Les grands principes, c'est toujours pour les autres, c'est ça ? Je déteste les gens comme vous.

- Les gens comme moi ? C'est-à-dire ?

- Je me comprends.

- Vous êtes bien le seul.

Toujours en colère, il haussa les épaules.

- De toute façon, la mère Lorenz ne croira jamais de telles inepties.

- Détrompez-vous, rétorqua Madeline, triomphante. Figurez-vous qu'elle m'a déjà répondu et qu'elle vous attend chez elle dans une demi-heure pour en parler.

Gaspard ouvrit la bouche pour protester, mais se contenta de pousser un soupir résigné. Madeline profita de son avantage :

- Sin seafóid.

Choinnigh Madeline uirthi ag caint gan a misneach a chailleadh:

- Mhol mé sa ríomhphost go n-íocfainn scór míle euro as. Chuir

Benedick ina luí orm go raibh airgead de dhíth ar Pénélope agus go raibh sé i gceist aici an pictiúr a dhíol ar ceant sa deireadh.

Má tá deis aici an pictiúr a chur ar taispeáint roimh ré, is cinnte nach scaoilfidh sí thairsti é.

Chuir Gaspard strainc air fhéin, agus é ar buile.

- Sin bradaíl aitheantais, bíodh a fhios agat !

- Foighne ort, bhí údar maith agam.

- Breathnaigh cé aici atá na prionsabail mhóra, bíonn tú ar mhaithe le daoine eile i gcónaí nach mbíonn? Tá an ghráin agam ar dhaoine cosúil leatsa.

- Daoine cosúil liomsa? Is é sin le rá?

- Tá a fhios agamsa céard atá á rá agam.

- Tusa an t-aon duine.

Chroith sé a ghuaillí agus fearg air i gcónaí.

- Ar aon chuma, ní chreidfeadh Bean Uí Lorenz an scéal áiféiseach sin.

- Tá dul amú ort, a d'fhreagair Madeline go caithréimeach. Chuir sí scéala ar ais chugam cheana féin, bíodh a fhios agat, agus tá sí ag súil leat faoi cheann leath uair an chloig lena phlé.

D'oscail Gaspard a bhéal le dul ag argóint léi, ach shásaigh sé é féin trí osna a ligean go géilliúil. Tháinig Madeline i dtír ar an gciúnas:

- Après mon entrevue avec Fayol, j'ai rendez-vous avec une vieille amie qui fait escale à Paris. Quand vous aurez vu Pénélope, retrouvez-moi au Sémaphore pour faire le point.

- Quésaco le Sémaphore ?

- C'est un petit café à l'angle de la rue Jacob et de la rue de Seine.

Il faisait tellement chaud que le restaurant avait ouvert ses baies vitrées. Comme Madeline voulait fumer, ils s'installèrent en terrasse pour boire leur café. Songeuse, Madeline roula sa cigarette en silence tandis que Gaspard, perdu dans sespensées, se brûlait la gorge avec le verre d'armagnac offert par le patron. Même s'ils n'osaient pas le formuler, force était de reconnaître qu'ils formaient à présent un improbable duo d'enquêteurs.

L'œuvre magnétique de Lorenz les avait contaminés. Elle exerçait sur eux son emprise. Tout ce qui, de près ou de loin, entourait le peintre; le sens de sa peinture, les zones d'ombre de sa vie, revêtait pour eux une aura de mystère et la promesse irrationnelle que, une fois percés à jour, les secrets de Lorenz deviendraient leurs secrets. Sans se l'avouer, Madeline et Gaspard s'accrochaient tous les deux à la croyance folle que ces secrets leur livreraient une vérité, car, en recherchant ces tableaux, c'était aussi une partie d'eux-mêmes qu'ils traquaient.

- Tar éis dom agallamh a chur ar Fayol, tá mé le castáil ar sheanchara liom atá ag stopadh i bPáras ar feadh cúpla uair an chloig. Nuair a fhágfaidh tú teach Pénélope, téigh go dtí an Sémaphore agus feicfidh mé ann thú leis an méid a bheidh faighte amach againn a phlé.

- Céard atá ann sa Sémaphore?

- Is caifé beag é atá suite ar an gcoirnéal idir Rue Jacob agus Rue na Seine.

Bhí an oiread teasa sa mbialann go raibh orthu na báfhuinneoga a oscailt. Mar go raibh fonn tobac ar Madeline, shuigh siad taobh amuigh leis an gcaife a ól. Rinne sí toitín di féin gan focal aisti. Bhí machnamh á dhéanamh aici. Bhí Gaspard sáite ina chuid smaointe lena taobh agus dhóigh sé a scornach ar an ngloine bhranda a thug an t-úinéir saor in aisce dó. Cé nach raibh siad ag iarraidh é a admháil, caithfear a rá gur beirt bhleachtairí a bhí iontu anois, beirt nach mbeifeá ag siúl leo ar chor ar bith.

D'fhág saothar mealltach Lorenz a lorg ar an mbeirt acu, agus chuaigh sé i bhfeidhm go mór orthu. Bhí mistéir ag baint le gach gné den ealaíontóir; an bhrí a bhí lena chuid péinteála, an éiginnteacht a bhain lena shaol agus bhí súil acu go bhfaighidís amach faoi rún Lorenz lá éigin, cé gur bheag an seans a bhí acu. Cé nach raibh Madeline agus Gaspard á admháil, bhí siad ag súil go mór go mbeadh fírinne an scéil le fáil i rún Lorenz, mar an t-achar agus a bhí siad ag fiosrú an scéil, bhí siad ag fáil tuiscint níos fearr orthu féin freisin.





## Léirmheas: *Titley*

le Máirtín Coilféir  
LeabhairCOMHAR, 2018. 264 lch, €20

Léirmheastóirí: Róisín Masson & Clodagh Ní Éilí

<https://doi.org/10.13025/65ww-2805>

Is é *Titley* an chéad leabhar ó pheann Mháirtín Coilféir, ar léachtóir in Ollscoil Naomh Mícheál, Toronto, é. Is critic litríochta ar shaothar Alan Titley atá sa leabhar seo, a bhí mar ábhar PhD ag Coilféir agus é i mbun staidéir i gColáiste na Tríonóide. Tá Diplóma Iarchéime san Aistriúchán agus san Eagarthóireacht ó Ollscoil Mhá Nuad ag Coilféir freisin. Anuas air sin, chaith sé seal ag teagasc i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus mar eagarthóir liteartha ar an iris *Comhar*. Spreagadh an t-údar chun an leabhar a scríobh toisc go raibh iontas air a laghad critice a bhí ar fáil ar scríbhinní Alan Titley. Díríonn Coilféir ar a chuid saothar scríofa agus stáitse, seachas raidió agus teilifís, go dtí 2016, agus tá cuid mhaith saothar foilsithe ag Titley ó shin nach bhfuil luaithe sa chnuasach seo.

Is léir gur saineolaí é Coilféir ar shaothar Titley agus dianstaidéar déanta aige ar bhunfhoinní ceapadóireachta an scríbhneora seo. Is léirmheas an-mhacánta atá ann agus moltaí agus ceistiúchán fite fuaite síos tríd. Baineann sé an chastacht as scríbhneoireacht agus foclachas Titley le míniúcháin bheachta ar na téamaí a phléitear agus samplaí cruinne díobh chomh maith. Déantar cur síos ar thréithe stíle, a chuid prionsabal polaitíochta agus eitice, cúrsaí caipitleachais agus ciníochais, an duine aonair agus an comhphobal, a chritéir léirmheastóireachta, an greann agus an chleasaíocht idirthéacsúlachta ann.

Sa chéad chaibidil tugtar léargas ar ábhar scríbhneoireachta Titley óna chéad alt in 1966 go dtí na hailt 'Crobhingne' in *The Irish Times* go dtí 2016. Rangaíonn Coilféir saothar Titley de réir tréimhsí agus taispeánann sé an chaoi ar tháinig forbairt ar a stíl scríbhneoireachta i gcaitheamh na mblianta. Cuireann Coilféir ina luí ar an léitheoir sa chéad chaibidil go

bhfuil tuairimí láidre ag Titley agus gur minic a bhíonn ionsaí á dhéanamh aige ar shaothar údair eile agus ar sheánraí scríbhneoireachta ar leith cé go dtagann na ráitis seo salach ar an rud a dhéanann Titley féin. Luaitear sa leabhar go ndearna Titley an ghearrscéaltaíocht a cháineadh go géar mar gheall ar an ‘easpa samhlaíochta’ (14) a bhain léi, cé go bhfuil breis is 100 gearrscéal scríofa aige féin. Feictear an nós a bhí ag Titley a chuid tuairimí a léiriú ‘gan fuacht gan faitíos’ (3) sna húrscéalta, gearrscéalta, drámaí agus dánta a ndéanann Coilféir anailís orthu sa leabhar. Níl tuairim Choilféir soiléir sa chás seo maidir leis an tsaoirse a thugann Titley dó féin agus é i mbun pinn.

I gcaibidil a dó, tugann Coilféir léargas ar mheon Titley maidir le cearta agus saoirse comhphobal. Dar leis gurb iad seo na hábhair is tábhachtaí ar fad i saothar Titley. Déanann Titley na téamaí seo a iniúchadh i réimse leathan seánraí, mar shampla san alt ‘Féasta Fola’ (1968) faoi Chogadh na Saoirse i mBiafra, sa leabhar *An tÚrscéal Gaeilge* (1991) agus sna húrscéalta *Gluaiseacht* (2009) agus *Meirscrí na Treibhe* (1975). Deir Coilféir go ndéanann Titley a thuairimí féin a nochtadh trí ghlór na gcarachtar ina scéalta, daoine de mhionaicmí pobail den chuid is mó, agus labhraíonn sé go follasach ar a son ‘dá fhaide i gcéin uaidh iad’ (35). Léiríonn Coilféir iontas nár scríobh Titley mórán faoi na Trioblóidí ná faoi Éirinn go dtí na nóchaidí agus déanann sé cur síos sa chaibidil seo freisin ar an gcáineadh a rinne Titley ar ionsaithe na Stát Aontaithe agus a gcomhghuaillithe ar an Iaráic agus an Afganastáin, agus os cionn ceathracha alt scríofa aige orthu.

Pléitear cuid de na téamaí polaitíochta is mó i scríbhneoireacht Titley i gcaibidil a trí, ‘an ciníochas agus an caipitleachas, lena gcuimsítear cultúr na tomhaltóireachta agus an dáileadh éagothrom saibhris a shamhlaítear leis an margadh iomaíoch’ (65). Admhaíonn Coilféir go bhfuil na hailt ‘maoithneach’ agus go mbíonn Titley ‘cúng-aigeanta’ (69) iontu agus a chuid tuairimí frithimpiriúlacha, frith-Iartharacha agus frithchoilíneacha á nochtadh aige. Feicimid cruinneshamhail chlaonta Titley i gcoinne na himpíriúlachta, agus mhuintir an Iarthair (68), ag teacht chun cinn trí ghlór na gcarachtar arís agus arís eile. Déanann Fatima tagairt don bhearna idir saibhir agus daibhir sa leabhar *Gluaiseacht* agus bíonn an ceannaire Tumba ag freastal ar lucht an tsuibhris amháin in *Meirscrí na Treibhe*. Déantar tagairt do shaothar Titley inar cáineadh muintir na hÉireann go géar as ucht na droch-chaoi ar chaith siad le ‘bochtáin as tír aisteach’ in alt a scríobh sé don *Irish Times* in 1999 chomh maith. Léirítear cur síos gruama Titley ar chúrsaí reatha na cruinne ach ag déanamh achoimre ar an gcaibidil seo maíonn Coilféir, cé go bhfuil na téamaí duairc agus dorcha leis an gciníochas agus an éagothromaíocht, go ndearbhaíonn Titley ‘a iontaí is atá sé a bheith ar an saol’ (92).

Sa cheathrú caibidil, pléitear tábhacht na hindibhíde agus saoirse an scríbhneora agus é/í i mbun pinn. Cuireann Coilféir an tuairim chun cinn go gcreideann Titley go bhfuil sé de cheart ag an scríbhneoir agus ag na mionlaigh rialacha nó dlíthe a bhriseadh chun saoirse

a bhaint amach. Tá tuiscint Titley ar an dea-litríocht ‘fréamhaithe i bprionsabail eitice a éilíonn saoirse agus cead féinléirithe do lucht a scríofa’ (95). Díreach ar nós na n-údarás ag cur srian ar na comhphobail, tá na ‘foirmlí reoite ceapadóireachta’ ag cur srian ar an údar (97).

I gcaibidil a cúig, tugann Coilféir aitheantas don éagsúlacht mhór atá i scríbhneoireacht Titley agus fágtar ar leataobh an comhphobal agus an t-indibhidiúlachas. Pléitear tóraíocht na fionnachtana agus turgnamhachas Titley iontu, mar shampla, pléitear téama na canabhlachta sa leabhar *Stiall Fhial Feola* agus tá *An Bhean Feasa* ar an ‘gcéad úrscéal i bhfonn filíochta sa Ghaeilge’ (135). Is scéalta úra atá iontu ‘ar mhaitheas lena bheith úr’ (136), dar le Coilféir agus cuirtear in iúl don léitheoir gur samplaí iad seo de Titley ag iarraidh seasamh amach ó na scríbhneoirí eile i litríocht na Gaeilge. Dar le Coilféir ‘is iad na saothair inar feiceálai an fhantaisíocht, an greann fuarchúiseach agus an tseafóid is lú a spreagann muid le teachtaireacht dháiríre a bhaint astu’ (152). Is scéal an-chonspóideach é ‘Scéal i mBarr Bata’ chomh maith, fiú má tá sé ar cheann de na gearrscéalta de chuid Titley is fearr le Coilféir. Baineann an scéal ‘le fear aerach a théann go campa pléisiúir ina spreagtar daoine lena gcuid mianta antoisceacha a chur i ngníomh’ (146). Tá ceist an-íogair á plé ag Titley ag deireadh an scéil agus is ábhar iontais é seo do Choilféir mar ‘ní nós le Titley ábhar grinn a dhéanamh de ghrúpaí mionlaigh mura le teann íoróine é’ (147).

Pléitear an greann i gcaibidil a sé, chomh maith le tréithe stíle agus na feidhmeanna éagsúla a bhaineann Titley as an ngreann (167). Tugann Coilféir go leor samplaí chun na cineálacha difriúla grinn a léiriú agus díríonn sé ar spriocanna agus iarmhairtí an ghrinn i saothar Titley chomh maith. Déanann sé cur síos ar an leagan amach atá ag Titley ar an ngreann agus a mhealltaí is atá sé toisc a dhearfáí is atá sé (176). Ach sa chaibidil chéanna tugtar léargas ar an gcaoi a ‘milleann an greann rithim agus réim na scríbhneoireachta i saothair áirithe’ (185), go mórmhór sa scríbhneoireacht acadúil. Deir Coilféir go mbíonn Titley ‘borb leis an magadh’ (171), gur ‘uirlis ionsaithe’ é an greann ‘ina chogadh in aghaidh na ngnéithe sin den dioscúrsa liteartha agus polaitiúil nach dtaitníonn leis’ (172). Is ciúta reacaireachta cliste é an greann a úsáid ach cuirtear in iúl don léitheoir nach é is éifeachtaí i gcónaí.

Pléitear an idirthéacsúlacht mar thréith stíle agus an scríbhneoireacht aisfhillteach sa chaibidil deiridh, agus dar le Coilféir ‘ceann de na tréithe stíle is suntasaí agus is seanbhunaithe i saothar Titley’ (199). Mar sin féin, maíonn Coilféir go bhféadfadh saothar na hidirthéacsúlachta ‘teacht salach ar fhéinléiriú an údair’ (201). Cé go gcaitheann sé roinnt mhaith den leabhar ag plé thábhacht an indibhidiúlachais le Titley, bréagnaíonn an chaibidil bunaithe ar stíl na hidirthéacsúlachta é seo mar feictear Titley ag dul i bhfolach taobh thiar d’fhocail filí agus údair eile agus é ag úsáid a gcuid teanga chun a shaothar féin a fheabhsú.

Sa chonclúid, nascann Coilféir sreanga na gcaibidlí uile le chéile agus filleann an léitheoir ar na príomhthéamaí a bhí ag Titley. Cé gur léir gur saineolaí é Coilféir ar shaothar Titley, níl an leabhar gan locht. Cé go ndéanann sé tagairt do chriticeoirí Titley, a cháin a chuid saothair mar gheall ar an téarmaíocht chasta a d’úsáid sé, déanann Coilféir amhlaidh ag baint úsáid

as téarmaíocht chasta Ghaeilge ar nós ‘íolbhriseadh’ (100) agus ‘raibilíseachas’ (193) agus focail iasachta ar nós ‘*sine qua non*’ (5) ón Laidin, ‘*mise en abyme*’ (135) ón bhFraincís agus ‘*rezeptionsästhetik*’ (178) ón nGearmáinis. Tá cuid den Bhéarlachas sa leabhar freisin le frásaí ar nós ‘talamh úr a bhriseadh’ (136) agus ‘bordáil ar an áiféis’ (173). D’fheilfeadh an leabhar seo do dhaoine acadúla a bhfuil cur amach acu ar obair Titley agus ar litríocht na Gaeilge toisc go ndéanann Coilféir iniúchadh géar ar na prionsabail mhóra atá ag Titley ann, ach is deacair iad a thuiscint gan cur amach agat ar na tagairtí idirthéacsúlachta. Mar sin féin, cé gur leabhar dúshlánach é ó thaobh na dtéamaí a phléitear ann agus ó thaobh na teanga de, is cinnte gur éirigh le Coilféir an rud a bhí uaidh a bhaint amach, ábhar critice cuimsitheach, ilghnéitheach a scríobh ar shaothar an scríbhneora mór le rá, Alan Titley.



## **Léirmheas ar *An tSochtheangeolaíocht:* *Taighde agus Gníomh***

**le Tadhg Ó hIfearnáin  
Cois Life Teoranta, 2019. €20**

*Léirmheastóirí: Aoife Ní Chonghaile agus Máire-Áine Uí Ailín*

<https://doi.org/10.13025/v27c-dc90>

Tá eagarthóir an leabhair seo, Tadhg Ó hIfearnáin, ina Ollamh le Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Chaith sé tréimhsí roimhe seo ag léachtóireacht agus i mbun taighde in Ollscoil Luimnigh, Ollscoil na Briotáine Uachtaraí, Ollscoil Uladh agus Ollscoil Utrecht. Is leis an tsochtheangeolaíocht is mó a bhaineann formhór a chuid taighde, mar atá le feiceáil sa saothar atá foilsithe aige in imeacht na mblianta. Naoi gcinn d'aistí atá sa leabhar nua seo, leis na húdair Tadhg Ó hIfearnáin, Máire Ní Neachtain, Siobhán Ní Laoire, Noel Ó Murchadha, Peadar Ó Muircheartaigh, Iarfhlaith Watson, Helena Ní Ghearáin, John Walsh, Eoghan Mac Éinrí, Muiris Ó Laoire, Pádraig Ó Duibhir agus Laoise Ní Thuairisg. Is bailiúchán é an leabhar ar thaighde cuimsitheach lucht léinn na sochtheangeolaíochta. Tá réimse leathan ábhar a bhaineann leis an tsochtheangeolaíocht ar fáil ann, réimsí éagsúla smaointeoireachta maidir le beartais, pleanáil teanga, dearcadh agus meon an phobail ina leith, san Eoraip, in Éirinn agus níos gaire do bhaile, sa Ghaeltacht.

Is é Tadhg Ó hIfearnáin féin a scríobh an chéad aiste sa leabhar, 'Beartas Teanga agus Pleanáil Teanga'. Tugann sé míniú ar an bpróiseas pleanála teanga san aiste seo, agus déanann sé plé ar an stair a bhaineann leis an bpróiseas. Is pointe tosaigh maith é seo toisc go dtugtar eolas don léitheoir faoi ghné chomh tábhachtach sin den tsochtheangeolaíocht. Pléann Muiris Ó Laoire leagan eile den phleanáil teanga ina aiste féin, dar teideal 'An Ghaeilge sa chóras oideachais: Pleanáil sealbhaithe agus curaclam'. Déanann sé cur síos ar thábhacht an chórais oideachais don teanga san aiste seo. Ach fiú tar éis dó an tábhacht seo a léiriú, tuigeanann

sé nach aon 'chabhair é curaclam Gaeilge ar fheabhas muna spreagtar foghlaimeoirí leis an teanga a fhoghlaim chun críche úsáide sa ghnáthshaol' (259). Is léir go bhfuil an tuiscint ag na húdair uile nach bhfuil aon ghné amháin den tsochtheangeolaíocht níos tábhachtaí ná aon cheann eile.

In aiste Phádraig Uí Dhuibhir agus Laoise Ní Thuairisg, 'An tumoideachas agus soláthar cainteoirí nua', cuirtear síos go cruinn ar an nGaeilge sa gcóras oideachais. Léiríonn an staidéar seo bearnaí sa gcur chuige, áfach. Tá sé soiléir ón ábhar a bailíodh agus an anailís a rinneadh air go dteastaíonn ceangal níos dlúithe idir an phleanáil do na pleananna teanga agus *An Polasaí don Oideachais Gaeltachta 2017-2022*, má táthar ag súil gurb iad seo a chuirfidh, ina mbealach sonrach féin, le líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge taobh amuigh agus taobh istigh den chóras oideachais. Pléann Eoghan Mac Éinrí an córas oideachais chomh maith ina aiste, 'An Ghaeilge sa chóras oideachais i dTuaisceart Éireann', agus feictear na difríochtaí idir an córas atá i dTuaisceart Éireann agus an córas atá i dtíortha eile, ar nós na Breataine Bige, Shasana agus na hAlban (212).

Pléann Helena Ní Ghearáin an Caighdeán Oifigiúil ina haiste, 'Caighdeán, caighdeánú agus cumhacht'. Is tábhachtach an t-ábhar é seo, nach bhféadfaí a fhágáil amach as aon leabhar ina bpléitear an tsochtheangeolaíocht. Tugann sí míniú simplí ar na céimeanna a bhaineann le caighdeán a leagan síos do theanga: 'cló oiriúnach a roghnú, an córas ortagrafaíochta a shimpliú, rialacha gramadaí a aontú agus a leagan amach, an foclóir agus an téarmaíocht a shaothrú agus réimeanna teanga a fhorbairt do réimsí nua ar nós na reachtaíochta' (58). Thuigfeadh duine ar bith, fiú iad siúd nár chuala trácht ar chaighdeánú riamh, a bhfuil i gceist leis an bpróiseas tar éis dóibh an aiste seo a léamh.

Tugann John Walsh léargas cuimsitheach don léitheoir ina aiste, 'Sainiú na Gaeltachta: Pobail, ceantair agus líonraí', ar choincheap na Gaeltachta ó bunaíodh an Stát. Pléann sé na hathruithe a tharla ón am sin go dtí anois, go háirithe foilsíú an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (Ó Giollagáin *et al.* 2007) agus Acht na Gaeltachta 2012. Cuireann taighde John Walsh leis na díospóireachtaí atá ann cheana maidir lena bhfuil i gceist le ceantar Gaeltachta. D'athraigh an sainmhíniú ó bunaíodh an Stát, tá próiseas pleanála teanga i bhfeidhm taobh amuigh de cheantair Ghaeltachta agus ní fios fós cé na hathruithe a tharlóidh de bharr an phróisis sin.

In aiste Iarfhatha Watson, 'Féiniúlacht agus teanga', luann sé cúpla eachtra stairiúil amhail Éirí Amach 1798 agus Fuascailt na gCaitliceach sna 1820idí (146) agus an tionchar a bhí acu seo ar an teanga, chomh maith le ceisteanna móra féiniúlachta agus an tionchar a bheas ag réiteach na gceisteanna sin ar thodhchaí na teanga.

Tugann Siobhán Ní Laoire léargas dúinn ar an gcódmheascadh ina haiste, 'Códmhálartú, códmheascadh agus trasteangú: Teangacha i dteagmháil', rud nach bhfuil mórán measa ag an bpobal air, dar léi, ach atá an-choitianta. Tá an t-ábhar seo lárnach agus luachmhar i staidéar na sochtheangeolaíochta agus in aon taighde a dhéantar uirthi, dar leis an údar. Déanann

Máire Ní Neachtain anailís ar an dátheangachas sa tír seo ina haiste, ‘An pobal urlabhra agus an t-ilteangachas’. Rinneadh go leor taighde le roinnt blianta ar an dátheangachas i gcomhthéacs na pleanála teanga. Bheadh sé úsáideach taighde a dhéanamh ar an gcódmheascadh sna ceantair chéanna sin chun léargas níos leithne a fháil ar chleachtais teanga na bpobal éagsúil.

Tá an t-ábhar a phléann Peadar Ó Muircheartaigh ina aiste, ‘An tsochtheangeolaíocht stairiúil’, tráthúil agus tarraingteach do lucht léinn an lae inniu, údaráis áitiúla agus pleanálaithe teanga. Tugann sé léargas dúinn ar an stíl agus ar an gcur chuige idirdhisciplíneach a bhí i bhfeidhm go stairiúil, cur chuige nach mór eolas a bheith air le tuiscint a fháil ar staid teanga an lae inniu.

Tá réimse leathan tagairtí in úsáid tríd síos an leabhar uile, a thugann le fios saineolas na n-údar agus téagar an ábhair a fhoilsítear anseo. Is iomaí sliocht athfhriotail atá sa leabhar, ach ceann amháin a théann i bhfeidhm go mór ná ceann ón mbliain 1577, a d’úsáid Noel Ó Murchadha ina aiste, ‘An aird ar an éagsúlacht teanga, an daonteangeolaíocht agus canúintí na Gaeilge’. Sa sliocht seo, tá Richard Stanihurst ag déanamh plé ar na canúintí réigiúnacha sa séú haois déag. Feictear go bhfuiltear ag déanamh plé ar an tsochtheangeolaíocht agus na gnéithe uile a bhaineann léi le blianta fada anois, toisc go bhfuil sé os cionn 400 bliain ó scríobhadh an sliocht athfhriotail seo (93).

Ní leabhar é seo atá éasca le léamh ach is fiú go mór d’aon duine a bhfuil suim aige/aici i gcúrsaí sochtheangeolaíochta é sin a dhéanamh. Cuireann sé leis na díospóireachtaí atá ar bun le fada an lá ar chúrsaí oideachais lán-Ghaeilge, feidhmiú pleananna teanga agus na bealaí is fearr le dul i ngleic leis na fadhbanna a bhaineann leis an Ghaeilge a bheith ina mionteanga. Tá forbairt mhór tarlaithe de thoradh staidéir éagsúla ar na hábhair seo le roinnt blianta ach is léir go bhfuil bearnaí ann fós gur fiú tabhairt fúthu chun a thuilleadh forbairtí a dhéanamh. Admhaíonn eagarthóir an leabhair seo gur seans go bhfuil réimsí den tsochtheangeolaíocht nach bhfuil clúdaithe sa leabhar ar chor ar bith. Dúirt an t-eagarthóir go raibh súil aige go spreagfadh an leabhar seo lucht léinn agus scoláirí le tabhairt faoi réimsí eile taighde bainteach leis an ábhar seo. Tá na bearnaí sa taighde sin níos feiceálaí tar éis an leabhar seo a léamh.





## ***Léirmheas: An Ghaeilge sa Nua- Aoiseacht Dhéanach: an meon i leith éagsúlacht teanga sa Ghaeilge***

**le Noel Ó Murchadha  
Cló Iar-Chonnacht, An Spidéal, 2018, 290 lch, €20**

*Léirmheas le Fiona Ní Fhátharta & Sionainn Ní Ghréacháin*

<https://doi.org/10.13025/b5g2-cg93>

Ní hamháin go n-áirítear sa saothar scolártha, acadúil seo, *An Ghaeilge sa Nua-Aoiseacht Dhéanach: an meon i leith éagsúlacht teanga sa Ghaeilge*, plé cuimsitheach, ceannródaíoch ar an gclaochlú a tháinig ar an nGaeilge chomhaimseartha ó na 1960idí i leith, ach áirítear ann leis, fíis dá bhfuil i ndán don teanga amach anseo agus ábhar machnaimh agus ugaigh dóibh siúd a mbraitheann a todhchaí orthu. Is léachtóir le hOideachas Teanga i gColáiste na Tríonóide é an t-údar, Noel Ó Murchadha, agus tá spéis ar leith sa tsochtheangeolaíocht aige. Dar le réamhrá an leabhair go luítear isteach ann ‘ar shaincheisteanna a bhaineann leis an aird ar éagsúlacht teanga na Gaeilge’ (11) agus bíodh is gur cuimsitheach, cumasach an anailís ar na saincheisteanna úd, níl ann, dar le Ó Murchadha, ach ‘pointe tosaigh’ (261). Téitear i ngleic le hidé-eolaíocht an ghnáthphobail maidir leis an éagsúlacht teanga sa Ghaeilge chomhaimseartha chomh maith leis na hathruithe éagsúla atá ag teacht ar Ghaeilge na Gaeltachta agus na hiar-Ghaeltachta.

I ndiaidh an réamhrá, a chuireann síos go beacht ar struchtúr agus ar ábhar an leabhair, is cúig chaibidil uile atá ann, mar aon le conclúid, leabharliosta cuimsitheach agus aguisín maidir leis an gcóras fogharscríofa a mbaintear leas as sa saothar. Bíodh is gur cuidiúil é an t-aguisín, ba bhuntáiste é tairthí a bheith ag an léitheoir ar an Aibítir Idirnáisiúnta Foghraíochta óir baintear leas as ón dara caibidil ar aghaidh agus sa chúigiú caibidil go háirithe. Níor chóir gurbh ábhar iontais é sin, áfach, agus an aibítir úd ina príomh-mhaisiúchán ar chlúdach an

leabhair. Bheadh an leabhar úsáideach do lucht acadúil na Gaeilge a bhfuil spéis acu i réimse na sochtheangeolaíochta. D’oirfeadh sé do lucht pleanála teanga agus do lucht ceaptha beartas teanga, agus is cinnte go gcuirfeadh múinteoirí, tuismitheoirí agus mic léinn spéis ann freisin. Tá ardréim teanga i bhfeidhm ann, áfach, agus an-seans go gcruthódh téarmaíocht théagartha na teangeolaíochta deacracht don ghnáthdhuine, is é sin, i gcomhthéacs an leabhair seo, ‘an duine nach teangeolaí é’ (179). D’fhéadfadh gluais, ina mbeadh teacht ar mhínithe ar na téarmaí sainiúla ar fad in aon áit amháin, a bheith ina cabhair ag léitheoirí luí isteach ar an saothar.

Is caibidil theoriciúil í an chéad chaibidil ina ndírítear ar aird an phobail ar an éagsúlacht teanga. Cé gur beag trácht a dhéantar ar chás na Gaeilge féin inti, leagtar amach múnla teoriciúil an tsaothair lena n-áirítear an ról a bhíonn ag féinriar an duine sa chóras sóisialta agus ag struchtúr institiúidí na sochaí. Is spéisiúil súil a chaitheamh ar an tionchar a bhíonn ag leithéidí na meán agus cúrsaí oideachais ar theangacha i gcoitinne. Dar le Ó Murchadha go dtugann siad tús áite don ‘urlabhra idéalaithe’ agus go gcruthaítear nasc le luachanna agus le híomhánna áirithe sóisialta dá bharr (26). Téitear i ngleic le roinnt téarmaí tábhachtacha a thagann chun cinn arís agus arís eile. Mar shampla, gné ríthábhachtach sa saothar seo ná coincheap na hidé-eolaíochta follasaí agus folaithe a chuireann in iúl gur go comhfhiosach agus go fo-chomhfhiosach araon a aithníonn an pobal an éagsúlacht teanga (35). Bíonn an lámh in uachtar ag foirmeacha ardghradaim in idé-eolaíochtaí follasacha ach is ag foirmeacha nach bhfuil faoi ghradam follasach a bhíonn an lámh in uachtar in idé-eolaíochtaí folaithe (35). Tagraítear don nua-aoiseacht dhéanach go minic freisin, is é sin an tréimhse ó na 1960idí i leith. Cuirtear in iúl go mbíonn tionchar mór ag athruithe sa tsochaí ar mheon daoine i leith na héagsúlachta teanga. Luann Ó Murchadha go dtarlaíonn ‘leibhéalú luachanna’ nuair a chuirtear luach ar níos mó saghsanna teanga (49) agus go nglacann foirmeacha nua suíomh na bhfoirmeacha traidisiúnta go minic dá bharr (50).

Sa dara caibidil, tugtar aghaidh ar na hathruithe teangeolaíochta atá ag tarlú in urlabhra na Gaeltachta. Tá rangú na Gaeilge comhaimseartha ina phríomhábhar sa saothar agus luann Ó Murchadha go bhfuil trí rannóg dhifriúla i gceist leis — an Ghaeilge thraidisiúnta Ghaeltachta, Gaeilge na hóige Gaeltachta agus Gaeilge na hiar-Ghaeltachta (63—4). Tugtar léargas ar na comharthaí sóirt a shainíonn an Ghaeilge chomhaimseartha sa Ghaeltacht. Áirítear iontu seo an iasachtaíocht ón mBéarla. Mínítear go dtarlaíonn sé seo nuair nach mbíonn ‘focal san áireamh i *repertoire* teanga an chainteora’ nó nuair a roghnaíonn sé focal eile a úsáid ina áit (68). Is íorónach é an méid sin agus focail amhail ‘*repertoire*’, ‘*persona*’ agus ‘*entourage*’ in úsáid sa saothar (34, 67). Ní hamháin gurb ann don iasachtaíocht ach feictear freisin an tionchar a bhíonn ag an mBéarla ar an bhfoghraíocht, ar an aiceann agus ar an gcomhréir, a mhaítear a bheith ar cheann de na ‘gnéithe is socra’ dá bhfuil ag struchtúr teanga (74). Léirítear freisin an tionchar a bhíonn ag an teaghlach, na meáin, an córas oideachais agus cúinsí eile mórthimpeall orainn ar urlabhra an phobail.

Sa tríú caibidil, castar ar chainteoirí agus ar urlabhra na hiar-Ghaeltachta. Is ionann an iar-Ghaeltacht agus na ceantair ina mbíodh an Ghaeilge, seachas an Béarla, mar ghnáthurlabhra tráth (12). Tá nasc láidir idir an dara agus an tríú caibidil sa mhéid is gurb ionann go leor de na comharthaí sóirt a shainíonn urlabhra na hóige Gaeltachta agus na comharthaí a bhaineann le hurlabhra na hiar-Ghaeltachta, in ainneoin na ndifríochtaí idir a gcomhthéacsanna sochtheangeolaíochta. Dá bhrí sin, tá an t-idirdhealú a dhéantar idir cainteoirí dúchais agus nuachainteoirí ar cheann de phríomhthéamaí na caibidle. Dar le Ó Murchadha nach mbíonn Gaeilge na nuachainteoirí 'ag teacht i gcónaí le slat tomhais an mhórphobail' agus go gceapann daoine uaireanta nach mbíonn an fhéiniúlacht dhúchasach teanga chéanna acu agus a bhíonn ag cainteoirí dúchais (107). Míníonn sé, áfach, nach mbraitheann cainteoirí iar-Ghaeltachta ar an nGaeltacht ós rud é go bhfuil féiniúlacht agus urlabhra dá gcuid féin acu (138). Luann sé go mbíonn roinnt lipéad a úsáidtear san idirdhealú seo míchruinn, mí-oiriúnach agus dímheasúil, amhail 'Gaelscoilis' agus 'Gaeilge Bhaile Átha Cliath' (108). Léiríonn Ó Murchadha, áfach, gur feiliúnaí na lipéid a úsáideann sé féin mar chur síos ar chainteoirí Gaeilge. Téitear i ngleic, freisin, leis an smaoinemh gur dual do theangacha athrú nuair a bhíonn athrú ag teacht ar chúinsí a gcuid cainteoirí agus ar bhealach, d'fhéadfadh an dara agus an tríú caibidil feidhmiú astu féin agus cur síos faisnéiseach, praiticiúil iontu ar chás na Gaeilge comhaimseartha.

Baineann tábhacht ar leith le caibidil a ceathair chun an córas gradaim atá anois ann a thuiscint i gcomhthéacs stairiúil. Is iomaí athrú a tháinig ar idé-eolaíochtaí na Gaeilge i stair na tíre agus is díol suime gurbh í idé-eolaíocht na hurlabhra Gaeltachta a tháinig chun tosaigh le céad bliain anuas. Feictear go raibh caighdeán docht scríofa i bhfeidhm sa tSean-Ghaeilge agus sa Mheán-Ghaeilge ach gur tháinig athrú mór ar chúrsaí le teacht Athbheochan na Gaeilge agus gur thosaigh scríbhneoirí ag 'bunú a gcuid saothar i nGaeilge ar urlabhra áitiúil na gceantar difriúil Gaeltachta' (159). Bíodh is go bhfuil athrú mear ag teacht ar an nGaeilge chomhaimseartha, is iad na canúintí traidisiúnta Gaeltachta atá in uachtar in idé-eolaíocht fhollasach an phobail ar 'mhúnla ardghradaim na teanga labhartha' (173). Is léir sa chaibidil seo, áfach, go bhfuil éagsúlacht anois ann i dtaca leis na múnlaí teanga a úsáidtear agus nach bhfuil na múnlaí nua ag teacht le hidé-eolaíocht na cainte ardghradaim. Tá tréithe teanga agus córas gradaim nua ag eascairt as an nua-aoiseacht dhéanach i measc na n-óg. Ní hamháin sin ach tá neamhréir ann sa mhéid is go n-áirítear an Caighdeán Oifigiúil ar an múnla ardghradaim i gcás na scríbhneoireachta oifigiúla agus bítear ag súil anois leis go n-úsáidfí 'i réimeanna leathoifigiúla' é (163). Mar sin, cé gurb í an urlabhra thraidisiúnta Ghaeltachta is múnla ardghradaim don teanga labhartha de réir na hidé-eolaíochta follasaí, ní hí atá á cothú i measc cainteoirí Gaeilge na nua-aoiseachta déanaí agus is é seo is bunús leis an obair ghoirt a chuimsíonn caibidil a cúig.

I gcaibidil a cúig, déantar cur síos mion ar thaighde a rinneadh chun na múnlaí follasacha agus folaithe Gaeilge a iniúchadh i gcomhthéacs na héagsúlachta teanga. Is trua, ar bhealach, nach go dtí an chaibidil dheireanach, a fhaightear spléachadh ar thaighde praiticiúil, pearsanta

an údair ach is maith an t-ullmhúchán atá sna caibidlí eile chuige. Is é a bhí i gceist le taighde Uí Mhurchadha teacht i dtír ar idé-eolaíocht folaithe an ghnáthphobail maidir leis an múnla ardghradaim teanga agus léirítear a dheacra agus a bhíonn sé uirlisí taighde a dhearadh d'fhonn seo a bhaint amach. Mar chuid den taighde, rinne 262 dalta measúnú ar mhíreanna de chaint nádúrtha thraidisiúnta Ghaeltachta, iarthraidisiúnta Ghaeltachta agus iar-Ghaeltachta ag leibhéal follasach agus folaithe (175). Is ábhar suntais é nach raibh go leor de na comharthaí sóirt a bhain le hurlabhra iarthraidisiúnta na Gaeltachta agus na hiar-Ghaeltachta, ar cuireadh síos orthu i gcaibidil 2 agus 3, sna taifeadtaí. D'fhéadfaí a mhaíomh go raibh siad sách glan, ach amháin i gcás na ndifríochtaí a bhain leo ó thaobh na foghraíochta de. Sonraítear, áfach, gur d'aon ghnó a rinneadh é seo. Measadh go mbeadh baol ann go mbeadh 'tionchar dosheachanta diúltach' ag gnéithe suntasacha iarthraidisiúnta, amhail an iasachtaíocht, ar na rannpháirtithe agus iad i mbun measúnú ar na míreanna cainte (183). I gcás na dtorthaí folaithe, léirítear go bhfuil daltaí níos dearfaí i leith múnlaí nach bhfuil ag teacht leis an urlabhra thraidisiúnta ach atá 'ag teacht sa treis i nGaeilge na Gaeltachta agus na hiar-Ghaeltachta,' bíodh is nach raibh ach aon athróg amháin faoi chaibidil sa chás seo — an fhoghraíocht (243, 252). Is é sin le rá go bhfuil neamhréir ann idir idé-eolaíocht fhollasach an ghnáthphobail agus an idé-eolaíocht folaithe a tochlaíodh san obair ghoirt seo.

Baineann ábhar díomá amháin leis an leabhar seo, is é sin an easpa airde a thug an comhlacht foilsitheoireachta, Cló Iar-Chonnacht, ar a chúram profléitheoireachta. Tá leithéidí 'iar-Chlásaiceach,' 'iar-Chlásaiceach' agus 'úsáid na Gaeilge Clasaicí' le feiceáil ar dhá leathanach i ndiaidh a chéile, mar aon leis na leaganacha cearta '[iar-]Chlásaiceach' agus 'úsáid na Gaeilge Clasaicí' agus gan ansin ach sampla amháin den iliomad cásanna comhchosúla (152-153). Bíodh is go bhfuil amhlaidh, ní mór a admháil go bhfuil leagan amach deas soiléir ar an leabhar, agus go gcabhraíonn na mionteidil atá faoi gach caibidil leis an léitheoir an t-ábhar inniúil a bhriseadh síos.

Tá conclúid chuimsitheach ag *An Ghaeilge sa Nua-Aoiseacht Dhéanach: an meon i leith éagsúlacht teanga sa Ghaeilge* agus is críoch shoiléir agus bheacht leis an leabhar í seo. Ar an iomlán, is saothar tráthúil agus fiúntach é seo ina gcuirtear ábhar ar fáil nach mbíonn teacht rómhínic air. Ó tharlaíonn nach bhfuil ach sciar de na torthaí ón obair ghoirt san áireamh sa saothar, is cinnte gur féidir a bheith ag súil le tuilleadh ar an ábhar ó pheann an údair. Is iomaí ceist shuimiúil a thagann chun cinn maidir leis an éagsúlacht teanga sa Ghaeilge agus an meon atá ag cainteoirí ina leith. Is léir nach bhfuil an Ghaeilge thraidisiúnta á cothú i measc na n-óg. Léirítear, cé gurb í an urlabhra thraidisiúnta Ghaeltachta an múnla ardghradaim don teanga labhartha, go bhfuil sí go mór i mbaol. Luann Ó Murchadha gur 'beag atá i ndán' don mhúnla seo mura gcothaítear ar bhonn níos córasaí é (262) agus ón méid a chuireann sé i láthair sa leabhar, ní fhéadfaí cur ina choinne.



## **Léirmheas: *Le Ton beau de Marot: In Praise of the Music of Language***

**le Douglas Hofstadter & Clément Marot  
(1997), Nua-Eabhrac: Basic Books**

*Léirmheas le: Eoin P Ó Murchú*

<https://doi.org/10.13025/twkq-6257>

An té ar mian léi eolas a chur ar an aistriúchán liteartha Gaeilge cad é a dhéanfaidh sí? Is dócha go ndéarfaí léi, mar thosach, an t-uafás a léamh agus a scríobh, idir bhuntéacsanna agus aistriúcháin. Seans go gcuirfí ina dhiaidh sin i dtreo na mórleabhar í, cinn a thugann mionchuntas tur ar stair an aistriúcháin liteartha agus míniú fadálach ar na teoiricí is nideoгаí amuigh. Is eagal liom go mbeadh fuar aici aon ghreim ceart a fháil ar an aistriúchán liteartha ar an gcaoi sin. B'fhearr i bhfad an duine fiosrach a chasadh i dtreo an leabhair áirithe seo.<sup>1</sup>

Leabhar trom toirtiúil tiubh 632 leathanach é *Le Ton beau de Marot: In Praise of the Music of Language* le Douglas Hofstadter (Hofstadter agus Marot, 1997).<sup>2</sup> Leabhar é atá líonta go boimbéal le haistriúcháin iomadúla éagsúla ar nós *A une damoyseille malade*, dán gairid Fraincise de chuid Clément Marot.<sup>3</sup> Fite san insint tá comhairle thomhaiste shoiléir faoin aistriúchán chomh maith le samplaí iontacha den chomhairle sin i bhfeidhm. Bolg an tsoláthair atá ann ina bpléitear an iliomad ábhar agus gheofar ann machnamh domhain ar cad is aistriúchán

- 1 Is fiú a lua freisin, go minic, gur cuid an bheagáin an plé a dhéantar ar an aistriúchán liteartha i gcás na Gaeilge, bíodh cúrsaí tríú leibhéal, leabhair ar an aistriúchán nó scrúduithe stáit san aistriúchán i gceist.
- 2 Ceist a rithfidh le roinnt: cad is fiú léirmheas a dhéanamh ar leabhar a foilsíodh breis agus scór bliain ó shin? Daoine a chur ar an eolas faoi toisc gur fearr i bhfad é ná téacsanna go leor a mholtar d'ábhair aistritheoirí.
- 3 Rugadh Clément Marot sa bhliain 1496 agus cailleadh é in 1544. Aithnítear é ar dhuine de na filí ba mhó de chuid athbheochan na Fraince. Bhain sé úsáid as foirmeacha agus as iomhánna ó fhilíocht na Laidine. (Encyclopedia Britannica, 2020)

ann, chomh maith le scagadh ar an smaointeoireacht féin. Tá sé intuigthe tríd síos ainneoin na mórsmaointe a phléitear ann. Leis, is leac uaigne an *omnium gatherum* seo do bhean chéile Hofstadter, Carol, ar tháinig an ailse uirthi agus é ag dul do na haistriúcháin. Faightear dá bharr blaiseadh íogair de shaol Hofstadter féin agus crá croí an bháis, rud a fhágann brí bhreise i dteideal dhán úd Marot.

Duine ildánach é Douglas Hofstadter a bhfuil obair déanta aige i réimse na n-eolaíochtaí cognaíocha, na fisice agus an aistriúcháin. Bhuaigh sé duais Pulitzer dá shaothar *Godel, Escher, Bach* sa bhliain 1980 (Hofstadter, 1980).

Leagtar amach ag tús an leabhair a bhfuil i gceist le dán Marot. Dáinín gairid é ach tá foirm agus rialacha dochta i bhfeidhm. I measc na rialacha is gá a leanúint agus duine ag aistriú aithníonn Hofstadter gur chóir go mbeadh 28 líne ann, trí shiolla i ngach líne agus an t-aiceann a bheith ar an siolla deiridh. Tá córas ríme docht ann leis.<sup>4</sup> Cuireann Hofstadter aistriúcháin éagsúla óna lámh féin, ó chairde leis, agus ó aistritheoirí gairmiúla i láthair. Leaganacha iad a bhfuil cur chuige agus stíleanna éagsúla go leor i gceist leo. Tá aistriúcháin dhílse, shanasaíocha, homafónacha, agus phróis ina measc. Éiríonn i bhfad níos fearr le cur chuige mar é bunchoincheapa an aistriúcháin liteartha a chur inár láthair ná leabhair thuariscíúla. Aistriúcháin go Béarla formhór na n-aistriúcháin ach tá teangacha eile i gceist freisin. Is cinnte go gcabhraíonn meon an ilteangaigh leis an saothar a neartú.

Idir na dánta agus na sleachta tráchteaireachta a dhéantar orthu tá caibidlí ann ar gach ábhar faoin spéir. Cuireann Hofstadter cúlra Marot i láthair go snasta, ainneoin riachtanais ó thaobh na foirme, próis siollach, a bheith leagtha anuas air féin, sampla amháin den spraoi a bhaineann sé as an scríbhneoireacht shrianta. Léiriú é seo ar bhuntuirim de chuid Hofstadter, feictear dom, is é sin gur féidir srianta go leor a leagan anuas ar shaothar áirithe ealaíne agus toradh fóna a bheith agat dá n-ainneoin.

Is léir obair mhór agus tiarail cheart a bheith i gceist le cuid de na haistriúcháin agus leis an leabhar féin. Luann Hofstadter gur chaith sé dua mór agus é ag iarraidh teacht ar fhocail nach sáródh laincisí na foirme agus gur chaith na míonna ag obair ar innéacs chúl an leabhair. Míníonn sé an cur chuige rí-aisteach scríbhneoireachta atá aige ligean do na focail (an fhoirm) an méid a scríobhann sé a mhúnlú. Láidríonn sé seo an cas a dhéanann sé ar son an fhoirm a thabhairt slán san aistriúchán.

Is dóigh ar an iomlán gurb é bunteachtaireacht an leabhair, má thug mé liom i gceart í, gur féidir i gcónaí iarracht níos mó agus leagan níos fearr a dhéanamh d'aistriúchán ar bith. Is féidir, ach dua agus allas a chaitheamh leis, teacht ar aistriúchán a shásaíonn an chiall agus an fhoirm araon, agus pé laincisí a chuireann an buntéacs ort. Leis, léiríonn Hofstadter tábhacht na foirme, trí aistriúcháin lochtacha, mar a fheictear dó iad, ar *Eugene Onegin* nó

4 Tá an bundán le léamh ag <https://clementmarot.com/MaMignonne.htm> (Clementmarot.com, 2020). Tugtar *Ma Mignonne* air freisin.

*An Choiméide Dhiaga*, a cháineadh toisc nach dtugtar dóthain airde ar an bhfoirm iontu. Léiríonn Hofstadter go héifeachtach gur cuid dhlúth den saothar i gcónaí an fhoirm agus gur féidir í a thabhairt slán, ach iarracht níos mó a dhéanamh. Tá go leor ann a ghlacann le cailteanas na foirme san aistriúchán. Dar liom go gcaithfeá géilleadh, ar léamh an leabhair seo, nár chóir glacadh le cur chuige a dhéanann dánacht ar dhlúthchuid de shaothar ealaíne.

Pléann Hofstadter roinnt de na buncheisteanna fealsúnacha maidir leis an meaisínáistriúchán, mar atá ceist an tseomra Shínigh (Searle, 1980). Is é atá i gceist leis an seomra Síneach ná seomra ina bhfuil duine ag leanúint clár ríomhaire agus ag seoladh amach freagraí ar charachtair Shínise a sheoltar isteach sa seomra. Níl focal den tSínis ag an duine sa seomra ach mar sin féin, de bharr go leanann sé treoracha an ríomhaire, éiríonn leis sraitheanna de charachtair Shínise a scríobh a bhfuil ciall leo. Dá bharr síleann dream taobh amuigh den seomra gur cainteoir Síneach atá istigh ainneoin gan a bheith déanta aige ach na treoracha a leanúint. Is é an tátal a bhain Searle as, lena shimpliú cuid mhór, ná nach ionann cuma a bheith ort go dtuigtear teanga agus an tuiscint. Tugann Hofstadter dúshlán Searle. Áitíonn gur minic gur fánach a bheith ag caint ar thuiscint, agus focail an duine i gceist, toisc gur dual d'fhocail a bheith doiléir luaineach. Dar le Hofstadter go bhféadfaí a bheith ag bogadh i dtreo na tuisceana dá mbeadh an ríomhaire ag tarraingt ar eolas aicmithe chun an meaisínáistriúchán a bhaint amach. I bhfianaise na bhforbairtí i réimsí amhail aithint eintiteas ainmnithe d'fhéadfaí a rá go bhfuil na ríomhairí ar bhóthar seo na tuisceana le tamall.

Is é an bua is mó atá ag an leabhar seo ná gur geall le lámhleabhar don aistritheoir liteartha é. Mínítear coincheapa casta ann ar bhealach intuigthe agus léirítear mar a chuirtear i bhfeidhm iad i bpróiseas an aistriúcháin. Baintear spraoi as an iomlán agus cuirtear an ealaín féin agus teangacha go leor i lár an aonaigh.

Tá lochtanna áirithe ar an leabhar. Téann cuid de i bhfuaire agus é ag dul i bhfad. Tá na caibidlí ar an meaisínáistriúchán as dáta méid áirithe, agus dul chun cinn mór millteach déanta ag na leaganacha is déanaí den mheaisínáistriúchán, mar atá an t-aistriúchán néarach. Ós rud é go bhfuil tuilleadh sonraí agus cumhacht ríomhaireachta ar fáil gach lá beo, is dána an té a déarfadh gur faoin duine amháin a fhágfar an post seo amach anseo, mar a thugann Hofstadter le fios. San aistriúchán pragmatach is minic Google translate inchurtha le hiarrachtaí an duine cheana. Is fíor gur dúshlán breise atá san fhilíocht ach ní teicneolaíocht sheasta an meaisínáistriúchán.

Mar sin, is féidir agus is fiú an fhoirm a thabhairt slán san aistriúchán. Má tá a leithéid deacair caith dua leis!

## Leabharliosta

Hofstadter, D. & Marot, C., (1997) *Le ton beau de Marot*. Nua-Eabhrac: Basic Books.

Hofstadter, D., (1980) *Godel, Escher, Bach: An Eternal Golden Braid*. Nua-Eabhrac: Vintage.

*Encyclopedia Britannica*. (2020). Clément Marot | French poet. [ar líne] Ar fáil ag: <https://www.britannica.com/biography/Clement-Marot> [Léite: 14 Feabhra 2020].

Searle, J. (1980). 'Minds, brains, and programs.' *Behavioral and Brain Sciences*, 3(3), 417-24.

Joyce, & Ó hInnéirghe, S. *et al* (1985). *Uiliséas*. Béal Feirste.

Clementmarot.com. (2020). *Ma Mignonne*. [ar líne] Ar fáil ag: <https://clementmarot.com/MaMignonne.htm> [Léite: 14 Feabhra 2020].



## **Leagan úr d'eipic dhúchasach a thuilleann áit bhuan i gcanóin liteartha na Gaeilge: *Léirmheas ar Táin Bó Cuailnge***

**(Leabhar Breac: Indreabhán,  
Co. na Gaillimhe, 2017, lgh: 199, €18,  
ISBN: 9781911363118  
Údar/Oiriúnóir: Darach Ó Scolaí)**

*Léirmheas le Marie Whelton*

<https://doi.org/10.13025/ba9g-7c80>

Leagan soléite, i nGaeilge an lae inniu, den tsraith thábhachtach scéalta ar a dtugtar 'Táin Bó Cuailnge' is ea an leabhar seo le Darach Ó Scolaí. Cuireann Ó Scolaí an tseaneipic i láthair in ocht gcuid mar aon leis an Réamhscéal agus le Réamhrá gearr. Mar a deir an t-údar sa Réamhrá, is é a bhí i gceist aige a dhéanamh ná 'síneadh eile' a chur 'lenár dtraidisiún scéalaíochta' (7) seachas téacs scolártha nó aistriúchán a chur i láthair agus is máistriúil mar a n-éiríonn leis an údar é sin a dhéanamh.

Tá eachtraí na sraithe scéalaíochta seo ar eolas ag gach léitheoir Gaeilge agus tá siad tar éis a bheith ina mbunphointí tagartha ag scríbhneoirí i dtraidisiún liteartha na nGael ón 7ú haois ar aghaidh – comhrá ceannadhairte idir Ailill agus Méabh agus áireamh iarmhaise a spreagann iad le teachtaire a chur chuig Cúige Uladh chun tarbh de chuid Dháire Mhich Fhachtna a fháil. Cé go mbíonn Dáire toilteanach an tarbh a thabhairt ar dtús, teipeann ar na comhráite; ansin, de bharr an iomarca dí agus mórtais, diúltaíonn sé an tarbh a thabhairt sa deireadh. Ar an gcúis sin amháin, fógraíonn Méabh cath ar Chúige Uladh agus geallann sí 'mura dtabharfaí an tarbh dá dheoin go dtógfáí dá ainneoin é' (16). Tionólaíonn Méabh agus Ailill slógadh mór de laochra le chéile ach tugtar le fios go bhfuil an ceas naíon ar na hUltaigh go léir cé is moite de Chú Chulainn, an laoch óg clúiteach a n-éiríonn leis a chúige

a chosaint ina aonar in aghaidh fhórsaí Mhéabha agus Ailille. Tugtar cúlra Chú Chulainn freisin, i gcuntas ar an tslí a bhfuair sé a ainm, i gcuntas ar na macghníomhartha a chuir sé i gcrích agus i dtagairtí don oiliúint a fuair sé féin agus Ferdia ó na buimí céanna – Scáthach, Uathach agus Aoife. Níl amhras faoi ach go n-éiríonn le leagan Uí Scolaí na heachtraí sin a chur i láthair le húire spreagúil agus go n-éiríonn leis an gcomhrac idir Cú Chulainn agus comhalta a chléibh, Ferdia mac Damháin mhic Dáire, a léiriú mar bhuaic thragóideach mhí-ámharach na sraithe (128, 130, 149, 151, 152).

Is é an t-oiriúnú údarásach atá déanta ag Ó Scolaí ar an teanga an bua is mó atá ag an leabhar. Tá saibhreas friotail sna blúirí filíochta agus sa phrós féin. Tabhair faoi deara an réimse dathanna a luaitear sa pháosa seo, mar shampla:

Tugadh chucu a gcuid fáinní is faileanna is ordnasc agus a n-órdhuaiseanna is a n-éadaí – idir  
chorcra is ghorm is dhubh is uaine, idir bhuí is bhreac is lachna, odhar, alabhreac is riabhach.  
(13)

Nó an cháilíocht nach mór briochtach a thugtar do chaint athráiteach Fheadhealm, Banfhile agus Banfháidh Chonnacht, sa chaint dhíreach seo uaithi:

Feadhealm Banfhile Chonnacht m'ainmse...  
As Albain, áit a rabhas ag foghlaim filíochta...  
Feicim fordhearg iad, feicimse rua...  
Feicim fordhearg iad, feicimse rua...  
Feicim fordhearg iad, feicimse rua... (19)

I gcoitinne, éiríonn leis an údar raon oiriúnach den Ghaeilge chomhaimseartha a fhionnadh tríd an leabhar síos. Is raon teanga é a chuireann blas ársa agus béasaíocht na huaisleachta in iúl go cumasach. B'ábhair staidéir iontu féin iad tréithe an raoin teanga sin. B'fhiú taighde a dhéanamh, mar shampla, ar an úsáid a bhaineann Ó Scolaí as teidil oineacha ('a phopa, a Chonaill', mar shampla, ar lch 50), as leaganacha ócáidiúla foirmiúla den teanga ('mochean do theacht', mar shampla, ar lch 127 nó '...óir is mochóir an laoch atá ceaptha teacht inár ndáil' ar lch 134), as an bhfoirm threise (feic 'tarsa linne', mar shampla, ar lch 43), as an gcopail (an t-athrá a dhéantar ar 'Nuair ba...', mar shampla, ar lch 43) agus as teanga fhoirmleach an traidisiúin bhéil – teanga a úsáidtear, uaireanta, chun tús agus deireadh a chur le míreanna áirithe ('Ar an gcuma sin a thit Nadchrandail le Cú Chulainn', mar shampla, ar lch 89) nó chun tagairt a dhéanamh arís agus arís do rud ar leith ('go ndearna mionbhruscar is sligreach díobh' mar shampla, ar lch 47, lch 33 agus araile).

In ainneoin nach aistriúchán é, fanann leagan Uí Scolaí dílis don bhunleagan ar go leor bealaí agus ní leasc leis an údar míreanna fada athráiteacha de dhinnseanchas a chur os comhair an léitheora nua-aimseartha (feic lgh 60, 65, 105). Go deimhin, ní bhaineann Ó Scolaí aon ábhar achrannach den insint. Mar is léir ón bpíosa seo thíos, faightear tuairiscí iomadúla mionsonraithe ar an bhforéigean mórtasach gan ghá (31, 62, 123) ann:

D'iompaigh Cú Chulainn orthu, bhain a gcloigne díobh féin is dá n-araí gur chuir ceann gach fir acu ar cheithre bheanna an ghabhail. Scaoil sé eacha na buine in aghaidh Fhir Éireann ar ais sa tslí chéanna ansin, a n-iallacha ar sileadh agus coirp fhorthearga na gcuradh ag stealladh fola anuas ar chreata na gcarbaid... (30, feic freisin 34, 48)

Fágann Ó Scolaí móitífeanna uile na Rúraíochta ina leagan siúd: tá áit lárnach ag an bhfáistine, ag an ngeis agus ag an draíocht ann (19, 55, 57, 64, 73), is féidir leis an aoir damáiste fisiceach agus imdheargadh a dhéanamh (125) agus tá tábhacht ar leith ag an Uimhir a Trí (17, 30, 37), ag an riasradh (112, 146) agus ag an nGa Bolga (147) san insint. Ina dteannta sin, is é cód an laochais atá chun tosaigh agus, mar is léir ó fhocail Chú Chulainn féin, is cód é sin a chuireann luach ar an gclú síoraí seachas ar fhad saoil:

'Is mór an scéal é, arsa Cú Chulainn, mura mbeinn ach aon lá agus aon oíche ar domhan, ach go mairfeadh mo cháil is m'imeachtaí i mo dhiaidh.' (48)

Cé go n-aithnítear tábhacht an chairdis i gcód an laochais agus go bhfuil an cairdeas ina ghné lárnach de bhuaicscéal na sraithe, sáraíonn riachtanais an laochais an cairdeas sa deireadh, mar is léir ón gcaint seo ó Chú Chulainn faoina chara, Ferdia:

'Dar ár mbriathar,' arsa Cú Chulainn, 'ní inár ndáil ab fhearr linn ár gcara a theacht, agus ní le heagla roimhe a deirim sin ach le grá is ansacht dó, agus is beag nach fearr liom mé féin a thitim leis an laoch sin ná a thitim siúd liomsa. (128)

Is léir ón spléachadh beag sin ar theanga agus ar ábhar an leabhair nach aon ionadh é gur ghnóthaigh sé Duais Chuimhneacháin Aodáin Mhic Phóilín ag Oireachtas na Gaeilge sa bhliain 2017 agus gur shroich sé an gearrliosta d'*Irish Book Award* anuraidh. Tá ardmholadh tuillte ag an údar as leagan insroichte den tseaneipic a chur ar fáil do ghlúin nua léitheoirí, agus níl amhras faoi, ach gur tobar teanga, stíle agus móitífeanna a bheidh ann do scríbhneoirí Gaeilge amach anseo. I ngeall ar an mbeocht úr a thugann Ó Scolaí do na seantéamaí agus i ngeall ar cháilíocht chineamatach an leabhair i gcoitinne, d'áiteoinn go mba thrua é gan an leabhar seo a chur os comhair foghlaimoirí atá ag tabhairt faoi chéimeanna i litríocht na Gaeilge ag an trú leibhéal. Aithním go mbeadh an teanga dúshlánach d'fhochéimithe den

chineál sin ach le cúnaimh léachtóra, sílim nach mbeadh an dúshlán sin dosháraithe. Is fiú a chur san áireamh, sa chomhthéacs sin, go bhfuil foclóir agus móitífeanna áirithe mínithe i bhfonótaí ag an údar féin ag bun cuid de na leathanaigh (19, 41 agus 72, mar shampla) agus go bhfuil léarscáileanna soiléire ag tús an leabhair chun cabhrú leis an léitheoir eachtraí an leabhair a shuíomh agus a mhapáil. Ar an iomlán, tá ardchaighdeán oiriúnaithe bainte amach ag an údar faoi chlúdaigh rúndiamharacha tharraingteacha an leabhair seo, ní hamháin go bhfuil duaiseanna agus léirmheasanna tuillte aige, ach tá áit bhuan tuillte freisin aige i gcanóin liteartha na Gaeilge, óir is léitheoireacht riachtanach é seo d'aon léitheoir a bhfuil spéis aige/aici sa teanga agus sa litríocht dhúchasach.

## Leabharliosta

Denvir, G., (2018) '*Táin Bó Cuailnge: Léirmheas*', *Comhar*, Aibreán. 27–9.

Ní Annracháin, M., (2019) 'Labhair Máire Ní Annracháin ag ócáid seolta leagain nua de *Táin Bó Cuailnge* le Darach Ó Scolaí.' *Feasta*, Feabhra. 17–8.



## **Nótaí Beathaisnéise na nEagarthóirí**

### **Róisín Masson**

Is as an gCeathrú Rua i gContae na Gaillimhe do Róisín. Bhain sí amach céim sa Ghaeilge agus Francís ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus MA sna Teangacha Feidhmeacha agus Gnó ó Ollscoil Uladh, Cúil Raithin. Tá sí i mbun staidéir ar an MA/Diplóma Iarchéime sa Léann Teanga faoi láthair.

### **Aoife Ní Chonghaile**

Is as na Doireadh i gConamara í Aoife. Bhain sí céim chéadonóra sna Dána (Gaeilge agus Léann an Aistriúcháin) amach in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Roghnaigh sí an cúrsa seo a dhéanamh toisc go bhfuil an-suim aici sa bpleanáil teanga agus toisc go bhfuil sí ag obair sa réimse sin faoi láthair.

### **Clodagh Ní Éilí**

D'fhás Clodagh Ní Éilí aníos idir contae an Longfoirt agus contae Ros Comáin. Chaith sí 12 samhradh ag foghlaim agus ag múineadh na Gaeilge i gColáiste Lurgan, in Indreabhán, contae na Gaillimhe. Is múinteoir bunscoile í Clodagh atá ag múineadh i ngaelscoil i gcontae Átha Cliath. Bronnadh céim chéadonóra uirthi ó Choláiste Phádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2017. Tá an-chuid spéise ag Clodagh i gcúrsaí tumoideachais, aistriúcháin agus sealbhú teangacha. Rinne sí an tionscnamh taighde i mbliain na céime ar fheasacht teanga agus an chaoi ar fearr le stór focal páistí bunscoile a leathnú.

### **Fiona Ní Fhátharta**

Is as Bré, Co. Chill Mhantáin ó dhúchas d'Fhiona. Bhain sí céim chéadonóra amach i nGaeilge agus i Léann an Aistriúcháin ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2019. Tá spéis ar leith ag Fiona i gcúrsaí aistriúcháin. Tá sí ag tabhairt faoin MA sa Léann Teanga faoi láthair.

**Sionainn Ní Ghréacháin**

Is as Maigh Rois i gCathair Luimnigh do Shionainn agus tá sí ag cur fúithi faoi láthair in oirthuaisceart na Fraince. In 2018, d'éirigh léi i scrúdú an tSéala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí de chuid Fhoras na Gaeilge. An bhliain dar gcionn, bhain sí céim chéadonóracha amach sa Fhraincis agus i Léann an Aistriúcháin ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, áit a bhfuil sí anois ag gabháil don chéad bhliain den Mháistreacht sa Léann Teanga.

**Máire-Áine Uí Ailín**

Is as Eanach Mheáin ó dhúchas do Mháire-Áine Uí Ailín, ach cónaí uirthi anois i gCladhanch, An Cheathrú Rua. Tá céim onóracha sna Dána aici agus Ard-Diplóma sa gCumarsáid Fheidhmeach ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá dúil mhór aici i gcúrsaí cultúrtha, ealaíne agus pobail. Tá sí fostaithe mar Oifigeach Pleanála Teanga i gCeantar na nOileán agus suim nach beag aici sa phleanáil teanga.



## Nótaí Beathaisnéise na nÚdar

### **Caitriona Breathnach**

Is ó Chúl Rua sa Seana-Phobal do Chaitriona Breathnach ó dhúchas, atá ag feidhmiú mar Oifigeach Gaeilge i gColáiste Mhuire gan Smál. Tá BA sa Nua-Ghaeilge agus sa Tíreolas aici mar aon le MPhil sa Nua-Ghaeilge ó Choláiste na hOllscoile i gCorcaigh. I nDeireadh Fómhair 2018 bhain sí Dochtúireacht amach ó Ollscoil Luimnigh i réimse na Teangeolaíochta Feidhmí; ba é teideal a tráchtas ná *Cad a spreagann rogha laethúil teanga sa Ghaeltacht – Anailís ar an rogha teanga i nGaeltacht na nDéise*. Is comhúdar í ar acmhainn oideachais dátheangach, *Éire na Lochlannach: Turas Nua Taiscéalta*, a d'fhoilsigh Aonad Forbartha Curaclaim CMgS in 2014 agus ar *Plean Teanga na nDéise 2018 – 2024* a foilsíodh anuraidh.

### **Padaí de Bléine**

Tá Padaí de Bléine ina Léachtóir Sinsearach i Roinn na Gaeilge ar Choláiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste. Tá taithí aige ar theagasc na Gaeilge agus na litríochta ag ag dara agus ag an tríú leibhéal. Tá spéis mhór aige i litríocht an bheirt Ghriannach, Seosamh agus Séamas, agus tá ailt foilsithe aige ar *An tUltach* agus ar *An Reiviú* orthu. Tá suim mhór aige fosta i gcúrsaí aistriúcháin agus chuige sin tá úrscéalta do pháistí aistrithe go Gaeilge aige. Ina measc siúd tá *Capall Cogaidh*, *An Cheist Faoi Mozart*, *Kaspar Prionsa na gCat*, *Tá na hEitleoga in Airde sa Spéir*, *Toro! Toro!*, *An Fáth ar tháinig na Míolta Móra* agus *Cúláilte* le Michael Morpuogo aistrithe aige. Chomh maith leis sin tá *An Gasúr a Chaith Pitseamaí Stríocacha* le John Boyne, *Anne Frank*; *Dialann Cailín Óig* agus *Is Mise David* le Anne Holm aistrithe go Gaeilge aige.

### **Seán Mac Corraidh**

Is leachtóir sinsearach é an Dr Seán Mac Corraidh a bhíonn ag teagasc theanga agus litríocht na Gaeilge i Roinn na Gaeilge ar chúrsaí BEd agus BA i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste agus i Roinn na Gaelscolaíochta ag comheagrú Cúrsa Gaeilge do mhic léinn PGCE na

hiar-bhunscolaíochta de chuid Ollscoil na Ríona agus Ollscoil Uladh. Tá saothar leis foilsithe sna réimsí seo léinn: aistriúchán, béaloideas, litríocht, scéalaíocht agus amhránaíocht na Gaeilge, fóineolaíocht agus gramadach na Gaeilge, agus oideolaíocht don teagasc tríd an dara teanga.

### **Rosa Kalla**

Is as an Aonach i gContae Thiobraid Árann do Rosa. Thosaigh sí ag cur suim sa nGaeilge nuair a chaith sí seal ag obair in Inis Oírr. Tá sí ag cur fúithi i nGaeltacht Chonamara faoi láthair. Tá sí i mbliain na céime in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus tá Léann an Aistriúcháin agus Fraincis idir lámha aici. Chaith sí tréimhse i mbun staidéir ar an dátheangachas in Liège na Beilge anuraidh, áit a raibh deis aici feabhas a chur ar a cuid Fraincise. Tá an-spéis ag Rosa sa dreapadóireacht agus i gcúrsaí garraíodóireachta. Is mian léi cur leis na teangacha atá ar a toil aici amach anseo chomh maith le hobair aistriúcháin a dhéanamh.

### **Margarita Neothallaigh**

Is as Contae na Mí ó dhúchas í Margarita. Tá céim aici sa stair ó Ollscoil Mhá Nuad, MA sa stair agus Diplóma Iarchéime san Oideachas ón Ollscoil chéanna. Bhain sí céim amach sa Ghaeilge Fheidhmeach ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2017 agus MA sa Léann Teanga in 2019. Tá baint aici le cúrsaí oidhreachta.

### **Karen Ní Chlochasaigh**

Is léachtóir ar an M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, Coláiste Mhuire gan Smál í an Dr Karen Ní Chlochasaigh áit a mbíonn sí ag léachtóireacht ar shealbhú an dara teanga agus ar theagasc agus ar fhoghlaim na Gaeilge. Is cuid lárnach den ról atá aici ná tacú le múinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ar an turas foghlama teanga agus ar scileanna teanga de réir an CEFRL a fhorbairt, a shaibhriú agus a threisiú. Tá blianta de thaithí aici a bheith ag plé le teagasc na Gaeilge ar an tríú leibhéal agus tá próifíl taighde forbartha aici a chuimsíonn taighde dochtúireachta sa teangeolaíocht fheidhmeach agus taighde iardhochtúireachta ar ghnóthachtáil oideachais. Is iad na réimsí sainspéise is mó atá aici ná sealbhú éifeachtach an dara teanga, foghlaimoírí teangacha a chumasú tríd an bhfoghlaim chumaisc agus an t-oideachas ionchuimsitheach i suíomh an tumoideachais.

### **Áine Nic Niallais**

Is as Gaoth Dobhair i dTír Chonaill d'Áine. Tá sí ag obair in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus is ag plé le cúrsaí aistriúcháin is mó a bhíonn sí. Rinne sí tráchtas dochtúireachta sa bhliain 2012 ar an dóigh a bhfeidhmíonn briathra, réamhfhocail, dobhriathra agus ainmfhocail le chéile mar aonaid mheafaracha bhrí sa Ghaeilge. De thoradh an taighde sin a spreagadh a dúspéis sa teangeolaíocht chognaíoch agus sna patrúin mheafaracha a bhaineann le nathanna coitianta sa Ghaeilge.

### **Dorothy Ní Uigín**

Is í Riarthóir Theagasc na Gaeilge in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge í an Dr Dorothy Ní Uigín, agus Príomhfheidhmeannach Gníomhach an Acadaimh ó bhí Eanáir 2018 ann. Tá suim aici i dteagasc agus i sealbhú teangacha agus sa litearthacht acadúil. Tá suim ar leith aici i stair na hiriseoireachta agus na meán Gaeilge. Is as cathair na Gaillimhe ó dhúchas í.

### **Séamus Ó Coileáin**

Tá Séamus i mbun aistriúcháin, idir theicniúil agus litríochta, le breis agus scór bliain. D'aistrigh sé iliomad téacsleabhar scoile agus ar na saothair litríochta a d'aistrigh sé go Gaeilge tá *The Alchemist* le Paulo Coelho, *The Wonderful Wizard of Oz* agus *The Marvellous Land of Oz* le L. Frank Baum, *Le Petit Nicolas* le René Goscinny, agus *The Invisible Man* agus *The Island of Dr Moreau* le H.G. Wells. Tá sé ag léachtóireacht le Léann an Aistriúcháin in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ó 2001. Is ó Áth an tSléibhe in Iarthar Luimnigh ó dhúchas dó.

### **Kevin Scannell**

Tá Kevin Scannell ina Ollamh le Matamaitic agus Ríomheolaíocht in Ollscoil Saint Louis, Missouri. Oibríonn sé i gcomhar le grúpaí ar fud an domhain le hacmhainní ríomhaireachta a fhorbairt a chuidíonn leo a dteanga dhúchais a úsáid ar líne. Tá suim ar leith aige sa Ghaeilge agus sna teangacha Ceilteacha eile; tá gramadóir, litreoir, agus teasáras Gaeilge forbartha aige, chomh maith le foclóirí agus inneall aistriúcháin Gàidhlig-Gaelg-Gaeilge. Glacann sé páirt i dtogra a sholáthraíonn leaganacha Gaeilge de roinnt táirgí ríomhaireachta mór le rá, Mozilla Firefox, LibreOffice, Gmail, agus Twitter ina measc.

### **Eoin P. Ó Murchú**

Is mac léinn dochtúireachta i Roinn na Nua-Ghaeilge i Má Nuad é Eoin P Ó Murchú. Tá atheagar á chur aige ar *Uiliséas* (Joyce, agus Ó hInnéirghe *et al*, 1985).

### **Marie Whelton**

Léachtóir le Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino. Údar *Teagmháil agus Tnúthán: Staidéar ar an Apastróf i bhFilíocht na Nua-Ghaeilge* (An Sagart, 2008), *Nuair a Stadann an Ceol: Úrscéal don Fhoghlaiméir Fásta* (LeabhairCOMHAR, 2013, 2015) agus *Leathbhádóirí: Úrscéal don Fhoghlaiméir Fásta* (LeabhairCOMHAR, 2017). I gcomhar le hAodán Mac Suibhne scríobh sí trí leabhar do mhúinteoirí bunscoile: *Cóir Ghaoithe: Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú Le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (IOM, 2006); *Í a Labhairt: Cúrsa Gaeilge Idirmheánach do Mhúinteoirí Bunscoile* (IOM, 2008) agus *Sruth na Maoile: Ábhar Tacaíochta d'Oiriúinú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (IOM, 2009). Ba bhall í d'fhoireann a scríobh tairiscint ar éirigh léi maoiniú a ghnóthú ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun B. Oid. trí Mheán na Gaeilge a sholáthar in Institiúid Oideachais Marino ó Mheán Fómhair 2019.





